



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2018
(OR. en)

12143/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0330(COD)**

**FRONT 288
SIRIS 115
CODEC 1465
COMIX 492**

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	12 Meán Fómhair 2018
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2018) 631 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach Uimh. 98/700/CGB ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <i>Ionchur ón gCoimisiún Eorpach i gcruinniú na gCeannairí in Salzburg, an 19 agus an 20 Meán Fómhair 2018</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 631 final.

Faoi iamh: COM(2018) 631 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.9.2018
COM(2018) 631 final

2018/0330 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**Maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach
agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach Uimh. 98/700/CGB ón
gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón
gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón
gComhairle**

*Ionchur ón gCoimisiún Eorpach i gcuinínú na gCeannairí in Salzburg, an 19 agus an
20 Meán Fómhair 2018*

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

An Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, arna chur ar bun go hantapa tar éis ghéarchéim imirce 2015, tháinig sé i bhfeidhm an 6 Deireadh Fómhair 2016¹. Tá níos mó le déanamh fós lena áirithiú, mar chuid de chur chuige comhtháite i leith na himirce, go ndéanfar rialú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha an Aontais agus go gcuirfear dlús mór le filladh imirceach neamhrialta ar bhonn éifeachtach. Le Garda Teorann agus Cósta Eorpach an lae inniu tugadh isteach feabhsuithe i dtaca leis an méid sin. Tá sé ríthábhachtach, áfach, go bhfreagraíonn sé go hiomlán don leibhéal uailmhéine agus do riachtanais an Aontais Eorpaigh chun na teorainneacha seachtracha a chosaint go héifeachtúil agus chun dúshlán na todhchaí a sháru i dtaca leis an imirce. Ba cheart an Garda Teorann agus Cósta Eorpach a bheith ina shampla nithiúil de dhlúthpháirtíocht na hEorpa atá ar fáil lena imscaradh ar bhonn oibríochtúil nuair is gá agus cosaint teorainneacha comhroinnte seachtracha an Aontais a athneartú.

Tá leagtha amach ag an gCoimisiún cheana a fhís² le haghaidh Garda Teorann agus Cósta Eorpach a bheidh treisithe agus go hiomlán feidhmiúil chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní atá ar shaoránaigh i ndáil le slándáil agus sábháilteacht an Aontais. Le haghaidh Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún buanchór 10,000 garda teorann a bhunú agus beagnach a thrí oiread maoinithe a chur ar fáil le haghaidh bainistiú imirce agus teorainneacha, arb ionann agus €34.9 billiún, i gcomparáid le beagnach €13 billiún le linn na tréimhse reatha, chun dul i ngleic le dúshlán mhéadaithe a bhaineann leis an imirce, an tsoghluaisteacht agus an tslándáil ar bhealach spriocdhírith. Dá réir sin, d'fhéadfadh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach teorainneacha an Aontais Eorpaigh a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus d'fhéadfaí beartas imirce níos éifeachtaí a chur i bhfeidhm.

Ina theannta sin, mhol an Coimisiún tacaíocht airgeadais a chur ar fáil le haghaidh trealaimh agus le hoiliúint a chur ar chomhchuid náisiúnta an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh sna Ballstáit, a mbeadh sé mar aidhm aige deis a thabhairt dóibh a n-acmhainneacht oibríochtúil a mhéadú, na huirlisí atá ann cheana a athneartú agus córais faisnéise ar fud an Aontais a fhorbairt le haghaidh teorainneacha, bainistiú imirce agus slándáil. Maidir leis sin, an 12 Meitheamh 2018, mhol an Coimisiún an Ciste Tearmainn agus Imirce, an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus an Ciste Slándála Inmheánaí, ar fiú €20.9 billiún iad ar an iomlán.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 2016/2024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, (IO L251, 16.9.2016, lch.1).

² Teachtaireacht: 'Creat Airgeadais Ilbhliantúil nua, nua-aoiseach, ionas go gcuirfidh an tAontas Eorpach a chuid tosaíochtaí i gcrích go héifeachtúil tar éis 2020' (COM(2018)98).

Ina conclúidí a rinne sí i Meitheamh 2018, dheimhnigh an Chomhairle Eorpach an gá atá le rialú níos éifeachtaí ar theorainneacha seachtracha an Aontais trí ról tacaíochta na Gníomhaireachta um an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach a neartú a thuilleadh, lena n-áiríodh dul i gcomhar le tríú tíortha, trí acmhainní méadaithe agus trí shainordú feabhsaithe. Tá tuilleadh tacaíochta tugtha freisin ag na Ballstáit i bhfóiraim éagsúla do na príomhphrionsabail arna gcomhaontú i gconclúidí na Comhairle Eorpaí,³ agus cuireadh béim ar an ngá atá le hionstraimí dlúthpháirtíochta na hEorpa a dhaingniú, lena n-áirítear bainistiú éifeachtach na teorainneacha seachtracha a áirithiú le Garda Teorann agus Cósta Eorpach níos láidre agus beartas Eorpach um fhilleadh a bhunú a bheidh níos éifeachtaí agus níos comhtháite agus a bheidh bunaithe ar thuilleadh dlúthpháirtíochta agus ar iontaobh fhrithpháirteach.

Ina theannta sin, sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Bealtaine 2018 maidir leis an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú limistéar Schengen, athdhearbhaíodh go bhfuil gá an straitéis lánfheidhme um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip (IBM) a thabhairt isteach gan mhoill, mar a comhaontaíodh idir na hinstiúidí, chomh maith le straitéis theicniúil agus oibríochtúil an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus straitéisí náisiúnta na mBallstát ina dhiaidh sin. Chuir Parlaimint na hEorpa a himní in iúl freisin faoi neamhréireachtaí le cur chun feidhme Straitéis IBM sna Ballstáit agus leag sí béim air go bhfuil forghníomhú iomlán na Straitése IBM i ngach Ballstát riachtanach chun go bhfeidhmeoidh limistéar Schengen go leordhóthanach.

Mar fhreagairt ar na hiarrataí sin agus ar iarraidh le déanaí ón gComhairle Eorpach, tá roinnt athruithe ar an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach á moladh ag an gCoimisiún, go háirithe eite oibríochtúil dá cuid féin a thabhairt don Ghníomhaireacht: **Buanchór buan 10,000 duine i mbun oibre sa Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta** agus cumhachtaí feidhmiúcháin aige dá ghníomhachtaí go léir chun tacú go héifeachtach leis na Ballstáit ar an láthair. Ní athrú cainníochtúil amháin a bheidh i mbuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpach, déanfaidh sé foráil freisin d'athrú cáilíochtúil trí **réiteach iontaofa** atá ar fáil go héasca a ráthú. Áiritheofar leis go bhfuil na cumais riachtanacha ag an Aontas ina iomláine chun teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint, gluaiseachtaí tánaisteacha a chosc agus filleadh na n-imirceach neamhrialta a chur chun feidhme go héifeachtach.

Mar gheall ar athneartú suntasach an trealaimh theicniúil freisin atá ar fáil dó, sealbhú cumhachtaí feidhmiúcháin ag a bhaill foirne reachtúla agus cumas treisithe feidhmiú i dtíortha, athrú ó bhun a bheidh i mbuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh ó thaobh cáilíochta agus éifeachtúlachta de ar an mbealach ina gcosnaíonn an tAontas a chomhthearainneacha agus ina ndéanann sé na sreabha imirce a bhainistiú. Trí chaighdeán nua a bhunú agus cultúr Eorpach a shníomh i measc na ngardaí teorann, beidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach ina threoirphlean don mbealach inar cheart bainistiú teorainneacha an Aontais a chur chun feidhme.

³ Dearbhú Meseberg ón nGearmáin agus ón bhFrainc "*Renewing Europe's promises of security and prosperity* [Gealltanais na hEorpa a Athnuachan maidir le slándáil agus rathúnas]", 19 Meitheamh 2018.

Dá bhrí sin, ní mór feidhmiú an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a chur in oiriúint chomh maith leis na bealaí ina leagtar amach tosaíochtaí straitéiseacha don Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip, rud atá níos tábhachtaí. Dá bhrí sin, is é aidhm an togra stiúradh polaitiúil Bhainistithe Comhtháite Teorainneacha san Eoraip a struchtúrú trí thimthriall beartais a bhunú lena gcumseofar straitéisí Eorpacha agus náisiúnta don bhainistiú comhtháite teorainneacha. Cuirfear feabhas ar chomhordú phróisis pleanála don Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip chun oibríochtaí teorann a ullmhú níos fearr, an fhreagairt do leibhéil níos airde tionchair a shainiú agus, go háirithe, idirghabháil fhéideartha an bhuanchóir agus cumais eile de chuid na Gníomhaireachta chun tacú leis na Ballstáit. Feabhsófar leis freisin cumas an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a ullmhú trí oiliúint agus oideachas a chomhordú, trealamh a fháil sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, lena n-áirítear taighde agus forbairt.

Leis an togra feabhsófar an cumas faisnéis a mhalartú agus tacófar leis na Ballstáit i réimse an fhille freisin. Ina theannta sin, tá sé á chur i láthair in éineacht le leasú ar an Treoir um Fhilleadh a dhírítear ar chúnamh a thabhairt do na Ballstáit éifeachtúlacht an fhille a mhéadú agus beartas um fhilleadh a bhaint amach san Aontas atá níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí. Moltar le hathmhúnlú na Treorach um Fhilleadh nósanna imeachta níos soiléire agus níos éifeachtaí chun cinntí um fhilleadh a eisiúint agus achomhairc a phróiseáil, comhleanúnachas agus sineirgíochtaí a áirithiú idir na nósanna imeachta tearmainn agus na nósanna imeachta um fhilleadh, chomh maith le húsáid níos éifeachtaí a bhaint as coinneáil leis an bhfilleadh a éascú. Sa chomhthéacs sin, déanann na hathruithe beartaithe ar an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach tuilleadh leathnaithe ar raon feidhme an chúnaimh oibríochtúil a bheidh á sholáthar ag an nGníomhaireacht do na Ballstáit.

Leis na hathruithe sin athneartaítear agus treisítear an **comhar idir an Gníomhaireacht agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann** freisin i dtaca le foirne tacaíochta don bhainistiú imirce a imscaradh, go háirithe ag teophointí agus ag ionaid rialaithe. Tá aghaidh á tabhairt ag an gCoimisiún ar an ngá atá le sineirgíochtaí a áirithiú idir na nósanna imeachta tearmainn agus na nósanna imeachta um fhilleadh trí chomhordú idir na húdaráis inniúla náisiúnta agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais agus freisin trí éifeachtúlacht an chomhbheartais um fhilleadh a mhéadú mar chomhchuid thábhachtach de bhainistiú inbhuanaithe na himirce.

Is eilimint thábhachtach eile den Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip é an comhar le tríú tíortha. Leis an togra seo athneartaítear comhar na Gníomhaireachta le tríú tíortha agus é mar aidhm aige an bainistiú teorainneacha san Eoraip agus na caighdeáin um fhilleadh a chur chun cinn, faisnéis agus anailís riosca a mhalartú, cur chun feidhme gníomhaíochtaí maidir le filleadh d'fhonn cur lena gcuid éifeachtúlachta agus tacú le tríú tíortha i réimse an bhainistithe teorainneacha agus imirce. Áirítear leis sin buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh nuair is gá an tacaíocht sin chun teorainneacha seachtracha a chosaint agus bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar bheartas imirce an Aontais.

Ba cheart do Gharda Teorann agus Cósta Eorpach atá lánfheidhmiúil na huirlisí oibríochtúla go léir atá ann a shruthlíniú agus a úsáid freisin. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **an Córas Eorpach um Fhaireachas ar Theorainneacha (EUROSUR) a chuimsiú sa togra maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach**, chun feidhmiú EUROSUR a fheabhsú agus a raon feidhme a mhéadú leis an gcuid is mó de chomhchodanna an Bhainistithe Comhtháite Teorainneacha a chlúdach. D'fhágfadh sé sin go ndéanfaí géarchéimeanna ag teorainneacha seachtracha an Aontais agus i dtríú tíortha a bhrath, a réamh-mheas agus freagairt dóibh níos fearr.

Leis na heilimintí thuasluaite athneartaítear an Bainistiú Comhtháite Teorainneacha mar go gcuirfidh sé ar chumas an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh feidhmiú mar fhíorphóilíní teorann chun a áirithiú go gcosnaítear teorainneacha seachtracha an Aontais, chun sreabha imirce a bhainistiú go héifeachtach agus chun cur le hardleibhéal slándála a ráthú laistigh den Aontas - coinníoll an-tábhachtach le limistéar Schengen a chaomhnú.

Na cúiseanna le feabhas a chur ar fheidhmiú an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh

Bhí an Díorma Mearfhreagartha éigeantach de 1 500 garda teorann ar cheann de ghnéithe nua Rialachán 2016. In ainneoin gur bunaíodh an Díorma go rathúil, ní féidir é a ghníomhachtú ach amháin le haghaidh idirghabhálacha meara ar an teorainn, ar cineál an-sonrach idirghabhála é lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna. Chun tacaíocht oibríochtúil a thabhairt do na Ballstáit ar an líne thosaigh faoi oibríochtaí rialta comhpháirteacha - arb é an cineál is coitianta é - leanann an Gníomhaireacht de bheith ag brath go hiomlán ar chomhthiomsú deonach acmhainní daonna agus teicniúla na mBallstát.

Le linn ghéarchéime na himirce, **méadaíodh faoi cheathair riachtanais oibríochtúla na Gníomhaireachta** chun tacú leis na Ballstáit ar an líne thosaigh: ó oibríochtaí lenar ceanglaíodh 52 359 duine/lá a imscaradh in 2014 go 189 705 duine/lá in 2017. Fiú agus laghdú tagtha ar dhéine an bhrú ag na teorainneacha seachtracha i gcomparáid le 2015, agus i bhfad níos lú imirceach neamhrialta ag teacht isteach trí bhealach na Meánmhara Láir agus bealach na Meánmhara Thoir, leanann rannpháirtíocht oibríochtúil na Gníomhaireachta de bheith ag cur leis na torthaí dearfacha sin.

Go minic, áfach, ní chomhlíontar go leordhóthanach na riachtanais oibríochtúla maidir le hacmhainní daonna agus teicniúla arna mbunú ag an nGníomhaireacht le gealltaí deonacha na mBallstát.

Tá **ardleibhéal leanúnach rannpháirtíochta** ag teastáil chun cosaint cheart fhadtéarmach na dteorainneacha seachtracha a áirithiú. I bhfianaise na bhforbairtí geopholaitiúla i réigiúin straitéiseacha áirithe ar domhan chomh maith le treochtaí déimeagrafacha domhanda, beifear ag dréim leis go dtabharfaidh an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta cabhair do níos mó agus níos mó Ballstát agus iad ag déileáil le brú imirce, lena n-áirítear trí thacú le fillleadh éifeachtacha agus comhar le tríú tíortha.

Cé go raibh na Ballstáit ag súil leis an treocht sin den chuid is mó, agus cé gur chuir siad gardaí teorann agus saineolaithe breise ar fáil don Gníomhaireacht, ar an drochuair tá dochar tromchúiseach déanta ag **bearnaí leanúnach** adon chuid is mó d'oibríochtaí comhpháirteacha

na Gníomhaireachta le linn na tréimhse 2015-2018, agus go minic fágann siad go bhfuil tacaíocht na Gníomhaireachta neamhéifeachtach go páirteach, mar atá leagtha amach ag an gCoimisiún arís is arís eile⁴. Mar thoradh ar **chleachtadh bliantúil gealltanais 2018** idir an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus na Ballstáit, níor clúdaiódh ach 49% de na gardaí teorann agus 45% den trealamh i gcomparáid le riachtanais na Gníomhaireachta i ndáil le gníomhaíochtaí ar theorainneacha talún. Maidir le hoibríochtaí ag na teorainneacha muirí, cé go raibh 96% de na gardaí teorann clúdaithe, ní raibh ach 60% de na hacmhainní teicniúla clúdaithe⁵. Tá laige bhuan sin an tsásra comhthiomsaithe reatha ag déanamh dochar do chumas an Aontais ár dtorainneacha seachtracha a choinneáil slán, agus ní mór é a leigheas mar atá aitheanta go minic ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile⁶.

Thairis sin, faoin sásra comhthiomsaithe reatha, ní gheallann na Ballstáit a rannpháirtíocht ach amháin do **láithreacha nithiúla agus do thréimhsí nithiúla**, rud a thugann solúbthacht theoranta don Gníomhaireacht chun saineolaithe agus/nó acmhainní teicniúla a ath-imscaradh go tapa chuig limistéir oibríochtúla eile de réir mar is gá. Tá **tearc-ghealltanais le sárú ag an Aontas do chuid de na míonna ardbhrú**, agus ró-ghealltanais do chuid de na míonna is ísle brú. Tá dúshlán ag baint leis an méid sin go léir mar nach féidir leis an nGníomhaireacht na baill foirne oibríochtúla a imscaradh de réir na riachtanas sainaitheanta.

Déanann an Gníomhaireacht iarracht an easpa rannchuidithe ó na Ballstáit agus an easpa solúbthachta ar an ath-imscaradh a chúiteamh trína hacmhainní féin a fhorbairt agus a úsáid, go háirithe trí **"bhaill foirne ar iasacht" (sTManna)** a chomhthiomsú agus a imscaradh mar a rannchuidiú féin do na gníomhaíochtaí oibríochtúla. Tá sé léirithe, áfach, nach leor an scéim dheonach fhorlíontach sin chun deis a thabhairt don Gníomhaireacht tairbhe a bhaint as a príomh-bhuntaistí, eadhon intuarthacht fhadtéarmach na rannpháirtíochta agus an tsolúbthacht le haghaidh ath-imscaradh. Cé gur féidir baill foirne ar iasacht a chur ar fáil don Gníomhaireacht ar feadh bliana nó níos mó, ní dhéantar an chuid is mó díobh a thabhairt ar iasacht ach ar feadh na hiostréimhse trí bliana a cheanglaítear leis an Rialachán.

Léirítear leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó oibríochtaí na Gníomhaireachta go bhfuil gá le baill foirne bhuana sa Gníomhaireacht atá oile go hiomlán agus is féidir a imscaradh aon tráth, in aon áit. Deimhnítear leo freisin go bhfuil éagothromaíocht ann i dtaca le himscaradh na mBallstát, go bhfuil easpa comhoiliúna, scileanna leordhóthanacha teanga agus comhchultúir oibríochtúil ann, rud a chuireann bac ar chomhar ar an láthair. Bheadh fíor-

⁴ Ina cúig tuarascáil ar dhul chun cinn i dtaca le hoibríochtú an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh arna nglacadh in 2017 agus sna tuarascálacha deiridh maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an Imirce.

⁵ Faoi láthair, is é bord bainistíochta na Gníomhaireachta i gcomhar a chinneann gníomhaíochtaí oibríochtúla na Gníomhaireachta agus leibhéal foriomlán na rannpháirtíochta, le Clár Oibre Bliantúil (faoi mhí na Nollag n-1) agus leis an gCinneadh faoin Líon Íosta de Mhireanna Trealamh Theicniúil le haghaidh oibríochtaí (faoi Mheitheamh n-1). Cé go bhfreagraíonn na cinntí comhchoiteanna sin go minic do riachtanais oibríochtúla maidir le hidirghabháil na Gníomhaireachta, ní sheastar leis na gealltanais sin níos mó le linn na Caibidlíochta Déthaobhaí Bliantúla leis an nGníomhaireacht (Fómhar n-1) nuair a gheallann na Ballstáit a rannpháirtíocht nithiúil aonair.

⁶ Féach an toradh ó chruinniú na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 27-28 Márta 2017 inar díriodh ar imscaradh acmhainní ag na Ballstáit agus an toradh ó chruinniú na Comhairle an 4-5 Meitheamh 2018 inar breithníodh tacaíocht do ghníomhaireachtaí an Aontais a mhéadú, go háirithe don Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta.

bhreislúach ag baint le baill foirne a bheadh oilte go hiomlán agus a mbeadh comhchultúr gairmiúil acu.

Ar deireadh, mar a tharlaíonn leis na bearnaí leanúnacha i dtaca le comhthiomsú acmhainní daonna, bíonn ganntanais shuntasacha le sárú ag an nGníomhaireacht go rialta i dtaca le rannchuidithe na mBallstát le haghaidh trealamh teicniúil. Cé gur cosúil gur deacair é sásra comhthiomsaithe éigeantach a chur ar bun atá bunaithe ar rannpháirtíocht chothrom na mBallstát go léir, is é an t-aon réiteach amháin acmhainn theicniúil na Gníomhaireachta féin a fhorbairt a thuilleadh trí acmhainní riachtanacha a fháil, ag cur san áireamh an clúdach suntasach atá beartaithe chun na críche sin i dtogra an Choimisiúin don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Cruthófar leis an bpróiseas sin éileamh breise go bhfeidhmeoidh baill foirne oibríochtúla mar bhaill chriú chun na hacmhainní teicniúla go léir sin a chothabháil agus a oibriú agus ba cheart freastal ar an ngá sin leis an réiteach fadtéarmach.

Bhí gá ról an Aontais a athneartú i ndáil le tacú leis na Ballstáit i réimse an fhillte mar eilimint an-tábhachtach le cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar chás na himirce atá le sárú ag Ballstáit an Aontais. Mar a léiríodh leis na rátaí fillte san Aontas le blianta beaga anuas, tá dúshlán go fóill ann i dtaca leis an bhfillleadh a chur chun feidhme go héifeachtach. Léiríonn staitisticí Eurostat do 2017 gur tháinig laghdú ar an ráta fillte ar fud an Aontais ó 45.8% in 2016 go 36.6%. I dteannta athmhúnlú beartaithe na Treorach um Fhilleadh, lena beartaítear nósanna imeachta níos soiléire agus níos éifeachtaí chun cinntí um fhilleadh a eisiúint agus achomhairc a phróiseáil, chomh maith le húsáid níos éifeachtaí a bhaint as coinneáil leis an bhfillleadh a éascú, beartaítear leis an togra seo an creat foriomlán beartais um fhilleadh atá i bhfeidhm a athneartú.

I bhfianaise an tacaíocht a chuireann an Gníomhaireacht ar fáil do na Ballstáit a mhéadú agus gníomhaíochtaí nua a fhorbairt i réimse an fhillte, agus i dtaca le tríú tíortha, is léir go mbeidh gá le tuilleadh ball foirne oibríochtúil a chur ar fáil chun tacú le hiarrachtaí na Gníomhaireachta ina leith sin, go háirithe i bhfianaise an bhuiséid shuntasaigh atá beartaithe chun gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a chlúdach i dtaca leis an bhfillleadh. Ba cheart acmhainneachtaí agus acmhainní daonna leordhóthanacha a chur ar fáil chun freastal ar shainordú leathnaithe den sórt sin maidir leis an bhfillleadh, agus ag féachaint don líon oibríochtaí um fhilleadh, a bhfuil fás ag teacht air cheana, ar thug an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta tacaíocht dóibh: tá 192 oibríocht eagraithe nó comhordaithe ag an nGníomhaireacht in 2018 ón 3 Lúnasa, i gcomparáid le 90 sa tréimhse chéanna in 2016 agus 194 in 2017⁷.

Tá sé cruthaithe leis an taithí a fuarthas le dhá bhliain anuas a thábhachtaí is atá sé bearta a dhéanamh i dtríú tíortha, lena n-áirítear tacaíocht oibríochtúil agus theicniúil a chur ar fáil. Tá caibidlíocht ar bun ag an gCoimisiún thar ceann chomhaontuithe stádais an Aontais le tíortha comharsanachta áirithe chun cur ar chumas na Gníomhaireachta imscaradh oibríochtúil a dhéanamh chuig na tíortha sin. Tá an chaibidlíocht tugtha chun críche, nó beagnach tugtha chun críche, le tíortha na mBalcán Thiar, agus d'fhéadfaí níos mó ná na tíortha comharsanachta a chuimsiú sna comhaontuithe sin, tíortha atá lasmuigh de na srianta

⁷ Tá na sonraí ar fáil in *Frontex Application Return*.

críochacha, chomh fada agus a leantar de bheith ag tabhairt tacaíochta den sórt sin do thríú tíortha ar mhaithe le teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint. Beidh i bhfad níos mó ball foirne oibríochtúil ón mbuanchór de dhíth le haghaidh imscaradh oibríochtúil den sórt sin agus chun tacú le gníomhaíochtaí den sórt sin ar an láthair i dtríú tíortha lena n-áirítear i dtaca leis an bhfilleadh.

Cuspóirí an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh

Léiríonn na heilimintí go léir thuasluaite an géarghá atá le **réiteach buan iontaofa** lena áirithiú go bhfuil na hacmhainneachtaí riachtanacha ag an nGníomhaireacht chun teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint agus chun tacú go héifeachtach leis an bhfilleadh.

Sa Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach a glacadh in 2016 leagtar amach prionsabail an Bhainistithe Comhtháite Teorainneacha san Eoraip agus tugtar sainmhíniú ann ar an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, ach tugtar aghaidh ann go príomha ar ról na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta. Le Rialachán EUROSUR arna ghlacadh in 2013 bunaítear creat chun comhar a dhéanamh agus faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit agus an Gníomhaireacht ach tá an creat sin teoranta faoi láthair d'fhaireachas teorainneacha mara agus talún. Tríd an dá Rialachán a chumasc le chéile, comhcheanglaítear sa togra cúraimí na Gníomhaireachta agus ról údaráis na mBallstát i bhfeidhmiú an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh.

Is mar gheall air sin atá beartaithe ag an gCoimisiún **buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a bhunú faoi 2020 ina mbeidh 10 000 ball foirne oibríochtúil** lena heite éifeachtach agus éifeachtúil oibríochtúil féin a chur ar fáil don Gníomhaireacht. Tá an togra seo ceaptha leis an easpa sainaitheanta reatha a leigheas, le freagairt do na riachtanais reatha agus le hullmhacht straitéiseach an Aontais chun freagairt do dhúshláin amach anseo a áirithiú. Tá sé ríthábhachtach ach go háirithe a áirithiú go mbainfidh an buanchór a lán-acmhainneacht 10 000 ball foirne oibríochtúil amach go tapa faoi 2020, chun a chur ar chumas na Gníomhaireachta freagairt don staid reatha. Sa chomhthéacs sin, ba cheart na bearta ullmhúcháin, lena n-áirítear an t-ullmhú lóistíochta agus riaracháin go léir le haghaidh daoine a earcú agus a fháil ar iasacht, a dhéanamh chomh luath is a bhaintear comhaontú polaitiúil amach ar an togra.

Ní mór bunú an bhuanchóir a chomhtháthú i nGarda Teorann agus Cósta Eorpach atá ag feidhmiú go maith agus ina bhfuil na Ballstáit, an tAontas agus gníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, comhordaithe go maith agus ag oibriú i dtreo **cuspóirí coiteanna comhroinnte beartais**. Áiritheoidh an comhordú sin an cumas **faisnéis agus anailís a chomhroinnt, acmhainn freagartha a chomhordú** agus **an cumas géarchéimeanna a réamh-mheas** ag na teorainneacha seachtracha sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus **na hacmhainní riachtanacha freagartha a fhorbairt i gcomhar**.

Den chuid is mó, cuireann **méid an bhuanchóir seo den Gharda Teorann agus Cósta Eorpach** leis na comharthaí reatha maidir le rannpháirtíocht faoi na sásraí comhthiomsaithe

atá ann cheana agus atá deonach, seachas an Díorma Mearfhreagartha. I gcomhréir le cinneadh an bhoird bainistíochta, is 5 000 líon foriomlán na gardaí teorann do ghníomhaíochtaí oibríochtúla na Gníomhaireachta. Is mó ná 7 000, áfach, líon iarbhair na mball d'Fhoireann an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh atá cláraithe i gcóras OPERA na Gníomhaireachta. Tá na hacmhainní sin forlíoanta le 1 500 garda teorann arna n-ainmniú ag an Díorma Mearfhreagartha. Ina theannta sin, i dtaca leis an bhfilleadh, tá trí dhíorma ar fáil ag an nGníomhaireacht faoi láthair ba cheart a bheith comhdhéanta, i gcomhréir le cinneadh an bhoird bainistíochta, de 600 garda tionlacain don fhilleadh, 50 speisialtóir don fhilleadh agus 40 duine de lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach. Sa chomhthéacs sin, tá sé i gceist go dtabharfaidh an **méid beartaithe de bhuanchór 10 000 duine** deis don Ghníomhaireacht, seachas na bearnaí reatha amháin a líonadh, borradh a chur faoina tacaíocht do na Ballstáit atá ar an líne thosaigh i limistéir chriticiúla oibríochtúla agus níos mó limistéar a chlúdach i mBallstáit an Aontais agus i dtríú tíortha chomh maith leis an bhfilleadh a mhéadú go suntasach.

Ba cheart do bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh trí chatagóir éagsúla d'fhoireann oibríochtúil a chuimsiú: 1) baill foirne oibríochtúla fostaithe ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Catagóir 1), 2) baill foirne ar iasacht éigeantach chuig an nGníomhaireacht ó na Ballstáit ar feadh tréimhse fhada (Catagóir 2) agus 3) baill foirne arna soláthar go héigeantach ag na Ballstáit le haghaidh imscaradh gearrthéarmach (Catagóir 3).

Is gné riachtanach den chur chuige nua seo go gcuirfear **baill foirne reachtúla na Gníomhaireachta san áireamh mar bhaill de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh**, ag a mbeidh na cumhachtaí is gá chun cúraimí rialaithe teorann agus fillte a chomhlíonadh, lena n-áirítear na cúraimí dá bhfuil cumhachtaí feidhmiúcháin ag teastáil. Foráiltear le hAirteagal 77(2)(d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go nglacfaidh an tAontas aon bheart is gá chun córas comhtháite bainistíochta do theorainneacha seachtracha a bhunú de réir a chéile. Leis sin tugtar an bunús dlí chun cumhachtaí forfheidhmithe dlí a thabhairt do na gníomhairí a ghníomhaíonn thar ceann an Aontais agus na cúraimí á gcomhlíonadh acu a bhaineann le córas bainistithe comhtháite a thabhairt isteach do na teorainneacha seachtracha. Ba cheart na cumhachtaí agus na cúraimí sin a shainmhíniú go soiléir, áfach, chun teacht leis an gcuspóir córas bainistithe comhtháite a bhunú do na teorainneacha seachtracha. Dá bhrí sin, is cuid den togra é liosta na gcúraimí sin. Beidh baill foirne na Gníomhaireachta faoi Chatagóir 1 ina gcineál nua de bhaill foirne san Aontas ar a mbronntar cumhachtaí feidhmiúcháin, lena n-áirítear úsáid fórsa, agus iad ag feidhmiú mar bhaill d'fhoireann arna gcur chun oibre ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Measann an Coimisiún gur buneilimint é an socrú sin dá thogra leasaithe a mbeidh tionchar suntasach aige i dtaca le sainordú na Gníomhaireachta a athneartú chun rialú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha an Aontais a ráthú.

Is é an dara príomheilimint de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh **cineál éigeantach rannchuidithe gearrthéarmacha agus fadtéarmacha na mBallstát** do bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, arb é an t-aon réiteach é ar infhaighteacht na rannchuidithe riachtanacha a ráthú do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta de mheon dlúthpháirtíochta agus freagrachta ar mhaithe le dea-fheidhmiú limistéar Schengen. Bunaíodh

rannchuidithe na mBallstát ar an scála dáilte a comhaontaíodh le linn na caibidlíochta in 2016 don Díorma Mearfhreagartha agus a leagadh amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1624.

D'fhéadfadh an rannchuidiú éigeantach sin fiordhúshlán a chruthú do na Ballstáit i gcásanna ina bhfuil a n-acmhainneachtaí náisiúnta faoi bhrú ollmhór mar gheall ar dhualgais náisiúnta. Is mar gheall air sin a fhoráiltear leis an togra **córas tacaíochta airgeadais** chun tacú le forbairt fhadtéarma acmhainní daonna agus sin a dhaingniú trí na Ballstáit a chumasú baill foirne bhreise a fhrúiliú agus a oiliúint leis an tsolúbthacht riachtanach a chur ar fáil chun an comhthiomsú éigeantach a bunaíodh faoi bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a chomhlíonadh agus acmhainneachtaí náisiúnta leordhóthanacha dá gcuid féin a choimeád san am céanna.

A bhuí le **comhdhéanamh modúlach buanchór** an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, ina mbeidh trí chatagóir de bhaill foirne oibríochtúla, cuirfear an tsolúbthacht ar fáil chun rannpháirtíocht na Gníomhaireachta a mhodhnú de réir na riachtanas oibríochtúil. Cé go mbeidh baill foirne oibríochtúla reachtúla na Gníomhaireachta (Catagóir 1) i gcónaí ina bpríomh-bhunchloch d'imscaidh ón mbuanchór, d'fhéadfaí rannpháirtíocht na mball foirne oibríochtúil faoi chatagóir 2 agus go háirithe faoi chatagóir 3 a oiriúnú laistigh de na sásraí atá ann cheana.

Ar deireadh, cuireann buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus a bhaill foirne oibríochtúla **réiteach comhtháite** ar fáil lena dtugtar aghaidh ar réimsí imscartha uile na Gníomhaireachta: Beidh comhdhéanamh measctha ag na foirne bainistithe teorann, na foirne um fhilleadh chomh maith leis na foirne tacaíochta don bhainistiú imirce. Is é sin an fáth a bhfuiltear ag comhtháthú na sásraí comhthiomsaithe go léir leis an togra: sásra reatha gealltanais bhliantúil do ghníomhaíochtaí ag na teorainneacha seachtracha, an Díorma Mearfhreagartha éigeantach le haghaidh na mear-idirghabhálacha ag na teorainneacha, dhá dhíorma do speisialtóirí don fhilleadh agus do ghardaí tionlacain don fhilleadh. Go heisceachtúil, mar gheall ar shainiúlacht a chúraimí agus a shaineolais agus an gá atá le neamhspleáchas le linn feidhmeanna faireacháin á gcomhlíonadh, ba cheart do dhíorma an lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach leanúint de bheith ina shocrú ar leithligh.

Dá bhrí sin, is é aidhm an togra **stiúradh polaitiúil Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha na hEorpa a struchtúrú** trí thimthriall beartais a bhunú lena gcuimseofar straitéisí Eorpacha agus náisiúnta don bhainistiú comhtháite teorainneacha.

Leis an togra athneartófar sásraí réamhrabhaidh an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh chun solúbthacht na freagartha a mhéadú nuair atá géarchéim le sárú agus freisin chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar chásanna ina bhféadfadh feidhmiú limistéar Schengen a bheith i mbaol.

Beidh an réamh-mheas ina eilimint an-tábhachtach de na próisis sin. Tá sé mar aidhm ag an togra freisin feabhas a chur ar chomhordú **phróisis phleanála** Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha na hEorpa chun oibríochtaí teorann a ullmhú níos fearr, an fhreagairt do leibhéil níos airde tionchair a shainiú agus, go háirithe, idirghabháil fhéideartha an bhuanchóir agus acmhainneachtaí eile de chuid na Gníomhaireachta chun tacú leis na Ballstáit. Feabhsófar leis freisin cumas an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a ullmhú trí oiliúint

agus oideachas a chomhordú, trealamh a fháil sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, lena n-áirítear taighde agus forbairt.

Leis an togra feabhsófar an cumas faisnéis a mhalartú agus tacófar leis na Ballstáit i réimse **an fhille** freisin. Chun cúnamh níos fearr a thabhairt do na Ballstáit, leathnaítear leis an togra seo cúraimí na Gníomhaireachta chun go gcuimseofar cúnamh teicniúil agus oibríochtúil i dtaca le nósanna imeachta um fhilleadh, lena n-áirítear cinntí um fhilleadh a ullmhú chomh maith le gníomhaíochtaí réamhfhillte eile agus cúnamh i dtaobh córais bhainistithe an fhille agus córais malartaithe faisnéise a fhorbairt agus a oibriú.

Leis an togra tabharfar **soiléiriú ar ról na mBallstát agus ról na Gníomhaireachta** faoi seach i dtaca le **feidhmiú an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh**, lena n-áirítear comhar le tríú páirtithe agus tríú tíortha. I réimse an fhille, beidh an Gníomhaireacht in ann cúnamh a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí fillte tríú tíortha, lena n-áirítear trí oibríochtaí measctha um fhilleadh a eagrú ina mbeidh Ballstát amháin nó níos mó páirteach. Go sonrach, déanfar feidhmiú EUROSUR a fheabhsú a thuilleadh trí chailíocht na sonraí a mhalartaítear a mhéadú, chomh maith le slándáil agus solúbthacht na gcóras. Chun tacú níos fearr le comhchodanna éagsúla an Bhainistithe Comhtháite Teorainneacha, leathnófar raon feidhme EUROSUR ó fhaireachas teorainneacha go rialú teorann lena n-áirítear tuairisciú ar ghluaiseachtaí tánaisteacha agus ar theorainneacha aeir. Úsáidfear EUROSUR le haghaidh oibríochtaí teorann agus pleanáil chomhtháite. Le EUROSUR cuirfear feabhas freisin ar chomhar oibríochtúil agus ar mhalartú faisnéise le tríú tíortha agus le tríú páirtithe.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an togra seo forlíontar na tograí ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2018 maidir leis an gCiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha agus an Ciste Tearmainn agus Imirce a bhunú faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, i bhfianaise athneartú an chistithe do chomhchodanna náisiúnta an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Tá sé mar aidhm ag tograí uile sin an Choimisiúin a áirithiú i gcomhar go mbeidh córas bainistithe teorann ag an Aontas a bheidh comhtháite go hiomlán agus a chuirfear chun feidhme ag Garda Teorann agus Cósta Eorpach atá láidir agus lánfheidhme, agus a chuimseoidh an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus na húdaráis náisiúnta atá freagrach sna Ballstáit as bainistiú teorainneacha agus an fhille.

Chun go bhféadfar foireann a imscaradh go héifeachtach as buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh ón 1 Eanáir 2020, ba cheart cinntí áirithe a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm a luaithe is féidir. Go sonrach, de mhaolú ar an ngnáth-sprioc-am a leagtar amach sa Rialachán, ba cheart an cinneadh ón mbord bainistíochta faoi phróifilí bhuanachóir na Gníomhaireachta a ghlacadh laistigh de shé seachtaine ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin agus ba cheart baill foirne a bheith ainmnithe ag Ballstáit do bhuanachóir an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh laistigh de 12 sheachtain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin.

San am céanna, chun a áirithiú go leanfar de bheith ag tacú leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla atá an Gníomhaireacht a réachtáil, ba cheart an t-imscaradh ar fad go dtí 31 Nollaig 2019 a phleanáil agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear faoin Díorma Mearfhreagartha, i gcomhréir le hAirteagal 20, Airteagal 30 agus Airteagal 31 de Rialachán

(AE) 2016/1624 agus i gcomhréir leis an gcaibidlíocht dhéthaobhach bhliantúil a cuireadh i gcrích i 2018. Níor cheart na forálacha sin a aisghairm ach le héifeacht ón 1 Eanáir 2020.

Cuireann an togra leis an mbeartas agus leis an mbosca uirlisí bainistithe teorainneacha atá ann cheana, go háirithe an Garda Teorann agus Cósta Eorpach arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 2016/1624. Le dhá bhliain anuas, tá na chéad timthriallta de mheasúnuithe leochaileachta curtha i gcrích ag cur chun oibríochta an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus tá na díormaí mearfhreagartha curtha ar bun chun freagairt do chásanna éigeandála. Le buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh ina mbeidh 10 000 ball foirne oibríochtúil, cuireann an togra seo go mór le hacmhainneachtaí na Gníomhaireachta, agus dá réir sin le hacmhainneachtaí an Aontais, chun freagairt go héifeachtach do bhagairtí agus do dhúshláin atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo ar na teorainneacha seachtracha trí ghníomhaíochtaí na mBallstát ar na teorainneacha seachtracha a athneartú, a mheasúnú agus a chomhordú ar bhonn réamhghníomhach agus i dtaobh tríú tíortha freisin, agus chun an filleadh a mhéadú.

Trí chomhtháthú an Chórais Eorpaigh um Fhaireachas ar Theorainneacha (Eurosur) san ionstraim reachtach lena mbunaítear an Garda Teorann agus Cósta Eorpach, cuireann an togra le spiorad comhair, malartú faisnéise agus comhordú iarrachtaí idir na Ballstáit agus an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, agus i measc údaráis náisiúnta agus Gníomhaireachtaí an Aontais, trí ghealltanais nithiúla cheangailteacha. Tógann sé freisin ar Rialachán (AE) Uimh. 656/2014⁸ lena mbunaítear rialacha maidir le faireachas ar na teorainneacha farraige seachtracha i gcomhthéacs comhair oibríochtúil arna chomhordú ag an nGníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstát an Aontais Eorpaigh.

Soiléirítear sa togra an caidreamh idir measúnuithe leochaileachta arna gcur i gcrích ag an nGníomhaireacht agus sásra meastóireachta Schengen arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013⁹ chun an líon is mó sineirgí a chruthú idir an dá shásra sin atá rithabhachtach le haghaidh rialú cáilíochta Eorpach maidir le feidhmiú limistéar Schengen.

Leis an togra seo déantar tuilleadh forbartha ar na forálacha beartais sin atá ann cheana agus tarraingítear le chéile iad sa Gharda Teorann agus Cósta Eorpach, ag bunú, dá réir sin, córas bainistithe chomhtháite le haghaidh teorainneacha seachtracha ar leibhéal an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 77(2)(d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo i gcomhréir leis an mbeartas cuimsitheach fadtéarmach maidir le bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an imirce atá leagtha amach sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 656/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear rialacha i gcomhair faireachais ar na teorainneacha farraige seachtracha i gcomhthéacs comhair oibríochtúil a chomhordaíonn an Gníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (IO L 189 27.6.2014, lch. 93).

⁹ Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buachoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen (IO L 295, 6.11.2013, lch. 27).

Imirce ón gCoimisiún, clár oibre ina ndearnadh de Threoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin Juncker sraith de thionscnaimh chomhleanúnacha, atá atreisitheach ar bhonn frithpháirteach, bunaithe ar cheithre cholún. Is iad na ceithre cholún sin: an dreasacht don imirce neamhrialta a laghdú, teorainneacha seachtracha a dhaingniú agus beatha daoine a shábháil, beartas láidir maidir le tearmann agus beartas nua maidir leis an imirce dhleathach. Leis an togra seo déantar an Clár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce a chur chun feidhme a thuilleadh, go sonrach maidir leis an gcuspóir go ndéanfaí teorainneacha seachtracha a dhaingniú mar go gcuirfidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip chun feidhme. Anuas air sin, freagraíonn sé d'iarratas na Comhairle Eorpaí ról tacaíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a neartú a thuilleadh, i gcomhar le tríú tíortha freisin, trí bhithin acmhainní méadaithe agus sainordú feabhsaithe, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar rialú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha an Aontais agus dlús mór a chur le fillleadh imirceach neamhrialta ar bhonn éifeachtach.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Tá an togra reachtach seo bunaithe ar Airteagal 77(2)(b) agus (d) agus Airteagal 79(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Le hAirteagal 77(1)(b) agus (d) déantar foráil go bhforbróidh an tAontas beartas d'fhonn seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine agus monatóireacht ar thrasnú na dteorainneacha seachtracha, agus córas bainistithe comhtháite le haghaidh na dteorainneacha seachtracha a thabhairt isteach ar bhonn céimnitheach. Chun na gcríoch sin, faoi Airteagal 77(2)(b) agus (d), glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta maidir leis na seiceálacha a mbeidh daoine faoina réir agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha, agus gach beart is gá a ghlacadh chun córas bainistithe comhtháite do theorainneacha seachtracha a bhunú de réir a chéile.

Le hAirteagal 79(2)(c) tugtar d'údarás do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle bearta a ghlacadh i réimse na himirce neamhrialta agus an chónaithe neamhúdraithe, lena n-áirítear daoine a chónaíonn gan údarú a aistriú agus a aisdúichiú.

• Coimhdeacht

Is é is cuspóir leis an togra seo Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip a áirithiú maidir le teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh, d'fhonn imirce a bhainistiú go héifeachtach agus d'fhonn ardleibhéal slándála a áirithiú san Aontas agus, san am céanna, saorghluaiseacht daoine a chosaint laistigh de. I limistéar gan teorainneacha inmheánacha, tá tionchar ag an imirce neamhrialta thar theorainneacha seachtracha isteach i mBallstát amháin ar na Ballstáit ar fad laistigh de limistéar Schengen. Ní féidir limistéar a choimeád gan teorainneacha inmheánacha mura bhfuil na teorainneacha seachtracha sin slán agus cosaint éifeachtach ann.

Ós rud é go bhfuil rialú ar theorainneacha seachtracha an Aontais ina leas coiteann comhroinnte ar gá é a chur i gcrích i gcomhréir le hardchaighdeáin aonchineálacha an Aontais, ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra seo a bhaint amach go leordhóthanach, agus is féidir iad a bhaint amach ar dhóigh níos fearr ar leibhéal an Aontais, d'fhéadfadh an

tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta de réir mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

- **Comhréireacht**

Tá sé i gceist leis an togra freagairt do na dúshláin nua agus d'fhíorstaid pholaitiúil an Aontais maidir le bainistiú na himirce agus slándáil inmheánach araon. Cuireann sé le bosca uirlisí cumas atá ar fáil don Gharda Teorann agus Cósta Eorpach, go háirithe trí bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a bhunú ina mbeidh 10 000 ball foirne oibríochtúil chun déileáil go cuimsitheach leis na dúshláin a bhaineann le teorainneacha an Aontais a bhainistiú agus leis an bhfilleadh. Áirítear leis sin go ndéanann na Ballstáit na rialacha um bainistiú comhtháite teorainneacha a chur chun feidhme go hiomlán agus i gceart i gcomhréir le haon timthriall don bheartas straitéiseach ilbhliantúil comhleanúnach amháin, go ndéantar gníomhaíocht iomchuí chun bac a chur ar chásanna géarchéime agus go dtugtar mearfhreagairt éifeachtach ag teorainneacha seachtracha má thagann cás mar sin chun cinn agus ní ghlactar gníomhaíocht phráinneach ar leibhéal an Aontais le go mbeadh idirghabháil dhíreach ar an láthair ach amháin nuair a éiríonn an cás níos criticiúla. I bhfianaise a chuid cuspóirí agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Mar a mhínítear i gCaibidil 1, is eilimintí nua fiorthábhachtacha iad bunú bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus socrú na mbeart tionlacain riachtanach, eilimintí a dhéanann difear suntasach d'fheidhmiú an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. I bhfianaise a thábhachtaí atá na hathruithe sin, is gá Rialachán (AE) 2016/1624 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach a leasú. Is deis é freisin an EUROSUR leasaithe a chomhtháthú níos fearr sa Gharda Teorann agus Cósta Eorpach tríd na heilimintí leasaithe de Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 lena mbunaítear an Córas Eorpach um Fhaireachas ar Theorainneacha (EurosUR) a chuimsiú sa Rialachán nua de réir mar a léiríodh sa mheastóireacht ar Rialachán EUROSUR.

Go deimhin, ní féidir foráil a dhéanamh don leibhéal aonfhoirmeachta is gá chun bainistiú comhtháite na dteorainneacha seachtracha a áirithiú agus chun ról éifeachtach na Gníomhaireachta i réimse an fhille a áirithiú. Ina theannta sin, ós rud é gur bunaíodh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach agus EUROSUR le Rialachán, is iomchuí an ionstraim dhlíthiúil chéanna don togra seo lena leasaítear agus lena gcumasctar an dá Rialachán.

- **Ceartha bunúsacha**

Leis an togra seo, urramaítear ceartha bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Déanfar gníomhaíochtaí uile an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus údaráis na mBallstát atá freagrach as bainistiú teorainneacha agus as an bhfilleadh, agus na ceartha bunúsacha faoi mar a chumhdaítear sa Chairt a urramú ina n-iomláine, lena n-áirítear an ceart chun tearmainn (Airteagal 18 den Chairt), cosaint ar *refoulement* (Airteagal 19 den Chairt), an ceart go dtabharfar meas ar an saol príobháideach

agus ar shaol an teaghlaigh (Airteagal 7 den Chairt), an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8 den Chairt), agus an ceart chun leigheas éifeachtach (Airteagal 47 den Chairt). Sa togra cuirtear san áireamh go hiomlán cearta an linbh agus riachtanais daoine atá i gcás leochaileach.

Dá bhrí sin, tá an togra i gcomhréir le hAirteagal 2 agus le hAirteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá ranníocaíocht an Aontais don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta mar chuid de bhuiséad an Aontais cheana, buiséad atá bunaithe ar an Ráiteas Airgeadais Reachtach a ghabhann le togra an Choimisiúin maidir leis an Rialachán lena mbunaítear an Garda Teorann agus Cósta Eorpach. Ina theannta sin, sainathnóidh roinnt acmhainní breise don Ghníomhaireacht sa Ráiteas Airgeadais Dlíthiúil a ghabhann le tograí an Choimisiúin le haghaidh ETIAS agus an pacáiste idir-inoibritheachta.

Chun buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a bhunú agus trealamh a fháil don Ghníomhaireacht féin, chomh maith le haghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar chúraimí nua nó uasghrádaithe eile dá bhforáiltear sa togra seo, ní mór suim EUR 577.5 milliún a chur le ranníocaíocht reatha an Aontais do 2019 agus 2020 faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, a d'fhéadfadh a éileamh go n-úsáidfi ionstraimí speisialta dá bhforáiltear i Rialachán an CAI. Don tréimhse 2021-2027, beidh gá le ranníocaíocht iomlán EUR 11 270 milliún ón Aontas le cúraimí agus feidhmeanna uasghrádaithe na Gníomhaireachta a chlúdach, rud a bhaineann den chuid is mó le buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a chur chun feidhme agus trealamh a fháil don Ghníomhaireacht féin. Forlíonfar na suimeanna sin le ranníocaíocht chomhfhreagrach na dtíortha atá comhlachaithe le Schengen.

Is féidir an ranníocaíocht ón Aontas a iarradh don tréimhse 2021-2027 a mhaoiniú faoi na huasteorainneacha a leagtar amach i dtogra CAI an 2 Bealtaine 2018.

Maidir le hacmhainní daonna, bhíothas ag súil go mbeidh 1 000 ball foirne ag an nGníomhaireacht faoi 2020. D'fhonn buanchór an Gharda Teorann agus Cósta a bhunú, dáilfear poist bhreise don Ghníomhaireacht: Ag tosú le 750 post in 2019 agus ag tarraingt ar 3 000 post faoi 2025. Beidh na poist bhreise roinnte go cothrom idir gníomhairí sealadacha agus gníomhairí conarthacha. Úsáidfear na poist nua den chuid is mó chun baill foirne oibríochtúla a earcú agus a oiliúint faoi Chatagóir 1 de bhuanachór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Fós féin, áireofar freisin leis an gcatagóir sin baill foirne dá bhforáiltear maidir le hAonad Láir ETIAS a chur ar bun agus a oibriú.

Ina theannta sin, laistigh den fhiigiúr thuasluaite de 3 000 post, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht suas le 4% de mhéid iomlán an bhuanachóir a úsáid chun baill foirne a earcú chun tacú le bunú buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh (earcú, bainistíocht laethúil, pleanáil oibríochtúil srl), soláthar foirne do na hoifigí allamuigh, trealamh a fháil don Ghníomhaireacht, tascanna nua eile a bhaineann le feidhmiú an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, lena n-áirítear EUROSUR, an sainordú athneartaithe maidir leis an bhfillleadh agus cúraimí FADO a ghabháil de láimh.

Anuas ar bhuiséad na Gníomhaireachta, as na Cistí i réimse na himirce agus an bhainistithe teorann, tacófar le cur chun feidhme ar fhorbairt EUROSUR ar thaobh na mBallstát, trí bhíthin na n-acmhainní ón gCiste Slándála Inmheánaí um Theorainneacha agus Víosáí in 2020 (EUR 52,5 milliún) agus ón gCiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha a bheidh ann amach anseo (EUR 647,5 milliún) sa tréimhse 2021-2027. Leithdháilfear 10% de na hacmhainní sin ar EUROSUR. Cuirfear na gníomhaíochtaí ábhartha chun feidhme trí bhainistíocht chomhroinnte nó trí bhainistíocht dhíreach.

Leis an gcreat-Rialachán Airgeadais athbhreithnithe maidir le gníomhaireachtaí díláraithe, lena n-áirítear rialacha daingnithe maidir le rialachas na ngníomhaireachtaí sin i réimse na calaoise, na neamhrialtachtaí, na rialacha maidir le coinbhleacht leasa agus na rialála inmheánaí, forlíonfar na rialacha atá sa togra seo.

4. AN PRÓISEAS ULLMHÚCHÁIN AGUS COMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA

In 2017 thíolaic an Coimisiún cúig thuarascáil ar dhul chun cinn don Chomhairle Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ina ndearnadh taifead den dul chun cinn a bhí bainte amach maidir le hoibríochtú an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh chomh maith le hanailísiú ar na heasnamh a tháinig chun cinn. Go minic rinneadh plé sa Chomhairle agus rinneadh roinnt cur i láthair i gcoistí ábhartha Pharlaimint na hEorpa tar éis na dtuarascálacha sin.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Feabhra¹⁰, tá tosaíochtaí agus roinnt roghanna leagtha amach do chreat airgeadais ilbhliantúil an Aontais amach anseo le Garda Teorann agus Cósta Eorpach atá láidir agus lánfheidhmiúil ag croílár chóras bainistithe comhtháite teorainneacha san Eoraip ar córas é atá go hiomlán comhtháite. Ina Theachtairacht an 2 Bealtaine 2018¹¹ a ghabh leis an togra maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, d'athdhearbhaigh an Coimisiún a thiomantas d'oibriú i dtreo an chuspóra sin agus mhol sé buanchór de thuairim agus 10 000 garda teorann a chruthú.

An 5 Iúil rinne bord bainistíochta na Gníomhaireachta ceardlann neamhfhoirmiúil a réachtáil le creat dlíthiúil na Gníomhaireachta amach anseo a phlé agus tá taifead ar an gcruinniú i scríbhinn mar aon le seasaimh ar leithligh 8 mBallstát curtha faoi bhráid an Choimisiúin. Ina theannta sin, pléadh sainordú nua na Gníomhaireachta an 9 Iúil ag cruinniú an Choiste Straitéisigh um Inimirce, um Theorainneacha agus um Thearmann, áit ar chuir ionadaithe na mBallstát a réamhdhearthaí in iúl faoi na smaointe sa togra CAI. Maidir le EUROSUR, i gcomhréir le hAirteagal 22(3) de Rialachán Uimh. 1052/2013, rinne an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar EUROSUR. Tá an tuarascáil ón meastóireacht sin curtha in iarscríbhinn a ghabhann leis an togra. Is é an chonclúid sa tuarascáil mheastóireachta gur bhain creat EUROSUR a chuspóirí amach ach go bhféadfaí feidhmiú EUROSUR a fheabhsú

¹⁰ Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Creat Airgeadais Ilbhliantúil nua, nua-aoiseach, ionas go gcuirfidh an tAontas Eorpach a chuid tosaíochtaí i gcrích go héifeachtúil tar éis 2020', COM(2018) 98 final.

¹¹ Teachtaireacht ón gCoimisiún '*A Modern Budget for a Union that Protects, Empowers and Defends - The Multiannual Financial Framework for 2021 – 2027*' [Buiséad nua-aimseartha le haghaidh Aontas a chumhdaíonn, a chumhachtaíonn agus a chosnaíonn- An Creat Airgeadais Ilbhliantúil don tréimhse 2021-2027], COM(2018) 321.

trí athrú ó chóras faisnéise teicniúla go creat rialachais um malartú agus comhar faisnéise. Rinneadh comhairliúcháin leantacha a reáchtáil leis an Sainghrúpa ar EUROSUR, a bhunaigh agus a bhainistigh an Gníomhaireacht chun tacú le cur chun feidhme EUROSUR, agus le sainghrúpa tiomnaithe ar EUROSUR, arna bhunú ag an gCoimisiún chun an próiseas meastóireachta a phlé agus a leanúint agus chun leasuithe féideartha ar an Rialachán atá ann cheana a phlé. An 6 agus 7 Feabhra 2018, bhunaigh an Coimisiún ceardlann thiomnaithe le gnéithe theicneolaíochta agus thionsclaíocha EUROSUR a phlé le hionadaithe tionscail, le taighdeoirí agus le saineolaithe rialtais ó na Ballstáit, institiúidí an Aontais agus Gníomhaireachtaí an Aontais. Chun measúnú a dhéanamh ar chostas/sochar na n-athruithe éagsúla atá beartaithe leis an togra, tá staidéar faighte ag an gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na roghanna éagsúla a bhaineann le héabhlóidí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gCóras Eorpach um Fhaireachas ar Theorainneacha (Eurosur).

Ag cur san áireamh gairm na Comhairle Eorpaí an 28 Meitheamh 2018 go ndéanfaí ról tacaíochta na Gníomhaireachta a neartú tuilleadh le sainordú feabhsaithe, agus an gá atá le haghaidh a thabhairt ar an ngairm sin go tráthúil, rinneadh an cinneadh gan Measúnú Tionchair a dhéanamh.

5. MÍNIÚCHÁN MIONSONRAITHE AR FHORÁLACHA SONRACHA AN TOGRA

Leis an togra (Airteagal 8) tugtar isteach **timthriall don bheartas ilbhliantúil straitéiseach don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip** mar bhealach lena áirithiú go ndéanfaidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach an bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a chur chun feidhme go héifeachtach. Déanfar próiseas inoibritheach aontaithe leanúnach a shocrú sa timthriall ilbhliantúil, ar próiseas é a thabharfaidh treoirlínte straitéiseacha do na gníomhaithe ábhartha go léir ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit i réimse an bhainistithe teorainneacha agus an fhillte chun go gcuirfidh na gníomhaithe sin an Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip chun feidhme ar bhealach comhleanúnach comhtháite modheolaíoch. Cuirfear tús leis an timthriall le stiúradh polaitiúil do Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip arna chur ar fáil i bhfoirm tarmilgthe de chuid an Choimisiúin, a chuirfear chun feidhme ansin tríd an straitéis theicniúil agus oibríochtúil arna hullmhú ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus straitéisí náisiúnta arna n-ullmhú ag na Ballstáit. Déanfar meastóireacht lena ndéanfar measúnú ar chur chun feidhme na dtrí chéim sin a chur i gcrích i bhfianaise ullmhúchán an chéad timthrialla eile.

Príomheilimintí an togra **buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh**, lena mbeidh feabhsuithe ar **eochairchumais** eile ag gabháil (féach go háirithe Airteagail 5(2), 55 go 60, 63 agus 64).

- Mínítear na príomheilimintí a bhaineann le buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh i gCaibidil 1 thuas, go háirithe i dtaca lena chomhdhéanamh, lena mhéid, le raon feidhme a ghníomhaíochtaí, lena chineál éigeantach agus le cur i bhfeidhm cumhachtaí feidhmiúcháin.

- Chun freastal ar an mbuanchór, tugtar isteach leis an togra an coincheap gur gardaí teorann, gardaí tionlacain don fhilleadh, speisialtóirí don fhilleadh agus baill foirne ábhartha eile iad baill foirne oibríochtúla **bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh**. Beidh siad in-imscartha i gcreat trí chineál foirne: bainistiú teorainneacha, an fillleadh agus tacaíocht do bhainistiú na himirce.
- Déantar **rannchuidithe aonair na mBallstát do bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh** a shainmhíniú i gcomhréir le hIarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn V. Tá miondealú na rannchuidithe aonair sin bunaithe ar an scála dáilte a comhaontaíodh don Díorma Mearfhreagartha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach.
- Déanfaidh an Coimisiún **athbhreithniú meántéarmach** ar fheidhmiú agus ar chomhdhéanamh bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Ag brath ar an athbhreithniú meántéarmach, féadfaidh an Coimisiún breathnú ar na hianscríbhinní ábhartha a leasú.
- Chun comhchultúr gairmiúil a áirithiú, ba cheart **oiliúint shonrach agus éide** a sholáthar do na foirne arna n-imscaradh ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh.
- D'fhonn foirne ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh i gcríoch tríú tíortha, ba cheart don Ghníomhaireacht na **cumais le haghaidh a cuid struchtúr ceannais agus rialaithe féin** a fhorbairt.
- Chun bearnaí leanúnacha i gcomhthiomsú deonach ar threalamh teicniúil ó na Ballstáit, go háirithe maidir le hacmhainní mórsála, a líonadh, ba cheart go mbeadh **a trealamh féin** ag an nGníomhaireacht a bheadh le cur i mbun oibre in oibríochtaí comhpháirteacha nó i gcás mear-idirghabhálacha teorann nó i gcás aon ghníomhaíochtaí oibríochtúla eile. Cé go bhfuil sé ar chumas na Gníomhaireachta a trealamh teicniúil féin a fháil nó a fháil ar léas ó bhí 2011 ann, cuireadh bac nár bheag ar an bhféidearthacht sin mar gheall ar an easnamh acmhainní buiséadacha. Nuair a glacadh Rialachán 2016, cuireadh buiséad tiomanta EUR 40 milliún ar fáil don Ghníomhaireacht chun trealamh beagmhéide agus meánmhéide a fháil agus tá dul chun cinn déanta ag an nGníomhaireacht chun na deiseanna sin a thapú. De thoradh na bhforbairtí sin agus chun teacht leis an leibhéal uailmhéine laistiar de bhunú bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, chuir an Coimisiún clúdach suntasach in áirithe faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 ionas gur féidir **leis an nGníomhaireacht na hacmhainní aeir, mara agus talún is gá a fháil, a chothabháil agus a oibriú** i gcomhréir leis na riachtanais oibríochtúla.
- Cé go bhféadfadh sé cuid mhaith ama a thógáil na hacmhainní riachtanacha a fháil, go háirithe i gcás acmhainní móra, ba cheart trealamh na Gníomhaireachta féin teacht chun cinn mar chrann taca d'oibríochtaí gan aon chabhair bhreise de dhíth ó na Ballstáit ach amháin in imthosca eisceachtúla.

Ba cheart do chriúnna teicniúla na Gníomhaireachta, ós cuid de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh iad, trealamh na Gníomhaireachta a oibriú den chuid is mó. Chun a áirithiú go ndéanfar na hacmhainní airgeadais atá beartaithe maidir le trealamh na Gníomhaireachta féin a úsáid go héifeachtach, beidh an próiseas bunaithe ar **straitéis ilbhliantúil** arna cinneadh chomh luath agus is féidir ag an mbord bainistíochta agus plean gníomhaíochta ag gabháil léi.

- Chun obair na Gníomhaireachta a éascú sna Ballstáit a bheidh ag óstáil a gníomhaíochtaí oibríochtúla ag na teorainneacha seachtracha agus na gníomhaíochtaí sin a bhaineann leis an bhfillleadh, beidh an fheidearthacht ag an nGníomhaireacht **oifigí allamuigh** a bhunú a bheidh lonnaithe sna Ballstáit sin don tréimhse dá bhfuil á gníomhaíochtaí oibríochtúla ar siúl. Is é an ról a bheidh ag na hoifigí allamuigh sin feidhmiú mar phointí caidrimh idir an Gníomhaireacht agus na Ballstáit óstacha, chun comhordú, cumarsáid agus tacaíocht lóistíochta a áirithiú agus feidhmiú réidh na bpróiseas go léir a bhaineann leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla sin a ráthú. Bunófar iad ag láithreacha atá i ngaireacht gheografach do na limistéir ina mbeidh gníomhaíochtaí oibríochtúla ar bun.

Leis an togra (Airteagal 9 agus Airteagal 67) bunaítear **creat do phleanáil chomhtháite an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh**. Déanfar na próisis phleanála éagsúla de chuid Ghardaí Teorann agus Údaráis Fillte na mBallstát agus na Gníomhaireachta a chomhtháthú sa phleanáil sin sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Beidh an phleanáil chomhtháite ag teacht leis an timthriall don bheartas straitéiseach ilbhliantúil don Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip.

- Bunaítear leis an togra modheolaíocht chaighdeánach le haghaidh **pleanáil in aghaidh cásanna** arna bunú ag an nGníomhaireacht. Cuirfear an comhthéacs geopholaitiúil san áireamh sna cásanna sin a bheidh bunaithe ar anailís riosca agus beidh siad formheasta ag bord bainistíochta na Gníomhaireachta.
- Tugtar isteach **pleanáil forbartha acmhainne** don Gharda Teorann agus Cósta Eorpach leis an togra. Is sásra é an phleanáil forbartha acmhainne arna bunú leis an togra seo a dhírítear ar phleananna fadtéarmacha na mBallstát agus na Gníomhaireachta d'fhonn deiseanna a shainaithint i réimsí an oiliúna agus an oideachais, caighdeánú teicniúil agus oibríochtúil; soláthar comhpháirteach trealaimh, agus Taighde agus Forbairt. Cuirfear ar chumas na Gníomhaireachta tacú le riachtanais aonair na mBallstát; Beidh ról tábhachtach aige freisin ó thaobh forbairt acmhainne a chomhordú don Gharda Teorann agus Cósta Eorpach uile.
- Mar thoradh ar na próisis phleanála don fhorbairt acmhainne cuirfear **treochlár acmhainne ar fáil don Gharda Teorann agus Cósta Eorpach**, a fhormheasfaidh bord bainistíochta na Gníomhaireachta agus a bheidh i gceangal leis an straitéis theicniúil agus oibríochtúil um bainistiú comhtháite teorainneacha. Leis an treochlár acmhainne sin tabharfar treoshuíomhanna

straitéiseacha d'fhorbairt cumais an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Mar thoradh ar an treochlár acmhainne cuirfear pleananna soláthair agus treochláir theicneolaíochta ar bun. Cabhróidh na pleananna soláthair sin leis na Ballstáit agus leis an nGníomhaireacht i dtaca le trealamh teicniúil a fháil agus a ligean ar cíós¹² agus tacóidh an treochlár teicneolaíochta leis an nGníomhaireacht i dtaca le téamaí tábhachtacha taighde a shainaithint¹³ agus cuirfear i gcuntas iad i gclársceidealú na n-ionstraimí de chuid an Aontais a thacaíonn le gníomhaíochtaí oibríochtúla agus taighde i réimse an Bhainistithe Comhtháite Teorainneacha agus an Fhillte.

- Neartaítear leis an togra na riachtanais atá ann cheana maidir le **pleanáil theagmhasach** ar leibhéal na mBallstát mar chuid de phróiseas foriomlán na pleanála comhtháite. Tugtar aghaidh le pleanáil theagmhasach ar na bearta agus na hacmhainní uile is gá chun gur féidir cumais a athneartú lena n-áirítear lóistíocht agus tacaíocht nuair atá leibhéil níos airde tionchair le sárú ag teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear an cumas tacú le himscaradh cumais bhreise arna chomhordú ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta. Ba cheart na pleananna sin a bheith go fóill faoi réir an tsásra rialaithe cáilíochta mar chuid den sásra measúnaithe Leochaileachta.
- Sa ghearrthearma, déanfar **pleanáil oibríochtúil** a chomhordú idir na Ballstáit agus leis an nGníomhaireacht i gcreat EUROSUR i gcomhréir le próisis phleanála na gComhoibríochtaí Teorann arna mbunú ag an nGníomhaireacht¹⁴.

Leis an togra (Airteagal 18 agus an méid a thagann ina dhiaidh) déantar **EUROSUR a ionchorprú sa Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach** mar eilimint riachtanach d'fheidhmiú an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh.

- Athraítear EUROSUR ó chreat rialachais chun faisnéis a mhalartú agus comhar a dhéanamh idir údarais náisiúnta na mBallstát atá freagrach as bainistiú teorainneacha agus an Gníomhaireacht, ag tógáil ar na córais éagsúla faisnéise arna n-úsáid ag na Ballstáit agus ag an nGníomhaireacht agus **ag méadú agus ag leathnú ról agus inniúlachtaí na lárionad comhordúcháin náisiúnta**.
- Leis an togra **déantar na heilimintí de Rialachán reatha EUROSUR atá ann cheana a shimpliú agus feabhsaítear solúbthacht EUROSUR**. Aistrefar roinnt codanna teicniúla de Rialachán reatha EUROSUR isteach i ngníomhartha cur chun feidhme chun tuilleadh soiléireachta a sholáthar maidir leis an gcur chun feidhme teicniúil, chun níos mó solúbthachta a éascú chomh maith le nuashonrú oibríochtúil féideartha, agus ag an am céanna a gceangailteacht a áirithiú.

Leis an togra **méadaítear raon feidhme reatha EUROSUR** ó fhaireachas teorainneacha talún agus mara go **rialú teorann** (trí sheiceálacha a chur i bhfeidhm ag pointí trasnaithe ar an

¹² I gcomhréir le hAirteagal 38 den Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach.

¹³ I gcomhréir le hAirteagal 37 den Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach.

¹⁴ Mar a thuairiscítear in Airteagal 16 den Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach.

teorainn chomh maith le faireachas teorainneacha aeir, a bhí á dtuairisciú ar bhonn deonach ag na Ballstáit) chun feasacht uileghabhálach ar dhálaí a sholáthar ag na teorainneacha seachtracha agus raon na n-acmhainní freagartha a leathnú. Forbróidh an Gníomhaireacht cineálacha nua comhar idirghníomhaireachta le húdaráis earnáil na heitlíochta chun bagairt nua ó aerárthaí agus dróin a bhrath níos fearr agus chun freagairt níos fearr dóibh.

Athneartaítear leis an togra **feasacht ar dhálaí, anailís riosca, cosc agus freagrúlacht** an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh i dtaca leis na gnéithe seo a leanas:

- Chun **feidhm anailíse riosca an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a neartú**, déanfar ailíniú ar fhoinsí éagsúla faisnéise agus modheolaíochtaí, codanna den teorainn agus leibhéil tionchair EUROSUR agus iad siúd atá in úsáid ag an nGníomhaireacht agus ag na Ballstáit tríd an gComhshamhail den Anailís Chomhtháite Riosca (CIRAM), ag Líonra FRONTEX le haghaidh Anailís Riosca (FRAN) agus na measúnuithe leochaileachta (Airteagal 31).
- Ag forbairt ar EUROSUR, **feabhsaítear leis an togra feasacht ar dhálaí an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh** (Airteagal 29). Cumascaítear leis an pictiúr coiteann reatha d'fhaisnéis réamhtheorann, lena mbailítear faisnéis ar an limistéar réamhtheorann, agus an pictiúr de dhálaí Eorpacha, a fhreagraíonn sa Rialachán reatha d'fhaisnéis a bhailítear laistigh de limistéar Schengen. Tá gluaiseachtaí tánaisteacha anois mar chuid de na pictiúir de dhálaí chun measúnú a dhéanamh ar chás na himirce ag teorainneacha seachtracha an Aontais ar leibhéal straitéiseach agus ar leibhéal na hoirbheartaíochta araon. Bainfidh na Ballstáit agus an Gníomhaireacht tairbhe anois go díreach as an bhfaisnéis sin in EUROSUR, agus cuirfidh siad léi, trí na Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta.
- Bunaítear **Seirbhísí Cumaisc EUROSUR** go foirmiúil (Airteagal 29) lena gcur in ionad “chur i bhfeidhm coiteann na n-uirlisí faireachais” dá dtagraítear i Rialachán reatha EUROSUR. Trí Sheirbhísí Cumaisc EUROSUR, cuireann an Gníomhaireacht faisnéis ábhartha a bhaineann leis na teorainneacha seachtracha ar fáil do na lárionaid comhordúcháin náisiúnta agus di féin. Leantar de bheith ag cur Seirbhísí Cumaisc EUROSUR ar fáil trí chomhar idir an Gníomhaireacht agus tríú páirtithe. Leanfaidh an Gníomhaireacht de bheith ag úsáid na seirbhísí satailíte um fhaire na cruinne faoin gclár spáis COPERNICUS chun faireachán a dhéanamh ar an limistéar réamhtheorann, ach forbróidh sí seirbhísí nua cumaisc EUROSUR le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun teacht le raon feidhme nua EUROSUR. Mar shampla, ba cheart comhar idirghníomhaíochta den sórt sin a bhunú i réimse an fhaireachais teorainneacha aeir idir an Gníomhaireacht, bainisteoir líonra an ghréasáin Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta (EUROCONTROL) agus an Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA).
- Tugtar isteach leis an togra (Airteagal 30) an ceanglas go n-ullmhóidh an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta **anailís riosca**

straitéiseach don Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip gach dhá bhliain chun léargas fadtéarmach agus anailís fhadtéarmach a chur i láthair do na blianta atá le teacht. Bheadh an anailís sin ina túsphointe don Choimisiún chun an timthriall don bheartas straitéiseach ilbhliantúil a sheoladh don Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip. Cuirfidh an anailís riosca straitéiseach le cásanna ardleibhéil ar a mbeidh an phleanáil chomhtháite ag brath.

- I bhfianaise gur dhá shásra chomhlántacha iad na measúnuithe leochaileachta agus sásra measúnaithe Schengen arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 chun **rialú caighdeán na hEorpa a ráthú i dtaca le feidhmiú ceart limistéar Schengen**, ní mór socruithe soiléire le haghaidh malartú rialta faisnéise ar a riachtanais a bhunú idir an Coimisiún agus an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta chun an leas is mó a bhaint as na sineirgíochtaí idir an dá shásra sin (Airteagal 34).
- Chun dul i ngleic ar bhealach níos fearr le géarchéimeanna ina bhfuil feidhmiú limistéar Schengen i mbaol ar chuid den teorainn, cruthaítear in EUROSUR an ceathrú leibhéal tionchair “géibheannach”, ar leibhéal breise é. Spreagfaidh an leibhéal tionchair “géibheannach” freagairt go huathoibríoch ó bhuanachóir Gníomhaireacht an Aontais um an nGarda Teorann agus Cósta (Airteagal 35, Airteagal 36 agus Airteagal 42).
- Maidir le **foirne tacaíochta don bhainistiú imirce**, tá forálacha nua á moladh ag an gCoimisiún (in Airteagal 41) chun comhleanúnachas a áirithiú lena thogra do Rialachán maidir le Gníomhaireacht Tearmainn an Aontais Eorpaigh atá á chur i láthair leis an togra seo. Molann an Coimisiún an raon feidhme a leathnú chun úsáid foirne tacaíochta don bhainistiú imirce a spreagadh - tá a n-imscaradh faoi réir iarraidh ón mBallstát lena mbaineann ach níl sé teoranta níos mó do chásanna ina bhfuil dúshláin dhíríreacha imirce. Beidh an Coimisiún i gceannas comhordú ar an láthair, mar a léirítear sa Rialachán reatha, chomh maith le comhordú na n-iarrataí ó Bhallstáit agus an measúnú ar riachtanais. D’áiríteadh sé sin comhleanúnachas idir na gníomhartha éagsúla ag gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais chomh maith le sineirgíochtaí idir acmhainní na nGníomhaireachtaí agus na mBallstát.
- De bhreis ar na forálacha reatha, déantar ról an stiúrthóra feidhmiúcháin a chomhdhlúthú leis an togra (Airteagal 42) chun **gníomhaíochtaí oibríochtúla nithiúla de chuid na Gníomhaireachta a mholadh don Bhallstát lena mbaineann** nuair a bhíonn údar cuí leis i bhfianaise thorthaí an mheasúnaithe leochaileachta, na hanailise riosca nó nuair a shanntar tionchar criticiúil do chuid amháin den teorainn nó níos mó ná sin. I gcás easpa comhair do na gníomhartha beartaithe sin, ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún d’fhonn measúnú a dhéanamh agus cinneadh an bhféadfadh gá a bheith le gníomh breise i gcomhréir le hAirteagal 43 ina dtugtar aghaidh ar chás ag teorainn sheachtrach an Aontais ina bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach.

Leis an togra **feabhsaítear malartú faisnéise agus comhair** laistigh den Gharda Teorann agus Cósta (féach go ginearálta Airteagal 12):

- Sonrófar i ngníomhartha cur chun feidhme an cineál faisnéise atá le soláthar, i gcreat EUROSUR ach freisin na heintitis atá freagrach as faisnéis shonrach a bhailiú, a phróiseáil, a chartlannú agus a tharchur, na hachair is faide le tuairisc a thabhairt, na prionsabail maidir le slándáil sonraí agus cosaint sonraí (féach e.g. Airteagal 25).
- Déanfaidh an **Ghníomhaireacht faireachán i bhfíor-am** ar stádas teicniúil na líonraí agus na gcóras agus ar cháilíocht na faisnéise arna tuairisciú ag na Ballstáit agus roinnfidh sí í leis na húsáideoirí mar eilimint riachtanach d'iontaofacht an chreata EUROSUR (Airteagal 24).
- Forbraíodh an **Líonra Cumarsáide** i gcreat rialachán reatha EUROSUR agus tá sé de chumas aige Faisnéis Rúnaicmithe de chuid an Aontais a mhalartú idir na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht. Úsáidtear an Líonra Cumarsáide sin anois (Airteagal 14 agus 15) le haghaidh na malartuithe faisnéise uile idir comhchodanna éagsúla an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus méadaítear a leibhéal rúnaicmithe ó RESTREINT UE/EU RESTRICTED go CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL chun slándáil faisnéise a fheabhsú agus an mhuinín atá ag na gníomhaithe as a mhéadú.
- Forbróidh an Ghníomhaireacht **caighdeáin theicniúla** chun malartú faisnéise a fheabhsú agus déantar **dearbhuí faisnéise** a athneartú de bhíthin na Lárionaid Comhordúcháin Náisiúnta (Airteagal 16).

Leis an togra feabhsaítear **freagairt an Aontais i dtaca leis an bhfilleadh** maidir leis na gnéithe seo a leanas (féach Airteagal 49 agus an méid a thagann ina dhiaidh).

- Leis an togra seo déantar tuilleadh leathnaithe ar shainordú na Gníomhaireachta **cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a chur ar fáil do na Ballstáit i dtaca le nósanna imeachta um fhilleadh**, gan dochar do fhreagracht na mBallstát cinntí um fhilleadh a eisiúint, lena n-áirítear cinntí um fhilleadh a ullmhú, náisiúnaigh tríú tíortha a aithint agus gníomhaíochtaí de chuid na mBallstát a dhéantar roimh an bhfilleadh nó a bhaineann leis an bhfilleadh.
- Chun tuilleadh cúnamh a thabhairt do na Ballstáit, cuirtear an méid seo a leanas faoi chúram na Gníomhaireachta freisin:
 - múnla tagartha a fhorbairt le haghaidh córas bainistithe cásanna maidir leis an bhfilleadh lena ndéantar struchtúr na gcóras náisiúnta bainistithe maidir leis an bhfilleadh a fhorordú;
 - tacú le forbairt a gcóras náisiúnta nó iad a ailíniú leis an múnla;
 - córas lárnach agus bonneagar cumarsáide a bhunú leis na córais náisiúnta bainistithe maidir leis an bhfilleadh agus an córas lárnach, nó eatarthu, le haghaidh gach faisnéis agus sonra a phróiseáil chun go mbeadh an

Ghníomhaireacht in ann cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a chur ar fáil i gcomhréir leis an Rialachán.

- **Comhar méadaithe le tríú tíortha:** cúnamh a thabhairt i dtaca le gníomhaíochtaí fillte na dtríú tíortha agus laistigh díobh, lena n-áirítear trí bhuanachóir an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh i dtríú tíortha, chomh maith le comhar athneartaithe le húdaráis tríú tíortha maidir leis an bhfillleadh, lena n-áirítear i dtaca le doiciméid taistil a fháil.
- **Sainordú na Gníomhaireachta a neartú maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil** i dtaca lena gníomhaíochtaí i réimse an fhillte, chomh maith le malartú faisnéise le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ag féachaint do ghníomhaíochtaí fillte.

Leis an togra **feabhsaítear gné sheachtrach an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh (féach Airteagal 72 go hAirteagal 79):**

- Cuirfear ar chumas an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh gníomhú i dtríú tíortha gan aon teorainn ar thríú tíortha comharsanachta, lena n-áirítear i réimse an fhillte mar a shonraítear thuas.
- Cuirtear síos sa togra ar **na coinníollacha faoina dtairgfídh an Ghníomhaireacht cúnamh teicniúil agus oibríochtúil do thríú tíortha.** D'fhéadfadh oibríochtaí na Gníomhaireachta tarlú ag aon teorainn de chuid na tríú tíre lena mbaineann, i gcás inarb iomchuí, le comhaontú an Bhallstáit nó na mBallstát atá suite ar theorainn an limistéir oibríochtúil.
- Leis an togra feabhsaítear malartú faisnéise le tríú tíortha i gcreat EUROSUR trí na Lárionaid Comhordúcháin Náisiúnta agus ag an am céanna caomhnaítear caidrimh stairiúla idir na Ballstáit agus tríú tíortha. Sonrófar i bhforálacha na coinníollacha faoina ndéanfar sonraí a mhalartú le húdaráis tríú tíortha agus faoinar féidir Seirbhísí Cumaisc EUROSUR a sholáthar dóibh.
- I gcomhréir le togra an Choimisiúin maidir le líonra Eorpach d'oifigigh idirchaidrimh inimirce a chruthú (athmhúnlú), tugtar aitheantas do **ról an oifigigh idirchaidrimh inimirce** i dtaca le malartú faisnéise agus le comhordú. Sa bhreis ar an líonra Eorpach d'oifigigh idirchaidrimh inimirce, bunaítear go hoifigiúil na naisc leis na lárionaid comhordúcháin náisiúnta agus leis an nGníomhaireacht.
- **Tugtar soiléiriú ar ról an Choimisiúin maidir le comhar le tríú tíortha:** tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit agus leis an nGníomhaireacht i dtaca le comhar le tríú tíortha trí fhorálacha samhlacha a ullmhú agus comhlíonadh an Rialacháin ag forálacha ábhartha na gcomhaontuithe déthaobhacha agus ilthaobhacha agus na socruithe oibre a fhíorú.

Ar deireadh, de bhreis ar chonclúidí ón gComhairle an 27 Márta 2017, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an córas Doiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (FADO) a chomhtháthú i gcreat an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Is córas Eorpach íomhánna é

FADO atá deartha chun faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit maidir le fiordhoiciméid agus doiciméid bhréagacha, agus tá sé á bhainistiú faoi láthair ag Ardrúnaíocht na Comhairle. Is uirlis an-úsáideach é córas comhchoiteann comhroinnte Eorpach íomhánna chun calaois doiciméad a chomhrac, mar go mbíonn sé níos éasca doiciméid bhréagacha a bhrath leis. Trí FADO a chomhtháthú i gcreat an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh beidh an Gníomhaireacht in ann an córas a ghlacadh ar láimh agus a bhainistiú. Beidh na torthaí seo a leanas ag comhtháthú **FADO** (Airteagal 80):

- Chun tacú le Ballstáit agus iad ag seiceáil barántúlacht doiciméad ag an teorainn, tugtar an sainchúram don Gníomhaireacht sa togra an córas **Doiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (FADO)** a ghlacadh ar láimh agus a chur in oiriúint do riachtanais reatha agus do riachtanais na todhchaí. Déanfar Gníomhaíocht Chomhpháirteach an 3 Nollaig 1998, Uimh. 98/700/CGB a aisghairm ina hiomláine agus cuirfear bunús dlí sa Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach ina áit, rud a thabharfaidh deis don Gníomhaíocht an córas reatha a ghlacadh ar láimh. Is le gníomhartha cur chun feidhme a leagfar amach na forálacha cur chun feidhme. Leis sin d'áiritheofaí rannpháirtíocht shaineolaithe na mBallstát (trí Choiste Airteagal 6 atá ann cheana) agus cheadófaí an córas a chur in oiriúint do na riachtanais a bheidh ann amach anseo.
- Ba cheart an **struchtúr il-leibhéil** a choinneáil sa chóras FADO mar go bhfuil sé riachtanach chun leibhéil éagsúla faisnéise faoi dhoiciméid a sholáthar do pháirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear an gnáthphobal. Maidir leis an **idirthréimhse**, ba cheart a áirithiú go mbeadh an córas FADO ag feidhmiú go dtí go mbeidh an córas nua ag feidhmiú agus go n-aistreofar na sonraí atá ann cheana chuig an gcóras nua le comhaontú na mBallstát mar úinéirí na sonraí.

Ar deireadh, tugtar aghaidh sa togra freisin ar ghnéithe éagsúla de chúrsaí rialachais agus riaracháin na Gníomhaireachta:

- i bhfianaise bunú bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh chomh maith le leathnú foriomlán shainordú na Gníomhaireachta, go háirithe i réimse an fhille, **trí leas-stiúrtóir feidhmiúcháin** a cheapadh in áit duine amháin de réir mar a fhoráiltear faoin Rialachán reatha (Airteagal 105). Ba cheart réimse shonrach freagrachta a shannadh do **gach duine den triúr leas-stiúrtóirí feidhmiúcháin** sin.
- Mar gheall ar thábhacht bhunúsach na Gníomhaireachta mar chuid den Gharda Teorann agus Cósta Eorpach atá freagrach as bainistiú comhtháite na dteorainneacha seachtracha, agus ról an Choimisiúin i leith an timthrialla don bheartas straitéiseach ilbhliantúil do Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip (féach Airteagal 8), ba cheart freagracht an Choimisiúin i gcreat rialachais na Gníomhaireachta a chur i gcomhréir le **prionsabail an Chur Chuige Choitinn maidir le gníomhaireachtaí dláráithe an Aontais** arna nglacadh an 12 Iúil 2012 ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag

an gCoimisiún (e.g. i ndáil le ceapachán na leas-stiúrthóirí feidhmiúcháin, Airteagal 105).

- Leis an togra bunaítear **Coiste** chun cabhrú leis an gCoimisiún roinnt gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear sa Rialachán a ullmhú. Maidir le FADO, áfach, ba cheart Coiste Airteagal 6 atá ann cheana a úsáid (Airteagal 117).

Tá athrá sa togra ar fhorálacha an Rialacháin seo i dtaca le hÉirinn agus leis an Ríocht Aontaithe.

Measann an Coimisiún go bhfuil na hathruithe thuasluaite riachtanach lena ráthú go mbeidh na hacmhainní cearta ag an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus go mbeidh sé éifeachtach agus lánfheidhmiúil chun tacaíocht éifeachtach a áirithiú do na Ballstáit le teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**Maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach
agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach Uimh. 98/700/CGB ón
gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón
gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón
gComhairle**

*Ionchur ón gCoimisiún Eorpach i gcrúinniú na gCeannairí in Salzburg, an 19 agus an
20 Meán Fómhair 2018*

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(b) agus (d) agus Airteagal (79)(2)(c) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹⁵,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún¹⁶,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Is é is cuspóir do bheartas an Aontais i réimse an bhainistithe teorainneacha seachtracha Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, óir is riachtanas é sin a leanann ó shaorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas agus is comhchuid bhunúsach é de limistéar saoirse, slándála agus ceartais. Gné lárnach d'fheabhsú an bhainistithe imirce is ea an Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip. Is é an aidhm bainistiú éifeachtúil a dhéanamh ar thrasnú na dteorainneacha seachtracha agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirceacha agus bagairtí a d'fhéadfadh a bheith amach anseo ag na teorainneacha sin, agus ar an tslí sin rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar an gcoireacht thromchúiseach a bhfuil gné thrasteorann ag gabháil léi agus a áirithiú gur ann d'ardleibhéal slándála inmheánaí laistigh den Aontas. Ag an

¹⁵ IO C , , lch. .

¹⁶ IO C , , lch. .

am céanna, tá sé riachtanach gníomhú le lánurraim do chearta bunúsacha agus ar bhealach a dhéanann saorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas a choimirciú.

- (2) Bunaíodh an Gníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh le Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle¹⁷. Ó chuaigh sí i mbun oibre an 1 Bealtaine 2005, d'éirigh leis an nGníomhaireacht cúnamh a thabhairt do na Ballstáit gnéithe oibríochtúla den bhainistiú teorainneacha seachtracha a chur chun feidhme trí bhíthin oibríochtaí comhpháirteacha agus mear-idirghabhálacha teorann, anailís riosca, malartú faisnéise, caidreamh le tríú tíortha agus fillithe a fhilleadh.
- (3) Athraíodh ainm na Gníomhaireachta Eorpaí chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh go dtí an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ('An Gníomhaireacht') agus cuireadh lena cúraimí ionas go mbeadh leanúnachas iomlán ann ó thaobh a cuid gníomhaíochtaí agus a nósanna imeachta. Ba cheart é a bheith ina phríomhról ag an nGníomhaireacht straitéis theicniúil agus oibríochtúil a bhunú mar chuid den timthriall don bheartas ilbhliantúil straitéiseach don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a chur chun feidhme, chun formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach an rialaithe teorann ag na teorainneacha seachtracha, chun anailísí rioscaí agus measúnuithe leochaileachta a chur i gcrích, chun cúnamh breise teicniúil agus oibríochtúil a sholáthar do na Ballstáit agus tríú tíortha trí bhíthin oibríochtaí comhpháirteacha agus mear-idirghabhálacha teorann; a áirithiú go ndéanfar bearta a fhorghníomhú ar bhealach praiticiúil i gcás inar gá gníomhaíocht phráinneach ag na teorainneacha seachtracha, chun cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a sholáthar mar thaca le hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála do dhaoine atá i nguais ar muir agus chun oibríochtaí um fhilleadh agus idirghabhálacha um fhilleadh a eagrú, a chomhordú agus a sheoladh.
- (4) Ón uair a thosaigh géarchéim na himirce i 2015, tá tionscnaimh thábhachtacha tugtha isteach ag an gCoimisiún chun cosaint teorainneacha an Aontais a neartú. I mí na Nollag 2015, tiolacadh togra maidir le sainordú na Gníomhaireachta Eorpaí chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a mhéadú go mór agus socraíodh go han-tapa tríd an idirbheartaíocht le linn 2016 é. Tháinig an Rialachán maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bhfeidhm an 6 Deireadh Fómhair 2016.
- (5) Mar sin féin, ní mór tuilleadh feabhais a chur ar chreat an Aontais i réimse an rialaithe teorainneacha seachtracha, an fhilleadh agus an tearmainn. Chun na críche sin agus chun bonn níos láidre a chur faoi iarrachtaí oibríochtúla a thuilleadh atá á ndéanamh faoi láthair agus atá beartaithe don am amach romhainn, ba cheart an Garda Teorann agus Cósta Eorpach a athchóiriú trí bhíthin sainordú níos daingne a thabhairt don Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus, go háirithe, trí bhíthin na cumais riachtanacha a thabhairt di, is é sin le rá i bhfoirm buanchór 10 000 ball foirne oibríochtúil a mbeidh cumhachtaí feidhmiúcháin acu chun tacú go héifeachtach leis na Ballstáit ar an láthair ina gcuid iarrachtaí chun na teorainneacha seachtracha a chosaint, cur i gcoinne gluaiseachtaí tánaisteacha agus dlús mór a chur le fillleadh éifeachtach na n-imirceach neamhrialta.

¹⁷

Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2004 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (IO L 349, 25.11.2004, lch. 1).

- (6) Sna conclúidí a rinne sí an 28 Meitheamh 2018, d'iarr an Chomhairle Eorpach ról tacaíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a neartú a thuilleadh, i gcomhar le tríú tíortha freisin, trí bhíthin acmhainní méadaithe agus sainordú feabhsaithe, d'fhonn a áirithiú go ndéanfaí rialú éifeachtach ar na teorainneacha seachtracha agus d'fhonn dlús mór a chur le fillleadh éifeachtach na n-imirceach neamhrialta.
- (7) Is gá faireachán éifeachtúil a dhéanamh ar thrasnú ag na teorainneacha seachtracha, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirceacha agus ar bhagairtí a d'fhéadfadh a bheith amach anseo ag na teorainneacha seachtracha, a áirithiú gur ann d'ardleibhéal slándála inmheánaí laistigh den Aontas, feidhmiú limistéar Schengen a choimirciú agus urraim a léiriú do phrionsabal uileghabhálach na dlúthpháirtíochta. Chomh maith leis sin, ba cheart bainistiú a dhéanamh ar an imirce ar bhonn réamhghníomhach, lena n-áirítear na bearta is gá i dtríú tíortha. D'fhonn an méid sin a luadh, is gá an Garda Teorann agus Cósta Eorpach a chomhdhlúthú agus sainordú na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a mhéadú a thuilleadh. Ba cheart an Ghníomhaireacht a beith comhdhéanta go príomha de bhuanachór 10,000 ball foirne oibríochtúil de chuid an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh.
- (8) Chun a léiriú go bhfuil sainordú na Gníomhaireachta ar a dtugtaí Frontex roimhe seo méadaithe ó thaobh cáilíochta de, go háirithe toisc eite oibríochtúil dá cuid féin a bheith tugtha di, mar atá an buanachór 10 000 ball foirne oibríochtúil de chuid an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, is é "an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (EBCG)" ba cheart a thabhairt feasta ar an nGníomhaireacht sin, agus is faoin ainm sin amháin ba cheart di feidhmiú feasta. Ba cheart an t-athrú sin a léiriú i ngach cás ábhartha, lena n-áirítear é a fheiceáil sna hábhair chumarsáide seachtraí.
- (9) Agus bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip á chur i bhfeidhm, ba cheart comhleanúnachas le cuspóirí beartais eile a áirithiú, lena n-áirítear feidhmiú cuí an iompair thrasteorann.
- (10) Ba cheart Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip a chur chun feidhme mar fhreagracht chomhroinnte de chuid na Gníomhaireachta agus de chuid na n-údarás náisiúnta atá freagrach as bainistiú teorainneacha, lena n-áirítear gardaí cósta a mhéid agus a dhéanann siad oibríochtaí faireachais teorann muirí agus aon chúraimí rialaithe teorann eile, agus de chuid na n-údarás sin atá freagrach as an bhfillleadh. Cé gur ar na Ballstáit a bheidh an phríomhfhreagracht a dteorainneacha seachtracha a bhainistiú chun a leasa féin agus chun leas na mBallstát uile agus cé gurb iad féin atá freagrach as cinnti um fhilleadh a eisiúint, ba cheart don Ghníomhaireacht tacú le cur i bhfeidhm bhearta an Aontais a bhaineann leis na teorainneacha seachtracha a bhainistiú agus leis an bhfillleadh trí ghníomhaíochtaí na mBallstát a chuireann na bearta sin chun feidhme a athneartú, a mheasúnú agus a chomhordú.
- (11) Chun cur chun feidhme éifeachtach don Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip a áirithiú agus chun cur le héifeachtúlacht an chomhbheartais um fhilleadh, ba cheart Garda Teorann agus Cósta Eorpach a bhunú. Ba cheart na hacmhainní airgeadais agus daonna mar aon leis an trealamh is gá a sholáthar dó. Ba cheart an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus na húdaráis náisiúnta atá freagrach as bainistiú teorainneacha, lena n-áirítear gardaí cósta a mhéid agus a dhéanann siad cúraimí rialaithe teorann agus na húdaráis atá freagrach as an bhfillleadh, a bheith comhdhéanta as an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach. Ar an

gcaoi sin, beidh sé ag brath ar úsáid choiteann faisnéise, acmhainneachtaí agus córas ar an leibhéal náisiúnta agus ar fhreagairt na Gníomhaireachta ar leibhéal an Aontais.

- (12) Le bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip, ní athraítear inniúlachtaí an Choimisiúin agus na mBallstát faoi seach i réimse an chustaim, go háirithe maidir le rialuithe, bainistiú riosca agus malartú faisnéise.
- (13) Is le hinstitiúidí an Aontais a fhanfaidh an fhreagracht maidir le forbairt a dhéanamh ar bheartas agus reachtaíocht maidir le rialú ag teorainneacha seachtracha agus fillleadh, lena n-áirítear straitéis i dtaca le bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a fhorbairt. Ba cheart dlúthchomhar idir an Gníomhaireacht agus na hinstitiúidí sin a ráthú.
- (14) Ba cheart a áirithiú go gcuirfidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach an Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip chun feidhme go héifeachtach trí bhithin timthriall don bheartas ilbhliantúil straitéiseach don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip. Ba cheart próiseas comhtháite aontaithe leanúnach a shocrú sa timthriall ilbhliantúil, ar próiseas é a thabharfaidh treoirlinnte straitéiseacha do na gníomhaithe ábhartha ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit i réimse an bhainistithe teorainneacha agus an fhilleadha chun go gcuirfidh na gníomhaithe sin an Bainistiú Comhtháite Teorainneacha chun feidhme ar bhealach comhleanúnach. Leis sin, tabharfar aghaidh freisin ar na idirghníomhaíochtaí ábhartha uile a bheidh ag an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach leis an gCoimisiún, institiúidí agus comhlachtaí eile chomh maith leis an gcomhar le comhpháirtithe ábhartha, lena n-áirítear tríú tíortha agus tríú páirtithe de réir mar is iomchuí.
- (15) Maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip, is gá pleanáil chomhtháite a dhéanamh idir na Ballstáit agus an Gníomhaireacht maidir le hoibríochtaí a bhaineann le teorainneacha agus leis an bhfillleadh, bearta a ullmhú le haghaidh tionchar mór ar an bpleanáil theagmhasach ag na teorainneacha seachtracha agus comhordú a dhéanamh ar an bhforbairt fhadtéarmach cumais ó thaobh na hearcaíochta agus na oiliúna de agus ó thaobh sealbhú agus forbairt trealamh de freisin.
- (16) Ní dhéanfaidh cur chun feidhme an Rialacháin seo difear do roinnt na hinniúlachta idir an tAontas agus na Ballstáit, ná d'oibleagáidí na mBallstát faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cuardach agus Tarrtháil ar Muir, faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus an Prótacal in aghaidh Inimircigh a Smuigleáil ar Tír, ar Muir nó san Aer, faoin gCoinbhinsiún i dTaobh Stádas Dídeanaithe, faoin gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a chosaint agus faoi ionstraimí eile idirnáisiúnta ábhartha.
- (17) Ní dhéanfaidh cur chun feidhme an Rialacháin seo difear do Rialachán (AE) Uimh. 656/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸.

¹⁸ Rialachán (AE) Uimh. 656/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear rialacha i gcomhair faireachais ar theorainneacha farraige seachtracha i gcomhthéacs comhair oibríochtúil a chomhordaíonn an Gníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (IO L 189, 27.6.2014, lch. 93).

- (18) Ba cheart don Ghníomhaireacht a cuid cúraimí a chur i gcrích gan dochar do na freagrachtaí atá ar na Ballstáit a mhéid a bhaineann leis an réimse dlí agus cirt a chaomhnú agus an tslándáil inmheánach a choimirciú.
- (19) Ba cheart don Ghníomhaireacht a cuid cúraimí a chur i gcrích gan dochar d'inniúlacht na mBallstát maidir le cúrsaí cosanta.
- (20) Ba cheart cúraimí agus inniúlacht leathnaithe na Gníomhaireachta a bheith á gcothromú le coimircí treisithe i dtaca le cearta bunúsacha agus le cuntasacht mhéadaithe.
- (21) Tá an Ghníomhaireacht ag brath ar chomhar na mBallstát chun bheith in ann a cúraimí a dhéanamh ar bhealach éifeachtach. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach don Ghníomhaireacht agus do na Ballstáit gníomhú de mheon macánta agus faisnéis chruinn a mhalartú go prapúil. Níor cheart go mbeadh ar aon Bhallstát faisnéis a sholáthar má mheasann sé go mbeadh nochtadh na faisnéise sin contrártha do leasanna bunriachtanacha a shlándála.
- (22) Ba cheart do na Ballstáit, chun a leasa féin agus chun leas na mBallstát eile, na sonraí ábhartha is gá a chur ar fáil do na gníomhaíochtaí a dhéanann an Ghníomhaireacht, lena n-áirítear ar mhaithe le feasacht ar dhálaí, anailísí rioscaí, measúnuithe leochaileachta agus pleanáil chomhtháite. Chomh maith leis sin, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil na sonraí beacht agus cothrom le dáta agus go ndearnadh iad a fháil agus iontráil go dlíthiúil.
- (23) Is gá an Córas Eorpach um Fhaireachas ar Theorainneacha (EUROSUR) le go mbeidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach ag feidhmiú chun an malartú faisnéise agus an comhar oibríochtúil idir údaráis náisiúnta na mBallstát a neartú maille le malartú faisnéise agus comhar oibríochtúil leis an nGníomhaireacht. Tá EUROSUR ag soláthar an bhonneagair agus na n-uirlisí is gá do na húdaráis sin agus don Ghníomhaireacht chun a bhfeasacht ar dhálaí agus a n-acmhainn freagartha ag na teorainneacha seachtracha a fheabhsú chun inimirce neamhdhleathach agus coireacht trasteorann a bhrath, a chosc agus a chomhrac, agus chun cuidiú le beatha inimirceach a shábháil agus cosaint beatha inimirceach a áirithiú.
- (24) Ba cheart do na Ballstáit lárionaid chomhordúcháin náisiúnta a bhunú d'fhonn an malartú faisnéise agus an comhar le haghaidh faireachas teorainneacha a fheabhsú eatarthu, agus seiceálacha a dhéanamh ag pointí trasnaithe teorann. Tá sé fíorthábhachtach, chun go bhfeidhmeoidh EUROSUR mar is cuí, go rachadh na húdaráis náisiúnta ar fad atá freagrach as faireachas teorainneacha seachtracha faoin dlí náisiúnta i gcomhar le chéile trí bhíthin na lárionad comhordúcháin náisiúnta.
- (25) Níor cheart don Rialachán seo bac a chur ar na Ballstáit freagracht a chur ar a lárionaid chomhordúcháin náisiúnta freisin as comhar agus malartú faisnéise a chomhordú i ndáil le comhchodanna eile den bhainistiú comhtháite teorainneacha amhail an filleadh.
- (26) Is den riachtanas é an fhaisnéis a mhalartaítear idir na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht a bheith ar ardcháilíocht le go bhfeidhmeoidh an Bainistiú Teorainneacha Comhtháite mar is ceart. I bhfianaise cé chomh maith agus a d'éirigh le EUROSUR, ba cheart an cháilíocht a áirithiú tríd an gcaighdeánú, tríd an malartú faisnéise a dhéanamh uathoibríoch sna líonraí agus sna córais uile, trí shábháilteacht na faisnéise agus trí rialú cáilíochta na sonraí agus na faisnéise arna dtarchur.

- (27) Ba cheart don Ghníomhaireacht an cúnamh is gá a sholáthar chun EUROSUR a fhorbairt agus a fheidhmiú, lena n-áirítear idir-inoibritheacht na gcóras, go háirithe trí chreat EUROSUR a bhunú, a choimeád ar bun agus a chomhordú.
- (28) Ba cheart pictiúr foriomlán de dhálaí a thabhairt in EUROSUR ar na dálaí ag na teorainneacha seachtracha ach laistigh de limistéar Schengen freisin agus sa limistéar réamhtheorann. Ba cheart faireachas teorainneacha talún, farraige agus aeir a chumhdach leis sin agus seiceálacha ag pointí trasnaithe teorann freisin.
- (29) Ba cheart faireachas teorainneacha aeir a bheith mar chuid den bhainistiú teorainneacha ós rud é go mbíonn eitiltí tráchtála agus príobháideacha agus córais aerárthaí cianphíolótaithe á n-úsáid chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a bhaineann leis an inimirce agus coireacht trasteorann a dhéanamh.
- (30) Ba cheart Seirbhísí Cumaisc EUROSUR arna soláthar ag an nGníomhaireacht a bhunú ar chur i bhfeidhm coiteann na n-uirlisí faireachais agus ar an gcomhar idirghníomhaíochta ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear seirbhísí slándála Copernicus a sholáthar. Ba cheart dóibh seirbhísí faisnéise breisluacha a bhaineann leis an mBainistiú Comhtháite Teorainneacha a thabhairt do na Ballstáit agus don Ghníomhaireacht. Ba cheart cur le Seirbhísí Cumaisc EUROSUR chun tacú le seiceálacha ag Pointí Trasnaithe Teorann, Faireachas Teorainneacha Aeir agus faireachán ar shreabha imirce.
- (31) De bhrí go mbítear ag cur chun farraige in áirthe beaga nach bhfuil muiracmhainneach, tá méadú suaithní tagtha ar an líon inimirceach a bháitear ag teorainneacha seachtracha mara ó dheas. Ba cheart do EUROSUR cumas teicniúil agus oibríochtúil na Gníomhaireachta agus na mBallstát a fheabhsú go mór chun gur féidir leo na hárthaí beaga sin a bhrath agus chun acmhainn freagartha na mBallstát a fheabhsú agus cuidiú, ar an gcuma sin, laghdú a dhéanamh ar líon na n-inimirceach a bhásaíonn.
- (32) Aithnítear leis an Rialachán seo go ngabhann daoine bealaí inimirceacha freisin agus cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.
- (33) Ba cheart don Ghníomhaireacht anailísí riosca a ullmhú a bheidh ginearálta agus sainoiriúnaithe bunaithe ar mhúnla coiteann comhtháite don anailís riosca, a bheidh le cur i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht féin agus ag na Ballstáit. Ba cheart don Ghníomhaireacht, bunaithe freisin ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit, faisnéis iomchuí a sholáthar a chumhdóidh na gnéithe uile is ábhartha don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip, go háirithe rialú teorann, filleadh, gluaiseachtaí tánaisteacha neamhrialta náisiúnach tríú tír san Aontas, cosc na coireachta trasteorann, lena n-áirítear éascú an trasnaithe neamhúdairithe teorainneacha, gáinneáil ar dhaoine, an sceimhlitheoireacht agus bagairtí de chineál hibrídeach, mar aon leis an staid i dtríú tíortha ábhartha, chun gur féidir bearta iomchuí a dhéanamh nó chun dul i ngleic le bagairtí agus rioscaí a shainaithnítear, d'fhonn bainistiú comhtháite na dteorainneacha seachtracha a fheabhsú.
- (34) I bhfianaise a chuid gníomhaíochtaí ag na teorainneacha seachtracha, ba cheart don Ghníomhaireacht rannchuidiú le cosc agus brath na coireachta tromchúisí a bhfuil gné thrasteorann ag gabháil léi, amhail imircigh a smuigleáil, gáinneáil ar dhaoine agus an sceimhlitheoireacht, i gcás inarb iomchuí an méid sin chun go ngníomhóidh sí agus i gcás ina bhfuil faisnéis ábhartha faighte aici trína cuid gníomhaíochtaí. Ba cheart di a cuid gníomhaíochtaí a chomhordú le Eoropol, arb é sin an ghníomhaireacht atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát, agus na

gníomhaíochtaí sin a threisiú, agus as an gcomhar eatarthu d'fhonn an choireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó a chosc agus a chomhrac. Bíonn gné thrasteorann i gceist i gcónaí le coireanna trasteorann. Is saintréith den ghné thrasteorann sin iad na coireanna atá nasctha le trasnú neamhúdaraíthe na dteorainneacha seachtracha, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine nó imircigh a smuigleáil. É sin ráite, le hAirteagal 1(2) de Threoir 2002/90/CE ón gComhairle ¹⁹, ceadaítear do Bhallstáit gan smachtbhannaí a fhorchur i gcás inarb é aidhm na hiompraíochta ná cúnaimh daonnúil a thabhairt d'imircigh.

- (35) De mheon na freagrachta comhroinnte, ba cheart é a bheith mar ról ag an nGníomhaireacht faireachán a dhéanamh ar bhainistiú na dteorainneacha seachtracha ar bhonn rialta. Ba cheart don Gníomhaireacht a áirithiú go ndéantar faireachán cuí agus éifeachtach, ní hamháin tríd an bhfeasacht ar dhálaí agus anailís riosca, ach freisin trí shaineolaithe óna foireann féin a bheith i láthair sna Ballstáit. Ba cheart don Gníomhaireacht, dá bhrí sin, a bheith in ann oifigigh idirchaidrimh a imscaradh chuig Ballstáit ar feadh tréimhse áirithe ama, agus go dtuairisceodh an t-oifigeach idirchaidrimh don stiúrthóir feidhmiúcháin i rith na tréimhse ama sin. Ba cheart gur cuid den mheasúnú leochaileachta a bheadh i dtuarascáil na n-oifigeach idirchaidrimh.
- (36) Ba cheart don Gníomhaireacht measúnú leochaileachta a dhéanamh, bunaithe ar chritéir oibiachtúla, chun acmhainneacht agus ullmhacht na mBallstát a mheasúnú i dtaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshlán ag a dteorainneacha seachtracha agus rannchuidiú le buanchór agus comhthiomsú de threalamh teicniúil an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Ba cheart a áireamh ar an measúnú leochaileachta measúnú ar threalamh, ar bhonneagar, ar fhoireann, ar bhuiséad agus ar acmhainní airgeadais na mBallstát agus ar a bpleananna teagmhasacha i dtaca le dul i ngleic le géarchéimeanna a d'fhéadfadh titim amach ag na teorainneacha seachtracha. Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh arna sainaithint sa mheasúnú sin. Ba cheart don stiúrthóir feidhmiúcháin na bearta a bheidh le déanamh a shainaithint agus iad a mholadh don Bhallstát lena mbaineann. Ba cheart don stiúrthóir feidhmiúcháin teorainn ama a shocrú freisin faoina mbeidh na bearta sin le déanamh agus dlúthfhaireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme prapúil. Más rud é nach ndéantar na bearta is gá laistigh den teorainn ama a leagtar síos, ba cheart an t-ábhar a tharchur chuig an mbord bainistíochta chun go ndéanfar cinneadh eile ina leith.
- (37) Más rud é nach ndéantar an fhaisnéis bheacht, atá riachtanach chun measúnú leochaileachta a dhéanamh, a sholáthar go prapúil don Gníomhaireacht, ba cheart í bheith in ann é sin a chur san áireamh nuair a bhíonn an measúnú leochaileachta á dhéanamh, mura rud é go bhfuil cúiseanna cuí-réasúnaithe ann na sonraí sin a choinneáil siar.
- (38) Is dhá shásra chomhlántacha iad an measúnú leochaileachta agus an sásra meastóireachta Schengen a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013²⁰ chun rialú cáilíochta san Eoraip a ráthú maidir le feidhmiú cuí limistéar Schengen agus an

¹⁹ Treoir 2002/90/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2002 lena sainmhínítear éascú teacht isteach neamhúdaraíthe, idirthurais neamhúdaraíthe agus cónaí neamhúdaraíthe (IO L 328, 5.12.2002, lch. 17).

²⁰ Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchóiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen (IO L 295, 6.11.2013, lch. 27).

ullmhacht bhuan a áirithiú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun freagairt do dhúshlán ar bith ag na teorainneacha seachtracha. Ba cheart an leas is mó is féidir a bhaint as na sineirgíochtaí idir na sásraí sin d'fhonn pictiúr feabhsaithe de dhálaí feidhmithe limistéar Schengen a fháil, rud a sheachnóidh, a mhéid is féidir, dúbailt oibre ó thaobh na mBallstát de, agus d'fhonn a áirithiú go mbainfear úsáid níos comhordaithe as ionstraimí airgeadais ábhartha an Aontais chun tacú le bainistiú na dteorainneacha seachtracha. Chun na críche sin, ba cheart malartú rialta faisnéise faoi na torthaí ón dá shásra idir an Ghníomhaireacht agus an Coimisiún a bhunú.

- (39) Ós rud go ndéanann na Ballstáit codanna de theorainneacha a leagan amach, agus go sannann an Ghníomhaireacht leibhéil tionchair dóibh, agus gur cheart acmhainn freagartha na mBallstát agus na Gníomhaireachta a bheith nasctha leis na leibhéil tionchair sin, ba cheart an ceathrú leibhéal tionchair a leagan síos, a chomhfhreagróidh do chás ina mbeidh an limistéar Schengen i mbaol agus ar cheart an Ghníomhaireacht idirghabháil a dhéanamh ina leith.
- (40) Ba cheart don Ghníomhaireacht an cúnamh teicniúil agus oibríochtúil is iomchuí do na Ballstáit a chur ar fáil chun a n-acmhainneacht maidir lena n-oibleagáidí a chur chun feidhme a athneartú a mhéid a bhaineann le rialú na dteorainneacha seachtracha, agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán ag na teorainneacha seachtracha de thoradh inimirce neamhdhleathach nó na coireachta trasteorann. Ba cheart cúnamh den sórt sin bheith gan dochar d'inniúlacht na n-údarás náisiúnta ábhartha chun imscrúduithe coiriúla a thionscnamh. Ina leith sin, ba cheart don Ghníomhaireacht, ar iarratas ó Bhallstát nó ar a tionscnamh féin, oibríochtaí comhpháirteacha a eagrú agus a chomhordú le haghaidh Ballstát amháin nó níos mó agus foirne de chuid bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh, mar aon leis an trealamh teicniúil is gá a chur ar fáil.
- (41) Más rud é go bhfuil dúshlán sonrach agus díréireach ag na teorainneacha seachtracha, ba cheart don Ghníomhaireacht, ar iarratas ó Bhallstát nó ar a tionscnamh féin, mear-idirghabhálacha teorann a eagrú agus a chomhordú agus foirne ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh mar aon le trealamh teicniúil a imscaradh, lena n-áirítear trealamh ón gcomhthiomsú de threalamh le haghaidh mearfhreagartha. Ba cheart go soláthródh mear-idirghabhálacha teorann athneartú ar feadh tréimhse theoranta ama i gcás ina bhfuil freagairt láithreach de dhíth agus ina mbeadh na hidirghabhálacha sin ina bhfreagairt éifeachtach. Chun feidhmiú éifeachtach idirghabhála den sórt sin a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit baill foirne oibríochtúla ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a chur ar fáil chun foirne ábhartha a dhéanamh agus an trealamh teicniúil riachtanach a sholáthar. Ba cheart don Ghníomhaireacht agus don Bhallstát lena mbaineann comhaontú ar phlean oibríochta.
- (42) I gcás ina mbíonn dúshlán shonracha agus dhíréireacha ó thaobh imirce roimh Bhallstát ag limistéir ar leith dá theorainneacha seachtracha a bhfuil mórfhlódú isteach de shreabha imirce measctha mar shaintréith díobh, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann brath ar athneartuithe teicniúla agus oibríochtúla. Ba cheart an t-athneartú sin a sholáthar ag teophointí i bhfoirm foirne tacaíochta don bhainistiú imirce. Ba cheart na foirne sin a bheith comhdhéanta de bhaill foirne oibríochtúla atá le himscaradh ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus saineolaithe ó na Ballstáit arna n-imscaradh ag an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) agus, d'Europol nó de ghníomhaireachtaí ábhartha eile an Aontais. Ba cheart don Ghníomhaireacht cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir leis na gníomhaireachtaí éagsúla ar an talamh a chomhordú.

- (43) Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis ábhartha ag aon údaráis ar dócha go bhfaighidh siad iarratais le haghaidh cosaint idirnáisiúnta, amhail na póilíní, gardaí teorann, údaráis inimirce agus pearsanra i saoráidí coinneála. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go bhfaighidh pearsanra údarás den sórt sin an leibhéal riachtanach oiliúna is iomchuí dá gcúraimí agus dá bhfreagrachtaí agus go dtabharfar treoracha dóibh maidir le hiarratasóirí a chur ar an eolas i dtaobh cá háit a bhféadfaidh siad iarratais le haghaidh cosaint idirnáisiúnta a thaisceadh agus i dtaobh cén chaoi lena dhéanamh.
- (44) I Meitheamh 2018, dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach arís a thábhachtaí a bhí sé a bheith taobh le cur chuige cuimsitheach i leith na himirce agus mheas sí nár dhúshlán roimh aon Bhallstát amháin í an imirce ach gur dhúshlán roimh an Eoraip ar fad í. Ina leith sin, chuir sí an bhéim ar a thábhachtaí agus atá sé don Aontas Eorpach lántacaíocht a thabhairt chun bainistiú ordúil ar shreabha imirce a áirithiú. Is féidir an tacaíocht sin a thabhairt trí ionaid rialaithe a bhunú ina bhféadfaí próiseáil mhear a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír arna dteacht i dtír san Aontas chun a áirithiú go dtabharfar cosaint do na himircigh sin atá i ngátar agus go gcuirfear ar ais go tapa na himircigh sin nach bhfuil i ngátar. Cé go mbunófar na hionaid rialaithe ar bhonn deonach, ba cheart an deis a bheith ag an Aontas lántacaíocht airgeadais agus oibríochtúil a thabhairt do na Ballstáit atá i dtrácht trí na gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta.
- (45) Ba cheart don Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus [Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann] dul i mbun dlúthchomhair le chéile chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshlán na himirce, go háirithe ag na teorainneacha seachtracha a bhfuil mórfhlódú isteach de shreabha imirce measctha mar shaintréith díobh. Go sonrach, ba cheart don dá Gníomhaireacht a gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú agus tacú leis na Ballstáit chun an nós imeachta maidir le cosaint idirnáisiúnta a éascú agus, le haghaidh náisiúnaigh tríú tír ar diúltaíodh a n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, an nós imeachta maidir le filleadh éascú. Ba cheart don Gníomhaireacht agus do [Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann] dul i mbun comhair le chéile maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla coiteanna amhail anailís riosca chomhroinne, bailiú sonraí staitistiúla, oiliúint agus tacaíocht do na Ballstáit maidir le planáil theagmhasach.
- (46) Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann brath ar athneartú breise teicniúil agus oibríochtúil ó fhoirne tacaíochta don bhainistiú imirce, go háirithe ag teophointí nó in ionaid rialaithe. Ba cheart na foirne tacaíochta don bhainistiú imirce a bheith comhdhéanta de shaineolaithe ó fhoireann na Gníomhaireachta nó de shaineolaithe atá ar iasacht ó na ballstáit, agus saineolaithe na bhfoirne ó [Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann], Europol nó ó ghníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais nó saineolaithe na mBallstát arna n-imscaradh ag na gníomhaireachtaí sin. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfaí an comhordú is gá chun na riachtanais agus na hoibríochtaí ar an láthair a mheasúnú d'fhonn gníomhaireachtaí éagsúla de chuid an Aontais a bheith rannpháirteach.
- (47) Ag teophointí, ba cheart do na Ballstáit dul i mbun comhair le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais agus ba cheart do na gníomhaireachtaí sin feidhmiú de réir na sainorduithe agus na gcumhachtaí atá acu, agus faoi réir comhordú ón gCoimisiún. Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais, a áirithiú go gcomhlíonfaidh na gníomhaíochtaí ag na teophointí an dlí ábhartha de chuid an Aontais.

- (48) In ionaid rialaithe, ba cheart do ghníomhaireachtaí an Aontais, ar iarratas ón mBallstát atá ina óstach do na hionaid sin agus faoi réir comhordú ón gCoimisiún, feidhmiú chun tacú leis an mBallstát óstach chun nósanna imeachta gasta maidir le cosaint idirnáisiúnta agus/nó filleadh a chur i bhfeidhm. Sna hionaid sin, ba cheart a bheith in ann dealú go gasta idir náisiúnaigh tríú tír atá i ngátar cosaint idirnáisiúnta agus iad siúd nach bhfuil i ngátar cosaint den sórt sin, agus seiceálacha slándála a dhéanamh agus an nós imeachta ar fad nó cuid den nós imeachta maidir le cosaint idirnáisiúnta agus/nó filleadh a chur i bhfeidhm.
- (49) Má tá údar leis de bharr thorthaí an mheasúnaithe leochaileachta, de bharr na hanailíse riosca nó toisc tionchar géarchéimneach a bheith sannta do chuid amháin nó níos mó den teorainn, ba cheart do stiúthóir feidhmiúcháin na Gníomhaireachta a mholadh don Bhallstát lena mbaineann oibríochtaí comhpháirteacha nó mear-idirghabhálacha teorann a thionscnamh agus a chur i gcrích.
- (50) I gcás ina bhfághtar go bhfuil rialú na dteorainneacha seachtracha chomh neamhéifeachtach sin go bhféadfaí feidhmiú limistéar Schengen a chur i mbaol, bíodh sin toisc nach ndéanann Ballstát na bearta is gá i gcomhréir le measúnú leochaileachta nó toisc, nár iarr Ballstát a bhfuil dúshlán shonracha agus dhíríreacha roimhe ag na teorainneacha seachtracha, tacaíocht leordhóthanach ar an nGníomhaireacht nó nach gcuireann sé tacaíocht den sórt sin chun feidhme, ba cheart mearfhreagairt aontaithe agus éifeachtach a thabhairt ar leibhéal an Aontais. Chun na rioscaí sin a mhaolú, agus chun comhordú níos fearr a áirithiú ar leibhéal an Aontais, ba cheart don Choimisiún na bearta sin atá le cur chun feidhme ag an nGníomhaireacht a shainaithint agus ceangal a chur ar an mBallstát lena mbaineann comhoibriú leis an nGníomhaireacht i gcur chun feidhme na mbeart sin. Leis sin, ba cheart don Gníomhaireacht na gníomhaíochtaí is gá a dhéanamh chun na bearta a luaitear sa chinneadh ón gCoimisiún a fhorghníomhú go praiticiúil. Ba cheart don Gníomhaireacht plean oibríochtúil a tharraingt suas i gcomhar leis an mBallstát lena mbaineann. Ba cheart don Bhallstát lena mbaineann cur chun feidhme an chinnidh ón gCoimisiún agus an plean oibríochtúil a éascú trína chuid oibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 43, Airteagal 83 agus Airteagal 84 i measc nithe eile a chur chun feidhme. Mura gcomhlíonfaidh Ballstát an cinneadh sin ón gCoimisiún laistigh de 30 lá agus nach gcomhoibreoidh sé leis an nGníomhaireacht maidir le cur chun feidhme na mbeart atá sa chinneadh sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann an nós imeachta sonrach dá bhforáiltear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹ a thionscnamh chun aghaidh a thabhairt ar imthosca eisceachtúla a chuireann feidhmiú foriomlán an limistéir atá gan rialú teorann inmheánach i mbaol.
- (51) Is é ba cheart a bheith i mbuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh buanchór comhdhéanta de 10 000 ball foirne oibríochtúil ar gardaí teorann, gardaí tionlacain don fhilleadh, speisialtóirí don fhilleadh agus baill foirne ábhartha eile iad. Ba cheart an buanchór a bheith comhdhéanta de thrí chatagóir ball foirne oibríochtúil, is é sin baill foirne reachtúla arna bhfostú ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, baill foirne atá ar iasacht sa Gníomhaireacht ó na Ballstáit ar feadh tréimhsí fada agus baill foirne arna soláthar ag na Ballstáit ar feadh tréimhsí gairide. Ba cheart buanchór an Gharda Teorann agus

²¹ Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

Cósta Eorpaigh a imscaradh faoi chuimsiú foirne don bhainistiú teorainneacha, foirne tacaíochta don bhainistiú imirce nó foirne um fhilleadh.

- (52) Baill foirne oibríochtúla de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a dhéanfar a imscaradh mar bhaill de na foirne, ba cheart na cumhachtaí uile is gá a bheith acu chun cúraimí an rialaithe teorann agus an fhille a chur i gcrích, lena n-áirítear na cúraimí a dteastaíonn cumhachtaí feidhmiúcháin ina leith a shainítear sna dlíthe náisiúnta ábhartha nó, maidir le baill foirne na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hIarscríbhinn V.
- (53) Ba cheart do na Ballstáit a rannchuidithe féin le buanchór an Chósta Teorann agus Cósta Eorpaigh a áirithiú i gcomhréir le hIarscríbhinn III maidir le baill foirne a chur ar iasacht agus Iarscríbhinn IV maidir le baill foirne a imscaradh ar feadh tréimhse ghairid. Bunaíodh rannchuidithe na mBallstát faoi leith ar an scála dáilte a comhaontaíodh le linn na caibidlíochta in 2016 don Díorma Mearfhreagartha agus a leagadh amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1624. Cuireadh an scála dáilte sin in oiriúint go comhréireach do mhéid buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Leagadh na rannchuidithe sin amach ar bhonn comhréireach do na tíortha atá comhlachaithe le Schengen.
- (54) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú meántéarmach a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar chomhdhéanamh buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh.
- (55) Ba cheart córas tacaíochta airgeadais a bheith ag tacú le forbairt a dhéanamh ar acmhainní daonna go fadtéarmach chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit ag rannchuidiú le buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Chun na críche sin, is iomchuí an Ghníomhaireacht a údarú le húsáid a bhaint as dámhachtain deontas do na Ballstáit gan glao ar thograí faoi 'mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais' i gcomhréir le hAirteagal 125 (1) (a) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. Mar gheall ar an tacaíocht airgeadais, ba cheart na Ballstáit a bheith ábalta baill foirne bhreise a fhrúiliú agus a oiliúint agus an tsolúbthacht is gá a chur ar fáil dóibh le go mbeidís in ann an rannchuidiú éigeantach le buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a chomhlíonadh. Ba cheart cothromaíocht a bhaint amach leis an gcóras maoinithe tiomnaithe idir rioscaí neamhrialtachtaí agus calaoise agus na costais a bhaineann lena rialú. Leagtar amach sa Rialachán na coinníollacha nach mór a chomhlíonadh le go dtabharfar an tacaíocht airgeadais, mar atá an líon leordhóthanach gardaí teorann nó speisialtóirí eile a earcú agus a oiliúint a chomhfhreagraíonn don líon oifigeach a chuirtear ar iasacht chuig an nGníomhaireacht go fadtéarmach nó oifigigh a imscaradh ar bhonn éifeachtach le linn gníomhaíochtaí oibríochtúla na Gníomhaireachta ar feadh 4 mhí ar a laghad. Ó tharla go bhfuil easpa sonraí ábhartha inchomparáide ann faoi chostais iarbhír sna Ballstáit ar fad, bheadh sé róchasta scéim maoiniúcháin chostasbhunaithe a fhorbairt agus níor leor an scéim sin i gcomhair an ghá le scéim maoiniúcháin atá simplí, gasta, éifeachtúil agus éifeachtach. Chun na críche sin, is iomchuí an Ghníomhaireacht a údarú le deontais a dhámhachtain do na Ballstáit gan glao ar thograí a bhfoirm 'maoiniúchán nach bhfuil nasctha le costais' faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha i gcomhréir le hAirteagal 125 (1) (a) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. Chun an méid maoiniúcháin a thabharfar do na Ballstáit éagsúla a shocrú, is iomchuí an tuarastal bliantúil do ghníomhaire ar conradh atá ag céim 1 de ghrád 8 d'Fheidhmghrúpa III de chuid na nInstitiúidí Eorpacha arna mhodhnú le comhéifeacht cheartaitheach le haghaidh gach Ballstáit a úsáid mar mhéid tagartha, i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta airgeadais fóna agus de réir mheon na córa comhionainne. Nuair a bheidh siad ag cur na tacaíochta airgeadais sin chun feidhme,

áiritheoidh an Gníomhaireacht agus na Ballstáit go gcomhlíonfar prionsabail an chómhaoiniúcháin agus an cosc ar chistiú dubailte.

- (56) D'fhonn buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh i gcríoch tríú tíortha, ba cheart don Gníomhaireacht na cumais le haghaidh a cuid struchtúr ceannais agus rialaithe féin a fhorbairt.
- (57) Chun go bhféadfar foireann a imscaradh go héifeachtach as buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh ón 1 Eanáir 2020, ba cheart cinntí áirithe a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm a luaite is féidir. Go háirithe, de mhaolú ar an ngnáth-sprioc-am a leagtar amach sa Rialachán, ba cheart an cinneadh ón mBord Bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 55 (4) faoi phróifílí bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a ghlacadh laistigh de shé seachtaine ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin. Ba cheart ainmniúcháin na mBallstát dá bhforáiltear in Airteagal 56 (4) Airteagal 57 (1) laistigh de 12 sheachtain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin tar éis an cinneadh sin a dhéanamh.
- (58) Chomh maith leis sin, de mhaolú ar an ngnáth-sprioc-am a leagtar amach sa Rialachán, an cinneadh ón mbord bainistíochta faoin líon íosta d'earraí trealamh theicniúil chun riar ar riachtanais na Gníomhaireachta i 2020 dá dtagraítear in Airteagal 64 (4), ba cheart é a ghlacadh laistigh de shé seachtaine ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin.
- (59) San am céanna, chun a áirithiú go leanfar de bheith ag tacú leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla atá an Gníomhaireacht a reáchtáil, ba cheart an t-imscaradh ar fad go dtí 31 Nollaig 2019 a phleanáil agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear faoin Díorma Mearfhreagartha, i gcomhréir le hAirteagal 20, Airteagal 30 agus Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2016/1624 agus i gcomhréir leis na caibidlíochtaí déthaobhacha bliantúla a cuireadh i gcrích i 2018. Chun na críche sin, níor cheart na forálacha sin a aisghairm ach le héifeacht ó 1 Eanáir 2020.
- (60) Is é a bheidh i lucht saothair na Gníomhaireachta baill foirne a bheidh ag cur na gcúraimí a thugtar don Gníomhaireacht i gcrích, sa Cheanncheathrú, nó mar chuid de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Féadfaidh buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh baill foirne reachtúla a chuimsiú mar aon le baill foirne atá ar iasacht ar feadh tréimhse fhada nó baill foirne a chuireann údarais náisiúnta ar fáil le haghaidh a n-imscartha ar feadh tréimhse ghairid. Is mar bhaill foirne reachtúla i mbuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a dhéanfar a imscaradh go príomha mar bhaill de na foirne; ní fhéadfar ach líon teoranta de na baill foirne sin, líon a bheidh sainithe go soiléir, a earcú chun feidhmeanna tacaíochta a chur i gcrích i ndáil le bunú an bhuanchóir, go háirithe sa cheanncheathrú.
- (61) Chun bearnaí dianseasmhacha i gcomhthiomsú deonach trealamh theicniúil ó na Ballstáit, go háirithe maidir le hacmhainní mórscála, a líonadh, ba cheart an trealamh is gá a bheith ag an nGníomhaireacht a bheadh le cur i mbun oibre le linn oibríochtaí comhpháirteacha nó i gcás mear-idirghabhálacha teorann nó i gcás aon gníomhaíochtaí oibríochtúla eile. Cé go bhfuil sé ar chumas na Gníomhaireachta a trealamh teicniúil féin a fháil nó a fháil ar léas ó bhí 2011 ann, cuireadh bac nár bheag ar an bhféidearthacht sin mar gheall ar an easnamh acmhainní buiséadacha.
- (62) Dá thoradh sin, chun teacht leis na huaillmhianta laistiar de bhunú bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, chuir an Coimisiún clúdach suntasach in áirithe don Gníomhaireacht faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 ionas gur féidir leis an nGníomhaireacht na hacmhainní aeir, mara agus talún is gá a fháil, a

chothabháil agus a oibriú i gcomhréir leis na riachtanais oibríochtúla. Cé go bhféadfadh sé cuid mhaith ama a thógáil na hacmhainní riachtanacha a fháil, go háirithe i gcás acmhainní móra, ba cheart trealamh na Gníomhaireachta féin teacht chun cinn mar chrann taca d'oibríochtaí gan aon chabhair bhreise de dhíth ó na Ballstáit ach amháin in imthosca eisceachtúla. Den chuid is mó, ba cheart do chriúnna teicniúla na Gníomhaireachta, ós cuid de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh iad, trealamh na Gníomhaireachta a oibriú. Chun a áirithiú go ndéanfar na hacmhainní airgeadais atá beartaithe a úsáid go héifeachtach, ba cheart an próiseas a bheith bunaithe ar straitéis ilbhliantúil arna cinneadh chomh luath agus ab fhéidir ag an mbord bainistíochta.

- (63) Ba cheart don Gníomhaireacht agus do na Ballstáit, agus an Rialachán seo á chur chun feidhme acu, an leas is fearr is féidir a bhaint as na cumais atá ann cheana féin ó thaobh acmhainní daonna chomh maith le trealamh teicniúil, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.
- (64) Ba cheart an fhorbairt fhadtéarmach ar chumais nua an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a chomhordú idir na Ballstáit agus an Gníomhaireacht i gcomhréir leis an timthriall don bheartas ilbhliantúil straitéiseach, agus an tréimhse fhada a mhaireann próisis áirithe á cur san áireamh. Áirítear air sin earcú agus oiliúint gardaí teorann nua, (a d'fhéadfadh a bheith ar seirbhís, le linn a ngairmréime, sna Ballstáit agus ina mbaill den bhuanchór araon), fáil, cothabháil agus diúscairt trealamh (ar ina leith ba cheart deiseanna a thapú maidir le hidir-inoibritheacht agus barainneachtaí scála) agus, lena chois sin, forbairt trealamh nua freisin agus teicneolaíochtaí gaolmhara, lena n-áirítear taighde a dhéanamh chuige sin.
- (65) Sa treochar cumais, ba cheart pleananna forbartha cumais na mBallstát agus pleanáil ilbhliantúil acmhainní na Gníomhaireachta a chóineasú chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an infheistíocht fhadtéarmach chun na teorainneacha seachtracha a chosaint ar an dóigh is fearr.
- (66) Agus sainordú méadaithe na Gníomhaireachta um an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, bunú bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus a láithreachthreitisithe ar an láthair ag teorainneacha seachtracha an Aontais mar aon lena rannpháirtíocht mhéadaithe i réimse an fhille á gcur san áireamh, ba cheart an Gníomhaireacht a bheith ann allamuigh a bhunú a bheidh suite ag láithreacha gar dá príomhghníomhaíochtaí oibríochtúla ar feadh thréimhse na ngníomhaíochtaí sin, le go bhfeidhmeoidís mar phointe caidrimh idir an Gníomhaireacht agus an Ballstát óstach agus chun déileáil le cúraimí comhordúcháin, lóistíochta agus tacaíochta agus chun comhar idir an Gníomhaireacht agus an Ballstát óstach a éascú.
- (67) Filleadh náisiúnach tríú tír nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí sna Ballstáit, i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²², is comhchuid bhunriachtanach é, an filleadh sin, de na hiarrachtaí cuimsitheacha chun dul i ngleic leis an inimirce neamhdhlíthiúil agus is tábhachtach an cheist é a bhaineann go mór le leas an phobail.
- (68) Ba cheart don Gníomhaireacht cur leis an gcúnamh a thugann sí do na Ballstáit maidir le filleadh náisiúnach tríú tír a chur ar ais, faoi réir bheartas an Aontais maidir

²² Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeán choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tíortha atá ag fanacht go mídhleathach a chur ar ais (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98).

leis an bhfilleadh agus i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE. Go háirithe, ba cheart di oibríochtaí um fhilleadh a chomhordú agus a eagrú ó Bhallstát amháin nó níos mó agus ba cheart di idirghabhálacha um fhilleadh a eagrú agus a dhéanamh chun córas um fhilleadh na mBallstát sin a bhfuil cúnamh breise teicniúil agus oibríochtúil de dhíth orthu a athneartú nuair atá na Ballstáit sin ag comhlíonadh a n-oibleagáide náisiúnaigh tríú tír a fhilleadh i gcomhréir leis an Treoir sin.

- (69) Ba cheart don Ghníomhaireacht, lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha agus gan dochar d'fhreagracht na mBallstát as cinntí um fhilleadh a eisiúint, cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a chur ar fáil do na Ballstáit le linn phróisis an fhille, lena n-áirítear cinntí um fhilleadh a ullmhú, sainathint náisiúnach tríú tír agus gníomhaíochtaí eile de chuid na mBallstát a dhéantar roimh an bhfilleadh nó a bhaineann leis an bhfilleadh. Sa bhreis air sin, ba cheart don Ghníomhaireacht cúnamh a thabhairt do Bhallstáit a mhéid a bhaineann le doiciméid taistil a fháil don fhilleadh, i gcomhar le húdaráis na dtríú tíortha ábhartha.
- (70) Maidir leis an gcúnamh do Bhallstáit agus iad ag leanúint nósanna imeachta um fhilleadh, ba cheart a áireamh ann faisnéis phraiticiúil a sholáthar maidir leis na tríú tíortha a mbeifear ag filleadh orthu agus ar faisnéis í atá ábhartha do chur chun feidhme an Rialacháin seo, amhail mionsonraí teagmhála a sholáthar nó faisnéis loighisticiúil eile atá riachtanach le haghaidh seoladh rianúil na n-oibríochtaí um fhilleadh. Ba cheart a áireamh ar an gcúnamh sin córas lárnach a bhunú, a oibriú agus a choimeád ar bun le haghaidh gach faisnéis agus sonra a phróiseáil chun go mbeadh an Ghníomhaireacht in ann cúnamh teicniúil oibríochtúil a chur ar fáil i gcomhréir leis an Rialachán, a chuirtear in iúl go huathoibríoch ó na córais náisiúnta atá ag na Ballstáit le haghaidh bhainistiú an fhille.
- (71) Ba cheart don Ghníomhaireacht cúnamh teicniúil oibríochtúil a chur ar fáil freisin i dtaca le gníomhaíochtaí tríú tíortha maidir le filleadh, go háirithe nuair a bhíonn údar maith leis an gcúnamh sin mar gheall ar thosaíochtaí bheartas an Aontais maidir leis an imirce neamhrialta.
- (72) Bíodh is go bhféadfadh socrú a bheith cheana ann idir Ballstát agus tríú tír, ní shaorann sé sin an Ghníomhaireacht ná na Ballstáit óna gcuid oibleagáidí faoi dhlí an Aontais ná faoin dlí idirnáisiúnta, go háirithe a mhéid a bhaineann le prionsabal an non-refoulement a chomhlíonadh.
- (73) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann dul i mbun comhair ar leibhéal oibríochtúil leis na Ballstáit eile agus/nó le tríú tíortha ag na teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear oibríochtaí míleata a bhfuil cuspóir forfheidhmithe dlí acu, a mhéid atá an comhar sin comhoiriúnach do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.
- (74) Ba cheart don Ghníomhaireacht feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus ar an gcomhar le comhlachtaí, le hoifigí agus le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, mar atá EUROPOL, EASO, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus Lárionad Satailíte an Aontais Eorpaigh, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta nó Bainisteoir an Líonra don Bhainistíocht Aerthráchta Eorpaigh chun go bhféadfar an leas is fearr a bhaint as an bhfaisnéis, as na hacmhainní agus as na córais atá ann agus atá ar fáil cheana féin ar leibhéal na hEorpa, amhail an clár Eorpach um fhaire an Domhain, Copernicus.
- (75) Is eilimint den Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip é an comhar le tríú tíortha. Ba cheart don Ghníomhaireacht fónamh chun an bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus na caighdeáin um fhilleadh a chur chun cinn, faisnéis

agus anailís riosca a mhalartú, cur chun feidhme an fhille a éascú d'fhonn cur lena éifeachtúlacht agus tacú le tríú tíortha i réimse an bhainistithe teorainneacha agus imirce, lena n-áirítear buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh nuair is gá an tacaíocht sin chun teorainneacha seachtracha a chosaint agus bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar bheartas imirce an Aontais.

- (76) Is faoi chuimsiú ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus i gcomhréir le prionsabail agus cuspóirí Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ba cheart dul i mbun comhair. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh comhsheasmhacht ann idir an Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip agus beartais eile de chuid an Aontais i réimse ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus go háirithe an Comhbheartas Slándála agus Cosanta. Ba cheart d'Ardionadaí an Aontais agus dá sheirbhísí cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart dul i mbun comhar den chineál sin, go háirithe i dtaca leis na gníomhaíochtaí de chuid na Gníomhaireachta a dhéantar i gcríocha tríú tíortha nó ina mbeidh oifigigh ó thríú tíortha rannpháirteach i réimsí amhail anailís riosca, pleanáil agus cur i gcrích oibríochtaí, oiliúint, malartú faisnéise agus comhar.
- (77) D'fhonn a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis atá in EUROSUR chomh hiomlán agus chomh cothrom le dáta agus is féidir, go háirithe maidir leis na dálaí i dtríú tíortha, ba cheart don Gníomhaireacht comhoibriú le húdaráis na dtríú tíortha faoi chuimsiú comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha idir na Ballstáit agus tríú tíortha, lena n-áirítear líonraí réigiúnacha nó trí shocrú oibre a bhunaítear idir an Gníomhaireacht agus údaráis ábhartha na dtríú tíortha. Chun na gcríoch sin, ba cheart don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, toscaireachtaí agus oifigí an Aontais an fhaisnéis uile a sholáthar a d'fhéadfadh a bheith ábhartha le haghaidh EUROSUR.
- (78) Áirítear sa Rialachán seo forálacha maidir le comhar le tríú tíortha, toisc gur gnéithe fíorthábhachtacha iad an malartú buan faisnéise agus an comhar leis na tíortha sin, lena n-áirítear tríú tíortha comharsanachta ach gan a bheith teoranta dóibh sin, d'fhonn cuspóirí an Bhainistithe Chomhtháite Teorainneacha san Eoraip a bhaint amach. Tá sé bunriachtanach go ndéanfaí aon mhalartú faisnéise agus aon chomhar idir na Ballstáit agus tríú tíortha go huile is go hiomlán i gcomhréir leis na cearta bunúsacha.
- (79) Chun pictiúr cuimsitheach de dhálaí agus anailís riosca don limistéar réamhtheorann a fháil, ba cheart don Gníomhaireacht agus do na hIonaid Chomhordúcháin Náisiúnta faisnéis a bhailiú agus comhoibriú le hOifigigh Idirchaidrimh Inimirce a dhéanann na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a imscaradh chuig tríú tíortha.
- (80) Bunaíodh an córas do Dhoiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne ('FADO') le Gníomhaíocht Chomhpháirteach Uimh. 98/700/CGB laistigh d'Ardrúnaíocht na Comhairle, chun rochtain a thabhairt d'údaráis na mBallstát ar an bhfaisnéis sin, faisnéis faoi aon mhodhanna brionnaithe nua a bhraitear agus faoi na fiordhoiciméid atá i gcúrsaíocht.
- (81) Ina conclúidí an 27 Márta 2017, chuir an Chomhairle in iúl go raibh bainistíocht chóras FADO as dáta agus gur ghá an bunús dlí atá leis a athrú chun leanúint de bheith ag riar ar riachtanais bheartais Cheartais agus Ghnóthaí Baile. Thug an Chomhairle dá haire freisin go bhféadfaí leas a bhaint as sineirgíochtaí ina leith sin ach úsáid a bhaint as saineolas na Gníomhaireachta i réimse na calaoise doiciméad agus as an obair a bhí an Gníomhaireacht a chur i gcrích sa réimse. Dá bhrí sin, ba cheart don Gníomhaireacht cúram an riaracháin mar aon le bainistíocht oibríochtúil

theicniúil chóras FADO a ghlacadh uirthi féin ó Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

- (82) Ba cheart an struchtúr il-leibhéil a choinneáil i gcóras FADO chun leibhéil éagsúla faisnéise faoi dhoiciméid a sholáthar do pháirtithe leasmhara éagsúla agus don phobal i gcoitinne freisin.
- (83) Le linn na hidirthréimhse, ba cheart a áirithiú go mbeadh córas FADO ag feidhmiú go hiomlán go dtí go gcuirfí an t-aistriú i gcrích go héifeachtach agus go n-aistreofaí na sonraí atá ann chuig an gcóras nua. Ba cheart úinéireacht na sonraí atá ann cheana a aistriú chuig an nGníomhaireacht ansin.
- (84) Ba cheart aon phróiseáil a dhéanfaidh na Ballstáit ar shonraí pearsanta faoi chuimsiú an Rialacháin seo a chur i gcrích i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³, nuair is infheidhme.
- (85) I dtaca le fillleadh, is minic nach mbíonn aon doiciméad aitheantais i seilbh náisiúnach tríú tír agus nach gcomhoibríonn siad le deimhniú a gcéannachta trí fhaisnéis a choinneáil siar nó sonraí pearsanta míchearta a sholáthar. Ós rud é gur gá dlús a chur leis na nósanna imeachta um fhilleadh de réir an bheartais ar leith, is gá an Ghníomhaireacht a bheith ábalta srian a chur le cinn áirithe de na cearta atá ag ábhair sonraí ionas nach gcuirfear isteach, de dheasca mhí-úsáid na gceart sin, ar chur chun feidhme ordúil na nósanna imeachta um fhilleadh agus ar fhorfheidhmiú rathúil na gcinntí um fhilleadh ag na Ballstáit nó ionas nach gcuirfear cosc ar an nGníomhaireacht a cuid cúraimí a chur i gcrích go héifeachtúil. Go sonrach, de thoradh fheidhmiú an chirt chun srian a chur le próiseáil, is féidir moill agus bac nach beag a chur ar chur i gcrích na n-oibríochtaí um fhilleadh. Thairis sin, i gcásanna áirithe is féidir leis an gceart rochtana atá ag an ábhar sonraí oibríocht um fhilleadh a chur i mbaol toisc go méadódh an ceart sin an riosca éalaithe dá bhfaigheadh an t-ábhar sonraí amach go mbeadh an Ghníomhaireacht ag próiseáil a shonraí i gcomhthéacs oibríochta um fhilleadh a bhí á pleanáil. Is féidir leis an gceart chun ceartúcháin, ar an taobh eile, an riosca a mhéadú go ndéanadh an náisiúnach tríú tír i dtrácht na húdaráis a chur ar a míthreoir trí shonraí míchearta a sholáthar.
- (86) Chun a cúraimí i réimse an fhillea a chur chun feidhme mar is ceart, lena n-áirítear trí chúnamh a thabhairt do na Ballstáit i gcur chun feidhme ceart na nósanna imeachta um fhilleadh agus i bhforfheidhmiú rathúil na gcinntí um fhilleadh, mar aon le hoibríochtaí um fhilleadh a éascú, féadfaidh sé gur gá don Ghníomhaireacht sonraí pearsanta fillithe a aistriú chuig tríú tíortha. Is minic nach mbíonn na tríú tíortha a mbeifear ag fillleadh orthu faoi réir cinntí leordhóthanachta arna nglacadh ag an gCoimisiún faoi Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2016/679, nó faoi Airteagal 36 de Threoir (AE) 2016/680, agus nach mbíonn comhaontú um athligeán isteach tugtha i gcrích acu leis an Aontas nó nach mbíonn sé beartaithe acu comhaontú den sórt sin a thabhairt i gcrích nó foráil a dhéanamh ar shlí eile maidir le coimircí iomchuí de réir bhrí Airteagal 49 de [Rialachán (AE) 45/2001] nó de réir bhrí na bhforálacha náisiúnta lena dtrasuitear Airteagal 37 de Threoir (AE) 2016/680. In ainneoin na

²³ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

n-iarrachtaí móra, áfach, atá an tAontas ag comhoibriú le príomhthíortha tionscnaimh na náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach agus atá faoi réir oibleagáid um fhilleadh, ní féidir a áirithiú i gcónaí go gcomhlíonann na tríú tíortha sin ar bhealach córasach an oibleagáid arna bunú leis an dlí idirnáisiúnta chun a náisiúnaigh féin a athligean isteach. Cumhdaítear líon teoranta de na tríú tíortha sin le comhaontuithe um athligean isteach arna dtabhairt i gcrích nó atá faoi chaibidlíocht ag an Aontas nó ag na Ballstáit agus lena ndéantar foráil maidir le coimircí iomchuí. I gcás nach ann do chomhaontuithe den sórt sin go fóill, ba cheart don Ghníomhaireacht sonraí pearsanta a aistriú chun na hoibríochtaí um fhilleadh de chuid an Aontais a éascú, nuair a chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 49(1)(d) de [Rialachán (AE) 45/2001].

- (87) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear le hAirteagal 2 agus le hAirteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), go háirithe urraim do dhínit an duine, an ceart chun na beatha, toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhonna nó táireach, toirmeasc ar gháinneáil ar dhaoine, an ceart chun saoirse agus slándála, an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid, an ceart chun tearmainn agus chun cosanta i gcás ina dtarlaíonn aistriú nó díbirt, *non-refoulement*, an neamh-idirdhealú agus cearta an linbh.
- (88) Ba cheart a bhunú leis an Rialachán seo sásra um ghearáin don Ghníomhaireacht i gcomhar leis an oifigeach um chearta bunúsacha, chun urramú do chearta bunúsacha i ngníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta a áirithiú. Ba cheart gur sásra riaracháin a bheadh sa sásra sin faoina mbeidh an t-oifigeach um chearta bunúsacha freagrach as gearáin arna bhfáil ag an nGníomhaireacht a láimhseáil i gcomhréir leis an gceart chun dea-riaracháin. Ba cheart don oifigeach um chearta bunúsacha inghlacthacht gearáin a athbhreithniú, gearáin inghlactha a chlárú, gach gearán cláraithe a chur ar aghaidh chuig an stiúrthóir feidhmiúcháin, gearáin a bhaineann le comhaltaí na bhfoirne a chur ar aghaidh chuig an mBallstát baile, agus bearta leantacha de chuid na Gníomhaireachta nó an Bhallstáit sin a chlárú. Ba cheart don sásra bheith éifeachtúil, rud a áiritheoidh go ndéantar bearta leantacha go cuí de dhroim na ngearán. Ba cheart an sásra um ghearáin bheith gan dochar do rochtain ar leigheasanna riaracháin agus breithiúnacha agus ní hionann é agus ceanglas chun leigheasanna den sórt sin a lorg. Ba cheart gurb iad na Ballstáit a dhéanadh imscrúduithe coiriúla. Chun trédhearcacht agus cuntasacht a mhéadú, ba cheart don Ghníomhaireacht tuairisciú ar an sásra um ghearáin ina tuarascáil bhliantúil. Ba cheart a chumhdach leis an tuarascáil, go háirithe, líon na ngearán a fuarthas, cineálacha na sárúithe ar chearta bunúsacha lena mbaineann, na hoibríochtaí i dtrácht agus, i gcás inarb indéanta sin, na bearta leantacha a rinne an Ghníomhaireacht agus na Ballstáit. Beidh rochtain ag an Oifigeach um Chearta Bunúsacha ar an bhfaisnéis ar fad a bhaineann le hurramú na gceart bunúsach i ndáil le gníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta.
- (89) Ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith neamhspleách i dtaca le hábhair oibríochtúla agus theicniúla agus neamhspleáchas dlí, riaracháin agus airgeadais a bheith aici. Chuige sin, is gá agus is iomchuí gur comhlacht de chuid an Aontais a bheadh inti ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach agus a fheidhmíonn na cumhachtaí cur chun feidhme a thugtar di leis an Rialachán seo.
- (90) Ba cheart ionadaíocht a bheith ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit ar bhord bainistíochta chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an nGníomhaireacht. Ba cheart a

bheith ar an mbord bainistíochta, nuair is féidir, ceannairí oibríochtúla na seirbhísí náisiúnta atá freagrach as gardaí teorann nó a n-ionadaithe a bhainistiú. Ba cheart do na páirtithe sin a mbeidh ionadaíocht acu ar an mbord bainistíochta iarracht a dhéanamh ráta athraithe a n-ionadaithe a theorannú chun leanúnachas obair an bhoird bainistíochta a áirithiú. Ba cheart a chur de chúram ar an mbord bainistíochta na cumhachtaí is gá chun buiséad na Gníomhaireachta a bhunú, forghníomhú an bhuiséid sin a fhíorú, rialacha airgeadais iomchuí a ghlacadh, nósanna imeachta oibríochtúla trédhearcacha maidir le cinnteoireacht na Gníomhaireachta a bhunú agus an stiúirthóir feidhmiúcháin a cheapadh agus triúr leas-stiúirthóirí feidhmiúcháin a bhféadfaí freagrachtaí a shannadh do gach duine acu sin i réimse ar leith inniúlachtaí de chuid na Gníomhaireachta, amhail buanchór an Gharda Teorann agus Cósta a bhainistiú, maoirseacht ar chúraimí na Gníomhaireachta maidir leis an bhfilleadh nó a rannpháirtíocht sna córais TF mhórsála a bhainistiú. Ba cheart an Gníomhaireacht bheith á rialú agus á hoibriú le haird chuí ar phrionsabail an chur chuige choitinn maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais a ghlac Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 19 Iúil 2012.

- (91) Chun neamhspleáchas na Gníomhaireachta a ráthú, ba cheart buiséad neamhspleách a thabhairt di agus ioncam a thiocfaidh as ranníocaíocht ón Aontas den chuid is mó. Ba cheart feidhm a bheith ag nós imeachta buiséadach an Aontais a mhéid a bhaineann le ranníocaíocht an Aontais agus le haon fhóirdheontais eile is innhuirearaithe ar bhuiséad ginearálta an Aontais. Ba cheart gurb í an Chúirt Iniúcháirí a thabharfaidh faoi iniúchadh na gcuntas.
- (92) Táthar ag súil leis go dtabharfaidh an Gníomhaireacht aghaidh ar dhúshlán sna blianta atá le teacht chun riar ar riachtanais eisceachtúla chun baill foirne cháilithe a earcú agus a choimeád ar an mbonn geografach is forleithne is féidir.
- (93) I bhfianaise shainordú na Gníomhaireachta agus tábhacht shoghluaisteacht a baill foirne, ar thaobh amháin, agus chun cosc a chur leis na difríochtaí i gcóireáil bhaill foirne na Gníomhaireachta ar an taobh eile, cé gur cheart áit fostaíochta na mball foirne a shocrú i bprionsabal i Vársá, ba cheart an deis a thabhairt do bhord bainistíochta na Gníomhaireachta, ar feadh tréimhse cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, íocaíocht mhíosúil "dhifreálach" a dheonú do bhaill foirne na Gníomhaireachta, ag tabhairt aird iomchuí ar an luach saothair foriomlán a fhaigheann baill foirne aonair, lena n-áirítear aisíocaíochtaí costas misin. Ba cheart na modheolaíochtaí chun an íocaíocht sin a dheonú a bheith faoi réir formheas roimh ré ón gCoimisiún agus ba cheart dóibh a bheith comhréireach le tábhacht na gcuspóirí atá á saothrú agus níor cheart dóibh a bheith mar bhonn le cóireáil éagothrom do bhaill foirne institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile an Aontais Eorpaigh. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na modheolaíochtaí sin faoi 2024 chun rannchuidiú na híocaíochta leis na cuspóirí atá á saothrú a mheas.
- (94) Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴ gan srian maidir leis an nGníomhaireacht, agus ba cheart di aontú do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus

²⁴ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)²⁵.

- (95) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (96) Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ²⁶, maidir leis an nGníomhaireacht. Ba cheart an Gníomhaireacht bheith chomh trédhearcach agus is féidir maidir lena cuid gníomhaíochtaí, agus fós gan baint amach chuspóir a cuid oibríochtaí a chur i mbaoil. Ba cheart di an fhaisnéis maidir lena cuid gníomhaíochtaí ar fad a chur ar fáil go poiblí. Ar an mbealach céanna, ba cheart di a áirithiú go dtabharfar faisnéis go mear i dtaobh a chuid oibre don phobal agus do pháirtí leasmhar ar bith.
- (97) Ba cheart don Gníomhaireacht freisin tuairisciú ar a cuid gníomhaíochtaí do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún sna téarmaí is leithne agus is féidir.
- (98) Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéanfaidh an Gníomhaireacht faoi chuimsiú an Rialacháin seo, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.
- (99) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit, ag gníomhú dóibh ar bhealach neamh-chomhordaithe, cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon córas comhtháite bainistíochta le haghaidh teorainneacha seachtracha a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear feidhmiú cuí limistéar Schengen, a ghnóthú go leordhóthanach, de bharr easpa rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, na ndúshlán suntasach ón imirce ag na teorainneacha seachtracha, an ghá atá ann le faireachán éifeachtúil a dhéanamh ar thrasnú na dteorainneacha, agus chun rannchuidiú le leibhéal ard slándála inmheánaí laistigh den Aontas, ach gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (100) Is iad na teorainneacha seachtracha dá dtagraítear sa Rialachán seo ná na teorainneacha sin a bhfuil feidhm ag forálacha Theideal II de Rialachán (AE) 2016/399 maidir leo, lena n-áirítear teorainneacha seachtracha Bhallstáit Schengen i gcomhréir le Prótocal 19 maidir le acquis Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal le CAE agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).
- (101) Chun a áirithiú go gcuirfear an Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip chun feidhme go héifeachtach trí thimthriall don bheartas ilbhliantúil straitéiseach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligeán chuig an gCoimisiún i dtaca le tosaíochtaí beartais a leagan síos agus treoirlínte straitéiseacha a sholáthar

²⁵ IO L 136, 31.5.1999, lch. 15.

²⁶ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

don Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmlichte a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmlichte.

- (102) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le forálacha an Rialacháin seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir leis an lámhleabhar praiticiúil le haghaidh chur chun feidhme agus bhainistiú EUROSUR, mionsonraí na sraitheanna faisnéise sna pictiúir de dhálaí agus na rialacha maidir le pictiúir de dhálaí sonracha a bhunú, na bearta chun na rioscaí a mhaolú ag na teorainneacha seachtracha atá le cur chun feidhme ag an nGníomhaireacht agus a chuireann de cheangal ar na Ballstáit comhoibriú leis an nGníomhaireacht sa chur chun feidhme sin, na rialacha maidir le híocaíocht na tacaíochta airgeadais chun buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh ar na coinníollacha infheidhme maidir leis an tacaíocht airgeadais, an lámhleabhar praiticiúil maidir le comhar Eorpach um fheidhmeanna garda cósta, sonraíochtaí teicniúla agus nósanna imeachta FADO. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁷.
- (103) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá tír sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha²⁸ iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle²⁹. Sa Socrú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le modheolaíochtaí rannpháirteachas na Stát sin sa Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh³⁰, déantar foráil maidir le rialacha i dtaobh rannpháirtíocht na dtíortha sin in obair na Gníomhaireachta, lena n-áirítear forálacha maidir le ranníocaíochtaí airgeadais agus foireann.
- (104) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm

²⁷ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

²⁸ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

²⁹ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá tír sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

³⁰ IO L 188, 20.7.2007, lch. 19.

agus a fhorbairt ³¹, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ³².

- (105) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ³³, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ³⁴.
- (106) Sa Socrú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin, den pháirt eile, maidir le modheolaíochtaí rannpháirteachas na Stát sin sa Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ³⁵, déantar foráil maidir le rialacha i dtaobh rannpháirtíocht na dtíortha sin in obair na Gníomhaireachta, lena n-áirítear forálacha maidir le ranníocaíochtaí airgeadais agus foireann.
- (107) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le acquis Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.
- (108) Is é atá sa Rialachán seo ná forbairt ar fhorálacha acquis Schengen nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle ³⁶; dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo ná níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

³¹ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

³² Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).

³³ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

³⁴ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

³⁵ IO L 243, 16.9.2010, lch. 4.

³⁶ Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de acquis Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43).

- (109) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ³⁷; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (110) Ba cheart don Ghníomhaireacht eagrú gníomhaíochtaí sonracha a éascú, gníomhaíochtaí trína mbeidh na Ballstáit in ann tairbhiú den saineolas agus de na saoráidí a d'fhéadfadh Éire agus an Ríocht Aontaithe a bheith toilteanach a chur ar fáil dóibh, ar théarmaí a bheidh le cinneadh ar bhonn gach cáis ar leith ag an mbord bainistíochta. Chuige sin, is féidir go dtabharfar cuireadh d'ionadaithe ó Éirinn freastal ar chruinnithe den bhord bainistíochta, rud a thabharfaidh deis dóibh a bheith iomlán rannpháirteach in ullmhú na ngníomhaíochtaí sonracha sin. Is féidir go dtabharfar cuireadh d'ionadaithe ón Ríocht Aontaithe freastal ar chruinnithe den bhord bainistíochta go dtí an dáta a tharraingeoidh an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas Eorpach.
- (111) Cé nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach sa Rialachán seo, tá an deis aici [tugtha di] comhoibriú leis an nGarda Teorann agus Cóstá Eorpach ós Ballstát den Aontas í. I bhfianaise an fhógra a thug an Ríocht Aontaithe gur mhian léi tarraingt siar as an Aontas, ba cheart socruithe speisialta is infheidhme maidir leis an gcomhar oibríochtúil leis an Ríocht Aontaithe ar bhonn an Rialacháin seo a bheith infheidhme a fhad a bheidh an Ríocht Aontaithe ina Ballstát nó, ar choinníoll go dtiocfaidh comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i bhfeidhm bunaithe ar Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a fhad a bheidh an Ríocht Aontaithe comhshamhlaithe le Ballstát ar bhonn an chomhaontaithe sin.
- (112) Tá conspóid ann idir Ríocht na Spáinne agus an Ríocht Aontaithe maidir le críochú teorainneacha Ghiobráltar.
- (113) Má chuirtear infheidhmeacht an Rialacháin seo ar fionraí maidir le teorainneacha Ghiobráltar, ní chiallaíonn an méid sin go bhfuil aon athrú ar sheasaimh na Stát lena mbaineann faoi seach.
- (114) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus thug sé tuairim ...
- (115) Is é is aidhm don Rialachán seo forálacha Rialachán (AE) Uimh. 2016/1624 agus Rialachán (CE) Uimh. 1052/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Gníomhaíocht Chomhpháirteach Uimh. 98/700/CGB ón gComhairle a chur in oiriúint don chreat institiúideach a leagtar síos in CFAE. I bhfianaise a shuntasáí atá na leasuithe atá le déanamh ina líon agus ina gcineál araon, is iomchuí, ar mhaithe leis an tsoiléireacht, na gníomhartha dlí sin a aisghairm agus gníomh nua a chur ina n-ionad,

³⁷

Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

An Garda Teorann agus Cósta Eorpach

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo Garda Teorann agus Cósta Eorpach chun bainistiú comhtháite teorainneacha Eorpach a áirithiú ag na teorainneacha seachtracha d'fhonn bainistiú a dhéanamh go héifeachtúil ar thrasnú na dteorainneacha seachtracha sin, chomh maith le héifeachtúlacht an chomhbheartais um fhilleadh a mhéadú mar phríomhchuid den bhainistiú inbhuanaithe imirce.

Leis an Rialachán, tugtar aghaidh ar dhúshláin imirceacha, lena n-áirítear an fillleadh, agus ar bhagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ag na teorainneacha sin, agus ar an gcaoi sin rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar an gcoireacht thromchúiseach a bhfuil gné thrasteorann ag gabháil léi, chun leibhéal ard slándála inmheánaí a áirithiú san Aontas, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha, agus, san am céanna, saorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas a chosaint.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “teorainneacha seachtracha” teorainneacha seachtracha mar a shainmhínítear iad i bpointe 2 d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 2016/399, agus a bhfuil feidhm ag Teideal II den Rialachán sin maidir leo;
- (2) ciallaíonn “pointe trasnaithe teorann” pointe trasnaithe teorann mar a shainmhínítear é i bpointe 8 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/399;
- (3) ciallaíonn “rialú teorann” rialú ag teorainneacha mar a shainmhínítear é i bpointe 10 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/399;
- (4) ciallaíonn “faireachas teorainneacha” faireachas ar theorainneacha mar a shainmhínítear sin i bpointe 12 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/399;
- (5) ciallaíonn “eitilt sheachtrach” aon eitilt de chuid aerárthaigh le foireann nó gan foireann gona phaisinéirí agus/nó lasta chuig críocha na mBallstát nó as críocha na mBallstát, nach eitilt inmheánach í mar a shainmhínítear sin i bpointe 3 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/399;
- (6) ciallaíonn “faireachas teorainneacha aeir” faireachas ar eitiltí seachtracha;
- (7) ciallaíonn “feasacht ar dhálaí” an cumas chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha trasteorann agus iad a bhrath, a shainaithint, a rianú agus a thuiscint chun forais réasúnta a aimsiú le haghaidh beart freagartha ar bhonn faisnéis nua a chur le chéile leis an bhfaisnéis atá ann cheana, agus ionas go mbeifear in inmhe níos fearr laghdú a dhéanamh ar líon na n-inimirceach a bhásaíonn ag teorainneacha seachtracha nó feadh na dteorainneacha sin nó gar dóibh;

- (8) ciallaíonn "acmhainn freagartha" an cumas gníomhaíochtaí a chur i gcrích atá dírithe ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chomhrac, ag teorainneacha seachtracha, feadh na dteorainneacha sin nó gar dóibh, lena n-áirítear na meáin agus an t-am freagairt leordhóthanach a thabhairt;
- (9) ciallaíonn "EUROSUR" an creat le haghaidh malartú faisnéise agus comhar idir na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht;
- (10) ciallaíonn "pictiúr de dhálaí" comhbhailiú sonraí geoshuite gar-fhíor-ama maille le faisnéis a fhaightear ó údaráis éagsúla, ó bhraiteoirí, ó ardáin agus ó fhoinsí eile a tharchuirtear ar bhealaí slána cumarsáide agus faisnéise agus is féidir a phróiseáil agus a thaispeáint go roghnaíoch d'údaráis ábhartha eile, agus a roinnt leo, d'fhoillfeacht ar dhálaí a bheith ann agus chun tacú leis an acmhainn freagartha ag na teorainneacha seachtracha, feadh na dteorainneacha sin nó gar do na teorainneacha sin agus an limistéar réamhtheorann;
- (11) ciallaíonn "cuid den teorainn sheachtrach" teorainn sheachtrach Bhallstáit, ina hiomláine nó cuid de, mar a shainmhínítear sin sa dlí náisiúnta nó mar a chinneann an lárionad náisiúnta comhordúcháin nó aon údarás náisiúnta freagrach eile;
- (12) ciallaíonn "coireacht trasteorann" aon choireacht thromchúiseach a bhfuil gné thrasteorann ag baint léi a dhéantar nó a dhéantar iarracht a dhéanamh ag teorainneacha seachtracha nó feadh na dteorainneacha sin nó gar dóibh;
- (13) ciallaíonn "limistéar réamhtheorann" an limistéar geografach amach ó theorainn sheachtrach;
- (14) ciallaíonn "teagmhas" staideanna a bhaineann leis an inimirce neamhdhleathach, le coireacht trasteorann nó ina mbeadh baol do bheatha na n-inimirceach, ag teorainneacha seachtracha, feadh na dteorainneacha sin nó gar dóibh;
- (15) ciallaíonn "baill foirne reachtúla" baill foirne arna bhfostú ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (na "Rialacháin Foirne") agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais a leagtar síos i Rialachán Uimh. 259/68 ón gComhairle;
- (16) ciallaíonn "baill foirne oibríochtúla" gardaí teorann, gardaí tionlacain don fhilleadh, speisialtóirí don fhilleadh agus na baill foirne ábhartha eile a chomhdhéanann "buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh". I gcomhréir leis na trí chatagóir a shainítear faoi Airteagal 55(1), tá na baill foirne oibríochtúla fostaithe ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i gcáil baill foirne reachtúla (catagóir 1), ar iasacht chuig an nGníomhaireacht ó na Ballstáit (catagóir 2) nó arna soláthar ag na Ballstáit le haghaidh imscaradh gearrthéarmach (catagóir 3). Tá na baill foirne oibríochtúla le gníomhú mar bhaill d'fhoirne bainistithe teorann, d'fhoirne tacaíochta don bhainistiú imirce nó d'fhoirne um fhilleadh ag a bhfuil cumhachtaí feidhmiúcháin. Áirítear ar na baill foirne oibríochtúla na baill foirne reachtúla atá freagrach as feidhmiú aonad láir ETIAS;
- (17) ciallaíonn "foirne bainistithe teorann" foirne a chuirfear le chéile as buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus a imscarfar le linn oibríochtaí comhpháirteacha ag na teorainneacha seachtracha agus le linn mear-idirghabhálacha teorann sna Ballstáit agus i dtríú tíortha;
- (18) ciallaíonn "ball de na foirne" ball de bhuanachór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh arna imscaradh trí bhíthin foirne bainistithe teorann, foirne tacaíochta don bhainistiú imirce agus foirne um fhilleadh;

- (19) ciallaíonn "foireann tacaíochta don bhainistiú imirce" foireann saineolaithe a thugann athneartú oibríochtúil do na Ballstáit, lena n-áirítear ag teophointí nó in ionaid rialaithe, atá comhdhéanta de bhaill foirne oibríochtúla ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, de shaineolaithe arna n-imscaradh ag [Gníomhaireacht Tearmainn an Aontais Eorpaigh], agus ó Europol, nó ó ghníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais agus ó na Ballstáit chomh maith;
- (20) ciallaíonn "Ballstát óstach" Ballstát ina dtarlaíonn oibríocht chomhpháirteach nó mear-idirghabháil teorann, oibríocht um fhilleadh nó idirghabháil um fhilleadh, nó óna seoltar a leithéid d'oibríocht nó d'idirghabháil, nó ina n-imscartar foireann tacaíochta don bhainistiú imirce;
- (21) ciallaíonn "Ballstát baile" an Ballstát óna n-imscarfar an ball foirne nó óna a gcuirfear ar iasacht é chuig foireann oibríochtúil bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh;
- (22) ciallaíonn "Ballstát rannpháirteach" Ballstát atá rannpháirteach in oibríocht chomhpháirteach, i mear-idirghabháil teorann, in oibríocht um fhilleadh, in idirghabháil um fhilleadh nó in imscaradh foirne tacaíochta don bhainistiú imirce, trí threalamh teicniúil nó baill foirne oibríochtúla de chuid bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta a sholáthar, mar aon le Ballstát atá rannpháirteach in oibríochtaí um fhilleadh nó in idirghabhálacha um fhilleadh trí threalamh teicniúil nó baill foirne a sholáthar, ach nach Ballstát óstach é;
- (23) ciallaíonn "teophointe" limistéar ina bhfuil an Ballstát óstach, an Coimisiún, gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais agus na Ballstáit rannpháirteacha ag comhoibriú lena chéile agus é mar aidhm acu dúshlán díreireach imirce atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann a bhainistiú agus ar saintréith den dúshlán sin go bhfuil méadú suntasach ar líon na n-imirceach a thagann isteach ag na teorainneacha seachtracha;
- (24) ciallaíonn "ionad rialaithe" ionad, arna bhunú ar iarratas ón mBallstát, ina ndéanann gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, chun tacú leis an mBallstát óstach agus in éineacht le Ballstáit rannpháirteacha, dealú idir náisiúnaigh tríú tír atá i ngátar cosaint idirnáisiúnta agus iad siúd nach bhfuil i ngátar cosaint den sórt sin, agus ina ndéanann siad seiceálacha slándála agus ina gcuireann siad i bhfeidhm nósanna imeachta gasta maidir le cosaint idirnáisiúnta agus/nó fillleadh;
- (25) ciallaíonn "filleadh" fillleadh mar a shainmhínítear é i bpointe 3 d'Airteagal 3 de Threoir 2008/115/CE;
- (26) ciallaíonn "cinneadh um fhilleadh" cinneadh um fhilleadh mar a shainmhínítear é i bpointe 4 d'Airteagal 3 de Threoir 2008/115/CE;
- (27) ciallaíonn "fillí" náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach agus a bhfuil cinneadh um fhilleadh, nó a choibhéis sin i dtríú tír, déanta ina leith;
- (28) ciallaíonn "oibríocht um fhilleadh" oibríocht arna heagrú nó arna comhordú ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ar cuid di athneartú teicniúil agus oibríochtúil arna sholáthar do Bhallstát amháin nó níos mó, nó do thríú tír, agus lena gcuirtear ar ais fillithe ó Bhallstát amháin nó níos mó, nó ó thríú tír, bíodh sé sin ar bhonn éigeantach nó ar bhonn deonach, gan beann ar an gcóir iompair;
- (29) ciallaíonn "idirghabháil um fhilleadh" gníomhaíocht de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a chuireann cúnamh teicniúil agus

oibríochtúil méadaithe ar fáil do Bhallstáit, nó do thríú tíortha, agus arb é atá i gceist leis foirne um fhilleadh a imscaradh agus oibríochtaí um fhilleadh a eagrú;

- (30) ciallaíonn "foirne um fhilleadh" foirne a chuirfear le chéile as buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus a imscarfar le linn oibríochtaí um fhilleadh, idirghabhálacha um fhilleadh sna Ballstáit agus i dtríú tíortha nó le linn gníomhaíochtaí oibríochtúla eile atá nasctha le cur chun feidhme cúraimí a bhaineann le filleadh;
- (31) ciallaíonn "oifigeach idirchaidrimh inimirce" oifigeach idirchaidrimh inimirce mar a shainmhínítear é in Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 377/2004 ón gComhairle³⁸.

Airteagal 3

Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip

Is iad na comhchodanna seo a leanas a bheidh sa bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip:

- (a) rialú teorann, lena n-áirítear bearta chun trasnuithe dlisteanacha ag teorainneacha a éascú agus, i gcás inarb iomchuí, bearta a bhaineann leis an gcoireacht thrasteorann a chosc agus a bhrath, amhail imircigh a smuigleáil, gáinneáil ar dhaoine agus an sceimhlitheoireacht, agus bearta a bhaineann le daoine atá i ngá cosanta idirnáisiúnta nó ar mian leo iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta a tharchur;
- (b) oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála do dhaoine i nguais ar muir a sheolfar agus a dhéanfar i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 656/2014 agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, ar oibríochtaí iad a tharlaíonn i gcásanna a thiocfadh chun cinn le linn oibríochtaí faireachais teorainneacha ar muir;
- (c) anailís ar na rioscaí atá ann don tslándáil inmheánach agus anailís ar aon bhagairtí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú nó do shlándáil na dteorainneacha seachtracha;
- (d) malartú faisnéise agus comhar idir na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht;
- (e) comhar idirghníomhaireachta i measc na n-údarás náisiúnta i ngach Ballstát atá freagrach as rialú teorann nó as cúraimí eile a dhéantar ag an teorainn, agus idir na húdaráis atá freagrach as an bhfilleadh i ngach Ballstát, lena n-áirítear malartú tráthrialta faisnéise leis na huirlisí malartaithe faisnéise atá ann;
- (f) comhar idir na hinstiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais sna réimsí a chumhdaíonn an Rialachán seo, lena n-áirítear faisnéis a mhalartú go tráthrialta;
- (g) comhar le tríú tíortha sna réimsí a chumhdaíonn an Rialachán seo;

³⁸ Rialachán (CE) Uimh. 377/2004 ón gComhairle an 19 Feabhra 2004 maidir le gréasán oifigeach idirchaidrimh inimirce a chruthú (IO L 64, 2.3.2004, lch. 1).

- (h) bearta teicniúla agus oibríochtúla laistigh de limistéar Schengen a bhaineann le rialú teorann agus atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar inimirce neamhdhleathach agus dul i ngleic ar bhealach níos fearr leis an gcoireacht thrasteorann;
- (i) náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir cinntí um fhilleadh arna n-eisiúint ag Ballstát a fhilleadh;
- (j) teicneolaíocht úrscothach a úsáid, lena n-áirítear córais faisnéise ar mhórscaála;
- (k) sásra rialaithe cáilíochta, go háirithe sásra meastóireachta Schengen, an measúnú leochaileachta agus aon sásra náisiúnta atá ann, chun cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais i réimse an bhainistithe teorainneacha a áirithiú;
- (l) sásraí dlúthpháirtíochta, go háirithe ionstraimí maoiniúcháin de chuid an Aontais agus bearta tacaíochta oibríochtúla eile.

Airteagal 4

An Garda Teorann agus Cósta Eorpach

Beidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach comhdhéanta den Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (“an Ghníomhaireacht”) agus údaráis náisiúnta na mBallstát atá freagrach as bainistiú teorainneacha, lena n-áirítear gardaí cósta a mhéid is a dhéanann siad cúraimí rialaithe teorann, chomh maith leis na húdaráis atá freagrach as an bhfilleadh.

Airteagal 5

An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta

- (1) An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a bunaíodh ar dtús le Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004, is é an Rialachán seo a rialóidh í.
- (2) Cuimseoidh an Ghníomhaireacht 10 000 ball foirne oibríochtúil bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 55.
- (3) Chun bainistiú comhtháite comhleanúnach teorainneacha san Eoraip a áirithiú, déanfaidh an Ghníomhaireacht cur i bhfeidhm na mbeart atá ann cheana agus a dhéanfar amach anseo maidir le bainistiú na dteorainneacha seachtracha agus maidir le filleadh a éascú agus a dhéanamh níos éifeachtaí, go háirithe Cód Teorainneacha Schengen a bunaíodh le Rialachán (AE) 2016/399.
- (4) Rannchuideoidh an Ghníomhaireacht le cur i bhfeidhm leanúnach agus aonfhoirmeach dhlí an Aontais, lena n-áirítear acquis an Aontais ar chearta bunúsacha, ag na teorainneacha seachtracha go léir. Áireofar ar a rannchuidiú malartú dea-chleachtas.

Airteagal 6

Cuntasacht

Beidh an Ghníomhaireacht cuntasach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 7

Freagracht chomhroinnte

- (1) Cuirfidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip chun feidhme mar fhreagracht chomhroinnte de chuid na Gníomhaireachta agus na n-údarás náisiúnta atá freagrach as bainistiú teorainneacha, lena n-áirítear gardaí cósta a mhéid is a dhéanann siad oibríochtaí faireachais teorainneacha muirí agus aon chúraimí eile rialaithe teorann. Is ag na Ballstáit a fhanfaidh an phríomhfhreagracht do bhainistiú a gcodanna féin de na teorainneacha seachtracha.
- (2) Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh teicniúil agus oibríochtúil le linn cur chun feidhme beart a bhaineann le forfheidhmiú cinntí um fhilleadh. Coinneoidh na Ballstáit an fhreagracht as cinntí um fhilleadh a eisiúint agus as na bearta a bhaineann le coinneáil fillithe i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE.
- (3) Áiritheoidh na Ballstáit bainistiú a dteorainneacha seachtracha agus forfheidhmiú cinntí um fhilleadh, chun a leasanna féin agus chun leasa choitinn na mBallstát uile, i lánchomhlíonadh dhlí an Aontais dóibh agus i gcomhréir leis an timthriall do bheartas straitéiseach ilbhliantúil don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip dá dtagraítear in Airteagal 8, agus i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht.
- (4) Tacóidh an Ghníomhaireacht le cur i bhfeidhm bhearta an Aontais a bhaineann le bainistiú na dteorainneacha seachtracha agus le feidhmiú cinntí um fhilleadh trí ghníomhaíochtaí na mBallstát a athneartú, a mheasúnú agus a chomhordú, agus trí chúnamh díreach teicniúil agus oibríochtúil a thabhairt chomh maith, le linn chur chun feidhme na mbeart sin agus i dtaca le cúrsaí fillte.
- (5) Féadfaidh na Ballstáit leanúint de chomhoibriú ar leibhéal oibríochtúil le Ballstáit eile agus/nó le tríú tíortha, i gcás ina bhfuil an comhar sin comhoiriúnach le cúraimí na Gníomhaireachta. Staonfaidh na Ballstáit ó ghníomhaíocht ar bith a d'fhéadfadh feidhmiú na Gníomhaireachta nó baint amach a cuspóirí a chur i mbaoil. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil chuig an nGníomhaireacht maidir leis an gcomhar oibríochtúil sin le Ballstáit eile agus/nó le tríú tíortha ag na teorainneacha seachtracha agus i réimse an fhillte. Cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an bord bainistíochta ar an eolas faoi na hábhair sin ar bhonn rialta agus uair amháin sa bhliain ar a laghad.

Airteagal 8

An timthriall don bheartas straitéiseach ilbhliantúil don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip

- (1) Áiritheoidh an Coimisiún agus an Garda Teorann agus Cósta Eorpach éifeachtacht an bhainistithe comhtháite teorainneacha san Eoraip le timthriall don bheartas straitéiseach ilbhliantúil don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip.
- (2) Leagfar amach sa bheartas straitéiseach ilbhliantúil don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip an chaoi le dul i ngleic ar dhóigh chomhsheasmhach chomhtháite chórasach leis na dúshláin i réimse an bhainistithe teorainneacha agus an fhillte.
- (3) Beidh ceithre chéim, a leagtar amach i mír 4 go mír 7, sa timthriall don bheartas straitéiseach ilbhliantúil don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip.
- (4) Bunaithe ar an anailís riosca straitéiseach don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip dá dtagraítear in Airteagal 30(2), tabharfar de chumhacht don Choimisiún

gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 118 chun beartas straitéiseach ilbhliantúil a cheapadh maidir leis an mbainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip. Leagfar amach tosaíochtaí beartais sa ghníomh tarmligthe sin agus soláthrófar na treoirlínte straitéiseacha do na ceithre bliana le teacht i ndáil leis na comhchodanna a leagtar amach in Airteagal 3.

- (5) Chun an ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 4 a chur chun feidhme, déanfaidh an Ghníomhaireacht, le cinneadh ón mbord bainistíochta bunaithe ar thogra ón stiúrthóir feidhmiúcháin, straitéis theicniúil agus oibríochtúil a bhunú don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip. Cuirfidh an Ghníomhaireacht san áireamh, má tá údar maith leis, staid shonrach na mBallstát, go háirithe an suíomh geografach ina bhfuil siad. Beidh an straitéis sin i gcomhréir le hAirteagal 3 agus leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 4. Déanfaidh sí cur chun feidhme bainistiú chomhtháite teorainneacha san Eoraip a chur chun cinn, agus tacóidh sí leis, sna Ballstáit uile.
- (6) Chun an ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 4 a chur chun feidhme, leagfaidh na Ballstáit a straitéisí náisiúnta don bhainistiú comhtháite teorainneacha amach trí bhíthin dlúthchomhar idir na húdaráis náisiúnta uile atá freagrach as bainistiú teorainneacha agus as filleadh. Beidh na straitéisí náisiúnta sin i gcomhréir le hAirteagal 3, leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 4 agus leis an straitéis theicniúil agus oibríochtúil dá dtagraítear i mír 5.
- (7) Dhá mhí is daichead tar éis ghlacadh an ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 4, déanfaidh an Coimisiún, le tacaíocht na Gníomhaireachta, meastóireacht chuimsitheach ar chur chun feidhme an ghníomh. Cuirfear torthaí na meastóireachta san áireamh nuair a ullmhófar an chéad timthriall eile.
- (8) Má tá athrú ar na tosaíochtaí beartais de dhíth mar gheall ar an staid ag na teorainneacha seachtracha nó i réimse an fhille, leasóidh an Coimisiún an beartas straitéiseach ilbhliantúil don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 4. Lena chois sin, oiriúnófar na straitéisí a luaitear i mír 5 agus i mír 6 más gá.

Airteagal 9

Pleanáil chomhtháite

- (1) Ar bhonn an timthrialla don bheartas straitéiseach ilbhliantúil don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip dá dtagraítear in Airteagal 8, cuirfidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach pleanáil chomhtháite ar bun don bhainistiú teorainneacha agus don fhilleadh.
- (2) Cuimseoidh an phleanáil chomhtháite pleanáil oibríochtúil, pleanáil theagmhasach agus pleanáil forbartha acmhainne agus cuirfear ar bun i gcomhréir le hAirteagal 67 í.
- (3) Beidh i ngach plean den phleanáil chomhtháite an cás ar forbraíodh os a choinne é. Beidh na cásanna díorthaithe ó anailís riosca agus beidh siad in oiriúint don éabhlóid is féidir a theacht ar an staid ag na teorainneacha seachtracha agus i réimse na himirce neamhdhleathaí agus do na dúshláin arna sainaitheint sa timthriall don bheartas straitéiseach ilbhliantúil don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip.

- (4) Tiocfaidh bord bainistíochta na Gníomhaireachta le chéile uair sa bhliain ar a laghad chun treochlár acmhainne an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh i gcomhréir le 67(6) a phlé agus a fhormheas. Nuair a bheidh an treochlár acmhainne formheasta ag an mbord bainistíochta, cuirfear in iarscríbhinn a ghabhann leis an straitéis theicniúil agus oibríochtúil dá dtagraítear in Airteagal 8(5) é.

CAIBIDIL II

Feidhmiú an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh

ROINN 1

CÚRAIMÍ NA GNÍOMHAIREACHTA EORPAÍ UM AN nGARDA TEORANN AGUS CÓSTA

Airteagal 10

Cúraimí na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta

- (1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht na cúraimí seo a leanas d'fhonn rannchuidiú le hardleibhéal éifeachtúil aonfhoirmeach rialaithe teorann agus fillte:
 1. faireachán a dhéanamh ar shreabha imirce agus anailís riosca a dhéanamh i dtaca leis na gnéithe uile a bhaineann le bainistiú comhtháite teorainneacha;
 2. faireachán a dhéanamh ar riachtanais oibríochtúla na mBallstát i ndáil le cur chun feidhme an fhillte, lena n-áirítear sonraí oibríochtúla a bhailiú;
 3. measúnú leochaileachta a dhéanamh, lena n-áirítear an measúnú ar chumas agus ar ullmhacht na mBallstát aghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus ar dhúshláin ag na teorainneacha seachtracha;
 4. faireachán a dhéanamh ar bhainistiú na dteorainneacha seachtracha trí oifigigh idirchaidrimh na Gníomhaireachta sna Ballstáit;
 5. tacú le forbairt agus oibriú chreat EUROSUR;
 6. cúnamh a thabhairt do Bhallstáit in imthosca ina n-éilítear cúnamh méadaithe teicniúil agus oibríochtúil ag na teorainneacha seachtracha trí oibríochtaí comhpháirteacha a chomhordú agus a eagrú, agus aird á tabhairt ar an bhfioras go bhféadfadh cásanna éigeandála daonnúla agus tarrtháil ar muir a bheith i gceist le staideanna áirithe i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta;
 7. cúnamh a thabhairt do Bhallstáit in imthosca ina n-éilítear cúnamh méadaithe teicniúil agus oibríochtúil ag na teorainneacha seachtracha, trí mhear-idirghabhálacha teorann a lainseáil ag teorainneacha seachtracha na mBallstát sin a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar dhúshláin shonracha agus dhíríreacha, agus aird á tabhairt ar an bhfioras go bhféadfadh cásanna éigeandála daonnúla agus tarrtháil ar muir a bheith i gceist le staideanna áirithe, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta;
 8. cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a sholáthar do Bhallstáit agus do thríú tíortha i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 656/2014 agus leis an dlí idirnáisiúnta, chun tacú le hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála do dhaoine atá i nguais ar muir agus a d'fhéadfadh tarlú le linn oibríochtaí faireachais teorainneacha ar muir;
 9. buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh faoi chuimsiú foirne bainistithe teorann, foirne tacaíochta don bhainistiú imirce agus foirne um fhilleadh le linn oibríochtaí comhpháirteacha agus mear-idirghabhálacha teorann, oibríochtaí um fhilleadh agus idirghabhálacha um fhilleadh;
 10. comhthiomsú de threalamh teicniúil a bhunú, lena n-áirítear comhthiomsú de threalamh mearfhreagartha, atá le húsáid le linn oibríochtaí comhpháirteacha, mear-idirghabhálacha teorann agus faoi chuimsiú na bhfoirne tacaíochta don bhainistiú

imirce, agus le linn oibríochtaí um fhilleadh agus idirghabhálacha um fhilleadh freisin;

11. a hacmhainní daonna agus teicniúla féin a fhorbairt agus a bhainistiú chun cur le buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus leis an gcomhthiomsú de threalamh teicniúil, lena n-áirítear earcú agus oiliúint na mball dá foireann a ghníomhóidh mar bhaill foirne;
12. faoi chuimsiú na bhfoirne tacaíochta don bhainistiú imirce sna teophointí nó in ionaid rialaithe;
13. baill foirne oibríochtúla agus trealamh teicniúil a imscaradh chun cúnamh a sholáthar le scagadh, le faisnéisiú, le sainaitheint agus le tógáil méarlorg;
14. nós imeachta a bhunú maidir le faisnéis tosaigh a tharchur chuig daoine atá i ngá cosanta idirnáisiúnta nó ar mian leo iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta agus maidir le faisnéis tosaigh a sholáthar dóibh, i gcomhar le [Gníomhaireacht Tearmainn an Aontais Eorpaigh] agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta;
15. cúnamh a thabhairt le gach céim de phróiseas an fhilleadh agus le comhordú agus eagrú oibríochtaí um fhilleadh, chomh maith le hidirghabhálacha um fhilleadh;
16. cúnamh a thabhairt do na Ballstáit in imthosca ina n-éilítear cúnamh teicniúil agus oibríochtúil méadaithe maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide imircigh neamhrialta a chur ar ais, lena n-áirítear trí oibríochtaí um fhilleadh a chomhordú nó a eagrú;
17. díorma lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach a chur ar bun;
18. foirne um fhilleadh a imscaradh le linn idirghabhálacha um fhilleadh;
19. de réir shainorduithe faoi seach na ngníomhaireachtaí lena mbaineann, comhoibriú le Europol agus le Eurojust agus tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit in imthosca ina n-éilítear cúnamh méadaithe teicniúil agus oibríochtúil ag na teorainneacha seachtracha sa chomhrac in aghaidh na coireachta agus na sceimhlitheoireachta eagraithe trasteorann;
20. comhoibriú le Gníomhaireacht Tearmainn an Aontais Eorpaigh go háirithe chun bearta a éascú i gcásanna ina bhfuil náisiúnaigh tríú tír, ar diúltaíodh a n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta le cinneadh deiridh, le cur ar ais;
21. comhoibriú leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, laistigh dá sainorduithe ar leith, chun tacú leis na húdaráis náisiúnta a dhéanann na feidhmeanna garda cósta a leagtar amach in Airteagal 70, trí sheirbhísí, faisnéis, trealamh agus oiliúint a sholáthar, agus trí oibríochtaí ilchuspóireacha a chomhordú chomh maith;
22. comhoibriú le tríú tíortha sna réimsí a chumhdaíonn an Rialachán, lena n-áirítear imscaradh oibríochtúil féideartha foirne bainistithe teorann agus foirne um fhilleadh i dtríú tíortha;
23. tacú le tríú tíortha maidir le comhordú nó eagrú gníomhaíochtaí um fhilleadh ar thríú tíortha, lena n-áirítear sonraí pearsanta a roinnt chun críocha an fhilleadh;
24. cúnamh a thabhairt do Bhallstáit agus do thríú tíortha i gcomhthéacs an chomhair theicniúil agus oibríochtúil eatarthu sna hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo;

25. cúnamh a thabhairt do Bhallstáit agus do thríú tíortha oiliúint a chur ar ghardaí teorann náisiúnta, ar bhaill foirne ábhartha eile agus ar shaineolaithe maidir le filleadh, lena n-áirítear caighdeán oiliúna choiteanna a bhunú;
26. a bheith rannpháirteach i bhforbairt agus bainistiú gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta is ábhartha do rialú agus faireachas ar na teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear úsáid ardteicneolaíochta faireachais, agus treoirthionscadail a fhorbairt maidir le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo;
27. tacú le forbairt caighdeán teicniúil trealamh i réimse an rialaithe teorann agus an fhillte lena n-áirítear idirnascadh córas agus líonraí;
28. an líonra cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 14 a bhunú agus a choimeád ar bun;
29. i gcomhréir le [Rialachán (CE) Uimh. 45/2001], córais faisnéise a fhorbairt agus a oibriú le go mbeifear in ann malartuithe tapa agus iontaofa faisnéise a dhéanamh maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn i dtaca le bainistiú na dteorainneacha seachtracha, inimirce neamhdhleathach agus filleadh, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus le Gréasán Imirce na hEorpa arna bhunú le Cinneadh 2008/381/CE;
30. de réir mar is iomchuí, an cúnamh is gá a thabhairt chun timpeallacht choiteann chomhroinnte faisnéise a fhorbairt, lena n-áirítear idir-inoibritheacht córas;
31. an córas do Dhoiciméid Bhréige agus Doiciméid Bharántúla ar Líne dá dtagraítear in Airteagal 80 a bhainistiú agus a oibriú;
32. na cúraimí agus na hoibleagáidí atá ar an nGníomhaireacht a chomhlíonadh dá dtagraítear i [an Rialachán lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)] agus a áirithiú go gcuirfear ar bun agus go bhfeidhmeoidh Aonad Láir ETIAS i gcomhréir le hAirteagal 7 de [Rialachán lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)].
- (2) Déanfaidh an Ghníomhaireacht cumarsáid ar a tionscnamh féin maidir le hábhair a thagann faoina sainordú. Déanfaidh sí faisnéis bheacht agus chuimsitheach maidir lena cuid gníomhaíochtaí a sholáthar don phobal.

Ní bheidh gníomhaíochtaí cumarsáide díobhálach do na cúraimí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, go háirithe trí fhaisnéis oibríochtúil a nochtadh arb é an toradh a bheadh ar an bhfaisnéis sin a bheith ar fáil go poiblí go gcuirfí gnóthú chuspóir na n-oibríochtaí i mbaol. Déanfar gníomhaíochtaí cumarsáide gan dochar d'Airteagal 91 agus i gcomhréir le pleananna ábhartha cumarsáide agus scaipthe arna nglacadh ag an mbord bainistíochta agus i ndlúthchomhar, más iomchuí, le gníomhaireachtaí eile.

ROINN 2

MALARTÚ FAISNÉISE AGUS COMHAR

Airteagal 11

Dualgas maidir le comhoibriú de mheon macánta

An Ghníomhaireacht agus na húdaráis náisiúnta atá freagrach as bainistiú teorainneacha agus as filleadh, lena n-áirítear gardaí cósta sa mhéid go ndéanann siad cúraimí rialaithe teorann, beidh siad faoi réir dualgas maidir le comhoibriú de mheon macánta agus oibleagáid maidir le malartú faisnéise.

Airteagal 12

Oibleagáid maidir le malartú faisnéise

1. Chun na cúraimí a chuirtear orthu faoin Rialachán seo a chur i gcrích, go háirithe chun gur féidir leis an nGníomhaireacht faireachán a dhéanamh ar na sreabha imirce chun an Aontais agus laistigh den Aontas, agus chun gur féidir léi anailís riosca agus an measúnú leochaileachta a dhéanamh, agus chun gur féidir léi cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a thabhairt i réimse an fhilleadh, déanfaidh an Gníomhaireacht agus na húdaráis náisiúnta atá freagrach as bainistiú teorainneacha agus as filleadh, lena n-áirítear gardaí cósta a mhéid is a dhéanann siad cúraimí rialaithe teorann, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le dlí ábhartha eile de chuid an Aontais agus leis an dlí náisiúnta a bhaineann le malartú faisnéise, an fhaisnéis uile atá riachtanach a chomhroinnt ar bhealach prapúil agus cruinn.
2. Déanfaidh an Gníomhaireacht na bearta iomchuí chun malartú faisnéise is ábhartha dá cúraimí leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit a éascú agus, i gcás inarb iomchuí, leis na gníomhaireachtaí sin de chuid an Aontais lena mbaineann.
3. Déanfaidh an Gníomhaireacht agus [Gníomhaireacht Tearmainn an Aontais Eorpaigh] faisnéis a mhalartú ar mhaithe le hanailís riosca, bailiú sonraí staidrimh, measúnú ar an staid i dtríú tíortha, oiliúint agus tacaíocht do Bhallstáit i ndáil le pleanáil theagmhasach. Chun na críocha sin, déanfar na huirlisí agus na struchtúir is gá a fhorbairt idir na Gníomhaireachtaí.
4. Déanfaidh an Gníomhaireacht na bearta uile is gá chun éascú a dhéanamh ar fhaisnéis is ábhartha dá cúraimí a mhalartú le hÉirinn agus leis an Ríocht Aontaithe má bhaineann an fhaisnéis sin leis na gníomhaíochtaí sin ina mbíonn sí rannpháirteach i gcomhréir le hAirteagal 71 agus le hAirteagal 98(5).

Airteagal 13

Pointe teagmhála náisiúnta

Ainmneoidh na Ballstáit pointe teagmhála náisiúnta chun cumarsáid a dhéanamh leis an nGníomhaireacht ar gach ábhar a bhaineann le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta. Beidh fáil ar an bpointe teagmhála náisiúnta an t-am ar fad agus áiritheoidh sé go scaipfear go prapúil an fhaisnéis uile ón nGníomhaireacht ar na húdaráis ábhartha uile sa Bhallstát lena mbaineann, go háirithe comhaltaí an bhoird bainistíochta agus an Lárionad Comhordúcháin Náisiúnta.

Airteagal 14Líonra cumarsáide

1. Déanfaidh an Gníomhaireacht líonra cumarsáide a bhunú agus a choimeád ar bun chun uirlisí cumarsáide agus anailíseacha a sholáthar chun a cheadú go ndéanfar faisnéis íogair neamhaicmithe agus faisnéis rúnaicmithe a mhalartú leis na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin agus eatarthu, gar d'fhíor-am agus ar bhealach slán. Beidh an líonra ag obair ceithre huair is fiche sa lá agus seacht lá na seachtaine agus déanfaidh sé an méid seo a leanas a cheadú:
 - (a) malartú déthaobhach agus ilthaobhach faisnéise gar d'fhíor-am;
 - (b) closchomhdháil agus físchomhdháil;

- (c) faisnéis íogair neamhaicmithe a láimhseáil, a stóráil, a tharchur agus a phróiseáil ar bhealach slán;
 - (d) faisnéis rúnaicmithe AE a láimhseáil, a stóráil, a tharchur agus a phróiseáil ar bhealach slán go leibhéal "CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIEL" nó go leibhéal aicmithe náisiúnta atá coibhéiseach, ag áirithiú go láimhseálfar, go stórálfar, go dtarchuirfear agus go bpróiseálfar faisnéis rúnaicmithe i gcuid ar leithligh den líonra cumarsáide a bhfuil an creidiúnú cuí aici.
2. Soláthróidh an Ghníomhaireacht tacaíocht theicniúil agus áiritheoidh sí go bhfuil an líonra cumarsáide ar fáil i gcónaí agus gur féidir leis tacú leis an gcóras cumarsáide agus faisnéise a bhainistíonn an Ghníomhaireacht.

Airteagal 15

Córais malartaithe faisnéise agus feidhmchláir a bhainistíonn an Gníomhaireacht

1. Féadfaidh an Ghníomhaireacht na bearta uile is gá a dhéanamh chun malartú faisnéise is ábhartha dá cúraimí leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit a éascú agus, i gcás inarb iomchuí, le tríú páirtithe agus le tíortha dá dtagraítear in Airteagal 69 agus in Airteagal 71.
2. Déanfaidh an Ghníomhaireacht córas faisnéise a fhorbairt, a chur in úsáid agus a fheidhmiú a bheidh in ann faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair nach bhfuil rúnaicmithe a mhalartú leis na gníomhaithe sin, agus a bheidh in ann sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 80 agus in Airteagal 87 go hAirteagal 91 a mhalartú i gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún³⁹, Cinneadh 2015/443 ón gCoimisiún⁴⁰ agus [Rialachán (CE) Uimh. 45/2001].
3. Cuirfidh an Ghníomhaireacht na córais faisnéise dá dtagraítear i mír 2 in úsáid maidir leis an Líonra Cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 14, de réir mar is iomchuí.
4. Maidir leis an bhfilleadh, déanfaidh an Ghníomhaireacht córas lárnach do bhainistiú an fhilleadh a fhorbairt agus a fheidhmiú chun an fhaisnéis uile is gá a phróiseáil le gur féidir leis an nGníomhaireacht cúnamh oibríochtúil a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 49, ar faisnéis í a chuirfidh córais náisiúnta na mBallstát ar aghaidh go huathoibríoch, lena n-áirítear sonraí oibríochtúla maidir le fillleadh.

Airteagal 16

Caighdeáin theicniúla le haghaidh malartú faisnéise

Forbróidh an Ghníomhaireacht caighdeáin theicniúla:

- (a) chun an líonra cumarsáide a idirnascadh leis na líonraí náisiúnta a úsáidtear chun an pictiúr de dhálaí náisiúnta a chur le chéile agus le córais faisnéise ábhartha eile chun críocha an Rialacháin seo;

³⁹ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

⁴⁰ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis an tSlándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

- (b) chun córais malartaithe faisnéise ábhartha agus feidhmchláir bogearraí de chuid na Gníomhaireachta agus na mBallstát a fhorbairt agus comhéadain a dhéanamh eatarthu chun críocha an Rialacháin seo;
- (c) chun na pictiúir de dhálaí a chraoladh agus, de réir mar is iomchuí, chun pictiúir shonracha de dhálaí a chraoladh agus chun cumarsáid a áirithiú idir na haonaid agus na lárionaid ábhartha de chuid na n-údarás náisiúnta agus leis na foirne arna n-imscaradh ag an nGníomhaireacht ag baint úsáid as bealaí éagsúla cumarsáide amhail cumarsáid satailíte agus líonraí raidió;
- (d) chun suíomh acmhainní dílse a thuairisciú ag baint na húsáide is fearr is féidir as forbairt theicneolaíoch an chórais loingseoireachta satailíte arna bhunú faoin gclár Galileo i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1285/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴¹.

Airteagal 17 ***Dearbhú faisnéise***

Déanfaidh na Ballstáit, trí bhíthin a lárionaid chomhordúcháin náisiúnta, an méid seo a leanas a áirithiú maidir lena n-údaráis náisiúnta, a ngníomhaireachtaí agus na comhlachtaí eile dá gcuid a úsáideann líonra cumarsáide agus córais malartaithe faisnéise na Gníomhaireachta:

- (a) go bhfuil rochtain chuí acu ar na córais agus ar na líonraí ábhartha;
- (b) go gcuireann siad chun feidhme na caighdeáin theicniúla dá dtagraítear in Airteagal 16;
- (c) go gcuireann siad i bhfeidhm rialacha slándála agus caighdeáin slándála atá coibhéiseach leis na cinn sin a chuireann an Gníomhaireacht i bhfeidhm maidir le láimhseáil faisnéise rúnaicmithe;
- (d) go ndéanann siad faisnéis íogair nach bhfuil rúnaicmithe agus faisnéis rúnaicmithe a mhalartú, a phróiseáil agus a stóráil i gcomhréir le Cinneadh 2015/443/AE ón gCoimisiún.

ROINN 3 **EUROSUR**

Airteagal 18 **EUROSUR**

Bunaítear leis an Rialachán seo EUROSUR mar chreat comhtháite le haghaidh malartú faisnéise agus comhair laistigh den Gharda Teorann agus Cósta Eorpach chun feasacht ar dhálaí a fheabhsú agus acmhainn freagartha an Aontais a mhéadú maidir le bainistiú teorainneacha chun na críche inimirce neamhdhleathach agus coireacht trasteorann a bhrath, a

⁴¹ Rialachán (AE) Uimh. 1285/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le maidir le cur chun feidhme agus saothrú córas Eorpach um loingseoireacht satailíte agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 876/2002 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 1).

chosc agus a chomhrac, chun cuidiú lena áirithiú go ndéanfar beatha inimirceach a chosaint agus a shábháil.

Airteagal 19

Raon feidhme EUROSUR

- (1) Beidh feidhm ag EUROSUR maidir le seiceálacha teorann ag pointe trasnaithe teorann atá údaraithe, agus maidir leis an bhfaireachas ar theorainneacha seachtracha talún, aeir agus mara, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar dhaoine a thrasnaíonn na teorainneacha gan údarú agus iad a bhrath, a shainaithint, a rianú, a chosc agus a ghabháil, chun inimirce neamhdhleathach agus coireacht trasteorann a bhrath, a chosc agus a chomhrac agus chun cuidiú lena áirithiú go ndéanfar beatha inimirceach a chosaint agus a shábháil.
- (2) Ní bheidh feidhm ag EUROSUR maidir le haon bheart dlíthiúil nó riaracháin a ghlacfar tar éis do na húdaráis fhreagracha de chuid an Bhallstáit cur isteach ar ghníomhaíochtaí coiriúla trasteorann nó ar thrasnú neamhúdaráithe na dtéorainneacha seachtracha ag daoine.

Airteagal 20

Comhchodanna EUROSUR

- (1) Chun faisnéis a mhalartú agus ar mhaithe le comhar i réimse an rialaithe teorann, bainfidh na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht úsáid as creat EUROSUR, ina mbeidh na comhchodanna seo a leanas:
 - (a) lárionaid náisiúnta chomhordaithe;
 - (b) pictiúir de dhálaí náisiúnta;
 - (c) pictiúr de dhálaí Eorpacha lena n-áirítear codanna de theorainn sheachtrach maille leis na leibhéil tionchair chomhfhreagracha;
 - (d) pictiúir de dhálaí sonracha;
 - (e) Seirbhísí Cumaisc EUROSUR dá dtagraítear in Airteagal 29;
 - (f) pleanáil chomhtháite i gcomhréir le hAirteagal 9 agus le hAirteagal 67.
- (2) Déanfaidh na lárionaid chomhordúcháin náisiúnta, trí bhíthin an líonra cumarsáide agus na gcóras ábhartha, faisnéis óna bpictiúir de dhálaí náisiúnta agus, de réir mar is iomchuí, ó phictiúir de dhálaí sonracha, ar faisnéis í a theastaíonn leis an bpictiúr de dhálaí Eorpacha a bhunú agus a choimeád ar bun, a sholáthar don Ghníomhaireacht.
- (3) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, trí bhíthin an líonra cumarsáide, rochtain neamhtheoranta a thabhairt do na lárionaid chomhordúcháin náisiúnta ceithre huairé is fiche sa lá agus seacht lá na seachtaine ar na pictiúr de dhálaí sonracha agus ar an bpictiúr de dhálaí Eorpacha.

Airteagal 21

Lárionad náisiúnta comhordúcháin

- (1) Déanfaidh gach Ballstát lárionad comhordúcháin náisiúnta a ainmniú, a oibriú agus a choimeád ar bun agus déanfaidh an t-ionad sin faisnéis a chomhordú agus a mhalartú idir na húdaráis a mbeidh freagrach as rialú na teorainneacha seachtracha ar an

leibhéal náisiúnta agus i gcomhar leis na lárionaid chomhordúcháin náisiúnta eile agus leis an nGníomhaireacht, agus na húdaráis ar fad, na lárionaid agus an Gníomhaireacht a chomhordú. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún maidir le bunú a lárionaid náisiúnta comhordúcháin, agus cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile agus an Gníomhaireacht ar an eolas láithreach ina leith.

- (2) Gan dochar d'Airteagal 13, agus laistigh de chreat EUROSUR, is é an lárionad náisiúnta comhordúcháin an t-aon phointe teagmhála a bheidh ann d'fhonn faisnéis a mhalartú agus d'fhonn dul i gcomhar leis na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin eile agus leis an nGníomhaireacht.
- (3) Déanfaidh an lárionad comhordúcháin náisiúnta na nithe seo a leanas:
 - (a) áiritheoidh sé malartú prapúil faisnéise idir na húdaráis náisiúnta ar fad a bheidh freagrach as rialú teorainneacha seachtracha, agus comhar prapúil eatarthu, agus idir lárionaid chomhordúcháin náisiúnta eile chomh maith agus leis an nGníomhaireacht;
 - (b) áiritheoidh sé malartú prapúil faisnéise leis na húdaráis chuardaigh agus tarrthála, le húdaráis forfheidhmithe dlí, agus leis na húdaráis inimirce agus tearmainn agus bainisteoidh sé scaipeadh faisnéise ábhartha ar an leibhéal náisiúnta;
 - (c) cuideoidh sé le bainistíocht éifeachtach éifeachtúil acmhainní agus pearsanra;
 - (d) déanfaidh sé an pictiúr de dhálaí náisiúnta a bhunú agus a choinneáil chun dáta i gcomhréir le hAirteagal 26;
 - (e) tacóidh sé le pleanáil agus le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí náisiúnta maidir le rialú teorann, agus comhordóidh sé an méid sin;
 - (f) comhordóidh sé an córas náisiúnta um rialú teorann, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;
 - (g) cuideoidh sé le tomhas tráthrialta éifeachtaí na ngníomhaíochtaí náisiúnta maidir le rialú teorann chun críocha an Rialacháin seo;
 - (h) déanfaidh sé bearta oibríochtúla a chomhordú le Ballstáit eile agus le tríú tíortha, gan dochar d'inniúlachtaí na Gníomhaireachta agus na mBallstát eile;
 - (i) malartóidh sé faisnéis ábhartha leis na hoifigigh idirchaidrimh inimirce náisiúnta nuair is gníomhach dó, d'fhonn cur leis an bpictiúr de dhálaí Eorpacha agus tacú le hoibríochtaí rialaithe teorann;
 - (j) comhordóidh sé an rochtain agus an tslándáil don úsáideoir i gcás na gcóras faisnéise náisiúnta agus chórais faisnéise na Gníomhaireachta.
- (4) Feidhmeoidh an t-ionad comhordúcháin náisiúnta ceithre huair is fiche sa lá agus seacht lá na seachtaine.

Airteagal 22

Tascanna a shannadh d'údaráis eile sna Ballstáit

- (1) Féadfaidh na Ballstáit freagracht a chur ar údaráis réigiúnacha, údaráis áitiúla, údaráis fheidhmeacha, nó ar údaráis eile, a bhfuil an seasamh acu chun cinntí oibríochtúla a dhéanamh, agus a mbeidh freagrach as feasacht ar dhálaí agus acmhainn freagartha a áirithiú ina réimsí inniúlachta faoi seach, lena n-áirítear na tascanna agus na hinniúlachtaí dá dtagraítear i bpointe (c), i bpointe (e) agus i bpointe (f) d'Airteagal 21(3).
- (2) Ní dhéanfaidh cinneadh na mBallstát cúraimí a leithroinnt i gcomhréir le hAirteagal 1 difear don lárionad náisiúnta comhordúcháin i dtaca lena chumas dul i gcomhar le lárionad náisiúnta chomhordúcháin eile agus leis an nGníomhaireacht, agus faisnéis a mhalartú leo.
- (3) I gcásanna réamhshainithe de réir mar a chinnfear iad ar an leibhéal náisiúnta, féadfaidh an lárionad náisiúnta comhordúcháin údarás dá dtagraítear i mír 1 a údarú chun cumarsáid a dhéanamh agus faisnéis a mhalartú leis na húdaráis réigiúnacha nó le lárionad náisiúnta comhordúcháin Ballstáit eile nó le húdaráis inniúla tríú tír ar choinníoll go gcoinneoidh na húdaráis sin a lárionad náisiúnta comhordúcháin féin ar an eolas go tráthrialta faoin gcumarsáid agus faoin mhalartú faisnéise sin.

Airteagal 23

Lámhleabhar EUROSUR

- (1) Déanfaidh an Coimisiún, le cúnaimh Coiste i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) agus i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht agus le haon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht ábhartha eile de chuid an Aontais, lámhleabhar praiticiúil a ghlacadh agus a chur ar fáil le haghaidh chur chun feidhme agus bhainistiú EUROSUR (an 'Lámhleabhar'). Soláthrófar treoirlínte teicniúla agus oibríochtúla, moltaí agus dea-chleachtais, lena n-áirítear maidir le comhar le tríú tíortha, sa Lámhleabhar. Glacfaidh an Coimisiún an Lámhleabhar i bhfoirm molta.
- (2) Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis an nGníomhaireacht, codanna den Lámhleabhar a aicmiú mar fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED i gcomhlíonadh na rialacha a leagtar síos i Rialachán Nós Imeachta an Choimisiúin.

Airteagal 24

Faireachán ar EUROSUR

- (1) Áiritheoidh an Gníomhaireacht agus na Ballstáit go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú teicniúil agus oibríochtúil EUROSUR os coinne na gcuspóirí feasacht leordhóthanach ar dhálaí agus acmhainn freagartha ag na teorainneacha seachtracha a bhaint amach.
- (2) Déanfaidh an Gníomhaireacht faireachán leanúnach ar cháilíocht na seirbhíse a chuireann an líonra cumarsáide ar fáil agus ar cháilíocht na sonraí a chomhroinntear trí phictiúr de dhálaí EUROSUR.
- (3) Cuirfidh an Gníomhaireacht an fhaisnéis rialaithe cáilíochta chuig na húsáideoirí ábhartha mar chuid de Sheirbhísí Cumaisc EUROSUR. Beidh an fhaisnéis sin aicmithe RESTREINT UE/EU RESTRICTED

ROINN 4

FEASACHT AR DHÁLAÍ

Airteagal 25

Pictiúir de dhálaí

- (1) Déanfar na pictiúir de dhálaí náisiúnta, an pictiúr de dhálaí Eorpacha agus na pictiúir de dhálaí sonracha a sholáthar trí fhaisnéis a chnuasach, meastóireacht a dhéanamh uirthi, í a chomhthiomsú, a anailísiú, a léirmhíniú, a ghineadh, a léirshamlú agus a scaipeadh.

Beidh sna pictiúir de dhálaí dá dtagraítear i mír 1 na sraitheanna seo a leanas:

- (a) sraith tarluithe a chuimseoidh na tarluithe uile a bhaineann le trasnú neamhúdaraíthe teorann, coireacht trasteorann, agus brath gluaiseachtaí tánaisteacha neamhúdaraíthe;
 - (b) sraith oibríochtaí ina mbeidh faisnéis faoi oibríochtaí lena n-áirítear an plean imscartha, an limistéar oibríochta, na sceidil phatróil agus na cóid chumarsáide agus suíomh, am, stádas agus cineál na n-acmhainní rannpháirteacha de réir an phlean oibríochtúil;
 - (c) sraith anailíse ina mbeidh faisnéis anailísithe is ábhartha do chuspóirí an Rialacháin seo agus, go háirithe, do shannadh na leibhéal tionchair ar na codanna de theorainn sheachtrach lena n-áirítear íomhánna agus geoshonraí, príomhfhorbairtí agus príomhtháscairí, tuarascálacha anailíseacha, agus faisnéis thacaíochta ábhartha eile.
- (2) A bhuí leis na pictiúir de dhálaí dá dtagraítear i mír 1, beifear in ann tarluithe agus oibríochtaí, agus an anailís chomhfhreagrach, a shainaithint agus a rianú i ndáil le cásanna ina bhfuil beatha daoine i mbaol.
- (3) Sraitheanna na dtarluithe, na n-oibríochtaí agus na hanailíse de na pictiúir de dhálaí dá dtagraítear i mír 1, beidh siad struchtúrtha ar an dóigh chéanna.
- (4) Mionsonraí na sraitheanna faisnéise de na pictiúir de dhálaí agus na rialacha maidir le bunú na bpictiúr de dhálaí sonracha, leagfar síos iad i ngníomh cur chun feidhme a ghlacfaidh an Coimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 117(3).

Sonrófar sa ghníomh cur chun feidhme an cineál faisnéise atá le soláthar, na heintitis atá freagrach as faisnéis shonrach a bhailiú, a phróiseáil, a chartlannú agus a tharchur, na hachair is faide le tuairisc a thabhairt, na rialacha maidir le slándáil sonraí agus cosaint sonraí agus na sásraí rialaithe cáilíochta gaolmhara.

Airteagal 26

Pictiúr de dhálaí náisiúnta

- (1) Déanfaidh an t-ionad comhordúcháin náisiúnta pictiúr de dhálaí náisiúnta a bhunú agus a choinneáil chun dáta chun faisnéis éifeachtach chruinn phrapúil a sholáthar do na húdaráis uile a bhfuil cúraimí rialaithe teorann orthu.

- (2) Faisnéis a bhaileofar ó na foinsí seo a leanas a bheidh sa phictiúr de na dhálaí náisiúnta:
- (a) an córas náisiúnta um fhaireachas teorainneacha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;
 - (b) braiteoirí seasta agus soghluaiste a oibreoidh údaráis náisiúnta a bheidh freagrach as faireachas teorainneacha seachtracha;
 - (c) patróil a dhéanfaidh faireachas teorainneacha agus misin eile faireacháin;
 - (d) lárionaid áitiúla agus réigiúnacha chomhordúcháin, agus lárionaid chomordúcháin eile;
 - (e) údaráis agus córais ábhartha náisiúnta eile, lena n-áirítear oifigigh idirchaidrimh imirce, lárionaid oibríochtúla agus pointí teagmhála;
 - (f) seiceálacha teorann;
 - (g) an Ghníomhaireacht;
 - (h) lárionaid chomhordúcháin náisiúnta i mBallstáit eile;
 - (i) údaráis tríú tíortha, ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha agus líonraí réigiúnacha dá dtagraítear in Airteagal 75
 - (j) córais tuairiscithe long i gcomhréir lena mbunúis dlí faoi seach;
 - (k) eagraíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta ábhartha eile;
 - (l) foinsí eile.
- (3) Sannfaidh an lárionad chomhordúcháin náisiúnta leibhéal tionchair táscach amháin do gach teagmhas i sraith na dtarluithe den phictiúr de dhálaí náisiúnta, ó leibhéal tionchair "íseal" agus "meánach" go "ard" agus "géibheannach". Roinnfear gach teagmhas leis an nGníomhaireacht.
- (4) Féadfaidh an lárionad chomhordúcháin náisiúnta cinneadh a dhéanamh, ar iarratas ón údarás náisiúnta atá freagrach, srian a chur leis an rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le hacmhainní míleata, ar bhonn riachtanas eolais.
- (5) Déanfaidh lárionaid chomhordúcháin náisiúnta na mBallstát comharsanachta pictiúr de dhálaí na gcodanna den teorainn sheachtrach chomharsanachta, lena n-áirítear suíomh, stádas agus cineál na n-acmhainní dílse atá ag feidhmiú sna codanna comharsanachta den teorainn sheachtrach, a roinnt go díreach agus gar d'fhíor-am.

Airteagal 27

Pictiúr de Dhálaí Eorpacha

- (1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht pictiúr de dhálaí Eorpacha a bhunú agus a choinneáil chun dáta chun faisnéis agus anailís atá éifeachtach, beacht agus prapúil a sholáthar do na lárionaid chomhordúcháin náisiúnta agus don Choimisiún maidir leis na teorainneacha seachtracha, an limistéar réamhtheorann agus gluaiseachtaí tánaisteacha neamhúdaráithe.
- (2) Faisnéis arna bailiú ó na foinsí seo a leanas a bheidh sa phictiúr de dhálaí Eorpacha:

- (a) lárionaid chomhordúcháin náisiúnta, agus pictiúir de dhálaí náisiúnta, a mhéid agus a cheanglaítear sin faoin Airteagal seo, agus faisnéis agus tuarascálacha a gheofar ó oifigigh idirchaidrimh inimirce;
 - (b) an Ghníomhaireacht, faisnéis agus tuarascálacha arna soláthar ag oifigigh idirchaidrimh na Gníomhaireachta i gcomhréir le hAirteagal 32 agus le hAirteagal 77;
 - (c) Toscaireacht agus misin de chuid an Aontais agus oibríochtaí de chuid an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta;
 - (d) comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail dá dtagraítear in Airteagal 69;
 - (e) údarais tríú tíortha, ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha agus líonraí réigiúnacha dá dtagraítear in Airteagal 73, agus socruithe oibre dá dtagraítear in Airteagal 74(1);
 - (f) foinsí eile.
- (3) Beidh san áireamh i sraith na dtarluithe den phictiúr de dhálaí Eorpacha faisnéis faoin méid seo a leanas:
- (a) teagmhais agus tarluithe eile a bheidh i sraith na dtarluithe den phictiúr de dhálaí náisiúnta;
 - (b) teagmhais agus tarluithe eile a bheidh sa phictiúr coiteann d'fhaisnéis réamhtheorann;
 - (c) teagmhais i limistéar oibríochtúil oibríochta comhpháirtí, nó idirghabháil mhear arna comhordú ag an ngníomhaireacht, nó ag teophointe nó in ionad rialaithe.
- (4) Sraith na n-oibríochtaí den phictiúr de dhálaí Eorpacha, beidh faisnéis inti faoi na hoibríochtaí comhpháirteacha, agus na mear-idirghabhálacha a chomhordóidh an Ghníomhaireacht agus faoi theophointí agus ionaid rialaithe, lena n-áirítear ráiteas, suíomh, stádas agus fad an mhisin, faisnéis faoi na Ballstáit agus faoi na gníomhaithe eile atá rannpháirteach ann, tuarascálacha laethúla agus seachtainiúla faoi na dálaí atá ann, sonraí staitistiúla agus pacáistí faisnéise do na meáin.
- (5) Féadfar an fhaisnéis faoi acmhainní dílse sraith na n-oibríochtaí den phictiúr de dhálaí Eorpacha a aicmiú mar fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED de réir mar is iomchuí.
- (6) Sa phictiúr de dhálaí Eorpacha, cuirfidh an Ghníomhaireacht san áireamh an leibhéal tionchair a shann an lárionad comhordúcháin náisiúnta do theagmhas ar leith sa phictiúr de dhálaí náisiúnta agus i gcás aon teagmhas sa limistéar réamhtheorann, sannfaidh an Ghníomhaireacht aon leibhéal táscach tionchair amháin agus cuirfidh sí na lárionaid chomhordúcháin náisiúnta ar an eolas faoi.

Airteagal 28

Pictiúir de dhálaí sonracha

- (1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht agus na Ballstáit pictiúir de dhálaí sonracha a bhunú agus a choinneáil chun dáta chun tacú le gníomhaíochtaí oibríochtúla sonracha ag na teorainneacha seachtracha nó chun faisnéis a roinnt le tríú páirtithe dá dtagraítear in Airteagal 69 nó le tríú tíortha dá bhforáiltear in Airteagal 76 nó le tríú páirtithe agus le tríú tíortha araon.
- (2) Beidh na pictiúir de dhálaí sonracha comhdhéanta d'fhoshraith d'fhaisnéis ó na pictiúir de dhálaí náisiúnta agus Eorpacha.
- (3) Na rialacha mionsonraithe maidir leis na pictiúir de dhálaí sonracha a roinnt, beidh tuairisc orthu sa phlean oibríochtúil do na gníomhaíochtaí oibríochtúla lena mbaineann agus sa chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach tráth a bhunófar an pictiúr de dhálaí sonracha faoi chuimsiú comhar déthaobhach nó iltaobhach le tríú tíortha.

Airteagal 29

Seirbhísí Cumaisc EUROSUR

- (1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht comhordú ar Sheirbhísí Cumaisc EUROSUR chun faisnéis faoi na teorainneacha seachtracha agus faoin limistéar réamhtheorann a sholáthar do na lárionaid chomhordúcháin náisiúnta, don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht féin ar bhonn tráthrialta, iontaofa agus costéifeachtúil.
- (2) Déanfaidh an Ghníomhaireacht faisnéis a chur ar fáil do lárionad náisiúnta comhordúcháin, arna iarraidh sin dó, faoi theorainneacha seachtracha an Bhallstáit is iarrthóir agus faoin limistéar réamhtheorann, ar faisnéis í a fhéadfar a dhíorthú ón méid seo a leanas:
 - (a) faireachán roghnaíoch ar chalafoirt agus ar chóstaí tríú tíortha ainmnithe a sainaitníodh, ar bhonn anailíse riosca agus faisnéise, mar phointí bordála nó mar phointí idirthurais do shoithí agus d'árthaí eile a úsáidtear d'inimirce neamhdhleathach nó do choireacht trasteorann;
 - (b) rianú soitheach nó ártach eile ar mórmhuir ar soithí nó árthaí iad a mbeidh amhras faoina n-úsáid nó ar aithníodh a n-úsáid d'inimirce neamhdhleathach nó do choireacht trasteorann;
 - (c) faireachán ar limistéir ainmnithe sa réimse muirí d'fhonn soithí agus árthaí eile a bhfuil á n-úsáid nó a mbeidh amhras faoina n-úsáid d'inimirce neamhdhleathach nó do choireacht trasteorann a bhrath, a shainaithint agus a rianú;
 - (d) measúnú comhshaoil ar limistéir ainmnithe sa réimse muirí agus ag na teorainneacha seachtracha talún agus aeir chun gníomhaíochtaí faireacháin agus patróil a bharrfheabhsú;
 - (e) faireachán roghnaíoch ar limistéir ainmnithe réamhtheorann ag na teorainneacha seachtracha, ar limistéir iad a sainaitníodh ar bhonn anailíse riosca agus faisnéise mar limistéir ionchasacha imeachta nó idirthurais d'inimirce neamhdhleathach nó do choireacht trasteorann;

- (f) faireachán ar shreabha imirce i dtreo an Aontais agus laistigh de;
 - (g) faireachán ar na meáin, faisnéis foinse oscailte agus anailís ar ghníomhaíochtaí idirlín i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴² maidir le cosc a chur leis an inimirce neamhdhleathach nó leis an gcoireacht trasteorann;
 - (h) anailís ar chórais faisnéise mhórscála chun athruithe ar bhealaí agus ar mhodhanna na hinimirce neamhdhleathaí agus na coireachta trasteorann a bhrath.
- (3) Féadfaidh an Ghníomhaireacht diúltú d'iarraidh ó lárionad náisiúnta comhordúcháin ar chúiseanna teicniúla, airgeadais nó oibríochtúla. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra don ionad náisiúnta comhordúcháin in am cuí ina mbeidh na cúiseanna le diúltú den sórt sin.
- (4) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, ar a thionscnamh féin, na huirlisí faireachais dá dtagraítear i mír 2 a úsáid chun an fhaisnéis faoin limistéar réamhtheorann a bhailiú is ábhartha le haghaidh an phictiúir de dhálaí Eorpacha.

ROINN 5 ***ANAILÍS RIOSCA***

Airteagal 30

Anailís riosca

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar shreabha imirce chun an Aontais agus laistigh den Aontas, ar threochtaí agus ar dhúshláin eile is féidir a bheith ann ag teorainneacha sheachtracha an Aontais agus i ndáil leis an bhfilleadh. Chun na críche sin, bunóidh an Ghníomhaireacht, ar chinneadh ón mbord bainistíochta agus bunaithe ar thogra ón stiúrthóir feidhmiúcháin, múnla coiteann comhtháite don anailís riosca, a chuirfidh an Ghníomhaireacht agus na Ballstáit i bhfeidhm. Déanfar an múnla coiteann comhtháite don anailís riosca a thabhairt chun dáta bunaithe ar thoradh na meastóireachta ar an timthriall don bheartas straitéiseach ilbhliantúil don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip dá dtagraítear in Airteagal 8(7). Lena chois sin, déanfaidh an Ghníomhaireacht an measúnú leochaileachta i gcomhréir le hAirteagal 33 freisin.
2. Ullmhóidh an Ghníomhaireacht anailísí riosca ginearálta bliantúla, a dhéanfar a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 91, mar aon le hanailísí riosca saincheaptha le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla. Gach dhá bhliain, déanfaidh an Ghníomhaireacht anailís riosca straitéiseach don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a ullmhú agus a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, ar anailís

⁴² Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údarais inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

í a chuirfear san áireamh agus an timthriall don bheartas straitéiseach ilbhliantúil don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip á ullmhú.

3. San anailís riosca dá dtagraítear i mír 2 a ullmhóidh an Ghníomhaireacht, cuimseofar gach gné is ábhartha maidir leis an mbainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip d'fhonn sásra réamhrabhaidh a fhorbairt.
4. Déanfaidh na Ballstáit gach faisnéis is gá maidir leis an staid atá ann, treochtaí agus bagairtí a d'fhéadfadh teacht chun cinn ag na teorainneacha seachtracha agus maidir le filleadh, a sholáthar don Ghníomhaireacht. Déanfaidh na Ballstáit gach faisnéis ábhartha a sholáthar don Ghníomhaireacht go tráthrialta, nó arna iarraidh sin di, amhail sonraí staidrimh agus sonraí oibríochtúla a bhailítear i ndáil le cur i bhfeidhm acquis Schengen chomh maith le faisnéis ón tsraith anailíse den phictiúr de dhálaí náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 26.
5. Déanfar torthaí na hanailíse riosca a chur, go prapúil agus go cruinn, faoi bhráid an bhoird bainistíochta.
6. Cuirfidh na Ballstáit torthaí na hanailíse riosca san áireamh agus a gcuid oibríochtaí agus gníomhaíochtaí ag na teorainneacha seachtracha agus a ngníomhaíochtaí maidir le filleadh á bpleanáil acu.
7. Déanfaidh an Ghníomhaireacht torthaí múnla choitinn chomhtháite don anailís riosca a ionchorprú ina hobair forbartha ar lárchuraclaim choiteanna i gcomhair oiliúint gardaí teorann agus ball foirne a bhfuil baint acu le cúraimí a bhaineann le filleadh.

ROINN 6

COSC AGUS FREAGRÚLACHT

Airteagal 31

Codanna den teorainn sheachtrach a chinneadh

Chun críocha an Rialacháin seo, roinnfidh gach Ballstát a theorainneacha seachtracha talún agus mara, agus a theorainneacha aeir más ábhartha, ina gcodanna teorann agus cuirfear fógra ina leith chuig an nGníomhaireacht.

Aon athrú a dhéanfaidh an Ballstát ar na codanna teorann, déanfar é a chomhordú leis an nGníomhaireacht chun leanúnachas na hanailíse riosca ag an nGníomhaireacht a áirithiú.

Airteagal 32

Oifigigh idirchaidrimh na Gníomhaireachta sna Ballstáit

1. Trí oifigigh idirchaidrimh na Gníomhaireachta, áiritheoidh an Ghníomhaireacht go ndéanfar faireachán rialta ar an mbainistiú a dhéanann na Ballstáit uile ar na teorainneacha seachtracha agus ar an bhfilleadh.
Féadfaidh an Ghníomhaireacht a chinneadh go gclúdódh oifigeach idirchaidrimh suas le ceithre Bhallstát atá in aice lena chéile go geografach.
2. Ceapfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin saineolaithe ó fhoireann reachtúil na Gníomhaireachta atá le himscaradh mar oifigigh idirchaidrimh. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin, ar bhonn anailís riosca agus i gcomhairle leis na Ballstáit lena mbaineann, togra maidir le cineál agus téarmaí an imscartha, leis an mBallstát

nó an réigiún a bhféadfar oifigeach idirchaidrimh a imscaradh chuige agus leis na cúraimí féideartha nach gcuimsítear le mír 3. Beidh an togra ón stiúrthóir feidhmiúcháin faoi réir a fhorghníomhaíochta ag an mbord bainistíochta. Tabharfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin fógra don Bhallstát lena mbaineann i leith an cheapacháin agus cinntíonn an stiúrthóir feidhmiúcháin, in éineacht leis an mBallstát, suíomh an imscartha.

3. Gníomhóidh na hoifigigh idirchaidrimh thar ceann na Gníomhaireachta agus is é an ról a bheidh acu comhar agus idirphlé a chothú idir an Ghníomhaireacht agus na húdaráis náisiúnta atá freagrach as bainistiú teorainneacha agus as fillleadh, lena n-áirítear gardaí cósta sa mhéid go ndéanann siad cúraimí rialaithe teorann. Déanfaidh na hoifigigh idirchaidrimh, go háirithe, an méid seo a leanas:
 - (a) gníomhóidh siad mar chomhéadan idir an Ghníomhaireacht agus na húdaráis náisiúnta atá freagrach as bainistiú teorainneacha agus as fillleadh, lena n-áirítear gardaí cósta sa mhéid go ndéanann siad cúraimí rialaithe teorann;
 - (b) tacóidh siad le bailiú faisnéise a theastaíonn ón nGníomhaireacht le haghaidh faireachán a dhéanamh ar inimirce neamhdhleathach agus le haghaidh na n-anailísí riosca dá dtagraítear in Airteagal 30;
 - (c) tacóidh siad le bailiú faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33 agus a theastaíonn ón nGníomhaireacht, chun an measúnú leochaileachta a dhéanamh;
 - (d) déanfaidh siad faireachán ar na bearta a ghlacann na Ballstáit ag codanna den teorainn dár sannadh leibhéal tionchair ard nó géibheannach i gcomhréir le hAirteagal 35;
 - (e) rannchuideoidh siad le cur chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm *acquis* an Aontais a bhaineann le bainistiú na dteorainneacha seachtracha agus an fhillte, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le hurraim do chearta bunúsacha;
 - (f) i gcás inarb indéanta sin, cuideoidh siad leis na Ballstáit in ullmhú a bpleananna teagmhasacha maidir le bainistiú teorainneacha;
 - (g) éascóidh siad an chumarsáid idir an Ballstát agus an Ghníomhaireacht, comhroinnfidh siad faisnéis ábhartha ón nGníomhaireacht leis an mBallstát, lena n-áirítear faisnéis faoi oibríochtaí atá ar siúl;
 - (h) déanfaidh siad tuarascáil go tráthrialta don stiúrthóir feidhmiúcháin faoin staid ag na teorainneacha seachtracha agus faoi acmhainneacht an Bhallstáit lena mbaineann déileáil go héifeachtach leis an staid ag na teorainneacha seachtracha; déanfaidh siad tuarascáil freisin faoi fhorghníomhú oibríochtaí um fhilleadh ar thríú tíortha ábhartha;
 - (i) déanfaidh siad faireachán ar na bearta a ghlacann an Ballstát maidir le staid a éilíonn gníomhaíocht phráinneach ag na teorainneacha seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 43;
 - (j) déanfaidh siad faireachán ar na bearta arna ndéanamh ag an mBallstát maidir leis an bhfillleadh agus tacóidh siad le bailiú na faisnéise a theastaíonn ón nGníomhaireacht chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 49 a dhéanamh.
4. Má ardaíonn tuarascálacha an oifigigh idirchaidrimh dá dtagraítear i bpointe (h) de mhír 3 ábhair imní maidir le ceann amháin nó níos mó de na gnéithe is ábhartha don

Bhallstát lena mbaineann, cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an Ballstát sin ar an eolas gan mhoill.

5. Chun críocha mhír 3, déanfaidh an t-oifigeach idirchaidrimh, i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta agus Aontais maidir le slándáil agus cosaint sonraí, an méid seo a leanas:
 - (k) gheobhaidh sé faisnéis ón lárionad comhordúcháin náisiúnta agus ón bpictiúr de dhálaí náisiúnta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 26;
 - (l) beidh sé i dteagmháil rialta leis na húdaráis náisiúnta atá freagrach as an mbainistiú teorainneacha agus as an bhfillleadh, lena n-áirítear gardaí cósta a mhéid agus a dhéanann siad cúraimí rialaithe teorann, agus pointe teagmhála arna ainmniú ag an mBallstát lena mbaineann á chur ar an eolas ag an am céanna.
6. Beidh tuarascáil an oifigigh idirchaidrimh ina cuid den mheasúnú leochaileachta amhail dá dtagraítear in Airteagal 33. Déanfar an tuarascáil a tharchur chuig an mBallstát lena mbaineann.
7. Agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu, is ón nGníomhaireacht amháin a ghlacfaidh na hoifigigh idirchaidrimh teoracha.

Airteagal 33

Measúnú leochaileachta

1. Déanfaidh an Gníomhaireacht, ar chinneadh ón mbord bainistíochta bunaithe ar thogra ón stiúrthóir feidhmiúcháin, modheolaíocht choiteann maidir le measúnú leochaileachta a bhunú. Áireofar ar an modheolaíocht sin critéir oibiachtúla a bheidh mar bhunús ag an nGníomhaireacht chun an measúnú leochaileachta a dhéanamh, minicíocht measúnuithe den sórt sin, conas a dhéanfar measúnuithe leochaileachta comhleánúna agus na rialacha mionsonraithe do chóras éifeachtach le haghaidh faireachán ar chur chun feidhme na moltaí.
2. Déanfaidh an Gníomhaireacht faireachán agus measúnú ar an bhfáil atá ar threalamh teicniúil, ar chórais, ar acmhainneachtaí, ar acmhainní, ar bhonneagar agus ar fhoireann sciliúil atá oile go hiomchuí ó na Ballstáit atá riachtanach don rialú teorann mar a shainmhínítear é in Airteagal 3(1)(a). Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Gníomhaireacht measúnú ar na pleananna forbartha acmhainne dá dtagraítear in Airteagal 67(4) maidir lena fhéideartha atá siad agus maidir lena gcur chun feidhme. I gcás na pleanála a dhéanfar amach anseo, déanfaidh sí an measúnú sin mar bheart coisctheach ar bhonn anailís riosca a ullmhófar i gcomhréir le hAirteagal 30(2). Déanfaidh an Gníomhaireacht faireachán agus measúnú den sórt sin ar a laghad uair sa bhliain, mura rud é go gcinneann an stiúrthóir feidhmiúcháin a mhalairt, bunaithe ar mheasúnuithe riosca nó ar mheasúnú leochaileachta roimhe sin.
3. Gan dochar d'Airteagal 9 agus d'Airteagal 67, tabharfaidh na Ballstáit, ar iarratas ón nGníomhaireacht, faisnéis maidir le trealamh teicniúil, baill foirne agus a mhéid is indéanta é, na hacmhainní airgeadais atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta chun rialú teorann a dhéanamh. Chomh maith leis sin, arna iarraidh sin don Gníomhaireacht, tabharfaidh na Ballstáit faisnéis maidir lena bpleananna teagmhasacha i ndáil le bainistiú teorainneacha.
4. Is é is aidhm don mheasúnú leochaileachta go ndéanfaidh an Gníomhaireacht measúnú ar acmhainneacht agus ullmhacht Ballstát agaidh a thabhairt ar na dúshláin

atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear bagairtí atá ann agus a bheidh ann agus dúshláin ag na teorainneacha seachtracha; go n-aithneoidh sí iarmhairtí láithreacha a d'fhéadfadh a bheith ann ag na teorainneacha seachtracha agus iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann ina dhiaidh sin ar fheidhmiú limistéar Schengen, go háirithe i gcás na mBallstát sin a bhfuil dúshláin shonracha agus dhíríreacha orthu; agus go ndéanfaidh sí measúnú ar a gcumas cur le buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus leis an gcomhthiomsú de threalamh teicniúil, lena n-áirítear an comhthiomsú de threalamh mear-fhreagartha. Tá an measúnú sin gan dochar do shásra meastóireachta Schengen.

5. Sa mheasúnú leochaileachta, cuirfidh an Ghníomhaireacht san áireamh acmhainneacht na mBallstát gach ceann de na cúraimí bainistithe teorainneacha a dhéanamh, lena n-áirítear a n-acmhainneacht déileáil leis an gcás go bhféadfadh líon mór daoine a gcríoch a shroicheadh.
6. Cuirfear torthaí an mheasúnaithe leochaileachta faoi bhráid na mBallstát lena mbaineann. Féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann barúil a thabhairt ar an measúnú sin.
7. Nuair is gá sin agus i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin moladh ina leagfar amach na bearta riachtanacha a bheidh le glacadh ag an mBallstát lena mbaineann agus an teorainn ama faoina gcuirfear bearta den sórt sin chun feidhme. Iarrfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin ar na Ballstáit lena mbaineann na bearta is gá a dhéanamh bunaithe ar phlean gníomhaíochta a cheapfaidh an Ballstát i gcomhairle leis an stiúrthóir feidhmiúcháin.
8. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin bearta a mholadh do na Ballstáit lena mbaineann ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe leochaileachta, agus anailís riosca na Gníomhaireachta, barúlacha an Bhallstáit lena mbaineann agus torthaí shásra meastóireachta Schengen á gcur san áireamh.

Ba cheart na bearta sin a bheith dírithe ar na leochaileachtaí a sainaitníodh sa mheasúnú a dhíothú ionas go mbeidh na Ballstáit in ann méadú ar a n-ullmhacht chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn trína n-acmhainneachtaí, trealamh teicniúil, córais, acmhainní agus pleananna teagmhasacha a fheabhsú.

9. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin faireachán ar chur chun feidhme na moltaí trí bhíthin tuarascálacha tráthrialta a chuirfidh na Ballstáit isteach bunaithe ar na pleananna gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo.

I gcás riosca go mbeidh moill ar Bhallstát moladh a chur chun feidhme faoin teorainn ama atá socraithe, déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an comhalta den bhord bainistíochta ón mBallstát sin agus an Coimisiún a chur ar an eolas láithreach agus fiafróidh sé d'údaráis ábhartha an Bhallstáit sin céard is cúis leis an moill agus cuirfidh sé tacaíocht na Gníomhaireachta ar fáil dóibh d'fhonn cur chun feidhme an bhirt a éascú.

10. I gcás nach ndéanann Ballstát bearta riachtanacha an mholta a chur chun feidhme laistigh den teorainn ama dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo, déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an t-ábhar a tharchur chuig an mbord bainistíochta agus fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith. Glacfaidh an bord bainistíochta cinneadh ar thogra ón stiúrthóir feidhmiúcháin ina leagfar amach na bearta riachtanacha a

bheidh le glacadh ag an mBallstát lena mbaineann, agus an teorainn ama faoina ndéanfar bearta den sórt sin a chur chun feidhme. Beidh cinneadh an bhoird bainistíochta ina cheangal ar an mBallstát. Mura ndéanann an Ballstát na bearta a chur chun feidhme laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear sa chinneadh sin, tabharfaidh an bord bainistíochta fógra don Chomhairle agus don Choimisiún agus d'fhéadfadh sé go ndéanfaí gníomhaíocht bhreise i gcomhréir le hAirteagal 43.

11. Déanfar torthaí an mheasúnaithe leochaileachta a tharchur, i gcomhréir le hAirteagal 91, ar bhonn tráthrialta agus uair sa bhliain ar a laghad chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

Airteagal 34

Sineirgíochtaí idir an measúnú leochaileachta agus sásra meastóireachta Schengen

1. Déanfar an leas is mó is féidir a bhaint as na sineirgíochtaí idir na measúnuithe leochaileachta agus sásra meastóireachta Schengen arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 d'fhonn feabhas a chur ar an bpictiúr de dhálaí maidir le feidhmiú limistéar Schengen, rud a sheachnóidh, a mhéid is féidir, dúbailt oibre ó thaobh na mBallstát de, agus a áiritheoidh go mbainfear úsáid níos comhordaithe as na hionstraimí airgeadais ábhartha de chuid an Aontais chun tacú le bainistiú na dteorainneacha seachtracha.
2. Chun na críocha dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht na socruithe is gá ar bun chun an fhaisnéis uile a bhaineann le torthaí na measúnuithe leochaileachta agus le sásra meastóireachta Schengen i réimse an bhainistithe teorainneacha a roinnt le chéile ar dhóigh thráthrialta shlán phrapúil. Cumhdóidh an sásra malairte na tuarascálacha ar mheasúnuithe leochaileachta agus ar chuariteanna meastóireachta Schengen, moltaí a thiocfaidh astu sin, pleananna gníomhaíochta agus aon nuashonrú ar chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta a sholáthair na Ballstáit.
3. Cumhdóidh na socruithe dá dtagraítear i mír 2 torthaí shásra meastóireachta Schengen i réimse an fhillte chun a áirithiú gur lán-fheasach don Ghníomhaireacht na heasnamh arna sainaithint le go mbeidh sí in ann bearta iomchuí a mholadh chun tacú leis an mBallstát lena mbaineann.

Airteagal 35

Leibhéil tionchair a shannadh do chodanna den teorainn sheachtrach

1. Ar bhonn anailís riosca agus mheasúnú leochaileachta na Gníomhaireachta, agus i gcomhaontú leis an mBallstát lena mbaineann, sannfaidh an Ghníomhaireacht na leibhéil tionchair seo a leanas do gach ceann de na codanna de theorainn sheachtrach talún, mara agus, más ábhartha, aeir atá ag na Ballstáit nó athróidh sí na leibhéil sin:
 - (a) leibhéal tionchair íseal i gcás ina mbeidh tionchar neamhshuntasach ar shlándáil na teorann ag na teagmhais maidir le hinimirce neamhdhleathach agus coireacht trasteorann a tharlóidh ag an gcuid ábhartha den teorainn;
 - (b) leibhéal tionchair meánach i gcás ina mbeidh tionchar meánach ar shlándáil na teorann ag na teagmhais maidir le hinimirce neamhdhleathach agus coireacht trasteorann a tharlóidh ag an gcuid ábhartha den teorainn;

- (c) leibhéal tionchair ard i gcás ina mbeidh tionchar suntasach ar shlándáil na teorann ag na teagmhais maidir le hinimirce neamhdhleathach agus coireacht trasteorann a tharlóidh ag an gcuid ábhartha den teorainn;
 - (d) leibhéal tionchair géibheannach i gcás ina mbeidh tionchar cinntitheach ar shlándáil na teorann ag na teagmhais maidir le hinimirce neamhdhleathach nó coireacht trasteorann a tharlóidh ag an gcuid ábhartha den teorainn, agus sa mhéid go bhféadfadh feidhmiú Limistéar Schengen a bheith i mbaol dá ndeasca.
2. Déanfaidh an lárionad comhordúcháin a mheas go leanúnach an bhfuil gá le hathrú a dhéanamh ar an leibhéal tionchair maidir le ceann ar bith de na codanna teorann tríd an bhfaisnéis sa phictiúr de dhálaí náisiúnta a chur san áireamh, agus cuirfidh sé an Ghníomhaireacht ar an eolas dá réir sin.
 3. Déanfaidh an Ghníomhaireacht léirshamhlú ar na leibhéil tionchair a sannadh do na teorainneacha seachtracha sa phictiúr de dhálaí Eorpacha.

Airteagal 36

Freagairt a fhreagraíonn do na leibhéil tionchair

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfreagróidh na gníomhaíochtaí rialaithe teorann a dhéanfar ag na codanna den teorainn sheachtrach do na leibhéil tionchair a sannadh mar a leanas:
 - (a) i gcás ina sannfar leibhéal tionchair íseal do chuid den teorainn sheachtrach, déanfaidh na húdaráis náisiúnta atá freagrach as rialú na dteorainneacha seachtracha rialú tráthrialta a eagrú ar bhonn anailís riosca agus áiritheoidh siad go gcoinneofar leordhóthain pearsanra agus acmhainní ag an limistéar teorann ar mhaithe le rianú, sainaithint agus gabháil;
 - (b) i gcás ina sannfar leibhéal tionchair meánach do chuid de theorainn sheachtrach, áiritheoidh na húdaráis náisiúnta atá freagrach as rialú na dteorainneacha seachtracha, de bhreis ar na bearta a dhéanfar faoi phointe (a), go bhfuil bearta iomchuí rialaithe á ndéanamh ag an gcuid sin den teorainn sheachtrach. Nuair a dhéanfar na bearta rialaithe sin, cuirfear fógra dá réir sin chuig an lárionad comhordúcháin náisiúnta. Comhordóidh an lárionad náisiúnta comhordúcháin aon tacaíocht a thabharfar i gcomhréir le hAirteagal 21(3);
 - (c) i gcás ina sannfar leibhéal tionchair ard do chuid de theorainn sheachtrach, áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann, de bhreis ar na bearta a dhéanfar faoi phointe (b), tríd an lárionad comhordúcháin náisiúnta, go dtabharfar an tacaíocht is gá do na húdaráis náisiúnta a bheidh ag feidhmiú ag an gcuid sin den teorainn agus go nglacfar bearta athneartaithe rialaithe. Féadfaidh an Ballstát sin iarraidh ar an nGníomhaireacht tacaíocht a thabhairt faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 37 maidir le hoibríochtaí comhpháirteacha nó mear-idirghabhálacha teorann a thionscnamh.

- (d) i gcás ina sannfar leibhéal tionchair géibheannach do chuid de theorainn sheachtrach, tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra don Choimisiún faoi sin. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann agus an Ghníomhaireacht, de bhreis ar na bearta arna ndéanamh faoi phointe (c), an moladh arna eisiúint ag stiúrthóir feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i gcomhréir le hAirteagal 42 a chur chun feidhme.
2. Cuirfidh an lárionad comhordúcháin náisiúnta an Ghníomhaireacht ar an eolas go tráthrialta faoi na bearta arna ndéanamh ar an leibhéal náisiúnta de bhun phointe (b), phointe (c) agus phointe (d) de mhír 1.
 3. I gcás ina sannfar leibhéal tionchair meánach, ard nó géibheannach do chuid de theorainn sheachtrach atá buailte le cuid de theorainn Bhallstáit eile nó tríú tír lena bhfuil comhaontuithe nó líonraí réigiúnacha, dá dtagraítear in Airteagal 73 agus in Airteagal 74, déanfaidh an lárionad comhordúcháin náisiúnta teagmháil le lárionad comhordúcháin náisiúnta an Bhallstáit comharsanachta nó le húdarás inniúil na tíre comharsanachta agus déanfaidh sé iarracht comhordú a dhéanamh in éineacht leis an nGníomhaireacht ar na bearta trasteorann a mbeidh gá leo.
 4. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, meastóireacht ar shannadh na leibhéal tionchair agus ar na bearta comhfhreagracha a rinneadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a mheas. Cuirfidh an mheastóireacht sin leis an measúnú leochaileachta a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 33.

ROINN 7

GNÍOMHAÍOCHTAÍ A DHÉANANN AN GHNÍOMHAIREACHT AG NA TEORAINNEACHA SEACHTRACHA

Airteagal 37

Gníomhaíochtaí a dhéanann an Ghníomhaireacht ag na teorainneacha seachtracha

1. Féadfaidh Ballstát cúnamh a iarraidh ar an nGníomhaireacht chun a chuid oibleagáidí a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le rialú ag na teorainneacha seachtracha. Déanfaidh an Ghníomhaireacht bearta i gcomhréir le hAirteagal 42 agus le hAirteagal 43.
2. Eagróidh an Ghníomhaireacht an cúnamh iomchuí teicniúil agus oibríochtúil don Bhallstát óstach agus féadfaidh sí, ag gníomhú di i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí ábhartha idirnáisiúnta, lena n-áirítear prionsabal an non-refoulement, ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) oibríochtaí comhpháirteacha a chomhordú do Bhallstát amháin nó níos mó agus trealamh teicniúil agus buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh;
 - (b) mear-idirghabhálacha teorann a eagrú agus foirne Eorpacha de chuid buanchór an Gharda Teorann agus Cósta agus an trealamh teicniúil a imscaradh;

- (c) gníomhaíochtaí a chomhordú do Bhallstát amháin nó níos mó agus do thríú tír amháin nó níos mó ag na teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear oibríochtaí comhpháirteacha le tríú tíortha;
 - (d) buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh faoi chuimsiú na bhfoirne tacaíochta don bhainistiú imirce, i measc foirne eile ag teophointí nó in ionaid rialaithe, lena n-áirítear cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a thabhairt le gníomhaíochtaí um fhilleadh, más gá;
 - (e) faoi chuimsiú na n-oibríochtaí a luaitear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) den mhír seo agus i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 656/2014 agus leis an dlí idirnáisiúnta, cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a sholáthar do Bhallstáit agus do thríú tíortha, chun tacú le hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála do dhaoine atá i nguais ar muir agus a d'fhéadfadh tarlú le linn oibríochtaí faireachais teorann ar muir;
 - (f) cóireáil tosaíochta a thabhairt do Sheirbhísí Cumaisc EUROSUR.
3. Déanfaidh an Ghníomhaireacht na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2 a mhaoiniú nó a chómaoiniú óna buiséad i gcomhréir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht.
 4. Más rud é go mbíonn riachtanais airgeadais shubstaintiúla bhreise ar an nGníomhaireacht mar gheall ar staid ag na teorainneacha seachtracha, cuirfidh sí an méid sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún gan mhoill.

Airteagal 38

Oibríochtaí comhpháirteacha agus mear-idirghabhálacha teorann a thionscnamh ag na teorainneacha seachtracha

1. Féadfaidh Ballstát a iarraidh ar an nGníomhaireacht go ndéanfaidh sí oibríochtaí comhpháirteacha a lainseáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear inimirce neamhdhlíthiúil, bagairtí atá ann agus a bheidh ann ag a theorainneacha seachtracha nó an choireacht thrasteorann, nó chun cúnamh teicniúil agus oibríochtúil méadaithe a sholáthar agus a chuid oibleagáidí á gcur chun feidhme aige i dtaca leis an rialú ag na teorainneacha seachtracha.
2. Arna iarraidh sin do Bhallstát a bhfuil dúshláin shonracha agus dhíréireacha air, go háirithe i gcás ina dtagann líon mór náisiúnach tríú tír, ar náisiúnaigh iad atá ag iarraidh teacht isteach gan údarú i gcríoch an Bhallstáit sin, ar phointí na dteorainneacha seachtracha, féadfaidh an Ghníomhaireacht mear-idirghabháil teorann a dhéanamh ar feadh tréimhse ama teoranta i gcríoch an Bhallstáit óstaigh sin.
3. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin meastóireacht ar thograí ó na Ballstáit le haghaidh oibríochtaí comhpháirteacha, agus déanfaidh sé nó sí na tograí sin a fhormheas agus a chomhordú. Déanfar anailís riosca a bheidh críochnúil, iontaofa agus cothrom le dáta sula ndéanfar aon oibríochtaí comhpháirteacha nó mear-idirghabhálacha teorann, rud a chuirfidh ar chumas na Gníomhaireachta ord tosaíochta a leagan síos le haghaidh na n-oibríochtaí comhpháirteacha agus na mear-idirghabhálacha teorann atá beartaithe, agus an tionchar ar chodanna de theorainn

sheachtrach á chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 35 agus de réir na n-acmhainní atá ar fáil.

4. Féadfar cuspóirí oibríochta comhpháirtí nó mear-idirghabhála teorann a ghnóthú mar chuid d'oibríocht ilchuspóireach. D'fhéadfadh feidhmeanna garda cósta agus an choireacht thrasteorann a chosc, lena n-áirítear an comhrac in aghaidh imircigh a smuigleáil nó gáinneáil ar dhaoine, agus bainistiú imirce, lena n-áirítear sainaithint, clárú, faisnéisiú agus filleadh, a bheith i gceist le hoibríochtaí den sórt sin.

Airteagal 39

Plean oibríochtúil d'oibríochtaí comhpháirteacha

1. Mar ullmhúcháin d'oibríocht chomhpháirteach, déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin, i gcomhar leis an mBallstát óstach, liosta de threalamh teicniúil agus den fhoireann a mbeidh gá léi a tharraingt suas agus na hacmhainní atá ar fáil ag an mBallstát óstach á gcur san áireamh. Ar bhonn na n-eilimintí sin, saineoidh an Gníomhaireacht pacáiste athneartaithe theicniúil agus oibríochtúil chomh maith le gníomhaíochtaí forbartha acmhainneachta atá le háireamh sa phlean oibríochta.
2. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin plean oibríochtúil a tharraingt suas d'oibríochtaí comhpháirteacha ag na teorainneacha seachtracha. Comhaontóidh an stiúrthóir feidhmiúcháin agus an Ballstát óstach, i gcomhairle leis na Ballstáit rannpháirteacha, an plean oibríochtúil lena sonrófar gnéithe eagraíochtúla agus nós imeachta na hoibríochta comhpháirtí.
3. Beidh an plean oibríochtúil ina cheangal ar an nGníomhaireacht, ar an mBallstát óstach agus ar na Ballstáit rannpháirteacha. Cuimseoidh sé gach gné a mheastar a bheith riachtanach chun an oibríocht chomhpháirteach a chur i gcrích, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
 - (a) tuairisc ar an staid maille le *modus operandi* agus cuspóirí an imscartha, lena n-áirítear aidhm na hoibríochta;
 - (b) an fad atá tuartha don oibríocht chomhpháirteach;
 - (c) an limistéar geografach ina dtarlóidh an oibríocht chomhpháirteach;
 - (d) tuairisc ar chúraimí, ar fhreagrachtaí, lena n-áirítear i dtaca le hurraim do chearta bunúsacha, agus ar threoracha speisialta i gcomhair na bhfoirne, lena n-áirítear treoir maidir leis an gceadú bunachair shonraí atá ceadaithe agus maidir leis na harmáin seirbhíse, an armlón agus an trealamh atá ceadaithe sa Bhallstát óstach;
 - (e) comhdhéanamh na bhfoirne, mar aon le himscaradh ball foirne ábhartha eile;
 - (f) forálacha a bhaineann le ceannas agus le rialú, lena n-áirítear ainmneacha agus céimeanna ghardaí teorann an Bhallstáit óstaigh a bheidh freagrach as comhoibriú le baill na bhfoirne agus leis an nGníomhaireacht, go háirithe ainmneacha agus céimeanna na ngardaí teorann sin atá i gceannas le linn na tréimhse imscartha, agus ionad bhaill na bhfoirne sa slabhra ceannais;
 - (g) an trealamh teicniúil atá le húsáid le linn na hoibríochta comhpháirtí, lena n-áirítear ceanglais shonracha amhail coinníollacha úsáide, an criú a theastaíonn, iompar agus lóistíocht eile, agus forálacha airgeadais;

- (h) forálacha mionsonraithe maidir leis na nGníomhaireacht teagmhais a thuairisciú láithreach don bhord bainistíochta agus do na húdaráis náisiúnta ábhartha;
 - (i) scéim tuairiscithe agus meastóireachta ina bhfuil tagarmharcálacha don tuarascáil mheastóireachta, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cosaint na gceart bunúsach, agus dáta deiridh chun an tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach a thíolacadh;
 - (j) maidir le hoibríochtaí ar muir, faisnéis shonrach maidir le cur i bhfeidhm na dlínse ábhartha agus na reachtaíochta ábhartha sa limistéar geografach ina dtarlaíonn an oibríocht chomhpháirteach, lena n-áirítear tagairtí don dlí náisiúnta, don dlí idirnáisiúnta agus do dhlí an Aontais maidir le hidircheapadh, tarrtháil ar muir agus díbhordáil. Maidir leis sin, bunófar an plean oibríochtúil i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 656/2014;
 - (k) téarmaí an chomhair le tríú tíortha, le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais nó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile;
 - (l) nósanna imeachta lena dtreoraítear daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, mionaosaigh gan tionlacan agus daoine ar leochaileach a gcás, chuig na húdaráis náisiúnta inniúla chun an cúnamh iomchuí a fháil;
 - (m) nósanna imeachta lena leagtar amach sásra chun gearán in aghaidh na ndaoine uile atá páirteach in oibríocht chomhpháirteach nó i mear-idirghabháil teorann, lena n-áirítear gardaí teorann nó baill foirne ábhartha eile an Bhallstáit óstaigh agus in aghaidh bhaill na bhfoirne a fháil agus a tharchur chuig an nGníomhaireacht, ar gearáin iad ina líomhnaítear sáruithe ar chearta bunúsacha i gcomhthéacs a bpáirtíochta in oibríocht chomhpháirteach nó i mear-idirghabháil teorann;
 - (n) socruithe lóistíochta lena n-áirítear faisnéis maidir le dálaí oibre agus timpeallacht na limistéar ina bhfuil sé beartaithe an oibríochtaí chomhpháirteach a dhéanamh.
4. Aon leasuithe nó aon oiriúnuithe ar an bplean oibríochtúil, teastóidh lena n-aghaidh, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit rannpháirteacha, comhaontú an stiúrtóra feidhmiúcháin agus an Bhallstáit óstaigh araon. Cuirfidh an Gníomhaireacht cóip den phlean oibríochtúil arna leasú nó arna oiriúnú chuig na Ballstáit rannpháirteacha láithreach.

Airteagal 40

Nós imeachta chun mear-idirghabháil teorann a lainseáil

1. Má iarrann Ballstát go ndéanfaí mear-idirghabháil teorann a lainseáil, áireofar san iarraidh sin tuairisc ar an staid, na haidhmeanna féideartha agus na riachtanais a mbeifear ag dréim leo. Féadfaidh an stiúrtóir feidhmiúcháin, más gá, saineolaithe a sheoladh ón nGníomhaireacht láithreach chun an staid a mheas ag teorainneacha seachtracha an Bhallstáit lena mbaineann.

2. Cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an bord bainistíochta ar an eolas láithreach faoi iarraidh ó Bhallstát mear-idirghabháil teorann a lainseáil.
3. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarraidh ó Bhallstát, cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin i gcuntas torthaí anailísí riosca na Gníomhaireachta agus sraith anailíse an phictiúir de dhálaí Eorpacha chomh maith le toradh an mheasúnaithe leochaileachta dá dtagraítear in Airteagal 33 agus aon fhaisnéis ábhartha eile a sholáthraíonn an Ballstát lena mbaineann nó aon Bhallstát eile.
4. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin cinneadh faoin iarraidh mear-idirghabháil teorann a lainseáil laistigh de dhá lá oibre ón dáta a bhfuarthas an iarraidh. Cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an Ballstát lena mbaineann agus an bord bainistíochta ar an eolas i scríbhinn faoin gcinneadh ag an am céanna. Luafar sa chinneadh na príomhchúiseanna ar a mbeidh sé bunaithe. Déanfaidh sé nó sí a mheasúnú láithreach an féidir baill d'fhoirne a atá ar fáil a ath-imscaradh laistigh de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, go háirithe baill d'fhoirne reachtúla na Gníomhaireachta, atá i láthair i limistéir oibríochtúla eile.
5. Má chinneann an stiúrthóir feidhmiúcháin mear-idirghabháil teorann a lainseáil, déanfaidh sé nó sí foirne bainistithe teorann as buancór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh mar aon le trealamh ón gcomhthiomsú de threalamh teicniúil i gcomhréir le hAirteagal 64, agus más gá, cinnfidh sé nó sí an ndéanfar athneartú a sholáthar láithreach trí fhoireann bainistithe teorann amháin nó níos mó a sheoladh, i gcomhréir le hAirteagal 58.
6. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin i gcomhar leis an mBallstát óstach plean oibríochtúil dá dtagraítear in Airteagal 39(3) a tharraingt suas láithreach agus, in aon chás, ag tráth nach déanaí ná trí lá oibre ó dháta an chinnidh.
7. A luaithe a chomhaontaítear an plean oibríochtúil agus a thugtar do na Ballstáit é, ordóidh stiúrthóir feidhmiúcháin na baill foirne oibríochtúla atá ar fáil a imscaradh láithreach trí ath-imscaradh ó réimsí oibríochta eile nó ó dhualgais eile.
8. I gcomhthráth leis an imscaradh dá dtagraítear i mír 7, agus i gcás inar gá, chun athneartú láithreach ó fhoirne eile bainistithe teorann a áirithiú ó réimse nó ó dhualgais eile, iarrfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin ar gach Ballstát líon na ndaoine agus próifílí na bhfoirne breise a imscarfar mar bhreiseiú óna liostaí náisiúnta le haghaidh imscaradh gearrthéarmach dá dtagraítear in Airteagal 58. Soláthrófar an fhaisnéis sin i scríbhinn do na pointí teagmhála náisiúnta agus luafar inti an dáta a dtarlóidh an t-imscaradh. Soláthrófar cóip den phlean oibríochtúil dóibh chomh maith.
9. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar líon agus próifílí na mball foirne oibríochtúla a chur ar fáil láithreach don Ghníomhaireacht chun imscaradh iomlán a ráthú i gcomhréir le hAirteagal 58(5) agus (7).
10. Na chéad fhoirne bainistithe teorann a ath-imscarfar ó réimsí agus ó dhualgais eile, déanfar iad a imscaradh tráth nach déanaí ná cúig lá oibre tar éis an dáta a chomhaontófar an plean oibríochtúil idir an stiúrthóir feidhmiúcháin agus an Ballstát óstach. Nuair is gá, faoi cheann seacht lá oibre ó imscaradh na bhfoirne bainistithe teorann, déanfar foirne breise a imscaradh freisin.
11. I gcás ina mbeidh an mear-idirghabháil teorann le tarlú, déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin, i gcomhairle leis an mbord bainistíochta, na tosaíochtaí a mheas láithreach maidir leis na hoibríochtaí comhpháirteacha de chuid na Gníomhaireachta atá ar siúl agus atá beartaithe ag teorainneacha seachtracha eile d'fhonn ullmhú d'ath-

leithdháileadh féideartha acmhainní do na limistéir sin de na teorainneacha seachtracha inar mó an gá le himscaradh neartaithe.

Airteagal 41

Foireann tacaíochta don bhainistiú imirce

1. Féadfar foirne tacaíochta don bhainistiú imirce a imscaradh, ar a iarraidh sin ó Bhallstát, nó ar thionscnamh na Gníomhaireachta agus le comhaontú ón mBallstát lena mbaineann, chun athneartú teicniúil agus oibríochtúil a sholáthar don Bhallstát sin, go háirithe ag teophointí agus in ionaid rialaithe.

An Ballstát dá dtagraítear sa chéad mhír, cuirfidh sé iarratas ar athneartú ó fhoirne tacaíochta do bhainistiú imirce agus ar mheasúnú a riachtanas faoi bhráid an Choimisiúin. Bunaithe ar mheasúnú riachtanas an Bhallstáit sin, cuirfidh an Coimisiún an t-iarratas ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht, chuig [Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann], chuig Europol nó chuig gníomhaireachtaí ábhartha eile an Aontais, de réir mar is iomchuí.

2. Iarratas an Bhallstáit ar athneartú agus a mheasúnú ar a chuid riachtanas, déanfaidh gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais measúnú orthu chun, le comhordú an Choimisiúin, na bearta is gá a shainiú, ar bearta iad a chomhaontófar leis an mBallstát lena mbaineann agus lena n-áireofar trealamh teicniúil a imscaradh.
3. Is é an Coimisiún, i gcomhar leis an mBallstát óstach agus leis na gníomhaireachtaí ábhartha, a leagfaidh síos téarmaí an chomhair maidir le himscaradh na bhfoirne tacaíochta do bhainistiú imirce agus maidir le himscaradh an trealamh theicniúil chomh maith, agus is é a bheidh freagrach as comhordú ghníomhaíochtaí na bhfoirne sin.
4. Ar an athneartú teicniúil agus oibríochtúil a fhéadfaidh foirne tacaíochta do bhainistiú imirce a sholáthar, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha, tá:
 - (a) cúnamh le scagadh náisiúnac tríú tír a thagann isteach ag na teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear na náisiúnaigh tríú tír sin a shainaithint, a chlárú agus a fhaisnéisiú agus, arna iarraidh sin don Bhallstát, méarlorgaireacht a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír, seiceálacha slándála agus faisnéis a sholáthar maidir le cuspóir na nósanna imeachta sin;
 - (b) an fhaisnéis tosaigh a sholáthar do na daoine ar mian leo cur isteach ar chosaint idirnáisiúnta agus an fhaisnéis sin a tharchur chuig údaráis náisiúnta inniúla an Bhallstáit lena mbaineann nó chuig saineolaithe arna n-úsáid ag [Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann];
 - (c) cúnamh teicniúil agus oibríochtúil i bpróiseas um fhilleadh, lena n-áirítear ullmhú cinntí um fhilleadh, fáil doiciméid taistil, ullmhú agus eagrú oibríochtaí um fhilleadh, lena n-áirítear maidir le filleadh deonach;
 - (d) an trealamh teicniúil is gá.
5. Comhoibreoidh an Gníomhaireacht le [Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann] chun éascaíocht a dhéanamh ar bhearta maidir le treorú chuig an nós imeachta maidir le cosaint idirnáisiúnta agus, i gcás náisiúnaigh tríú tír ar diúltaíodh a n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta le cinneadh deiridh, treorú chuig an nós imeachta maidir le filleadh.

6. I gcás inar gá, áireofar i bhfoirne tacaíochta don bhainistiú imirce baill foirne ag a bhfuil saineolas ar chosaint leanaí, ar gháinneáil ar dhaoine, ar chosaint na gceart bunúsach agus ar chosaint in aghaidh géarleanúna ar bhonn inscne.

Airteagal 42

Na bearta atá beartaithe ag na teorainneacha seachtracha

1. Bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe leochaileachta nó nuair a shanntar tionchar géarchéimneach do cheann amháin nó níos mó de chodanna de theorainn sheachtrach agus na heilimintí ábhartha i bpleananna teagmhasacha an Bhallstáit, anailís riosca na Gníomhaireachta agus sraith anailíse an phictiúir de dhálaí náisiúnta á gcur san áireamh, molfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin don Bhallstát lena mbaineann oibríocht chomhpháirteach nó mear-idirghabhálacha teorann a thionscnamh agus a dhéanamh, nó aon bheart ábhartha eile atá á dhéanamh ag an nGníomhaireacht mar a shainítear in Airteagal 37.
2. Tabharfaidh na Ballstáit freagra do mholadh an stiúrthóra fheidhmiúcháin faoi cheann cúig lá oibre. I gcás ina dtabharfar freagra diúltach maidir leis na bearta arna moladh, tabharfaidh an Ballstát réasúnú an fhreagra sin freisin. Cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin na bearta a bheartaítear agus na réasúnú leis an bhfreagra diúltach in iúl gan mhoill don Choimisiún d'fhonn measúnú a dhéanamh maidir le cibé an mbeidh gníomhaíocht phráinneach ag teastáil i gcomhréir le hAirteagal 43.

Airteagal 43

Staid a éilíonn gníomhaíocht phráinneach ag na teorainneacha seachtracha

1. I gcás ina bhfágтар go bhfuil rialú ag na teorainneacha seachtracha chomh neamhéifeachtach sin go bhféadfaí feidhmiú limistéar Schengen a chur i mbaol ós rud é:
 - (a) nach nglacann Ballstát na bearta is gá i gcomhréir le cinneadh ón mbord bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 33(10); nó
 - (b) nár iarr Ballstát a bhfuil dúshláin shonracha agus dhíríreacha roimhe ag na teorainneacha seachtracha tacaíocht leordhóthanach ón nGníomhaireacht faoi Airteagal 38, faoi Airteagal 40, faoi Airteagal 41, ná faoi Airteagal 42 nó nach bhfuil na céimeanna is gá á ndéanamh aige chun na gníomhartha faoi na hAirteagail sin a chur chun feidhme,

féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht, cinneadh a ghlacadh gan mhoill trí bhíthin gníomh cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 117(3), lena sainaitheofar bearta a chuirfear chun feidhme chun na rioscaí sin a mhaolú, agus lena gceanglófar ar an mBallstát lena mbaineann comhoibriú leis an nGníomhaireacht i gcur chun feidhme na mbeart sin.

Ar mhórchúiseanna práinne cuí-réasúnaithe a bhaineann le feidhmiú limistéar Schengen, glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme gan mhoill i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 117(4).

2. I gcás ina bhfuil gníomhaíocht phráinneach ag teastáil, cuirfear Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi sin gan mhoill agus cuirfear ar an eolas iad faoi gach beart agus cinneadh a glacfar ina dhiaidh sin mar fhreagairt air.
3. Chun an riosca go gcuirfí limistéar Schengen i mbaol a mhaolú, déanfar foráil sa chinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 maidir le ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas, bearta a dhéanfaidh an Gníomhaireacht:
 - (a) mear-idirghabhálacha teorann a eagrú agus a chomhordú agus cór buan an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh;
 - (b) cór buan an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh faoi chuimsiú na bhfoirne tacaíochta don bhainistiú imirce go háirithe ag teophointí;
 - (c) gníomhaíochtaí a chomhordú do Bhallstát amháin nó níos mó agus do thríú tír amháin nó níos mó ag na teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear oibríochtaí comhpháirteacha le tríú tíortha;
 - (d) trealamh teicniúil a chur ar fáil;
 - (e) idirghabhálacha um fhilleadh a eagrú.
4. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin, faoi cheann dhá lá oibre ón dáta a nglacfar an cinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1,
 - (a) cinneadh faoi na gníomhartha is gá a dhéanamh chun na bearta arna sainathint sa chinneadh sin a fhorghníomhú go praiticiúil, lena n-áirítear an trealamh teicniúil agus líon na ndaoine agus próifílí na foirne oibríochtúla ábhartha eile a mbeidh gá leo chun cuspóirí an chinnidh sin a bhaint amach;
 - (b) dréachtphean oibríochtúil a chur faoi bhráid na mBallstát lena mbaineann.
5. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin agus an Ballstát lena mbaineann an plan oibríochtúil a tharraingt suas faoi cheann trí lá oibre ón dáta a gcuirfear isteach é.
6. Déanfaidh an Gníomhaireacht, gan mhoill agus in aon chás faoi cheann cúig lá oibre ó bunaíodh an plan oibríochtúil, na baill foirne oibríochtúla is gá a imscaradh ó buanchór an Gharda Cósta agus Teorann Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 55 le gur féidir na bearta a shainaithnítear sa chinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a fhorghníomhú go praiticiúil. Déanfar foirne breise a imscaradh mar is gá ag an dara céim agus in aon chás faoi cheann seacht lá oibre ón am a imscarfar na chéad fhoirne sa réimse oibríochta.
7. Déanfaidh an Gníomhaireacht, gan mhoill, agus in aon chás faoi cheann 10 lá oibre ón bplan oibríochtúil a bhunú, leas a bhaint as an trealamh teicniúil is gá chun na bearta a shainaithnítear sa chinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 a fhorghníomhú go praiticiúil.

Bainfear leas as trealamh teicniúil breise de réir mar is gá ag an dara céim i gcomhréir le hAirteagal 64.
8. Comhlíonfaidh an Ballstát lena mbaineann an cinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1. Chun na críche sin comhoibreoidh sé láithreach leis an nGníomhaireacht agus déanfaidh sé an beart is gá, go háirithe trí na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 44, in Airteagal 83 agus in Airteagal 84 a chur chun feidhme, chun cur chun feidhme an chinnidh sin agus forghníomhú praiticiúil na mbearta a leagtar amach sa chinneadh sin agus sa phlean oibríochtúil a éascú.

9. I gcomhréir le hAirteagal 58 agus, i gcás inarb ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 40, cuirfidh na Ballstáit ba baill foirne oibríochtúla ar fáil arna chinneadh ag an stiúrthóir feidhmiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 4 den Airteagal seo.

I gcás nach ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann an cinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh faoi cheann 30 lá agus nach gcomhoibreoidh sé leis an nGníomhaireacht de bhun mhír 8 den Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2019/399 a chur ar bun.

Airteagal 44

Treoracha do na foirne

1. Le linn imscaradh foirne bainistithe teorann, foirne um fhilleadh agus foirne tacaíochta don bhainistiú imirce, eiseoidh an Ballstát óstach treoracha do na foirne sin i gcomhréir leis an bplean oibríochtúil.
2. Féadfaidh an Gníomhaireacht, trína oifigeach comhordúcháin, a cuid barúlacha a chur in iúl don Bhallstát óstach faoi na treoracha a thugtar do na foirne. Sa chás sin, cuirfidh an Ballstát óstach na barúlacha sin san áireamh agus leanfaidh siad iad a mhéid is féidir.
3. Mura bhfuil na treoracha a eisítear do na foirne i gcomhréir leis an bplean oibríochtúil, tuairisceoidh an t-oifigeach comhordúcháin láithreach don stiúrthóir feidhmiúcháin, agus féadfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin, más iomchuí, gníomhú i gcomhréir le hAirteagal 47(3).
4. Déanfaidh baill na bhfoirne, le linn dóibh a gcúraimí a chomhlíonadh agus a gcumhachtaí a fheidhmiú, cearta bunúsacha a urramú go hiomlán, lena n-áirítear maidir le rochtain ar nósanna imeachta tearmainn agus dínit an duine. Beidh cibé bearta a ghlacfar i gcomhlíonadh a gcúraimí agus i bhfeidhmiú a gcumhachtaí i gcomhréir le cuspóirí na mbeart sin. Le linn dóibh a gcúraimí a chomhlíonadh agus a gcumhachtaí a fheidhmiú, ní dhéanfaidh siad idirdhealú i gcoinne daoine ar na forais seo a leanas: inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.
5. Na baill d'fhoirne nach baill foirne reachtúla de chuid na Gníomhaireachta iad, beidh siad fós faoi réir bhearta araíonachta a mBallstáit baile. Déanfaidh an Ballstát baile foráil maidir le bearta iomchuí araíonachta nó eile i gcomhréir lena dhlí náisiúnta maidir le sáruithe ar chearta bunúsacha nó le hoibleagáidí cosanta idirnáisiúnta le linn oibríocht chomhpháirteach nó mear-idirghabháil teorann.

Airteagal 45

Oifigeach Comhordúcháin

1. Áiritheoidh an Gníomhaireacht cur chun feidhme oibríochtúil gnéithe eagrúcháin uile na n-oibríochtaí comhpháirteacha, na dtreoirthionscadal nó na mear-idirghabhálacha teorann, lena n-áirítear baill foirne reachtúla de chuid na Gníomhaireachta a bheith i láthair.
2. Gan dochar d'Airteagal 60, ceapfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin saineolaí amháin nó níos mó de bhaill foirne reachtúla na Gníomhaireachta lena imscaradh mar oifigeach comhordúcháin do gach oibríocht chomhpháirteach nó mear-idirghabháil

teorann ar leith. Tabharfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin fógra don Bhallstát is ósta i leith an cheapacháin.

3. Gníomhóidh an t-oifigeach comhordúcháin thar ceann na Gníomhaireachta i ngach gné d'imscaradh na bhfoirne. Is é an ról a bheidh ag an oifigeach comhordúcháin ná an comhar agus an comhordú i measc na mBallstát óstach agus na mBallstát rannpháirteach a chothú. Déanfaidh an t-oifigeach comhordúcháin an méid seo a leanas go háirithe:
 - (a) gníomhú mar idirghabhálaí idir an Ghníomhaireacht, an Ballstát óstach agus baill d'fhoirne Eorpacha de chuid an Gharda Teorann agus Cósta, trí chuidiú a sholáthar, thar ceann na Gníomhaireachta, maidir le gach ábhar a bhaineann le coinníollacha a n-imscartha leis na foirne;
 - (b) faireachán ar chur chun feidhme ceart an phlean oibríochtúil, lena n-áirítear sa mhéid a bhaineann le cearta bunúsacha a chosaint agus tuairisciú don Ghníomhaireacht i leith sin;
 - (c) gníomhú thar ceann na Gníomhaireachta maidir le gach gné d'imscaradh a foirne agus tuairisciú don Ghníomhaireacht faoi na gnéithe sin uile;
 - (d) tuairisciú don stiúrthóir feidhmiúcháin mura bhfuil na treoracha a eisíonn na Ballstáit óstacha do na foirne i gcomhréir leis an bplan oibríochtúil, agus i gcás inarb iomchuí, a mholadh don stiúrthóir cuimhneamh ar chinneadh a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 47.
4. I gcomhthéacs oibríochtaí comhpháirteacha nó mear-idirghabhálacha teorann, féadfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin údarú don oifigeach comhordúcháin cúnamh a thabhairt le haon easaontas faoi fhorghníomhú an phlean oibríochtúil agus imscaradh na bhfoirne a réiteach.

Airteagal 46

Costais

1. Seasfaidh an Ghníomhaireacht go hiomlán na costais seo a leanas arna dtabhú ag na Ballstáit agus a mbaill foirne oibríochta eile a chur ar fáil chun chríocha iad a imscaradh ar feadh tréimhsí gairide mar bhaill d'fhoirne de chuid bhuanchóir an Gharda Cósta agus Teorann Eorpaigh:
 - (a) costais taistil ón mBallstát baile go dtí an Ballstát óstach agus ón mBallstát óstach go dtí an Ballstát baile agus laistigh den Bhallstát óstach chun críocha imscartha;
 - (b) costais a bhaineann le vacsaínithe;
 - (c) costais a bhaineann le riachtanais speisialta árachais;
 - (d) costais a bhaineann le cúram sláinte;
 - (e) liúntais chothaithe laethúla, costais chóiríochta san áireamh;
 - (f) costais a bhaineann le trealamh teicniúil na Gníomhaireachta.
2. Tar éis don Choimisiún é a fhaomhadh roimh ré, déanfaidh an bord bainistíochta rialacha mionsonraithe a leagan síos, agus a thabhairt chun dáta de réir mar is gá,

maidir le híocaíocht na gcostas a thabhoídh na baill foirne arna n-imscaradh ar feadh tréimhsí gairide i gcomhréir le hAirteagal 58. Is ar roghanna costais shimplí a bhunófar na rialacha mionsonraithe, a mhéad is féidir sin. I gcás inarb ábhartha, beidh sé d'aidhm ag an mbord bainistíochta comhsheasmhacht a áirithiú leis na rialacha is infheidhme maidir le haisíoc chostas misin na mbail foirne reachtúla.

Airteagal 47

Gníomhaíochtaí a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh

1. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin oibríochtaí na Gníomhaireachta a fhoirceannadh más rud é nach bhfuil na coinníollacha chun na gníomhaíochtaí sin a sheoladh á gcomhlíonadh a thuilleadh. Cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an Ballstát lena mbaineann ar an eolas roimh fhoirceannadh den sórt sin.
2. Na Ballstáit atá rannpháirteach in oibríocht chomhpháirteach, i mear-idirghabháil teorann nó in imscaradh foirne tacaíochta don bhainistiú imirce, féadfaidh siad a iarraidh ar an stiúrthóir feidhmiúcháin an oibríocht chomhpháirteach sin, nó an mhear-idirghabháil teorann sin nó imscaradh na foirne tacaíochta sin don bhainistiú imirce a fhoirceannadh.
3. Féadfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin, tar éis don té sin an Ballstát lena mbaineann a chur ar an eolas, maoiniú oibríochta a tharraingt siar nó a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh mura n-urramaíonn an Ballstát óstach an plean oibríochtúil.
4. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin, tar éis don té sin dul i gcomhairle leis an oifigeach um chearta bunúsacha agus an Ballstát lena mbaineann a chur ar an eolas, an maoiniú d'oibríocht chomhpháirteach, do mhear-idirghabháil teorann, do threoirthionscadal, d'imscaradh foirne tacaíochta don bhainistiú imirce, d'oibríocht um fhilleadh, d'idirghabháil um fhilleadh nó do shocrú oibre a tharraingt siar nó gníomhaíochtaí den sórt sin a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh go hiomlán nó i bpáirt má mheasann an té sin go bhfuil cearta bunúsacha nó oibleagáidí cosanta idirnáisiúnta á sárú go tromchúiseach agus gur dóchúil go leanfar den sárú sin. Cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an bord bainistíochta ar an eolas faoi chinneadh den sórt sin.
5. Má chinneann an stiúrthóir feidhmiúcháin imscaradh foirne tacaíochta don bhainistiú imirce ag an nGníomhaireacht a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, déanfaidh sé nó sí na gníomhaireachtaí ábhartha eile atá gníomhach ag an teophointe sin nó san ionad rialaithe a chur ar an eolas faoin gcinneadh sin.

Airteagal 48

Meastóireacht ar ghníomhaíochtaí

Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin meastóireacht ar thorthaí na n-oibríochtaí comhpháirteacha agus na mear-idirghabhálacha teorann, na dtreoirthionscadal, imscaradh na bhfoirne tacaíochta don bhainistiú imirce agus an chomhair oibríochtúil le tríú tíortha. Cuirfidh sé nó sí tuarascálacha meastóireachta mionsonraithe, in éineacht le barúlacha an oifigigh um chearta bunúsacha, chuig an mbord bainistíochta laistigh de 60 lá tar éis dheireadh na ngníomhaíochtaí sin. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin anailís chomparáideach chuimsitheach ar na torthaí sin d'fhonn cur le cáilíocht, comhleanúnachas agus éifeachtacht gníomhaíochtaí a bheidh ann amach anseo, agus áireoidh sé nó sí an anailís sin i dtuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil na Gníomhaireachta.

ROINN 8
Gníomhaíocht na Gníomhaireacht i Réimse an Fhille

Airteagal 49

Filleadh

1. Maidir le fillleadh, agus i gcomhréir leis an urraim do chearta bunúsacha agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus don dlí idirnáisiúnta chomh maith, lena n-áirítear cosaint dídeanaithe agus cearta leanaí, go háirithe, déanfaidh an Gníomhaireacht an méid seo a leanas:
 - (a) cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le fillleadh náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear cinntí um fhilleadh a ullmhú, náisiúnaigh tríú tír a shainaithint agus gníomhaíochtaí eile de chuid na mBallstát a dhéantar roimh an bhfillleadh nó a bhaineann leis an bhfillleadh, lena n-áirítear imeacht deonach, chun córas comhtháite do bhainistiú an fhille a chur ar bun i measc údaráis inniúla na mBallstát, córas ina mbeidh údaráis ábhartha tríú tíortha agus páirtithe leasmhara eile rannpháirteach;
 - (b) cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a chur ar fáil do na Ballstáit a bhfuil dúshlán rompu maidir le fillleadh nó brú imirce, lena n-áirítear foirne do bhainistiú imirce a imscaradh;
 - (c) múnla tagartha a fhorbairt le haghaidh córas bainistithe cásanna fillte lena ndéantar struchtúr na gcóras náisiúnta bainistithe um fhilleadh a fhorordú, chomh maith le cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a chur ar fáil do na Ballstáit le córais náisiúnta do bhainistiú an fhille a fhorbairt a bheidh i gcomhréir leis an múnla;
 - (d) córas lárnach a fhorbairt agus a oibriú agus bonneagar cumarsáide idir córais náisiúnta bainistithe um fhilleadh na mBallstát agus an córas lárnach a fhorbairt freisin, chomh maith le cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a chur ar fáil do na Ballstáit ó thaobh nasc a dhéanamh leis an struchtúr cumarsáide;
 - (e) cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a chur ar fáil do na Ballstáit le náisiúnaigh tríú tír a shainaithint agus le doiciméid thaistil a fháil, lena n-áirítear trí chomhar consalachta, gan faisnéis a nochtú a bhaineann le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta a bheith déanta; oibríochtaí um fhilleadh a eagrú agus a chomhordú agus tacaíocht a thabhairt i gcás imeachtaí deonacha, i gcomhar leis na Ballstáit;
 - (f) gníomhaíochtaí a chuireann le malartú faisnéise agus sainathint agus comhthiomsú dea-chleachtas idir na Ballstáit maidir le fillleadh a eagrú, a chur chun cinn agus a chomhordú;
 - (g) na hoibríochtaí, idirghabhálacha agus gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa Chaibidil seo a mhaoiniú nó a chómhaoiniú óna buiséad i gcomhréir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht.
2. Áireofar sa chúnamh teicniúil agus oibríochtúil dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 gníomhaíochtaí chun cuidiú le Ballstáit nósanna imeachta um fhilleadh arna ndéanamh ag na húdaráis náisiúnta inniúla a chur i gcrích, go háirithe tríd an méid seo a leanas a sholáthar:
 - (a) seirbhísí ateangaireachta;

- (b) faisnéis phraiticiúil, anailís agus moltaí maidir le tríú tíortha a mbeifear ag fillleadh orthu atá ábhartha do chur chun feidhme an Rialacháin seo, i gcomhar le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear EASO;
 - (c) comhairle maidir leis an gcúnamh teicniúil agus oibríochtúil ó thaobh nósanna imeachta um fhilleadh a chur chun feidhme agus a bhainistiú i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE, lena n-áirítear maidir le cinntí um fhilleadh a ullmhú agus doiciméid thaistil a shainaithint agus a fháil;
 - (d) comhairle agus cúnamh maidir leis na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh na fillithe ar fáil chun críocha an fhillte agus chun go gcuirfear cosc ar fhillithe éalú, i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE agus leis an dlí idirnáisiúnta.
 - (e) Trealamh, cumas agus saineolas le haghaidh cinntí um fhilleadh a chur chun feidhme agus le haghaidh náisiúnaigh tríú tíortha a shainaithint.
3. Díreoidh an Ghníomhaireacht ar shineirgíochtaí a fhorbairt agus líonraí agus cláir maidir le fillleadh a fhaigheann maoiniú ón Aontas a nascadh i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus le tacaíocht ó gheallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear Gréasán Imirce na hEorpa.
 4. Féadfaidh an Ghníomhaireacht deontais a fháil go heisiach ó chistí an Aontais atá tiomnaithe do ghníomhaíochtaí maidir le fillleadh i gcomhréir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht. Ina comhaontuithe deontais leis na Ballstáit, áiritheoidh an Ghníomhaireacht go mbeidh aon tacaíocht airgeadais coinníollach ar urraim iomlán don Chairt.

Airteagal 50

Córais malartaithe faisnéise agus bainistiú an fhillte

Déanfaidh an Ghníomhaireacht córais faisnéise agus feidhmchláir bogearra a imscaradh agus a oibriú lena mbeifear in ann faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis leochaileach neamhrúnaicmithe a mhalartú chun chríche an fhillte laistigh den Gharda Teorann agus Cóstá Eorpach agus chun críche sonraí pearsanta a mhalartú dá dtagraítear in Airteagal 87, Airteagal 88 agus in Airteagal 89 i gcomhréir le Cinneadh ón gCoimisiún (AE, Euratom) 2015/144, Cinneadh ón gCoimisiún (AE, Euratom) 2015/443 agus [Rialachán (CE) Uimh. 45/2001].

Go háirithe, déanfaidh an Ghníomhaireacht córas lárnach a bhunú, a oibriú agus a choimeád ar bun le haghaidh gach faisnéis agus sonra a phróiseáil, faisnéis agus sonraí a chuirtear in iúl go huathoibríoch ó náisiúnta bainistithe um fhilleadh na mBallstát, agus atá ag teastáil le go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a chur ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 49.

Airteagal 51

Oibríochtaí um fhilleadh

1. Gan staidéar a dhéanamh ar fhiúntas cinntí um fhilleadh, cuirfidh an Ghníomhaireacht cúnamh teicniúil agus oibríochtúil ar fáil agus áiritheoidh sí

comhordú nó eagrú oibríochtaí um fhilleadh, lena n-áirítear trí aerárthaí a chairtfhostú chun críocha na n-oibríochtaí sin nó fillleadh a eagrú ar eitiltí sceidealaithe. Féadfaidh an Ghníomhaireacht, ar a tionscnamh féin, oibríochtaí um fhilleadh a chomhordú nó a eagrú.

2. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil, ar bhonn míosúil, na sonraí oibríochtúla faoin bhfillleadh is gá le go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann riachtanais maidir le fillleadh a mheasúnú, agus cuirfidh siad an Ghníomhaireacht ar an eolas faoina bpleanáil tháscach maidir le líon na bhfillithe, agus maidir leis na tríú tíortha a mbeifear ag fillleadh orthu, i ndáil le hoibríochtaí náisiúnta ábhartha um fhilleadh, agus maidir lena riachtanais i dtaca le cúnamh nó comhordú ón nGhníomhaireacht araon. Déanfaidh an Ghníomhaireacht plean oibríochtúil rollach a tharraingt suas agus a choinneáil chun dáta chun an cúnamh teicniúil agus na hathneartuithe is gá, lena n-áirítear trí threalamh teicniúil, a sholáthar do na Ballstáit iarrthacha. Féadfaidh an Ghníomhaireacht, ar a tionscnamh féin, nó arna iarraidh sin do Bhallstát, dátaí agus cinn scríbe na n-oibríochtaí um fhilleadh, a measann sí go bhfuil gá leo, a áireamh sa phlean oibríochtúil rollach, bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais. Ar thogra ón stiúrthóir feidhmiúcháin, déanfaidh an bord bainistíochta cinneadh faoin *modus operandi* a bheidh sa phlean oibríochtúil rollach.
3. Féadfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a thabhairt agus, ar iarratas ón mBallstát rannpháirteach nó ar a thionscnamh féin, an comhordú agus an t-eagrú a áirithiú i gcás oibríochtaí um fhilleadh arb í an tríú tír a mbeifear ag fillleadh uirthi a dhéanfaidh na modhanna taistil agus na gardaí tionlacain don fhilleadh éigeantach a chur ar fáil ina leith (“oibríochtaí um fhilleadh lena mbailítear daoine”). Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha agus an Ghníomhaireacht go ráthófar urraim do chearta bunúsacha, do phrionsabal an non-refoulement, agus d'úsáid chomhréireach modhanna sriantachta le linn na hoibríochta um fhilleadh ina hiomláine. Beidh ar a laghad ionadaí amháin ón mBallstát, agus duine amháin den lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach ón díorma arna bhunú faoi Airteagal 52 nó ó chóras náisiúnta faireacháin an Bhallstáit rannpháirtigh, i láthair le linn na hoibríochta um fhilleadh ina hiomláine go dtí go sroichfear an tríú tír a mbeifear ag fillleadh uirthi.
4. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin plean um fhilleadh a tharraingt suas gan mhoill le haghaidh oibríochtaí um fhilleadh lena mbailítear daoine. Tiocfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin agus aon Bhallstát rannpháirteach ar chomhaontú faoin bplean um fhilleadh ina sonrófar an ghné eagraíochtúil agus an ghné nós imeachta den oibríocht um fhilleadh lena mbailítear daoine, agus na himpleachtaí maidir leis na cearta bunúsacha agus le rioscaí na n-oibríochtaí sin á gcur i gcuntas. Ní fhéadfar aon leasú ná oiriúnú a dhéanamh ar an bplean sin ach amháin le comhaontú na bpáirtithe dá dtagraítear i mír 3 agus sa mhír seo.
5. Plean um fhilleadh d'oibríochtaí um fhilleadh lena mbailítear daoine, beidh sé ina cheangal ar an nGhníomhaireacht agus ar aon Bhallstát rannpháirteach. Cuimseoidh sé gach céim a bheidh riachtanach chun an oibríocht um fhilleadh lena mbailítear daoine a chur i gcrích.

Déanfar faireachán ar gach oibríocht um fhilleadh i gcomhréir le hAirteagal 8(6) de Threoir 2008/115/CE. Déanfaidh an lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach an faireachán ar oibríochtaí um fhilleadh éigeantach ar bhonn critéar atá oibiachtúil agus trédhearcach agus clúdófar leis an oibríocht um fhilleadh iomlán ón gcéim réamh-imeachta go dtí go seachadfar na fillithe sa tríú tír a mbeifear ag fillleadh uirthi.

Cuirfidh an lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach tuarascáil ar gach oibríocht um fhilleadh éigeantach faoi bhráid an stiúrthóra feidhmiúcháin, an oifigigh um chearta bunúsacha agus údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát uile a bhfuil baint acu leis an oibríocht ar leith. Más gá, áiritheoidh an stiúrthóir feidhmiúcháin agus na húdaráis náisiúnta inniúla faoi seach bearta leantacha iomchuí.

I gcás ina bhfuil ábhair inní ag an nGníomhaireacht maidir leis an urraim do chearta bunúsacha le linn oibríocht um fhilleadh, cuirfidh sí a hábhair inní in iúl do na Ballstáit rannpháirteacha agus don Choimisiún.

6. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin meastóireacht ar thorthaí na n-oibríochtaí um fhilleadh agus, gach sé mhí, déanfaidh sé nó sí tuarascáil mheastóireachta mhionsonraithe lena gcumhdófar na hoibríochtaí go léir um fhilleadh a rinneadh sa seimeastar roimhe sin, in éineacht le barúlacha an oifigigh um chearta bunúsacha, a tharchur chuig an mbord bainistíochta. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin anailís chomparáideach chuimsitheach ar na torthaí sin d'fhonn cur le cáilíocht, comhleanúnachas agus éifeachtacht oibríochtaí um fhilleadh a bheidh ann amach anseo. Áireoidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an anailís sin i dtuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil na Gníomhaireachta.
7. Déanfaidh an Gníomhaireacht oibríochtaí um fhilleadh a mhaoiniú nó a chómhaoiniú óna buiséad féin, i gcomhréir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht, agus tosaíocht á tabhairt d'oibríochtaí atá á gcur i gcrích ag níos mó ná Ballstát amháin, nó ag teophointí nó in ionaid rialaithe.

Airteagal 52

Díorma lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach

1. Tar éis dul i gcomhairle leis an oifigeach um chearta bunúsacha, cruthóidh an Gníomhaireacht díorma lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach ó chomhlachtaí inniúla a dhéanann gníomhaíochtaí faireacháin ar an bhfilleadh éigeantach i gcomhréir le hAirteagal 8(6) de Threoir 2008/115/CE agus ar cuireadh oiliúint orthu i gcomhréir le hAirteagal 62 den Rialachán seo.
2. Cinnfidh an bord bainistíochta, ar thogra ón stiúrthóir feidhmiúcháin, próifil agus líon an lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach atá le cur ar fáil don díorma sin. Beidh an nós imeachta céanna i bhfeidhm maidir le haon athruithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar an bpróifil agus ar an líon iomlán daoine. Beidh na Ballstáit freagrach as rannchuidiú leis an díorma trí lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach a ainmniú de réir na próifile sainithe. Déanfar lucht faireacháin don fhilleadh ag a bhfuil saineolas ar leith i gcosaint leanaí a áireamh sa díorma.
3. Rannchuidiú na mBallstát de lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach le hoibríochtaí um fhilleadh agus le hidirghabhálacha um fhilleadh don bhliain ina dhiaidh sin, pleanálfar an rannchuidiú sin ar bhonn caibidlíochtaí déthaobhacha bliantúla agus ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha bliantúla idir an Gníomhaireacht agus na Ballstáit. I gcomhréir leis na comhaontuithe sin, cuirfidh Ballstáit an lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach ar fáil lena n-imscaradh, arna iarraidh sin don Gníomhaireacht, mura rud é nach mór dóibh aghaidh a thabhairt ar staid eisceachtúil a dhéanfaidh difear suntasach do chomhlíonadh cúraimí náisiúnta. Déanfar an iarraidh sin ar a laghad 21 lá oibre roimh an imscaradh atá beartaithe, nó cúig lá oibre i gcás mear-idirghabháil um fhilleadh.

4. Arna iarraidh sin, cuirfidh an Ghníomhaireacht an lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach ar fáil do Bhallstáit rannpháirteacha chun faireachán a dhéanamh, thar a gceann, ar chur chun feidhme ceart na hoibríochta um fhilleadh agus na n-idirghabhálacha um fhilleadh le linn fhad na hoibríochta agus na n-idirghabhálacha. Cuirfidh sé ar fáil lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach ag a bhfuil saineolas ar leith i gcosaint leanaí d'aon oibríochtaí um fhilleadh a bhfuil baint acu le leanaí.
5. Leanfaidh lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach de bheith faoi réir bhearta araíonachta a mBallstáit baile le linn oibríocht um fhilleadh nó idirghabháil um fhilleadh.

Airteagal 53

Foirne um fhilleadh

1. Féadfaidh an Ghníomhaireacht foirne um fhilleadh a imscaradh arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, le linn idirghabhálacha um fhilleadh, faoi chuimsiú fhoirne do bhainistiú imirce nó de réir mar is gá chun cúnamh teicniúil agus oibríochtúil breise a thabhairt i réimse an bheartais um fhilleadh, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil nasc idir dúshláin dá sórt agus mórfhlódú isteach de shreabha imirce measctha nó náisiúnaigh tríú tír ar tugadh tarrtháil orthu ar muir a ghlacadh isteach.
2. Beidh feidhm ag Airteagal 41(2),(3),(4) agus (5)44, agus ag Airteagal 44, ag Airteagal 45 agus ag Airteagal 46 *mutatis mutandis* maidir leis na foirne Eorpacha um fhilleadh.

Airteagal 54

Idirghabhálacha um fhilleadh

1. I gcás ina bhfuil ualach roimh Bhallstát nuair a bhíonn oibleagáid á cur chun feidhme aige chun náisiúnaigh tríú tíortha a fhilleadh, náisiúnaigh atá faoi réir cinntí um fhilleadh arna n-eisiúint ag Ballstát, déanfaidh an Ghníomhaireacht, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ón mBallstát sin an cúnamh iomchuí teicniúil agus oibríochtúil a chur ar fáil i bhfoirm idirghabháil um fhilleadh. Is éard is féidir a bheith i gceist le hidirghabháil den sórt sin imscaradh foirne um fhilleadh chuig an mBallstát óstach a thabharfaidh cúnamh chun nósanna imeachta um fhilleadh a chur chun feidhme agus oibríochtaí um fhilleadh ón mBallstát óstach a eagrú.
2. Ina theannta sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht idirghabhálacha um fhilleadh a sheoladh i dtríú tíortha, bunaithe ar threoracha a leagtar amach sa timthriall don bheartas straitéiseach ilbhliantúil, i gcás ina bhfuil cúnamh teicniúil agus oibríochtúil breise ag teastáil i dtríú tír áirithe maidir lena gníomhaíochtaí um fhilleadh. Is éard is féidir a bheith i gceist le hidirghabháil dá sórt, féadfaidh imscaradh foirne um fhilleadh chun críocha cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a thabhairt do ghníomhaíochtaí um fhilleadh an tríú tír a bheith i gceist leis.
3. Nuair atá dúshláin shonracha dhíréireacha roimh Bhallstát maidir lena oibleagáid á chomhlíonadh aige náisiúnaigh tríú tíortha atá faoi réir cinntí um fhilleadh a chur ar ais, déanfaidh an Ghníomhaireacht, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ón mBallstát sin, an cúnamh iomchuí teicniúil agus oibríochtúil i bhfoirm mear-idirghabháil um fhilleadh a chur ar fáil. Is éard is féidir a bheith i gceist le hidirghabháil mearfhilleadh, féadfaidh mear-imscaradh foirne um fhilleadh chuig an mBallstát óstach lena dtugtar cúnamh chun nósanna imeachta um fhilleadh a chur chun

feidhme agus eagrú na n-oibríochtaí um fhilleadh ón mBallstát óstach a bheith i gceist leis.

4. I gcomhthéacs idirghabháil um fhilleadh, déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin plean oibríochtúil a tharraingt suas gan mhoill, i gcomhaontú leis an mBallstát óstach agus leis na Ballstáit rannpháirteacha. Beidh feidhm ag forálacha ábhartha Airteagal 39.
5. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin cinneadh maidir leis an bplean oibríochtúil a luaithis is féidir agus, sa chás dá dtagraítear i mír 2, faoi cheann cúig lá oibre. Tabharfar fógra, i scríbhinn, láithreach i leith an fhógra do na Ballstáit lena mbaineann agus don bhord bainistíochta.
6. Déanfaidh an Ghníomhaireacht idirghabhálacha um fhilleadh a mhaoiniú nó a chómhaoiniú óna buiséad i gcomhréir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht.

ROINN 9

CUMAIS

Airteagal 55

Buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh

1. Beidh buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, cór ina mbeidh 10 000 ball foirne oibríochtúil, ina chuid den Ghníomhaireacht. Beidh an buanchór sin comhdhéanta de na trí chatagóir foirne seo a leanas i gcomhréir leis an scéim infhaighteachta bhliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn I:
 - (a) Catagóir 1: baill foirne oibríochtúla de chuid na Gníomhaireachta arna n-earcú i gcomhréir le hAirteagal 94 (1) agus arna n-imscaradh i réimse eile oibríochtúil i gcomhréir le hAirteagal 56;
 - (b) Catagóir 2: foireann oibríochtúil ar iasacht ó na Ballstáit chuig an nGníomhaireacht le haghaidh achar fadtéarmach mar chuid den chór buan. i gcomhréir le hAirteagal 57;
 - (c) Catagóir 3: Foireann oibríochtúil ó na Ballstáit arna gcur ar fáil don Ghníomhaireacht le haghaidh imscaradh gearrtéarmach mar chuid den chór buan i gcomhréir le hAirteagal 58.
2. Déanfaidh an Ghníomhaireacht baill de bhanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh mar bhaill de na foirne bainistithe teorann, de na foirne tacaíochta do bhainistiú imirce, de na foirne um fhilleadh in oibríochtaí comhpháirteacha, mear-idirghabhálacha teorann nó idirghabhálacha um fhilleadh nó aon ghníomhaíocht oibríochtúil ábhartha eile sna Ballstáit nó i dtríú tíortha.
3. I gcomhréir le hAirteagal 83, cuirfear ar a gcumas do bhaill uile bhanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh rialú teorann nó cúraimí um fhilleadh a dhéanamh, lena n-áirítear cúraimí a mbeidh cumhachtaí feidhmiúcháin ag teastáil ina leith arna sainiú sna dlíthe náisiúnta ábhartha nó, i dtaca le baill foirne na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hIarscríbhinn II.
4. Bunaithe ar mholadh ón stiúrthóir feidhmiúcháin lena gcuirtear anailís riosca na Gníomhaireachta, torthaí an mheasúnaithe leochaileachta agus an timthriall don

bheartas straitéiseach ilbhliantúil san áireamh, agus ag cur leis an líon daoine agus leis na próifílí atá ar fáil don Ghníomhaireacht mar bhaill foirne reachtúla agus mar bhaill foirne atá ar iasacht aige ag an am, déanfaidh an bord bainistíochta cinneadh, faoin 31 Márta gach bliain, i leith na nithe seo a leanas:

- (a) líon na mball foirne oibríochtúil in aghaidh próifílí sonracha faoi gach ceann de na trí chatagóir laistigh de chóir buan an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh chun foirne a dheanamh don bhliain dar gcionn;
 - (b) líon sonracha agus próifílí na foirne oibríochtúil in aghaidh an Bhallstáit a bheidh le cur ar iasacht chuig an nGníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 57 agus le hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 58 sa bhliain dar gcionn;
 - (c) pleanáil próifílí ilbhliantúil tascach do na blianta ina dhiaidh sin chun an phleanáil fadtéarmach a éascú le haghaidh rannchuidithe na mBallstát agus earcú fhoireann reachtach na Gníomhaireachta.
5. Chun críche Airteagal 74, déanfaidh an Ghníomhaireacht na struchtúir smachta agus rialaithe a fhorbairt agus a áirithiú le haghaidh imscarthaí éifeachtacha chóir bhuan an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh i gcóir tríú tíortha.
 6. Féadfaidh an Ghníomhaireacht suas le 4% de chóir buan an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a earcú mar fhoireann a mbeidh feidhmeanna tacaíochta acu le haghaidh bhunú an chóir bhuain, pleanáil agus bainistiú a oibríochtaí agus le haghaidh trealamh na Gníomhaireachta féin a fháil.

Airteagal 56

Baill foirne reachtúla na Gníomhaireachta i mbuanchóir an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh

1. Cuirfidh an Ghníomhaireacht baill dá fhoireann reachtach ar fáil do buanchóir an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh (Catagóir 1) a bheidh le himscaradh chuig réimsí oibríochtúla mar bhaill de na foirne sin a bhfuil na cúraimí orthu agus a bhfuil na cumhachtaí acu, lena n-áirítear an cúram trealamh na Gníomhaireachta féin a oibriú.
2. I gcomhréir le hAirteagal 62(2), tar éis a n-earcaithe, tabharfaidh na baill nua foirne faoi oiliúint iomlán garda teorann nó faoi oiliúint a bhaineann le fillleadh, de réir mar is ábhartha, faoi chuimsiú chlár oiliúna tiomnaithe arna gceapadh ag an nGníomhaireacht, agus, bunaithe ar chomhaontuithe le Ballstáit arna roghnú go leithleach, arna gcur chun feidhme ina n-acadaimh speisialaithe. Is é an Ghníomhaireacht a chumhdóidh costas na hoiliúna ina hiomláine.
3. Le linn a dtréimhse fostaithe, áiríteoidh an Ghníomhaireacht go ndéanfaidh a fhoireann reachtúil a cuid dualgas mar bhaill d'fhoirne d'ardchaighdeán. Ceapfar mapaí oiliúna iomchuí do gach ball foirne lena ndéanfar a gcáilíocht ghairmiúil leantach a áirithiú chun cúraimí an gharda teorann nó cúraimí um fillleadh a chomhlíonadh.
4. Na baill foirne eile a bheidh á bhfostú ag an nGníomhaireacht ach nach bhfuil cáilithe chun feidhmeanna rialaithe teorann nó feidhmeanna um fillleadh a dheanamh, ní imscarfar iad ach le linn oibríochtaí comhpháirteacha le haghaidh comhordú agus cúraimí eile. Ní bheidh siad ina gcuid de na foirne.

Airteagal 57

Rannpháirtíocht na mBallstát i mbuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh trí iasacht fhadtéarmach

1. Cuirfidh na Ballstáit foireann oibríochtúil ar iasacht ar fáil do buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh mar bhaill d'fhoirne don Ghníomhaireacht (Catagóir 2). Cinnfear fad na dtréimhsí iasachta aonair i gcomhréir le hAirteagal 93(7). Chun cur chun feidhme an chórais tacaíochta airgeadais dá dtagraítear ina Airteagal 61 a éascú, tosóidh an tréimhse iasachta, mar riail ghinearálta, i dtús bliain féilire.
2. Beidh gach Ballstát freagrach as a chinntiú go mbeidh soláthar foirne oibríochtúil leantach mar bhaill d'fhoirne ar iasacht i gcomhréir le hIarscríbhinn III.
3. Is ionann cúraimí agus cumhachtaí do na baill foirne oibríochtúla a bheidh ar iasacht chuig an nGníomhaireacht agus cúraimí agus cumhachtaí bhaill na bhfoirne. An Ballstát a bhfuil an fhoireann oibríochtúil sin ar iasacht aige, measfar gurb é a mBallstát baile é. Le linn na tréimhse iasachta, cinnfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin láthair/láithreacha agus fad imscartha/imscarthaí na mball d'fhoirne atá ar iasacht de réir na riachtanas oibríochtúil.
4. Faoi 30 Meitheamh gach bliain, déanfaidh gach Ballstát a bhfoireann oibríochtúil a ainmniú le haghaidh iasachta i gcomhréir leis an líon sonrach agus leis na próifílí arna gcinneadh ag an mbord bainistíochta don bhliain dar gcionn dá dtagraítear in Airteagal 55(4). Féadfaidh an Ghníomhaireacht a fhíorú an gcomhfhreagraíonn an fhoireann oibríochtúil arna moladh ag na Ballstáit do na próifílí sainithe agus an bhfuil na scileanna teanga is gá acu. Faoi 15 Meán Fómhair, glacfaidh an Ghníomhaireacht na hiarrthóirí arna gcur chun tosaigh nó iarrfaidh sí ar Bhallstát iarrthóir eile a mholadh le haghaidh iasachta i gcás nach gcomhlíonfar na próifílí a bheidh ag teastáil, i gcás nach bhfuil scileanna leordhóthanacha teanga aige, i gcás mí-iompair nó shárú na rialacha is infheidhme le linn imscarthaí a bhí ann roimhe sin.
5. I gcás nach féidir ball foirne oibríochtúil aonair a chur ar iasacht, de bharr *force majeure*, áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann go gcuirfear ball foirne oibríochtúil eile a mbeidh an phróifíl is gá aige ina ionad.

Airteagal 58

Rannpháirtíocht na mBallstát i mbuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh trí imscarthaí gearrthéarmacha

1. I dteannta iasachtaí i gcomhréir le hAirteagal 57, faoi 30 Meitheamh gach bliain, cuirfidh na Ballstáit le buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh trí ghardaí teorann agus foireann ábhartha eile a ainmniú le haghaidh liosta náisiúnta na foirne oibríochtúla le haghaidh imscarthaí gearrthéarmacha (Catagóir 3) i gcomhréir leis na foirne arna gcur in iúl in Iarscríbhinn IV agus i gcomhréir leis an líon próifílí arna chinneadh ag an mbord bainistíochta don bhliain dar gcionn dá dtagraítear in Airteagal 55(4). Déanfar liosta náisiúnta na mball foirne oibríochtúil atá ainmnithe a chur in iúl don Ghníomhaireacht. Is i gcomhréir le forálacha Airteagal 46(2) a dhéanfar íocaíocht na gcostas arna dtabhú ag na baill foirne arna n-imscaradh faoin Airteagal seo.
2. Beidh gach Ballstát freagrach as a áirithiú go mbeidh na baill foirne oibríochtúla atá ainmnithe ar fáil ar a iarraidh sin don Ghníomhaireacht i gcomhréir leis na socruithe

a leagtar amach san Airteagal seo. Beidh gach ball foirne oibríochtúil ar fáil ar feadh tréimhse nach mó ná ceithre mhí laistigh de bhliain féilire.

3. Féadfaidh an Ghníomhaireacht a fhíorú an gcomhfhreagraíonn an fhoireann oibríochtúil arna n-ainmniú le haghaidh imscarthaí gearrthéarmacha ag na Ballstáit do na próifílí sainithe agus an bhfuil na scileanna teanga is gá acu. Féadfaidh an Ghníomhaireacht a iarraidh ar Bhallstát ball foirne oibríochtúil a bhaint den liosta náisiúnta i gcás nach bhfuil sé i gcomhréir leis na próifílí atá ag teastáil, i gcás nach bhfuil scileanna leordhóthanacha teanga aige, i gcás mí-iompair nó shárú na rialacha is infheidhme le linn imscarthaí a bhí ann roimhe sin.
4. Faoin 31 Iúil gach bliain, iarraidh an Ghníomhaireacht ar na Ballstáit a mbaill foirne oibríochtúla aonair le haghaidh oibríochtaí comhpháirteacha don bhliain dar gcionn a chur in iúl. Cinnfear tréimhsí na n-imscarthaí aonair sa chaibidlíocht dhéthaobhach bhliantúil agus sna comhaontuithe idir an Ghníomhaireacht agus na Ballstáit. Mar sin féin, an toradh deiridh a bheidh ann go gcuirfidh na Ballstáit an fhoireann oibríochtúil ar fáil le haghaidh a n-imscartha de réir an lín agus na bpróifílí a shonraítear in iarratas na Gníomhaireachta.
5. I gcás nach féidir ball foirne oibríochtúil aonair a imscaradh i gcomhréir leis na comhaontuithe, de bharr *force majeure*, áiríteoidh an Ballstát lena mbaineann go gcuirfear ball foirne oibríochtúil eile ón liosta a mbeidh an phróifíl is gá aige ina ionad.
6. I gcás ina mbeidh méadú ar na riachtanais le haghaidh oibríocht chomhpháirteach a athneartú nó ar an riachtanas oibríocht chomhpháirteach nua a sheoladh nár sainíodh sa chlár oibre bliantúil sin, agus mar gheall ar thoradh na caibidlíochta déthaobhaí bliantúla, cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin na riachtanais bhreise in iúl do na Ballstáit gan mhoill trína thabhairt le fios an líon daoine a d'fhéadfadh bheith á gcur ar fáil ag na Ballstáit agus na próifílí ia ghabhann leo chomh maith. Nuair a thiocfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin agus an Ballstát óstach ar chomhaontú maidir le plean oibríochtúil arna leasú nó, i gcás inarb ábhartha, maidir le plean oibríochtúil nua, déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an t-iarratas foirmiúil ar an líon foirne agus ar phróifílí na foirne oibríochtúla. Imscarfar na baille d'fhoirne faoi seach as gach Ballstát faoi cheann 20 lá oibre ón iarratas foirmiúil sin.
7. I gcás ina léirítear in anailís riosca agus in aon mheasúnú leochaileachta go bhfuil staid ann i mBallstát lena ndéanfaí difear suntasach do chomhlíonadh cúraimí náisiúnta, ní chuirfear ach leathchuid den fhoireann a leagadh amach don bhliain sin ar fáil arna bhunú in Iarscríbhinn IV. I gcás ina n-agróidh Ballstát staid eisceachtúil den sórt sin, déanfaidh sé cúiseanna cuimsitheacha agus faisnéis maidir leis an gcás sin a sholáthar i scríbhinn don Ghníomhaireacht, agus cuirfear inneachar an cháis sin san áireamh sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 65.
8. Is é an Ballstát baile a chinnefidh fad thréimhse an imscartha le haghaidh oibríocht shonrach ach ní lú ná 30 lá an fad sin in aon chás, seachas más giorra ná 30 lá fad na hoibríochta ar cuid di an t-imscaradh.

Airteagal 59

Athbhreithniú meántéarmach ar fheidhmiú bhuanachór an GHARDA TEORANN AGUS CÓSTA EORPAIGH

1. Faoin 31 Meitheamh 2024, bunaithe go háirithe ar na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 65, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú meántéarmach ar fheidhmiú chór

buan an Gharda Teorann agus Cósta, lena ndéanfar measúnú ar a líon foirne agus ar a chomhdhéanamh foriomlán. Cuirfidh an t-athbhreithniú éabhlóid na mball foirne reachtúla san áireamh i ndáil le líon foirne na Gníomhaireachta nó aon athruithe móra i gcumais na mBallstát aonair a fhágfaidh nach mbeifear in ann cur leis an gcór buan.

2. Beidh tograí chun Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn III agus Iarscríbhinn IV a leasú ag gabháil leis an athbhreithniú meántearma seo.

Airteagal 60

Oifigí allamuigh

1. Faoi réir chomhaontú an Bhallstáit óstaigh, féadfaidh an Ghníomhaireacht oifigí allamuigh a bhunú ar a chríoch chun comhordú gníomhaíochtaí oibríochtúla a éascú agus a fheabhsú, lena n-áirítear i réimse an fhille, arna n-eagrú ag an nGníomhaireacht sa Bhallstát sin nó sa réigiún comharsanachta agus chun a áirithiú go ndéanfar bainistiú éifeachtach ar acmhainní daonna agus teicniúla na Gníomhaireachta. Bunaíochtaí sealadacha a bheidh sna hoifigí allamuigh a bhunófar le haghaidh na tréimhse ama is gá le go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann gníomhaíochtaí oibríochtúla móra a dhéanamh sa Bhallstát sonrach sin nó sa réigiún comharsanachta lena mbaineann. Féadfar fad a chur leis an tréimhse ama sin, más gá.
2. Féachfaidh an Ghníomhaireacht agus an Ballstát óstach ina mbunaítear an oifig allamuigh leis na socruithe is gá a dhéanamh chun na dálaí is fearr a chur ar fáil chun na cúraimí a shanntar don oifig allamuigh a chomhlíonadh.
3. I gcás inarb infheidhme, déanfaidh na hoifigí allamuigh an méid seo a leanas:
 - (a) tacaíocht oibríochtúil agus lóistíochta a sholáthar agus comhordú gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a áirithiú sna réimsí oibríochtúla lena mbaineann;
 - (b) tacaíocht oibríochtúil a sholáthar don Bhallstát sna réimsí oibríochtúla lena mbaineann;
 - (c) faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta agus tuairisciú go rialta don cheanncheathrú;
 - (d) comhoibriú leis an mBallstát/leis na Ballstáit maidir le gach saincheist a bhaineann le cur chun feidhme praiticiúil na ngníomhaíochtaí oibríochtúla arna n-eagrú ag an nGníomhaireacht sa Bhallstát/sna Ballstáit sin, lena n-áirítear saincheistean breise a d'fhéadfadh a bheith tagtha chun cinn le linn na ngníomhaíochtaí sin;
 - (e) tacú leis an oifigeach comhordúcháin dá dtagraítear in Airteagal 45 sa chomhoibriú a dhéanann sé/sí leis na Ballstáit chomhpháirtíochta maidir le gach saincheist a bhaineann lena gcabhair leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla arna n-eagrú ag an nGníomhaireacht agus, más gá, idirchaidreamh a dhéanamh leis an gceanncheathrú;
 - (f) tacú leis an oifigeach comhordúcháin ó thaobh comhordú agus cumarsáid a éascú, más gá, idir Foirne na Gníomhaireachta agus údarais ábhartha an Bhallstáit óstaigh;

- (g) tacaíocht lóistíochta a eagrú a bhaineann le baill de na foirne a imscaradh agus le húsáid trealaimh theicniúil;
 - (h) tacaíocht eile lóistíochta a sholáthar maidir leis an réimse oibríochtúil as a bhfuil siad freagrach d'fhonn feidhmiú rianúil na ngníomhaíochtaí oibríochtúla arna n-eagrú ag an nGníomhaireacht a éascú ;
 - (i) tacú le hoifigeach idirchaidrimh na Gníomhaireachta chun aon dúshlán a shainaithint atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo don bhainistiú teorann sa réimse as a bhfuil siad freagrach nó do chur chun feidhme an *acquis* um fhilleadh agus tuairisciú go rialta don cheanncheathrú;
 - (j) bainistiú éifeachtach threalaimh na Gníomhaireachta féin a áirithiú sna réimsí a gcumhdaítear lena cuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear a gclárú, más féidir, a gcothabháil fhadtéarmach agus aon tacaíocht lóistíochta is gá.
4. Beidh gach oifig allamuigh faoi bhainistiú ionadaí de chuid na Gníomhaireachta arna cheapadh ag an stiúrthóir feidhmiúcháin. Déanfaidh Ceann na hoifige allamuigh maoirseacht ar obair ghinearálta na hoifige agus feidhmeoidh sé mar bheadh pointe teagmhála aonair ann leis an gceanncheathrú.
 5. Ar thionscnamh an stiúrthóra fheidhmiúcháin, déanfaidh an bord bainistíochta cinntí maidir le bunú, comhdhéanamh, fad na hoifige allamuigh agus i gcás inar ghá sin, aon síneadh a d'fhéadfaí a chur leis an bhfad sin, agus tuairim ón gCoimisiún agus comhaontú an Bhallstáit ar an gcríoch ina mbeidh an oifig suite á gcur san áireamh. Is le tromlach dhá thrían de na comhaltaí uile a bhfuil ceart vótála acu a dhéanfaidh an bord bainistíochta an cinneadh.
 6. Cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin tuarascáil faoi bhráid an bhord bainistíochta ar bhonn ráithiúil maidir le gníomhaíochtaí na n-oifigí allamuigh. Déanfar tuairisc ar ghníomhaíochtaí na n-oifigí allamuigh i roinn ar leith den tuarascáil gníomhaíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 98(2) pointe (10).

Airteagal 61

Tacaíocht airgeadais le haghaidh fhorbairt bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh.

1. Tá na Ballstáit i dteideal cistiú a fháil i bhfoirm maoiniú nach bhfuil nasctha le costais ar bhonn bliantúil chun tacú le forbairt acmhainní daonna chun a rannchuidiú le buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a chinntiú i gcomhréir le hIarscríbhinn III agus le hIarscríbhinn IV, i gcomhréir le hAirteagal 125 (1) (a) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, agus beidh an maoiniú sin iníoctha tar éis dheireadh na bliana lena mbaineann agus ar chomhlíonadh coinníollacha a leagtar síos i gcomhréir le mír 3 agus le mír 4. Beidh an maoiniú sin bunaithe ar mhéid tagartha atá leagtha síos i mír 2 agus, is éard a bheidh ann:
 - (a) 100% den mhéid tagartha arna iolrú faoi líon na ngardaí teorann nó na n-oifigeach eile atá ar fáil de réir mar a chuirtear in iúl é ar an liosta iasachta go bliantúil i gcomhréir le hIarscríbhinn III;

- (b) 30% den mhéid tagartha arna iolrú faoi líon na ngardaí teorann nó na n-oifigeach eile a imscartar go héifeachtach i gcomhréir le hAirteagal 58 faoi cheann achar ama a leagtar síos in Iarscríbhinn IV.
2. An méid tagartha dá dtagraítear i mír 1, beidh sé i gcoibhéis leis an tuarastal bunúsach bliantúil le haghaidh gníomhaire ar conradh i nGrúpa III de ghrád 8 de chéim 1, arna sainiú i gcomhréir le hAirteagal 93 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais (CEOS) agus faoi réir comhéifeacht cheartúcháin is infheidhme sa Bhallstát lena mbaineann.
 3. Íocaíocht bhliantúil an mhéid dá dtagraítear i mír 1(a), beidh sé iníoctha ar choinníoll go gcuirfidh na Ballstáit le líon foirne iomlán a gcuid gardaí teorann náisiúnta dá réir, trí ghardaí teorann nua agus oifigigh eile a earcú sa tréimhse lena mbaineann. An fhaisnéis ábhartha chun críocha tuairiscithe, soláthrófar é don Ghníomhaireacht sna caibidlíochtaí bliantúla déthaobhacha agus déanfar é a fhíorú tríd an measúnú leochaileachta sa bhliain dar gcionn. Íocaíocht bhliantúil an méid dá dtagraítear i mír 1(b), beidh sí iníoctha i ndáil le líon na ngardaí teorann nó oifigigh eile a imscartar go héifeachtach ar feadh 4 mhí ar a laghad i gcomhréir le hAirteagal 58 laistigh den teorainn a leagtar síos in Iarscríbhinn IV.
 4. Glacfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe maidir le modhanna íocaíochta bliantúla agus maidir le faireachán a dhéanamh ar na dálaí is infheidhme dá bhforáiltear i mír 3 trí bhithin gníomh cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 117(3).

Airteagal 62

Oiliúint

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, agus an treochlár cumais dá dtagraítear in Airteagal 9(4) á chur san áireamh i gcás ina bhfuil sé le fáil, i gcomhar le heintitis oiliúna iomchuí na mBallstát, agus, i gcás inarb iomchuí, le EASO agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, uirlisí oiliúna sainiúla a fhorbairt, lena n-áirítear oiliúint ar leith i leanaí agus i ndaoine eile i gcás leochaileach a chosaint. Cuirfidh sí ardoiliúint is ábhartha dá gcúraimí agus dá gcumhachtaí ar ghardaí teorann, ar speisialtóirí don fhilleadh agus ar baill foirne ábhartha eile ar baill iad de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Déanfaidh saineolaithe de chuid na Gníomhaireachta freachnamh a sheoladh go tráthrialta leis na gardaí teorann sin agus le baill d'fhoirne eile i gcomhréir le sceideal na hardoiliúna agus na bhfreachnamh dá dtagraítear i gclár oibre bliantúil na Gníomhaireachta.
2. Áiritheoidh an Ghníomhaireacht go bhfuil oiliúint iomchuí curtha ar na baill foirne ar fad a earcaítear chun gníomhú mar fhoireann oibríochtúil de buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh maidir leis an dlí idirnáisiúnta agus le dlí an Aontais is ábhartha, lena n-áirítear cearta bunúsacha, teacht ar chosaint idirnáisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, cuardach agus tarrtháil, sula n-imscarfar iad ar dtús i ngníomhaíochtaí oibríochtúla arna n-eagrú ag an nGníomhaireacht. Chuige sin, bunaithe ar chomhaontuithe le Ballstáit ar leith, cuirfidh an Ghníomhaireacht na cláir oiliúna is gá chun feidhme ina n-acadaimh náisiúnta. Is é an Ghníomhaireacht a chumhdóidh costas iomlán na hoiliúna.
3. Seolfaidh an Ghníomhaireacht pé tionscnaimh is gá chun a áirithiú go bhfaighidh foireann oibríochtúil uile na mBallstát a bheidh rannpháirteach i bhfoirne chór buan

an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, go bhfaighidh siad oiliúint i ndlí ábhartha an Aontais agus sa dlí ábhartha idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí um chearta bunúsacha an duine, um rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, agus i gcás inarb iomchuí um chuardach agus tarrtháil, sula nglacfaidh siad páirt i ngníomhaíochtaí oibríochtúla arna n-eagrú ag an nGníomhaireacht.

4. Glacfaidh an Ghníomhaireacht na tionscnaimh is gá chun oiliúint a áirithiú do na baill foirne sin a bhfuil baint acu le cúraimí a bhaineann le buancór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus leis an díorma dá dtagraítear in Airteagal 52. Áiritheoidh an Ghníomhaireacht go gcuirfear oiliúint i ndlí ábhartha an Aontais agus sa dlí idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear an dlí um chearta bunúsacha an duine agus um rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, ar gach ball foirne atá aici agus atá rannpháirteach in oibríochtaí um fhilleadh agus in idirghabhálacha um fhilleadh, agus ar fhoireann na Gníomhaireachta féin, sula nglacfaidh siad páirt i ngníomhaíochtaí oibríochtúla arna n-eagrú ag an nGníomhaireacht.
5. Déanfaidh an Ghníomhaireacht lárchuraclaim choiteanna a bhunú agus a fhorbairt a thuilleadh d'fhonn oiliúint a chur ar ghardaí teorann agus déanfaidh sí oiliúint a sholáthar ar an leibhéal Eorpach dóibh siúd a dhéanfaidh gardaí teorann náisiúnta na mBallstát a theagasc, lena n-áirítear oiliúint um chearta bunúsacha an duine, rochtain ar chosaint idirnáisiúnta agus an dlí muirí ábhartha, chomh maith le curaclam coiteann le haghaidh oiliúint a chur ar an bhfoireann a bhfuil baint aici le cúraimí um fhilleadh. Beidh sé d'aidhm ag na lárchuraclaim choiteanna na caighdeáin is airde agus na cleachtais is fearr i gcur chun feidhme reachtaíocht an Aontais um bainistiú teorainneacha agus filleadh a chur chun cinn. Tar éis di dul i gcomhairle leis an bhfóram comhchomhairleach agus leis an oifigeach um chearta bunúsacha, déanfaidh an Ghníomhaireacht na lárchuraclaim choiteanna a dhréachtú. Cuimseoidh na Ballstáit na lárchuraclaim choiteanna san oiliúint a chuireann siad ar fáil dá ngardaí teorann náisiúnta agus do na baill foirne a bhfuil baint acu i gcúraimí a bhaineann le filleadh.
6. Ina theannta sin, déanfaidh an Ghníomhaireacht cúrsaí breise oiliúna agus seimineáir ar ábhair a bhaineann le rialú ag na teorainneacha seachtracha agus le náisiúnaigh tríú tír a fhilleadh, a chur ar fáil d'oifigigh i seirbhísí náisiúnta inniúla na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, i seirbhísí náisiúnta inniúla tríú tíortha.
7. Féadfaidh an Ghníomhaireacht gníomhaíochtaí oiliúna a eagrú ar chríocha an tríú tír i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an tríú tír.
8. Bunóidh an Ghníomhaireacht clár malartaithe lena gcumasófar do ghardaí teorann atá rannpháirteach ina cuid foirne agus do bhaill de chuid na bhfoirne idirghabhála Eorpacha um fhilleadh fios gnó sonrach nó sainscileanna a fháil i mBallstát eile taobh amuigh dá mBallstát féin trí bhíthin taithí agus dea-chleachtais ar an gcoigríoch, trína bheith ag obair le gardaí teorann agus leo siúd a bhfuil baint acu le cúraimí a bhaineann le filleadh.

Airteagal 63

Trealamh teicniúil a fháil mar éadail nó a léasú

1. Féadfaidh an Ghníomhaireacht, aisti féin nó faoi chomhúinéireacht le Ballstát áirithe, trealamh teicniúil a fháil mar éadail nó é a léasú d'fhonn an trealamh sin a imscaradh agus oibríochtaí comhpháirteacha, treoirhionscadail, mear-idirghabhálacha teorann, gníomhaíochtaí i réimse an bheartais um fhilleadh, oibríochtaí um fhilleadh,

idirghabhálacha um fhilleadh, imscaradh foirne tacaíochta don bhainistiú imirce nó tionscadail um chúnamh teicniúil a chur ar bun, i gcomhréir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht.

2. Bunaithe ar thogra ón stiúrtóir feidhmiúcháin tar éis dó tuairim dhearfach a fháil ón gCoimisiún, bunóidh an bord bainistíochta straitéis ilbhliantúil chuimsitheach maidir leis an gcaoi a ndéanfar cumais theicniúla na Gníomhaireachta féin a fhorbairt agus timthriall don bheartas straitéiseach ilbhliantúil don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a chur san áireamh, lena n-áirítear an treochar cumais dá dtagraítear in Airteagal 9(4) de réir mar atá sé ar fáil agus na hacmhainní buiséadacha a chuirfear ar fáil chun na críche sin sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

Beidh plean mionsonraithe cur chun feidhme ag gabháil leis an straitéis lena saineofar an amlíne maidir le trealamh a fháil mar éadail nó ar léas, pleanáil soláthair agus maolú riosca. Mura leanfaidh an straitéis ná an plean tuairim an Choimisiúin, cuirfidh an Gníomhaireacht an t-údar atá lena cuid cinntí ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Tar éis ghlacadh na straitéise, beidh an plean cur chun feidhme ina chuid de chomhpháirt clársceidealaithe ilbhliantúil an doiciméid chlársceidealaithe dá dtagraítear in Airteagal 98(2) pointe 10.

3. Féadfaidh an Gníomhaireacht trealamh teicniúil a fháil le cinneadh ón stiúrtóir feidhmiúcháin i gcomhairle leis an mbord bainistíochta agus i gcomhréir leis na rialacha soláthair is infheidhme. Déanfar anailís chríochnúil maidir le riachtanais agus le costas is tairbhe sula bhfaightear mar éadail nó ar léas trealamh a tharraingeodh costais shuntasacha ar an nGníomhaireacht. Déanfar foráil do chaiteachas den sórt sin i mbuiséad na Gníomhaireachta arna ghlacadh ag an mbord bainistíochta.
4. I gcás ina bhfaigheann an Gníomhaireacht mórtrealamh teicniúil mar éadail nó ar léas, amhail aerárthaigh, héileacaptair nó soithí, beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) i gcás éadail a gheobhaidh an Gníomhaireacht féin nó a bheidh faoi chomhúinéireacht, tiocfaidh an Gníomhaireacht ar chomhaontú le Ballstát amháin go ndéanfaidh an Ballstát sin foráil do chlárú an trealaimh i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme sa Bhallstát sin;
 - (b) i gcás léasa, déanfar an trealamh a chlárú i mBallstát.
5. Ar bhonn comhaontú samplach arna tharraingt suas ag an nGníomhaireacht agus arna fhorghabháil ag an mbord bainistíochta, comhaontóidh Ballstát an chláraithe agus an Gníomhaireacht ar théarmaí lena n-áirítear inoibritheacht an trealaimh. I gcás sócmhainní atá faoi chomhúinéireacht, cumhdófar leis na téarmaí freisin tréimhsí a mbeidh lánfháil ag an nGníomhaireacht ar na sócmhainní agus cinnfear úsáid an trealaimh, lena n-áirítear forálacha sonracha maidir le mear-imscaradh le linn mear-idirghabhálacha teorann.
6. Mura bhfuil na baill foirne reachtúla cháilithe ag an nGníomhaireacht atá ag teastáil, cuirfidh Ballstát an chláraithe nó soláthraí an trealaimh theicniúil na saineolaithe agus an criú teicniúil is gá ar fáil chun an trealamh teicniúil a oibriú ar shlí atá ceart de réir an dlí agus atá sábháilte. I gcás den sórt sin, trealamh teicniúil ar leis an nGníomhaireacht amháin é, cuirfear ar fáil don Gníomhaireacht é arna iarraidh sin

di agus ní fhéadfaidh Ballstát an chláraithe an staid eisceachtúil dá dtagraítear in Airteagal 64(8) a agairt.

Airteagal 64

Comhthiomsú de threalamh teicniúil

1. Cuirfidh an Gníomhaireacht ar bun agus coimeádfaidh sí taifid lárnaithe de threalamh atá i gcomhthiomsú de threalamh teicniúil, ar comhthiomsú é atá comhdhéanta de threalamh atá faoi úinéireacht na mBallstát nó na Gníomhaireachta agus trealamh atá faoi chomhúinéireacht na mBallstát agus na Gníomhaireachta le haghaidh a gníomhaíochtaí oibríochtúla.
2. Déanfar trealamh ar leis an nGníomhaireacht amháin é a chur ar fáil leana imscaradh aon tráth amhail dá dtagraítear in Airteagal 63(5).
3. Trealamh atá ag an nGníomhaireacht faoi chomhúinéireacht agus ar ar mó ná 50% a sciar ann, cuirfear ar fáil lena imscaradh freisin é i gcomhréir le comhaontú idir Ballstát agus an Gníomhaireacht amhail dá dtagraítear in Airteagal 64(5).
4. Déanfaidh an Gníomhaireacht comhoiriúnacht agus idir-inoibritheacht an trealamh a liostaítear sa chomhthiomsú de threalamh teicniúil a áirithiú.
5. Chuige sin, saineoidh sé na caighdeáin theicniúla a bheidh le comhlíonadh ag an trealamh lena úsáid i ngníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, i gcás inar gá. Trealamh a bheidh le fáil ag an nGníomhaireacht, mar úinéir aonair nó mar chomhúinéir, agus trealamh faoi úinéireacht na mBallstát agus a liostaítear sa chomhthiomsú den trealamh teicniúil, comhlíonfaidh siad na caighdeáin seo.
6. Ar thogra ón stiúrthóir feidhmiúcháin lena gcuirfear anailís riosca na Gníomhaireachta agus torthaí an mheasúnaithe leochaileachta san áireamh, leagfaidh an bord bainistíochta síos faoin 31 Márta líon íosta na bpíosáí trealamh a bheidh ag teastáil chun riachtanais na Gníomhaireachta a chomhlíonadh sa bhliain dar gcionn, go háirithe i dtaca le hoibríochtaí comhpháirteacha, imscaradh foirne tacaíochta don bhainistiú imirce, mear-idirghabhálacha teorann, gníomhaíochtaí um fhilleadh, lena n-áirítear oibríochtaí um fhilleadh, agus idirghabhálacha um fhilleadh a chur i gcrích. Ar an líon íosta míreanna de threalamh teicniúil, beidh trealamh na Gníomhaireachta féin. Leis an gcinneadh céanna leagfar síos rialacha maidir le himscaradh trealamh theicniúil sna gníomhaíochtaí oibríochtúla.

Mura leor an líon íosta ítimí de threalamh teicniúil chun an plean oibríochtúil a comhaontaíodh i dtaca le gníomhaíochtaí den sórt sin a chur i gcrích, déanfaidh an Gníomhaireacht é a athbhreithniú ar bhonn na riachtanas sin a bhfuil údar maith leo agus ar bhonn a chomhaontófar idir na Ballstáit.
7. Cuimseofar sa chomhthiomsú de threalamh teicniúil an líon íosta ítimí de threalamh teicniúil, ar ítimí iad ar aithníodh go bhfuil siad de dhíth ar an nGníomhaireacht de réir cineáil trealamh theicniúil. Déanfar an trealamh a liostófar sa chomhthiomsú de threalamh teicniúil a imscaradh le linn oibríochtaí comhpháirteacha, imscaradh foirne tacaíochta don bhainistiú imirce, treoirhionscadal, mear-idirghabhálacha teorann, oibríochtaí um fhilleadh nó idirghabhálacha um fhilleadh.
8. Beidh ar áireamh sa chomhthiomsú de threalamh teicniúil comhthiomsú de threalamh mearfhreagartha ina mbeidh méid teoranta ítimí de threalamh is gá chun go bhféadfaí mear-idirghabhálacha teorann a dhéanamh. Déanfar rannchuidithe na

mBallstát leis an gcomhthiomsú de threalamh mearfhreagartha a phleanáil de réir na gcaibidlíochtaí déthaobhacha bliantúla agus na gcomhaontuithe déthaobhacha bliantúla dá dtagraítear i mír 8. Maidir leis an trealamh ar liosta na n-ítimí sa chomhthiomsú sin, ní fhéadfaidh na Ballstáit an staid eisceachtúil dá dtagraítear i mír 8 a agairt.

Déanfar an trealamh ar an liosta seo a sheoladh chuig an gceann scríbe lena imscaradh a luaithe is féidir, agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis an dáta a aontófar an plean oibríochtúil.

Rannchuideoidh an Ghníomhaireacht leis an gcomhthiomsú sin leis an trealamh a bheidh ar fáil ag an nGníomhaireacht amhail dá dtagraítear in Airteagal 63(1).

9. Rannchuideoidh na Ballstáit leis an gcomhthiomsú de threalamh teicniúil sin. Maidir le rannchuidiú na mBallstát i dtaca le comhthiomsú agus imscaradh an trealaimh sin le haghaidh oibríochtaí sonracha, déanfar sin a phleanáil ar bhonn caibidlíochtaí déthaobhacha bliantúla agus comhaontuithe déthaobhacha bliantúla idir an Ghníomhaireacht agus na Ballstáit. I gcomhréir leis na comhaontuithe sin agus a mhéid atá sin ina chuid den líon íosta ítimí de threalamh theicniúil le haghaidh bliain áirithe, cuirfidh na Ballstáit a dtrealamh teicniúil ar fáil lena imscaradh arna iarraidh sin don Ghníomhaireacht, seachas i gcás ina bhfuil staid eisceachtúil a dhéanadh difear mór d'urscaoileadh a gcuid cúraimí náisiúnta i gceist. Má dhéanann Ballstát an staid eisceachtúil sin a agairt, soláthróidh sé cúiseanna agus faisnéis atá cuimsitheach chuig an nGníomhaireacht, i scríbhinn, ar cúiseanna agus faisnéis iad a ndéanfar a n-inneachar a áireamh sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 13. Déanfar iarraidh na Gníomhaireachta ar a laghad 45 lá roimh imscaradh beartaithe mórtrealaimh theicniúil agus 30 lá roimh imscaradh beartaithe trealaimh eile. Déanfar athbhreithniú bliantúil ar na rannchuidithe leis an gcomhthiomsú de threalamh teicniúil.
10. Ar thogra ón stiúrthóir feidhmiúcháin, cinnfidh an bord bainistíochta, ar bhonn bliantúil, na rialacha maidir le trealamh teicniúil, lena n-áirítear an líon foriomlán íosta ítimí is gá, de réir chineál an trealaimh theicniúil agus na téarmaí maidir lena n-imscaradh agus faoina ndéanfar costais a aisíoc chomh maith leis an líon teoranta ítimí de threalamh teicniúil do chomhthiomsú de threalamh mearfhreagartha. Chun críocha buiséadacha, ba cheart don bhord bainistíochta an cinneadh sin a dhéanamh faoin 31 Márta gach bliain.
11. I gcás ina ndéanfar mear-idirghabháil teorann, beidh feidhm ag Airteagal 40(11) dá réir sin.
12. Má bhíonn gá gan choinne do threalamh teicniúil le haghaidh oibríocht chomhpháirteach nó le haghaidh mear-idirghabháil teorann tar éis an líon íosta ítimí de threalamh teicniúil a bheith leagtha síos agus nach féidir na riachtanais sin a chomhlíonadh ón gcomhthiomsú de threalamh teicniúil nó ón gcomhthiomsú de threalamh mearfhreagartha, déanfaidh na Ballstáit, i gcás inar féidir sin, agus ar bhonn ad hoc, an trealamh teicniúil a chur ar fáil don Ghníomhaireacht lena imscaradh, arna iarraidh sin don Ghníomhaireacht.
13. Tabharfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin tuairisc go tráthrialta ar chomhdhéanamh agus ar imscaradh an trealaimh sin, ar cuid den chomhthiomsú de threalamh teicniúil é, don bhord bainistíochta. I gcás nach mbaintear amach an líon íosta ítimí de threalamh teicniúil a éilítear sa chomhthiomsú, cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an bord bainistíochta ar an eolas ina thaobh gan mhoill. Cinnfidh an bord

bainistíochta tosaíocht a thabhairt d'imscaradh práinneach an trealamh teicniúil agus déanfaidh sé gach beart is gá chun an t-easnamh a leigheas. Cuirfidh an bord bainistíochta an Coimisiún ar an eolas faoin easnamh agus faoi na bearta a rinne sé. Ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi sin agus faoina mheasúnú féin.

14. Cláróidh na Ballstáit sa chomhthiomsú de threalamh teicniúil sin gach modh iompair agus an trealamh oibriúcháin uile a ceannaíodh trí bhíthin Bhearta Sonracha an Chiste Slándála Inmheánaí i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴³, nó, i gcás inarb ábhartha, trí bhíthin aon chistiú tiomnaithe eile de chuid an Aontais arna chur ar fáil do na Ballstáit d'fhonn acmhainn oibríochtúil na Gníomhaireachta a mhéadú. Beidh an trealamh teicniúil sin ina chuid den líon íosta píosá de threalamh teicniúil le haghaidh bliain áirithe.

An trealamh teicniúil sin atá cómhaoinithe faoi Bhearta Sonracha an Chiste Slándála Inmheánaí nó le haon chistiú tiomnaithe eile de chuid an Aontais, cuirfidh na Ballstáit ar fáil lena imscaradh chuig an nGníomhaireacht é arna iarraidh sin di tríd an gcaibidlíocht dhéthaobhach bhliantúil. Cuirfear gach piosa trealamh ar fáil le haghaidh tréimhse nach lú ná 5 mhí. I gcás oibríocht dá dtagraítear in Airteagal 40 nó in Airteagal 43 den Rialachán seo, ní fhéadfaidh siad an staid eisceachtúil dá dtagraítear i mír 8 den Airteagal seo a agairt.

15. Déanfaidh an Gníomhaireacht na taifid a bhaineann leis an gcomhthiomsú de threalamh teicniúil a bhainistiú mar a leanas:
- (a) aicmiú de réir an chineáil trealamh agus de réir an chineáil oibríochta;
 - (b) aicmiú de réir úinéara (Ballstát, gníomhaireacht, eile);
 - (c) líon iomlán ítimí de threalamh a éilítear;
 - (d) ceanglais criú más infheidhme;
 - (e) faisnéis eile, amhail mionsonraí clárúcháin, ceanglais iompair agus chothabhála, na córais onnmhairíochta náisiúnta is infheidhme, teoracha teicniúla, nó faisnéis eile is ábhartha d'úsáid cheart an trealamh;
 - (f) léiriú ar maoiníodh piosa amháin trealamh le cistiú ón Aontas.
16. Seasfaidh an Gníomhaireacht 100% den chostas a bhainfidh le himscaradh a dhéanamh ar an trealamh teicniúil ar cuid é den líon íosta ítimí de threalamh teicniúil a chuirfidh Ballstát ar leith ar fáil in aon bhliain ar leith. I gcás ina n-úsáidtear trealamh teicniúil nach cuid den líon íosta ítimí de threalamh teicniúil é, déanfaidh an Gníomhaireacht é a chómhaoiniú gan dul os cionn 100% den chaitechas incháilithe, agus imthosca ar leith na mBallstát a dhéanfaidh trealamh teicniúil den sórt sin a imscaradh á gcur i gcuntas.

⁴³ Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí agus lena n-aisghairtear Cinneadh 574/2007/CE (IO L 150, 20.5.2014, lch. 143).

Airteagal 65

Tuairisciú maidir le cumais na Gníomhaireachta

1. Ar thogra ón stiúrthóir feidhmiúcháin, déanfaidh an bord bainistíochta tuarascáil bhliantúil a ghlacadh agus í a chur faoi bhráid na Parlaiminte Eorpaí, na Comhairle agus an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cur chun feidhme Airteagail 52, 56, 57, 58, 63 agus Airteagal 64.
2. San áireamh sa tuarascáil sin beidh na nithe seo a leanas, go háirithe:
 - (a) líon na mball foirne oibríochtúil arna gheallúint ag gach Ballstát do chóir buan an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus don díorma faireacháin don fhilleadh éigeantach;
 - (b) líon na foirne oibríochtúil arna gheallúint do buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh;
 - (c) líon na mball foirne oibríochtúil a dhéanann gach Ballstát a imscaradh ó buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh go fíor in aghaidh gach próifíle sa bhliain féilire roimhe sin;
 - (d) líon na bpíosáí trealamh theicniúil arna ngeallúint ag gach Ballstát agus ag an nGníomhaireacht don chomhthiomsú de threalamh teicniúil;
 - (e) líon na bpíosáí trealamh theicniúil arna n-imscaradh ag gach Ballstát agus ag an nGníomhaireacht do Comhthiomsú de threalamh teicniúil, maille le tagairt ar leith
 - (f) do gheallúintí maidir leis an Díorma Mearfhreagartha de Threalamh agus d'imscarthaí as;
 - (g) forbairt chumais dhaonna agus theicniúil na Gníomhaireachta féin.
3. Liostófar sa tuarascáil sin na Ballstáit a d'agair an staid eisceachtúil dá dtagraítear in Airteagal 58 mír 7 agus in Airteagal 64 mír 8 sa bhliain roimhe sin agus áireofar ann na cúiseanna agus an fhaisnéis a sholáthair an Ballstát lena mbaineann.
4. Chun trédhearcacht a áirithiú, cuirfear an bord bainistíochta ar an eolas ar bhonn ráithiúil maidir leis na heilimintí a léirítear i mír 2 i ndáil leis an mbliain reatha.

Airteagal 66

Taighde agus nuálaíocht

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán réamhghníomhach ar ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i dtaca le Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip, lena n-áirítear úsáid a bhaint as ardteicneolaíocht faireachais, agus an treochlár cumais dá dtagraítear in Airteagal 9(4) á chur san áireamh. Déanfaidh an Ghníomhaireacht torthaí an taighde sin a scaipeadh ar Pharlaimint na hEorpa, ar na Ballstáit, agus ar an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 50. Féadfaidh sí na torthaí sin a úsáid, mar is iomchuí, in oibríochtaí comhpháirteacha, i mear-idirghabhálacha teorann, in oibríochtaí um fhilleadh agus in idirghabhálacha um fhilleadh.
2. Cabhróidh an Ghníomhaireacht leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún chun téamaí taighde rithabhachtacha a shainaithint, agus an treochlár dá dtagraítear in Airteagal 9 (4) á chur san áireamh. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh do na Ballstáit agus

don Choimisiún agus creatchláir ábhartha an Aontais um ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta á dtarraingt suas agus á gcur chun feidhme.

3. Déanfaidh an Ghníomhaireacht na codanna sin den Chreachlár um Thaighde agus Nuálaíocht a bhaineann le slándáil teorann a chur chun feidhme. Chun na críche sin, agus i gcás ina ndearna an Coimisiún na cumhachtaí ábhartha a tharmligean chuici, beidh na cúraimí seo a leanas ar an nGníomhaireacht:
 - (a) ar bhonn na gclár oibre ábhartha a ghlac an Coimisiún, déanfaidh sí bainistiú ar chuid de chéimeanna cur chun feidhme an chláir, agus ar chuid de na céimeanna a bhainfidh le ré feidhme cláir áirithe;
 - (b) na hionstraimí forghníomhaithe buiséid a ghlacadh i gcás ioncaim agus caiteachais, agus na hoibríochtaí ar fad a dhéanamh is gá chun an clár a bhainistiú;
 - (c) tacaíocht a chur ar fáil do chur chun feidhme an chláir.
4. Féadfaidh an Ghníomhaireacht treoirthionscadail a bhaineann le hábhair a chumhdaítear leis an Rialacháin seo a phleanáil agus a chur chun feidhme.

Airteagal 67

Na pleananna a bhunú

1. Na pleananna ar cuid den phleanáil chomhtháite don bhainistiú teorainneacha agus don fhilleadh dá dtagraítear in Airteagal 9, bunófar i gcomhréir le mír 2, le mír 3 agus le mír 4 iad.
2. Bunóidh na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht pleananna oibríochtúla um bainistiú teorann agus um fhilleadh. Pleananna oibríochtúla na mBallstát a bhaineann le codanna den teorainn a bhfuil ardleibhéil agus leibhéil chriticiúla tionchair acu, bunófar iad i gcomhar leis na Ballstáit chomharsanachta agus leis an nGníomhaireacht. Maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, saineofar an phleanáil oibríochtúil don bhliain dar gcionn in iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad clársceidealaithe aonair dá dtagraítear in Airteagal 100 agus le haghaidh gach gníomhaíocht oibríochtúil sonracha tríd an bplan oibríochtúil dá dtagraítear in Airteagal 39 agus in Airteagal 75(3).
3. Glacfaidh na Ballstáit plean teagmhais le haghaidh a dteorainneacha agus an filleadh a bhainistiú. I gcomhréir leis an straitéis náisiúnta don bhainistiú comhtháite teorainneacha, beidh tuairisc sna pleananna teagmhais ar na bearta agus na hacmhainní ar fad a mbeadh gá leo chun athneartú a dhéanamh ar chumais lena n-áirítear lóistíocht agus tacaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ón nGníomhaireacht araon.

Déanfaidh gach Ballstát agus an Ghníomhaireacht na cásanna comhfhreagracha agus an chuid sin de na pleananna teagmhasacha a dteastaíonn tuilleadh tacaíochta ón nGarda Teorann agus Cósta ina leith a ullmhú ar bhonn comhpháirteach agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chomharsanachta.
4. Glacfaidh na Ballstáit plean forbartha cumas don bhainistiú teorann agus don fhilleadh i gcomhréir lena straitéis náisiúnta don bhainistiú comhtháite teorainneacha. Beidh tuairisc sa phlean forbartha acmhainne ar an gcás atá beartaithe

agus ar éabhlóid na gcumas náisiúnta gaolmhar, sa mheántearma agus san fhadtearma, maidir le bainistiú teorann agus le fillleadh.

Tabharfar aghaidh sa phlean náisiúnta forbraíochta acmhainne go háirithe ar bheartas earcaíochta agus oiliúna na ngardaí teorann agus na speisialtóirí don fhilleadh, ar fháil agus cothabháil trealamh agus ar na gníomhaíochtaí taighde agus forbartha is gá agus ar na gnéithe airgeadais comhfhreagracha.

5. Bunóidh an Gníomhaireacht sintéis de na pleananna náisiúnta forbartha cumais agus straitéis ilbhliantúil le haghaidh trealamh na Gníomhaireachta a fháil dá dtagraítear in Airteagal 63 agus pleanáil ilbhliantúil na bpróifilí do bhuanachóir an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh.

Déanfaidh an Gníomhaireacht an tsintéis sin a roinnt leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún d'fhonn aon sinéirgíocht agus aon deis a shainaithint le haghaidh comhair sna réimsí éagsúla a chumhdaítear leis na pleananna forbraíochta um chumas, lena n-áirítear soláthair chomhpháirteacha. Bunaithe ar na sinéirgíochtaí arna sainaithint, féadfaidh an Gníomhaireacht iarraidh ar na Ballstáit a bheith rannpháirteach i mbearta leantacha le haghaidh comhair.

6. An treochlár forbartha cumais dá dtagraítear in Airteagal 9(4), is é an stiúrtóir feidhmiúcháin a bheartóidh é bunaithe ar shintéis na bpleananna forbartha cumais lena gcuirfear san áireamh, *inter alia*, torthaí na hanailíse riosca agus na measúnuithe riosca arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 33 agus le pleananna ilbhliantúla na Gníomhaireachta féin.
7. An modh oibre agus an próiseas chun na cásanna dá dtagraítear i mír 2 agus na pleananna dá dtagraítear i mír 3, mír 4 agus mír 5 a bhunú, glacfaidh Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta iad ar thogra ón Stiúrtóir Feidhmiúcháin.

ROINN 10

CÓRAS AN AONTAIS EORPAIGH UM FHAINSNÉIS AGUS ÚDARÚ TAISTIL (ETIAS)

Airteagal 68

Aonad Láir ETIAS a chruthú

1. Bunaítear Aonad Láir ETIAS.
2. Áiritheoidh an Gníomhaireacht go gcuirfear ar bun agus go bhfeidhmeoidh Aonad Láir ETIAS dá dtagraítear in Airteagal 7 de [Rialachán lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhainnéis agus Údarú Taistil (ETIAS).”]

ROINN 11

COMHAR

FO-ROINN 1

COMHAR LAISTIGH DEN AONTAS EORPACH

Airteagal 69

Comhar na Gníomhaireachta le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí, agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta

1. Oibreoidh an Ghníomhaireacht i gcomhar le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí, agus gníomhaireachtaí, agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta faoi chuimsiú a gcreata dlí faoi seach agus bainfidh sí úsáid as faisnéis, cumais agus córais atá ann cheana agus atá ar fáil i gcreat EUROSUR.
I gcomhréir le mír 1, oibreoidh an Ghníomhaíocht i gcomhar leo seo a leanas go háirithe:
 - (a) an Coimisiún agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí;
 - (b) an Oifig Eorpach Póilíní (Europol);
 - (c) an Ghníomhaireacht Eorpach Tearmainn;
 - (d) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha;
 - (e) Eurojust;
 - (f) Lárionad Satailíte an Aontais Eorpaigh;
 - (g) an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach;
 - (h) an Ghníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa réimse saoirse, slándála agus ceartais;
 - (i) an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta agus an Bainisteoir Líonra arna bhunú faoi Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh cur chun feidhme fheidhmeanna an líonra bainistíochta aerthráchta (BAT);
 - (j) an Lárionad Anailíse agus Oibríochtaí Muirí – Támhshuanaigh (MAOC-N);
 - (k) Misin de chuid an Aontais agus oibríochtaí de chuid an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta.
2. Tarlóidh an comhoibriú dá dtagraítear i mír 1 laistigh de chreatlach na socrúithe oibre a rinneadh leis na heintitis dá dtagraítear i mír 1. Beidh formheas an Choimisiúin ag na socrúithe sin roimh ré. I ngach cás, cuirfidh an Ghníomhaireacht Parlaimint na hEorpa ar an eolas.
3. Maidir le faisnéis rúnaicmithe a láimhseáil, déanfar foráil sna socrúithe sin go gcomhlíonfaidh an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais nó an eagraíocht idirnáisiúnta lena mbaineann rialacha agus caighdeáin slándála a bheidh coibhéiseach leo siúd a chuirfidh an Ghníomhaireacht i bhfeidhm. Reáchtálfar

cuairt mheasúnaithe sula gcuirfear an socrú i gcrích agus cuirfear an Coimisiún ar an eolas faoi thoradh na cuairte measúnaithe sin.

4. Agus í i mbun a cuid gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo, oibreoidh an Gníomhaireacht i gcomhar leis an gCoimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Cé go bhfuil siad lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo, gabhfaidh sí le comhar den sórt sin freisin i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an limistéar custaim a n-áirítear bainistiú riosca, i gcás ina bhféadfaidh na gníomhaíochtaí sin tacú le chéile. Beidh an comhar sin gan dochar d'inniúlachtaí an Choimisiúin atá ann faoi láthair, d'Ard-Ionadaí an Aontais um Ghnóthaí Eachtracha agus Beartas Slándála agus do na Ballstáit.
5. Ní bhainfidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais ná na heagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 1 úsáid as faisnéis a gheobhaidh siad ón nGníomhaireacht ach amháin faoi theorainneacha a n-inniúlachta agus a mhéid a urramaíonn siad cearta bunúsacha an duine, lena n-áirítear ceanglais chosanta sonraí. Sonraí pearsanta a ndéanfaidh an Gníomhaireacht iad a phróiseáil, beidh a dtarchur go hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, nó cur na sonraí sin in iúl ar bhealach eile dóibh, faoi réir socruithe sonracha oibre i ndáil le malartú sonraí pearsanta agus beidh an tarchur agus an cur in iúl sin faoi réir formheasta roimh ré ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Aon aistriú sonraí pearsanta ag an nGníomhaireacht, beidh sé i gcomhréir leis na forálacha cosanta sonraí a leagtar síos in Airteagal 87 go hAirteagal 90. Maidir le faisnéis rúnaicmithe a láimhseáil, déanfar foráil sna socruithe sin go gcomhlíonfaidh institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht an Aontais nó an eagraíocht idirnáisiúnta lena mbaineann, rialacha agus caighdeáin slándála a bheidh coibhéiseach leo siúd a chuireann an Gníomhaireacht i bhfeidhm.
6. Malartófar faisnéis idir an Gníomhaireacht agus na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta, dá dtagraítear i mír 2, tríd an líonra cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 14 nó trí chórais mhalartaithe faisnéise chreidiúnaithe eile lena gcomhlíontar critéir na hinfhaighteachta, na rúndachta agus na sláine.

Airteagal 70

Comhar Eorpach um fheidhmeanna an gharda cósta

1. Gan dochar do EUROSUR agus i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, tacóidh an Gníomhaireacht leis na húdaráis náisiúnta agus iad i mbun chúraimí an gharda cósta, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal idirnáisiúnta, mar seo a leanas:
 - (a) comhroinnt, comhtháthú agus anailisiú a dhéanamh ar fhaisnéis atá le fáil i gcórais tuairiscithe long agus i gcórais faisnéise eile arna n-óstáil ag na gníomhaireachtaí sin nó atá ar fáil dóibh, i gcomhréir lena mbunúis dlí faoi seach agus gan dochar d'úinéireacht na mBallstát ar na sonraí sin;
 - (b) seirbhísí faireachais agus seirbhísí cumarsáide a chur ar fáil arna mbunú sin ar theicneolaíocht úrscothach, lena n-áirítear bonneagar spás-bhunaithe agus bonneagar talún chomh maith le braiteoirí atá suite ar ardán de chineál ar bith;

- (c) acmhainn a fhorbairt trí threoirlínte agus moltaí a tharraingt suas agus trí dheachleachtais a bhunú, agus trí oiliúint agus malartú foirne a chur ar fáil;
 - (d) malartú faisnéise agus comhar um fheidhmeanna garda cósta a fheabhsú lena n-áirítear trí dhúshláin oibríochtúla agus rioscaí atá ag teacht chun cinn sa réimse muirí a anailísiú;
 - (e) acmhainn a chomhroinnt trí oibríochtaí ilchuspóireacha a phleanáil agus a chur chun feidhme agus trí shócmhainní agus acmhainneachtaí eile a chomhroinnt, sa mhéid go ndéanann na gníomhaireachtaí sin na gníomhaíochtaí sin a chomhordú agus go gcomhaontaíonn údarais inniúla na mBallstát lena mbaineann leo.
2. Is de réir socrú oibre, a bheidh i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach agus leis na rialacha airgeadais is infheidhme do na gníomhaireachtaí sin, a chinnfear foirmeacha beachta an chomhair um fheidhmeanna garda cósta idir an Gníomhaireacht agus an Gníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach agus an Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí. Déanfaidh bord bainistíochta na Gníomhaireachta agus boird riaracháin na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí agus na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach socrú den sórt sin a fhormheas.
3. Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, leis an nGníomhaireacht, leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, lámhleabhar praiticiúil a chur ar fáil maidir le comhar Eorpach um fheidhmeanna garda cósta. Beidh ar áireamh sa lámhleabhar sin treoirlínte, moltaí agus deachleachtais chun faisnéis a mhalartú. Glacfaidh an Coimisiún an lámhleabhar i bhfoirm molta i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 117(3).

Airteagal 71

Comhar le hÉirinn agus leis an Ríocht Aontaithe

- 1. Déanfaidh an Gníomhaireacht éascú ar chomhoibriú oibríochtúil na mBallstát le hÉirinn agus leis an Ríocht Aontaithe i dtaca le gníomhaíochtaí sonracha.
- 2. Chun críocha EUROSUR, féadfar an malartú faisnéise agus an comhar le hÉirinn agus leis an Ríocht Aontaithe a dhéanamh ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha nó ilthaobhacha idir Éire nó an Ríocht Aontaithe faoi seach agus Ballstát comharsanachta amháin nó roinnt Ballstát comharsanachta nó trí líonraí réigiúnacha a bhunófar ar na comhaontuithe sin. Is iad lárionaid náisiúnta chomhordúcháin na mBallstát a bheidh ina bpointí teagmhála chun faisnéis a mhalartú le húdarais chomhfhreagracha na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe faoi chuimsiú EUROSUR.
- 3. Beidh na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 2 teoranta don mhalartú faisnéise seo a leanas idir lárionaid chomhordúcháin náisiúnta de chuid Ballstáit agus údarás comhfhreagrach na hÉireann nó na Ríocht Aontaithe:
 - (a) faisnéis atá sa phictiúr de dhálaí náisiúnta de chuid Ballstáit a mhéid a tharchuirfear chuig an nGníomhaireacht í chun críocha an phictiúir de dhálaí Eorpacha;
 - (b) faisnéis atá bailithe ag Éirinn agus ag an Ríocht Aontaithe atá ábhartha chun críocha an phictiúir de dhálaí Eorpacha;

(c) faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 26 (5).

4. Ní dhéanfar faisnéis, arna sholáthar i gcomhthéacs EUROSUR ag an nGníomhaireacht nó ag Ballstát nach bhfuil ina rannpháirtí in aon cheann de na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 2, a roinnt le hÉirinn ná leis an Ríocht Aontaithe in éagmais fhormheas na gníomhaireachta nó an Bhallstáit sin. Beidh na Ballstáit agus an Gníomhaireacht faoi cheangal ag an diúltú an fhaisnéis sin a roinnt le hÉirinn nó leis an Ríocht Aontaithe.
5. Toirmiscfear faisnéis a mhalartófar faoin Airteagal seo a tharchur chuig tríú tíortha nó chuig tríú páirtithe, nó a chur in iúl dóibh.
6. Áireofar sna comhaontuithe dá dtagraítear i mír 2 forálacha maidir le costais airgeadais a eascróidh as rannpháirtíocht na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe i gcur chun feidhme na gcomhaontuithe sin.
7. Cuimseofar leis an tacaíocht a chuirfidh an Gníomhaireacht ar fáil de bhun phointe 12, phointe 13 agus phointe 15 d'Airteagal 10(1) eagrú na n-oibríochtaí um fhilleadh de chuid na mBallstát ina mbeidh Éire nó an Ríocht Aontaithe rannpháirteach freisin.
8. Cuirfear ar fionraí cur i bhfeidhm an Rialacháin seo i dtaca le críocha Ghiobráltar nó go mbeidh comhaontú ann maidir le raon na mbeart sin a bhaineann le daoine a bheith ag trasnú na dteorainneacha seachtracha.

FO-ROINN 2

COMHAR LE TRÍÚ TÍORTHA

Airteagal 72

Comhar le tríú tíortha

1. I gcomhréir le hAirteagal 3 (g), oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le tríú tíortha chun críocha an bhainistithe teorann chomhtháite agus an bheartais imirce, lena n-áirítear an filleadh.
2. Bunaithe ar na tosaíochtaí beartais a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 8 (4), cuirfidh an Gníomhaireacht cúnaimh teicniúil agus oibríochtúil ar fáil do thríú tíortha faoi chuimsiú bheartas gníomhaíochta seachtraí an Aontais, lena n-Áirítear maidir le cosaint cearta bunúsacha agus prionsabal an *non-refoulement*.
3. Comhlíonfaidh an Gníomhaireacht agus na Ballstáit dlí an Aontais, lena n-áirítear noirm agus caighdeán is cuid de *acquis* an Aontais nuair is ar chríoch an tríú tír a dhéantar an comhar le tríú tír.

Airteagal 73

Comhar na mBallstát le tríú tíortha

1. Chun críocha an Rialacháin seo, féadfaidh na Ballstáit leanúint den chomhar ar leibhéal oibríochtúil agus faisnéis a mhalartú le tríú tír amháin nó le roinnt tríú tíortha. Déanfar comhar agus malartú faisnéise den sórt sin ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha nó trí líonraí réigiúnacha a bhunófar ar bhonn na gcomhaontuithe sin.
2. Nuair a thugtar na comhaontuithe iltaobhacha dá dtagraítear i mír 1 i gcrích, áiríteoidh na Ballstáit forálacha a bhaineann le malartú faisnéise agus le comhar faoi chuimsiú EUROSUR i gcomhréir le hAirteagal 76.

3. Comhlíonfaidh na comhaontuithe sin dá dtagraítear i mír 1 dlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta maidir le cearta bunúsacha agus cosaint idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, an Coinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus an Coinbhinsiún i dTaobh Stádas Dídeanaíthe, go háirithe prionsabal an *non-refoulement*. Nuair a chuirtear comhaontuithe den sórt sin chun feidhme, agus ag féachaint d'Airteagal 8, déanfaidh na Ballstáit measúnú leantach ar staid ghinearálta an tríú tír agus an staid sin a chur san áireamh freisin.

Airteagal 74

Comhar idir an Ghníomhaireacht agus tríú tíortha

1. Féadfaidh an Ghníomhaireacht comhoibriú le húdaráis tríú tíortha atá inniúil ar ábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus a mhéid atá ag teastáil chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh.
2. Le linn di sin a dhéanamh, gníomhóidh sí faoi chuimsiú bheartas gníomhaíochta seachtraí an Aontais, lena n-áirítear maidir le cosaint na gceart bunúsach agus prionsabal an *non-refoulement*, le tacaíocht ó thoscaireachtaí an Aontais agus i gcomhar leo, agus i gcas inarb ábhartha, le tacaíocht ó mhisin agus oibríochtaí CBSC agus i gcomhar leo.
3. I gcúinsí ina bhfuil imscaradh foirne bainistithe teorann agus foirne um fhilleadh de chuid bhuanachóir an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh ag teastáil i dtríú tír ina bhfeidhmeoidh baill foirne cumhachtaí feidhmiúcháin, tabharfaidh an tAontas comhaontú stádais i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann. Sa chomhaontú stádais, cumhdófar na gnéithe uile is gá chun na gníomhaíochtaí a chur i gcrích. Leagfar amach ann go háirithe raon feidhme na hoibríochta, dliteanas sibhialta agus coiriúil agus cúraimí agus cumhachtaí bhaill na bhfoirne. Sa chomhaontú stádais, áiríteofar go ndéanfar na cearta bunúsacha a urramú go hiomlán le linn na n-oibríochtaí sin.
4. I gcás ina bhfuil siad ar fáil, gníomhóidh sí freisin faoi chuimsiú socruithe oibre arna dtabhairt i gcrích leis na húdaráis sin i gcomhréir le dlí agus beartas an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 77(6). Saineofar sna socruithe oibre sin raon oibre, cineál agus cuspóir an chomhair agus beidh baint aige le bainistiú an chomhair oibríochtúil agus féadfar forálacha a bheith san áireamh a bhaineann le malartú faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe agus le comhar faoi chuimsiú EUROSUR i gcomhréir le hAirteagal 75 (3). Is i gcomhréir le hAirteagal 77(6) a thabharfar i gcrích aon socrú oibre maidir le malartú faisnéise rúnaicmithe. Comhlíonfaidh an Ghníomhaireacht dlí an Aontais, lena n-áirítear noirm agus caighdeán ar cuid de *acquis* an Aontais iad.
5. Rannchuideoidh an Ghníomhaireacht le cur chun feidhme comhaontuithe idirnáisiúnta agus socruithe neamhcheangailteacha um fhilleadh arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas le tríú tíortha, laistigh de chreat bheartas gníomhaíochta seachtraí an Aontais, agus maidir le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo.
6. Féadfaidh an Ghníomhaireacht tairbhiú de chistiú ón Aontas i gcomhréir le forálacha na n-ionstraimí ábhartha lena dtugtar tacaíocht do thríú tíortha agus i ndáil leo. Féadfaidh sí tionscadail um chúnamh teicniúil a sheoladh i dtríú tíortha maidir le hábhar a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus i gcomhréir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht.
7. Cuirfidh an Ghníomhaireacht Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí a dhéantar de bhun an Airteagail seo.

8. Áireoidh sí measúnú ar an gcomhar le tríú tíortha ina tuarascálacha bliantúla.

Airteagal 75

Cúnamh teicniúil agus oibríochtúil ón nGníomhaireacht do thríú tíortha

1. I gcúinsí ina dteastaíonn cúnamh teicniúil agus oibríochtúil méadaithe, dá bhforáiltear in Airteagal 72 (3), féadfaidh an Gníomhaireacht comhar oibríochtúil a chomhordú idir na Ballstáit agus tríú tíortha agus tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil do thríú tíortha i gcomhthéacs an bhainistithe teorann chomhtháite Eorpaigh.
2. Beidh an deis ag an nGníomhaireacht gníomhaíochtaí a chur i gcrích ag teorainneacha seachtracha tríú tír, faoi réir comhaontú ón tríú tír sin, ar chríoch an tríú tír sin san áireamh.
3. Is ar bhonn plean oibríochtúil arna chomhaontú idir an Gníomhaireacht agus an tríú tír lena mbaineann a dhéanfar oibríochtaí. I gcás oibríochtaí a dhéanfar ag teorainn choiteann idir an tríú tír agus Ballstát amháin nó níos mó, beidh comhaontú ann faoin bplean oibríochtúil idir an Ballstát nó na Ballstáit atá teorannach leis an limistéir oibríochtúil. Féadfar forálacha a bhaineann le faisnéis a mhalartú agus le comhar faoi chuimsiú EUROSUR a bheith san áireamh i bpleananna oibríochtúla i gcomhréir le hAirteagal 76. Gan dochar d'imscaradh bhaill de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 55 go hAirteagal 58, is ar bhonn deonach a bheidh na Ballstáit rannpháirteach in oibríochtaí comhpháirteacha ar chríoch tríú tíortha.
4. Féadfaidh an Gníomhaireacht cúnamh a sholáthar do ghníomhaíochtaí um fhilleadh a dhéanfaidh tríú tíortha agus comhordú nó eagrú oibríochtaí um fhilleadh, a ndéantar líon áirithe filltí a chur ar ais ón dtríú tír sin chuig tríú tír eile lena linn, a áirithiú. Féadfar oibríochtaí um fhilleadh den sórt sin a eagrú le rannpháirtíocht Ballstáit amháin nó níos mó ("oibríochtaí measctha um fhilleadh ") nó mar bheadh oibríochtaí náisiúnta um fhilleadh ann, go háirithe nuair atá údar leis sin mar gheall ar thosaíochtaí bheartas an Aontais maidir leis an imirce neamhrialta. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha agus an Gníomhaireacht go dtabharfar urraim do chearta bunúsacha agus d'úsáid chomhréireach modhanna sriantacha a ráthú le linn na hoibríochta um fhilleadh ar fad, go háirithe nuair a bhíonn lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach agus gardaí tionlacain um fhilleadh as an dtríú tír i láthair.

Airteagal 76

Malartú faisnéise le tríú tíortha faoi chuimsiú EUROSUR

1. Na lárionaid chomhordúcháin náisiúnta sna Ballstáit agus, i gcás inarb ábhartha, an Gníomhaireacht, beidh siad ina bpointí teagmhála le haghaidh malartú faisnéise agus comhar le tríú tíortha faoi chuimsiú EUROSUR.
2. Sonrófar sna forálacha le haghaidh malartú faisnéise faoi chuimsiú EUROSUR dá dtagraítear in Airteagal 72 (2) an méid seo a leanas:
 - (a) na pictiúir de dhálaí sonracha arna gcomhroinnt le tríú tíortha;
 - (b) na sonraí de thionscnamh tríú tíortha is féidir a roinnt sa Phictiúr de Dhálaí Eorpach agus na próisis chun na sonraí sin a roinnt;
 - (c) na próisis lenar féidir Seirbhísí Cumaisc EUROSUR a sholáthar d'Údaráis tríú tíortha, agus na coinníollacha ar ar féidir é sin a dhéanamh;

- (d) modhanna oibre an chomhair agus an mhalartaithe faisnéise le breathnóirí tríú tíortha chun críocha EUROSUR.
3. Ní dhéanfar faisnéis, arna soláthair i gcomhthéacs EUROSUR ag an nGníomhaireacht nó ag Ballstát nach bhfuil ina rannpháirtí in aon cheann de na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 73, a roinnt le tríú tír faoin gcomhaontú sin gan formheas na Gníomhaireachta nó an Bhallstáit sin a fháil roimh ré. Beidh na Ballstáit agus an Gníomhaireacht faoi cheangal ag an diúltú an fhaisnéis sin a roinnt leis an tríú tír lena mbaineann.

Airteagal 77

Ról an Choimisiúin maidir le comhar le tríú tíortha

1. Tabharfaidh an Coimisiún faoin gcomhaontú stádais dá dtagraítear in Airteagal 74 (3) i gcomhréir le hAirteagal 218(3) CFAE.
 2. Tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis an nGníomhaireacht, déanfaidh sé forálacha samhlacha a tharraingt suas le haghaidh na gcomhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha dá dtagraítear in Airteagal 71(2) agus in Airteagal 73 le haghaidh malartú faisnéise faoi chuimsiú EUROSUR dá bhforáiltear in Airteagal 76 (2).
- Tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht, déanfaidh sé samhail a tharraingt suas le haghaidh na socruithe oibre dá dtagraítear in Airteagal 74.
3. Cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann comhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha dá dtagraítear in Airteagal 73(1) in iúl don Choimisiún, agus déanfaidh an Coimisiún a fhíorú an bhfuil a gcuid forálacha i gcomhréir leis an Rialachán seo.
 4. Sula dtabharfar comhaontú nua déthaobhach nó iltaobhach i gcrích dá dtagraítear in Airteagal 73 (1), tabharfaidh an Ballstát/na Ballstáit fógra ina leith don Choimisiún, agus fíoróidh an Coimisiún an bhfuil a chuid forálacha i gcomhréir leis an Rialachán seo agus cuirfidh sé an méid sin in iúl don Bhallstát/do na Ballstáit dá réir.
 5. A luaithe a thabharfar comhaontú nua i gcrích, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an Choimisiún a chur ar an eolas agus cuirfidh an Coimisiún an méid din in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Gníomhaireacht.
 6. Sula dtabharfar aon socruithe oibre le tríú páirtithe nó le tríú tíortha i gcrích, tabharfaidh an Gníomhaireacht fógra don Choimisiún fúthu, agus déanfaidh an Coimisiún iad a réamh-fhormheas. A luaithe a thabharfar socruithe oibre i gcrích, tabharfaidh an Gníomhaireacht fógra don Choimisiún fúthu agus tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle fúthu.
 7. Tabharfaidh an Gníomhaireacht fógra don Choimisiún maidir leis na pleananna oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 75(3). Beidh an cinneadh maidir le hoifigigh idirchaidrimh a imscaradh chuig tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 78 faoi réir tuairim a fháil roimh ré ón gCoimisiún. Coimeádfar Parlaimint na hEorpa go hiomlán ar an eolas i leith na ngníomhaíochtaí sin gan mhoill.

Oifigigh idirchaidrimh na Gníomhaireachta i dtríú tíortha

1. Féadfaidh an Ghníomhaireacht saineolaithe óna baill foirne reachtúla a imscaradh mar oifigigh idirchaidrimh, agus ba cheart an chosaint is treise dá bhfuil ann a dhéanamh orthu agus a ndualgais á gcur i gcrích acu i dtríú tíortha. Beidh siad ina gcuid de ghréasáin chomhair áitiúla nó réigiúnacha na n-oifigeach idirchaidrimh agus na saineolaithe slándála den Aontas agus de na Ballstáit, lena n-áirítear an gréasán a cuireadh ar siúl de bhun Rialachán (CE) Uimh. 377/2004. Trí chinneadh ón mbord bainistíochta féadfaidh an Ghníomhaíocht próifílí sonracha oifigigh idirchaidrimh a leagan síos, amhail oifigigh idirchaidrimh um fhilleadh, agus sin ag brath ar riachtanais oibríochtúla maidir leis an tríú tír lena mbaineann.
2. Faoi chuimsiú bheartas gníomhaíochta seachtraí an Aontais, tabharfar tosaíocht i gcás imscaradh oifigeach idirchaidrimh do na tríú tíortha sin ar tír thionscnaimh nó tír idirthurais maidir leis an inimirce neamhdhleathach iad, bunaithe ar anailís riosca. Ar bhonn cómhálartach, féadfaidh an Ghníomhaireacht glacadh le hoifigigh idirchaidrimh a chuirfidh na tríú tíortha sin ar dualgas. Ar thogra ón stiúthóir feidhmiúcháin, glacfaidh an bord bainistíochta liosta na dtosaíochtaí ar bhonn bliantúil. Déanfaidh an bord bainistíochta imscaradh na n-oifigeach idirchaidrimh a fhorghnó ar thuairim ón gCoimisiún.
3. Áireofar ar chúraimí oifigigh idirchaidrimh na Gníomhaireachta, i gcomhréir le dlí an Aontais agus cearta bunúsacha á n-urramú, teagmhálacha a bhunú le húdaráis inniúla na tríú tíre sin dár sannadh na hoifigigh, agus na teagmhálacha sin a choimeád ar bun d'fhonn rannchuidiú le cosc na hinimirce neamhdhleathaí, agus leis an gcomhrac i gcoinne na hinimirce sin, agus rannchuidiú le fillithe a chur ar ais, lena n-áirítear trí chúnamh teicniúil a thabhairt ó thaobh náisiúnaigh tríú tíortha a shainaithint agus doiciméid taistil a fháil. Comhordóidh na hoifigigh idirchaidrimh sin go dlúth le toscaireachtaí an Aontais agus, i gcás inarb ábhartha, le misin agus oibríochtaí CBSC.

Breathnóirí atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí na Gníomhaireachta

1. Féadfaidh an Ghníomhaireacht, le comhaontú na mBallstát lena mbaineann, iarraidh ar bhreathnóirí ó institiúidí, ó chomhlachtaí, ó oifigí agus ó ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus ó mhisin agus ó oibríochtaí an chomhbheartais slándála agus cosanta (CBSC) a bheith rannpháirteach ina cuid gníomhaíochtaí, go háirithe in oibríochtaí comhpháirteacha agus i dtreoirthionscadail, in anailís riosca agus in oiliúint, a mhéid a bheidh láithreacht na mbreathnóirí sin i gcomhréir le cuspóirí na ngníomhaíochtaí sin, agus go bhféadfadh a láithreacht a bheith ina rannchuidiú le feabhsú an chomhair agus le malartú na ndea-chleachtas, agus nach ndéanann sé aon difear do shábháilteacht fhoriomlán ná do shlándáil fhoriomlán na ngníomhaíochtaí sin. Ní bheidh na breathnóirí sin rannpháirteach in anailís riosca ná in oiliúint mura mbeidh comhaontú na mBallstát lena mbaineann ann. Maidir le hoibríochtaí comhpháirteacha agus le treoirthionscadail, beidh rannpháirtíocht na mbreathnóirí faoi réir comhaontú an Bhallstáit óstaigh. Áireofar sa phlean oibríochtúil rialacha mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht na mbreathnadóirí. Gheobhaidh na breathnóirí sin oiliúint iomchuí ón nGníomhaireacht roimh a rannpháirtíocht.

2. Féadfaidh an Gníomhaireacht, le comhaontú na mBallstát lena mbaineann, cuireadh a chur ar bhreathnóirí ó thríú tíortha a bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí ag na teorainneacha seachtracha úd dá dtagraítear in Airteagal 37, sna hoibríochtaí um fhilleadh dá dtagraítear in Airteagal 51, sna hidirghabhálacha um fhilleadh dá dtagraítear in Airteagal 54, agus san oiliúint dá dtagraítear in Airteagal 62, a mhéid a bheidh láithreacht na mbreathnóirí sin i gcomhréir le cuspóirí na ngníomhaíochtaí úd, go bhféadfadh an láithreacht sin rannchuidiú le comhar a fheabhsú agus le malartú dea-chleachtas, agus nach ndéantar aon difear leis do shábháilteacht fhoriomlán na ngníomhaíochtaí sin. Ní tharlóidh rannpháirtíocht na mbreathnóirí sin ach amháin le comhaontú na mBallstát lena mbaineann, maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 37, 43, 51, agus 62, agus le comhaontú an Bhallstáit óstaigh amháin maidir leis na cinn sin dá dtagraítear in Airteagal 37 agus in Airteagal 54. Áireofar sa phlean oibríochtúil rialacha mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht na mbreathnóirí. Gheobhaidh na breathnóirí sin oiliúint iomchuí ón nGníomhaireacht roimh a rannpháirtíocht. Ceanglófar orthu cloí le cóid iompair na Gníomhaireachta le linn dóibh páirt a ghlacadh ina gníomhaíochtaí.

CAIBIDIL III

Doiciméid Bhréige agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (FADO)

Airteagal 80

1. Déanfaidh an Gníomhaíocht Doiciméid Bhréige agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (FADO) a ghlacadh ar láimh agus a oibriú, ar bunachar sonraí é ina mbeidh faisnéis maidir le fiordhoiciméid taistil agus cónaithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit, tríú tíortha, eintitis chríochacha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag eintitis eile ar ábhar den dlí idirnáisiúnta iad agus maidir le falsuithe díobh. Ní bheidh aon sonraí pearsanta sa chóras FADO.
- Déanfaidh na Ballstáit na sonraí atá in FADO faoi láthair a thraschur chuig an gcóras nua.
2. Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) sonraíochtaí teicniúla FADO a bhunú de réir ardchaighdeán;
 - (b) na nósanna imeachta a bhunú le haghaidh an fhaisnéis atá in FADO a rialú agus a fhíorú.

CAIBIDIL IV

Forálacha ginearálta

ROINN 1

RIALACHA GINEARÁLTA

Airteagal 81

Cosaint ar chearta bunúsacha agus straitéis um chearta bunúsacha

1. Áiritheoidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach go ndéanfar cearta bunúsacha a chosaint agus a chúraimí á gcomhlíonadh aige faoin Rialachán seo i gcomhréir le dlí

ábhartha an Aontais, go háirithe an Chairt, i gcomhréir leis an dlí ábhartha idirnáisiúnta — lena n-áirítear Coinbhinsiún 1951 maidir le Stádas Dídeanaithe, Prótocal 1967 a ghabhann leis sin agus i gcomhréir le hoibleagáidí a bhaineann le rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, go háirithe prionsabal an *non-refoulement*.

Chun na críche sin, déanfaidh an ghníomhaireacht straitéis um chearta bunúsacha a tharraingt suas, a fhorbairt tuilleadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear sásra éifeachtach chun faireachán a dhéanamh ar chearta bunúsacha a bheith á n-urramú i ngníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta.

2. Agus a chuid cúraimí á gcomhlíonadh aige, áiritheoidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach nach ndéanfar aon duine a chur i dtír, a chur i dtír in aghaidh a thola, a sheoladh chuig tír, a thabhairt ar láimh, nó a chur ar ais ar shlí eile, de shárú ar phrionsabal an *non-refoulement*, do na húdaráis i dtír ar bith nó i dtír a bhféadfadh an baol a bheith ann go ndéanfaí an duine a dhibirt aisti nó a chur ar ais chuig tír eile de shárú ar an bprionsabal céanna sin.
 3. Agus a chuid cúraimí á gcomhlíonadh aige, cuirfidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach i gcuntas na riachtanais speisialta a bhíonn ag leanaí, ag mionaoisigh neamhthionlactha, ag daoine faoi mhíchumas, ag íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, ag daoine óna dteastaíonn cúnamh liachta, ag daoine óna dteastaíonn cosaint idirnáisiúnta, acu siúd atá i nguais ar muir, agus ag daoine eile i gcás an-leochaileach.
- Ina ghníomhaíochtaí go léir, tabharfaidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach aird ar leith ar chearta leanaí agus áiritheoidh siad go ndéanfar leas an linbh a urramú.
4. Agus a cuid cúraimí á gcomhlíonadh aici, cuirfidh an Ghníomhaireacht i gcuntas sa chaidreamh a bheidh aici leis na Ballstáit agus sa chomhar a dhéanfaidh sí le tríú tíortha, tuarascálacha an fhórait chomhchomhairligh dá dtagraítear in Airteagal 70 agus an oifigh um chearta bunúsacha.

Airteagal 82

Cód iompair

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, i gcomhar leis an bhfóram comhchomhairleach, cód iompair a dhréachtú agus a fhorbairt tuilleadh, cód is infheidhme maidir leis na hoibríochtaí go léir um rialú ag teorainneacha a bheidh á gcomhordú ag an nGníomhaireacht agus maidir le gach duine atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí na Gníomhaireachta. Leagfar síos leis an gcód iompair nósanna imeachta atá beartaithe chun prionsabal an smachta reachta agus an prionsabal go n-urramaítear cearta bunúsacha a ráthú, agus díriú ar leith ar dhaoine leochaileacha, lena n-áirítear páistí, ar mhionaoisigh neamhthionlactha agus ar dhaoine eile i gcás leochaileach, agus ar dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu freisin.
2. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, i gcomhar leis an bhfóram comhchomhairleach, cód iompair a tharraingt suas agus a fhorbairt a thuilleadh, cód iompair i dtaca le fillithe a chur ar ais, ar cód é a mbeidh feidhm aige le linn do na hoibríochtaí agus na hidirghabhálacha go léir um fhilleadh a bheith á gcomhordú nó á n-eagrú ag an nGníomhaireacht. Beidh cur síos sa chód iompair sin ar nósanna imeachta caighdeánaithe coiteanna a mbeidh d'aidhm leo simpliú a dhéanamh ar an gcaoi a n-eagraítear oibríochtaí um fhilleadh agus idirghabhálacha um fhilleadh, agus lena n-áirítear fillleadh dínitiúil orthu siúd atá le fillleadh agus urraim á tabhairt dá gcearta bunúsacha go hiomlán, agus go háirithe do phrionsabail maidir le dínit an

duine, leis an toirmeasc ar chéasadh agus toirmeasc ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach, leis an gceart chun saoirse agus slándála, leis an gceart chun cosaint ar shonraí pearsanta agus leis an gceart ar neamh-idirdhealú.

3. Tabharfar aird ar leith sa chód iompair um fhilleadh go háirithe ar an oibleagáid a leagtar ar na Ballstáit foráil a dhéanamh do chóras éifeachtach faireacháin agus duine á fhilleadh go héigeantach mar a leagtar síos in Airteagal 8(6) de Threoir 2008/115/CE agus ar an straitéis um chearta bunúsacha.

Airteagal 83

Cúraimí agus cumhachtaí bhaill na bhfoirne

1. Beidh d'acmhainn ag na baill de na foirne de chuid bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta a imscarfar gach cúram dá gcuid a chur i gcrích agus gach cumhacht dá gcuid a fheidhmiú i dtaca le rialú teorainneacha agus le fillleadh, maille leis na cumhachtaí is gá chun cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 agus Treoir 2008/115/AE a bhaint amach.
2. Agus na cúraimí sin á gcomhlíonadh agus na cumhachtaí sin á bhfeidhmiú ag baill na bhfoirne, comhlíonfaidh siad dlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta, agus urramóidh siad cearta bunúsacha an duine agus dlí náisiúnta an Bhallstáit is ósta.
3. Gan dochar d'Airteagal 94(1) maidir le baill foirne reachtúla na Gníomhaireachta, ní fhéadfaidh na baill foirne cúraimí a chomhlíonadh agus cumhachtaí a fheidhmiú ach amháin faoi threoracha ó ghardaí teorann nó ó bhaill foirne a bhfuil baint acu le cúraimí a bhaineann le fillleadh de chuid an Bhallstáit óstaigh agus, mar riail ghinearálta, i láthair gardaí teorann nó ball foirne a bhfuil baint acu le cúraimí a bhaineann le fillleadh de chuid an Bhallstáit óstaigh. Féadfaidh an Ballstát óstach baill na bhfoirne a údarú chun gníomhú thar a cheann.
4. Baill de na foirne a imscarfar ó bhaill foirne oibríochtúil reachtúil na Gníomhaireachta nó a imscarfar tar éis dóibh dul ar iasacht ar feadh tréimhse fhadtéarmach chuig an nGníomhaireacht ó na Ballstáit, is é éide bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a chaithfidh siad, i gcás inarb iomchuí, le linn dóibh a gcuid cúraimí a chomhlíonadh agus a gcuid cumhachtaí a fheidhmiú. Is é a n-éide féin a chaithfidh na baill de na foirne a imscarfar ar feadh tréimhse ghearrthéarmach, i gcás inarb iomchuí, agus a gcúraimí á gcomhlíonadh agus a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu.

Lena chois sin, caithfidh gach ball de na foirne ar a éide aitheantas pearsanta infheicthe agus banda muinchille gorm ar a mbeidh ionchomharthaí an Aontais agus na Gníomhaireachta lena gcuirfear in iúl go bhfuil siad rannpháirteach in oibríocht chomhpháirteach, in imscaradh foirne tacaíochta don bhainistiú imirce, i dtreoirthionscadal, i mear-idirghabháil teorann, in oibríocht um fhilleadh nó in idirghabháil um fhilleadh. Chun críocha aitheantais i dtaca le húdarais náisiúnta an Bhallstáit óstaigh, beidh doiciméad creidiúnaithe ar iompar ag baill na bhfoirne i gcónaí, agus é le taispeáint acu arna iarraidh sin orthu.

Is le cinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún arna ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 117(3) a bhunófar dearadh agus sonraíochtaí le haghaidh éide buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh .

5. Le linn dóibh a gcúraimí a chomhlíonadh agus a gcumhachtaí a fheidhmiú, féadfaidh baill na bhfoirne armáin seirbhíse, armlón agus trealamh a iompar.
Maidir le baill foirne arna gcur ar iasacht chuig an nGníomhaireacht, bíodh sé le haghaidh tréimhse ghairid nó tréimhse fhada, is faoi réir dhlí náisiúnta an Bhallstáit baile a bheidh iompar agus úsáid armán seirbhíse, armlóin agus trealaimh.
Is faoi réir an chreata agus na rialacha mionsonraithe a leagtar síos in Iarscríbhinn a bheidh iompar agus úsáid armán seirbhíse, armlóin agus trealaimh fhoireann oibríochtúil reachtúil na Gníomhaireachta.
Féadfaidh an Ballstát óstach, áfach, cosc a chur ar armáin seirbhíse, armlón agus trealamh áirithe a iompar, ar choinníoll go gcuirtear, faoi reachtaíocht an Bhallstáit féin, an cosc céanna i bhfeidhm ar a ghardaí teorann nó ar a bhaill foirne féin a bhfuil baint acu le cúraimí a bhaineann le filleadh. Sula n-imscarfar baill na bhfoirne, cuirfidh an Ballstát óstach an Gníomhaireacht ar an eolas i dtaobh na n-armán seirbhíse is incheadaithe, i dtaobh an armlóin agus an trealaimh is incheadaithe, agus i dtaobh na gcoinníollacha a bhaineann lena n-úsáid. Cuirfidh an Gníomhaireacht an fhaisnéis sin ar fáil do na Ballstáit.
6. Le linn dóibh a gcúraimí a chomhlíonadh agus a gcumhachtaí a fheidhmiú, beidh sé d'údarás ag baill na bhfoirne forneart a úsáid, lena n-áirítear armáin seirbhíse, armlón agus trealamh, le toiliú an Bhallstáit baile agus an Bhallstáit óstaigh nó, le haghaidh baill foirne na Gníomhaireachta le toiliú na Gníomhaireachta, nuair atá gardaí teorann de chuid an Bhallstáit i láthair. óstaigh agus i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit óstaigh. Féadfaidh an Ballstát óstach, le toiliú an Bhallstáit baile nó na Gníomhaireachta i gcás inarb iomchuí, údarás a thabhairt do bhaill na bhfoirne forneart a úsáid nuair nach bhfuil gardaí teorann de chuid an Bhallstáit óstaigh i láthair.
7. Féadfar armáin seirbhíse, armlón agus trealamh a úsáid i bhféinchosaint dhlisteanach, i gcosaint dhlisteanach bhaill na bhfoirne nó i gcosaint daoine eile, i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit óstaigh.
8. Chun críocha an Rialacháin seo, údaróidh an Ballstát óstach do bhaill na bhfoirne breathnú ar bhunachair shonraí Eorpacha, ar breathnú é atá riachtanach chun aidhmeanna oibríochtúla a chomhlíonadh a shonraítear sa phlean oibríochta maidir le seiceálacha teorann, faireachas ar theorainneacha agus filleadh. Féadfaidh an Ballstát óstach iad a údarú freisin breathnú ar a bhunachair shonraí náisiúnta i gcás inar gá chun na críche céanna. Áiríteoidh na Ballstáit go soláthróidh siad an rochtain sin ar bhunachair shonraí ar shlí éifeachtúil agus éifeachtach. Ní cheadóidh baill na bhfoirne ach na sonraí sin is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh agus chun a gcumhachtaí a fheidhmiú. Sula n-imscarfar baill na foirne, cuirfidh an Ballstát óstach an Gníomhaireacht ar an eolas faoi na bunachair shonraí náisiúnta agus Eorpacha a bhféadfar breathnú orthu. Cuirfidh an Gníomhaireacht an fhaisnéis sin ar fáil do gach Ballstát a bheidh rannpháirteach san imscaradh.
Déanfar an breathnú sin i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí agus le dlí náisiúnta an Bhallstáit óstaigh maidir le cosaint sonraí.
9. Is iad gardaí teorann an Bhallstáit óstaigh nó baill na bhfoirne (i gcás ina n-údaraíonn an Ballstát dóibh feidhmiú ar a shon) a dhéanfaidh gach cinneadh maidir le cead

isteach a dhiúltú do dhuine i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/399.

Airteagal 84

Doiciméad creidiúnaithe

1. Eiseoidh an Gníomhaireacht, i gcomhar leis an mBallstát óstach, doiciméad i dteanga oifigiúil an Bhallstáit óstaigh agus i dteanga oifigiúil eile de chuid institiúidí an Aontais chuig comhaltaí na bhfoirne chun iad a shainaithint agus de chruthúnas ar chearta an tsealbhóra a chúraimí nó a cúraimí a chomhlíonadh agus a chumhachtaí nó a cumhachtaí a fheidhmiú, cúraimí agus cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 83. Beidh na gnéithe seo a leanas i dtaobh gach ball den fhoireann ar áireamh sa doiciméad:
 - (a) ainm agus náisiúntacht;
 - (b) céim nó teideal an phoist;
 - (c) grianghraf digitithe a tógadh le deireanas; agus
 - (d) na cúraimí sin a bhfuil cead a ndéanta le linn an imscartha.
2. Seolfar an doiciméad sin ar ais chuig an nGníomhaireacht tráth a dtiocfaidh deireadh le hoibríocht chomhpháirteach, le himscaradh foirne tacaíochta don bhainistiú imirce, leis an treoirthionscadal, leis an mear-idirghabháil teorann, leis an oibríocht um fhilleadh nó leis an idirghabháil um fhilleadh.

Airteagal 85

Dliteanas sibhialta

1. Gan dochar d'Airteagal 94, i gcás ina mbeidh baill de na foirne ag feidhmiú i mBallstát óstach, is é an Ballstát sin, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta féin, a bheidh faoi dhliteanas i leith aon damáiste a dhéanfaidh na baill le linn a gcuid oibríochtaí.
2. Más de thoradh mórfhaillí nó mí-iompar toiliúil a tharlóidh an damáiste sin, féadfaidh an Ballstát óstach dul i dteagmháil leis an mBallstát baile ag lorg aisíocaíochta ón mBallstát baile ar airgead ar bith a d'íoc an Ballstát óstach le híospartaigh nó le daoine a bhfuil teideal acu thar a gceann. Ar an mbonn céanna, más de thoradh mórfhaillí nó mí-iompar toiliúil bhaill foirne de chuid na Gníomhaireachta a tharla an damáiste sin, féadfaidh an Ballstát óstach dul i dteagmháil leis an nGníomhaireacht ag lorg aisíocaíocht ón nGníomhaireacht ar airgead ar bith a d'íoc sé le híospartaigh nó le daoine a bhfuil teideal acu thar a gceann.
3. Gan dochar d'fheidhmiú a cheart i leith tríú páirtithe, déanfaidh gach Ballstát a éilimh uile in aghaidh an Bhallstáit óstaigh nó in aghaidh aon Bhallstáit eile i leith aon damáiste a rinneadh dó a tharscaoileadh, ach amháin i gcásanna mórfhaillí nó mí-iompar toiliúil.
4. Aon díospóid a tharlóidh idir na Ballstáit i dtaobh fheidhmiú mhír 2 agus mhír 3 den Airteagal seo agus nach féidir a réiteach leis an gcaibidlíocht, cuirfear í faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 273 CFAE.

5. Gan dochar d'fheidhmiú a ceart i leith an tríú páirtí, seasfaidh an Ghníomhaireacht na costais a bhaineann le haon damáiste a dhéanfar do threalamh na Gníomhaireachta agus imscaradh ar siúl, ach amháin i gcásanna mórfhaillí nó mí-iompar toiliúil.

Airteagal 86

Dlíteanas coiriúil

Gan dochar d'Airteagal 94 le linn oibríocht chomhpháirteach, treoirthionscadal, imscaradh foirne tacaíochta don bhainistiú imirce, mear-idirghabháil teorann, oibríocht um fhilleadh nó idirghabháil um fhilleadh ar siúl, caithfear le baill na bhfoirne mar a chaithfí le feidhmeannaigh de chuid an Bhallstáit óstaigh i dtaca le haon chion coiriúil a d'fhéadfaí a dhéanamh ina n-aghaidh nó a d'fhéadfaidís féin a dhéanamh.

ROINN 2

PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA AG AN nGNÍOMHAIREACHT

Airteagal 87

Rialacha ginearálta maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an nGníomhaireacht

1. Cuirfidh an Ghníomhaireacht [Rialachán (CE) Uimh. 45/2001] i bhfeidhm agus sonraí pearsanta á bpróiseáil aici.
2. Déanfaidh an bord bainistíochta na bearta riaracháin is gá le go gcuirfidh an Ghníomhaireacht Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 i bhfeidhm, lena n-áirítear na bearta sin a bhaineann le hoifigeach um chosaint sonraí na Gníomhaireachta.
3. Féadfaidh an Ghníomhaireacht sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta i gcomhréir le forálacha [Rialachán (CE) Uimh. 45/2001] a fhad agus is gá aistriú den sórt sin chun cúraimí na gníomhaireachta a chomhlíonadh i réimse na ngníomhaíochtaí um fhilleadh. Más rud é, faoi chuimsiú oibríochtaí um fhilleadh a eagrú, nach dtraschuirfidh Ballstát sonraí pearsanta fillithe chuig an iompróir, féadfaidh an Ghníomhaireacht freisin na sonraí sin a aistriú ar na coinníollacha céanna. Agus [Airteagal 25(1)(c)] de [Rialachán (CE) Uimh. 45/2001] á chur i bhfeidhm, ní bheidh feidhm ag [Airteagal 19] de maidir le próiseáil sonraí ag an nGníomhaireacht chun críocha an fhilleadh, a fhad agus nach bhfuil fillte an náisiúnaigh tríú tír curtha i gcrích. Féadfaidh an Ghníomhaireacht foráil a dhéanamh maidir le rialacha inmheánacha maidir le srian a chur ar na cearta faoi [Airteagal 17 agus faoi Airteagal 18] de [Rialachán (CE) Uimh. 45/2011] ar bhonn cás ar chás más rud é go gcuirfeadh feidhmiú cirt den sórt sin an próiseas um fhilleadh i mbaol.

Airteagal 88

Cuspóirí próiseála sonraí pearsanta

1. Is chun na gcríoch seo a leanas amháin a fhéadfaidh an Ghníomhaireacht sonraí pearsanta a phróiseáil:
 - (a) oibríochtaí comhpháirteacha, treoirthionscadail agus mear-idirghabhálacha teorann a eagrú agus a chomhordú, faoi chuimsiú na bhfoirne tacaíochta don bhainistiú imirce i gcomhréir leis seo a leanas;

- (b) a chuid cúraimí a chomhlíonadh ó thaobh tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus do thríú tíortha ina gcuid gníomhaíochtaí um réamhfhilleadh agus um fhilleadh, córais bainistithe um fhilleadh a oibriú, chomh maith le hoibríochtaí um fhilleadh a chomhordú agus a eagrú agus cúnamh teicniúil agus oibrióchtúil a thabhairt do na Ballstáit agus do thríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 49;
 - (c) malartú faisnéise a éascú idir na Ballstáit, EASO, Europol nó Eurojust i gcomhréir le hAirteagal 89;
 - (d) anailís ar riosca i gcomhréir le hAirteagal 30;
 - (e) feithiclí a shainaithint agus a rianú faoi chuimsiú EUROSUR i gcomhréir le hAirteagal 90.
 - (f) cúraimí riaracháin.
2. I gcás ina gcuirfidh Ballstát nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais sonraí pearsanta ar fáil don Ghníomhaireacht, is iadsan a chinnefidh an chríoch nó na críocha chuig a ndéanfar na sonraí sin a phróiseáil, faoi mar a luaitear i mír 1. Féadfaidh an Ghníomhaireacht próiseáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin chun críche eile a thagann faoi mhír 1 freisin, má údaraíonn soláthraí na sonraí pearsanta di é sin a dhéanamh, agus sa chás sin amháin.
 3. Agus na sonraí pearsanta á dtraschur, féadfaidh na Ballstáit agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais aon srianta ar rochtain nó ar úsáid na sonraí sin, i dtéarmaí ginearálta nó sonracha, lena n-áirítear a n-aistriú, a scríosadh nó a ndíothú, a chur in iúl. I gcás inar léir, tar éis sonraí pearsanta a aistriú, go bhfuil gá le srianta den sórt sin, cuirfidh na Ballstáit an Ghníomhaireacht ar an eolas dá réir. Déanfaidh an Ghníomhaireacht na srianta sin a chomhlíonadh.

Airteagal 89

Próiseáil ar shonraí pearsanta a bhaileofar le linn oibríochtaí comhpháirteacha, treoirthionscadal agus mear-idirghabhálacha teorann, agus a bhaileoidh na foirne tacaíochta don bhainistiú imirce

1. Ní phróiseálfaidh an Ghníomhaireacht ach na catagóirí seo a leanas de shonraí pearsanta a bhaileoidh na Ballstáit agus a thraschuirfidh siad chuici nó a bhaileoidh foireann na Gníomhaireachta féin nó a thraschuirfidh sí nó EASO, Europol nó Eurojust chuici i gcomhthéacs oibríochtaí comhpháirteacha, treoirthionscadal agus mear-idirghabhálacha teorann, agus a bhaileoidh foirne tacaíochta don bhainistiú imirce agus a sheolfaidh siad chuici:
 - (a) sonraí pearsanta daoine a bhfuil, ar fhorais réasúnacha, droch-amhras ina leith ag údaráis inniúla na mBallstát agus ag EASO, Europol nó Eurojust, go bhfuil siad páirteach sa choireacht trasteorann, amhail imircigh a smuigleáil, gáinneáil ar dhaoine nó an sceimhlitheoireacht;
 - (b) sonraí pearsanta daoine a thrasnaíonn na teorainneacha seachtracha gan údarú, ar sonraí iad a bhaileoidh na foirne, lena n-áirítear sonraí a bhaileofar agus iad ag gníomhú faoi chuimsiú na bhfoirne tacaíochta don bhainistiú imirce;

- (c) uimhreacha plátaí ceadúnais, uimhreacha aitheantais feithicle, uimhreacha teileafóin nó uimhreacha aitheantais long atá nasctha leis na daoine dá dtagraítear in (a) agus in (b), agus ar sonraí iad a bhfuil gá leo d'fhonn imscrúdú agus anailís a dhéanamh ar na bealaí agus modhanna a úsáidtear agus imirce neamhdhlíthiúil agus an choireacht thrasteorann ar siúl.
2. Maidir leis na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 1, ní fhéadfaidh an Ghníomhaireacht iad a phróiseáil ach amháin sna cásanna seo a leanas:
- (a) i gcás inar gá faisnéis a mhalartú le EASO, le Europol nó le Eurojust chun a húsáide i gcomhréir leis na sainorduithe a tugadh dóibh, agus i gcomhréir le hAirteagal 69;
- (b) i gcás inar gá sonraí a tharchur chuig na húdaráis sna Ballstáit ábhartha atá freagrach as rialú teorainneacha, as imirce, as tearmann nó filleadh chun a gcúraimí a chomhlíonadh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta;
- (c) i gcás inar gá sonraí a tharchur chuig na húdaráis sna Ballstáit, sna tríú tíortha um fhilleadh nó in eagraíochtaí idirnáisiúnta is ábhartha chun críche náisiúnaigh tríú tíortha a shainaithint, doiciméid taistil a fháil, filleadh a chumasú nó tacú leis;
- (d) i gcás inar gá na sonraí pearsanta sin chun anailísí riosca a ullmhú.
- (e) i gcásanna sonracha, má thagann an Ghníomhaireacht ar an eolas go bhfuil sonraí pearsanta arna bpróiseáil i gcomhlíonadh a cuid cúraimí de dhíth ar údaráis forfheidhmithe dlí chun críocha coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus chuige sin amháin.
3. Déanfar sonraí pearsanta a scriosadh a luaithe a chuirfear iad chuig EASO, chuig Europol nó chuig Eurojust nó chuig údaráis inniúla na mBallstát, nó a luaithe a úsáidfear iad chun anailísí riosca a ullmhú. Ní rachaidh an tréimhse stórála, in aon chás, thar 90 lá tar éis dháta bailithe na sonraí sin. Na sonraí a bheidh i dtorthaí na n-anailísí riosca, ní luafar aon ainmneacha iontu. Ní bheidh feidhm ag forálacha na míre seo maidir le sonraí arna bpróiseáil chun críche cúraimí a bhaineann le filleadh a chomhlíonadh.

Airteagal 90

Sonraí pearsanta a phróiseáil faoi chuimsiú EUROSUR

1. I gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta ag teastáil don phictiúr de dhálaí náisiúnta, déanfar na sonraí sin a phróiseáil i gcomhréir le forálacha Aontais agus le forálacha náisiúnta ábhartha maidir le cosaint sonraí. Déanfaidh gach Ballstát údarás a ainmniú a mheasfar é a bheith mar rialaitheoir i gcomhréir le hAirteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2016/679 agus a mbeidh an fhreagracht lárnach air maidir leis na sonraí a phróiseálfaidh an Ballstát sin. Tabharfaidh gach Ballstát fógra maidir le sonraí an údaráis sin don Choimisiún.
2. Is uimhreacha aitheantais long agus aerárthach, agus iad sin amháin, na sonraí pearsanta is féidir a phróiseáil sa phictiúr de dhálaí Eorpacha agus de dhálaí sonracha.

3. Aon mhalartú sonraí pearsanta le tríú tíortha faoi chreat EUROSUR, beidh sé teoranta don mhéid a mbeidh géarghá leis chun críocha an Rialacháin seo. Déanfar é i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus leis na forálacha ábhartha náisiúnta maidir le cosaint sonraí.
4. Toirmiscfear aon mhalartú faisnéise faoi Airteagal 73(2), faoi Airteagal 74(3) agus faoi Airteagal 75(3), lena gcuirfear faisnéis ar fáil do thríú tír a d'fhéadfaí a úsáid chun daoine nó grúpa daoine a aithint a mbeidh a n-iarraidh ar chosaint idirnáisiúnta á scrúdú nó a mbeidh contúirt mhór ann go bhfulaingeoideadh siad céastóireacht, íde nó pionós a bheadh mídhonna nó táireach nó aon sárú eile ar chearta bunúsacha.
5. Toirmiscfear faisnéis a mhalartófar faoi Airteagal 73(2), faoi Airteagal 74(3) agus faoi Airteagal 75(3) a tharchur ná a chur chuig tríú tíortha eile nó chuig tríú páirtithe nó a chur in iúl dóibh.

Airteagal 91

Rialacha slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint

1. Glacfaidh an Ghníomhaireacht a cuid rialacha slándála féin bunaithe ar phrionsabail agus ar rialacha atá leagtha síos i rialacha slándála an Choimisiúin chun Faisnéis Rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint lena n-áirítear *inter alia* forálacha maidir leis an malartú le tríú stáit, próiseáil agus stóráil faisnéise den sórt sin mar atá leagtha amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/443 agus i gCinneadh 2015/444 ón gCoimisiún. Aon socrú riaracháin maidir le malartú faisnéise rún-aicmithe le húdaráis ábhartha tríú stáit nó, in éagmais socraithe den sórt sin, aon eisiúint *ad hoc* FRAE chuig na húdaráis sin, ní mór formheas ón gCoimisiún a bheith faighte acu roimh ré.
2. Déanfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha slándála a choigeartú tar éis dó formheas a fháil ón gCoimisiún.
3. Ní fhágfar le haicmiú nach gcuirfear an fhaisnéis ar fáil do Pharlaimint na hEorpa. Déanfar tarchur agus láimhseáil na faisnéise agus na ndoiciméad a tharchuirfear chuig Parlaimint na hEorpa i gcomhréir leis an Rialachán seo, le fhormheas ón gCoimisiún.

ROINN 3

CREAT GINEARÁLTA AGUS EAGRÚ NA GNÍOMHAIREACHTA

Airteagal 92

Stádas dlí agus suíomh

1. Comhlacht de chuid an Aontais a bheidh sa Ghníomhaireacht. Beidh pearsantacht dhlítheanach aici.
2. I ngach ceann de na Ballstáit, teachtfaidh an Ghníomhaireacht an inniúlacht dhlíthiúil is fairsinge dá dtugtar do dhaoine dlítheanacha faoina ndlíthe. Féadfaidh sí, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus féadfaidh sí bheith páirteach in imeachtaí dlíthiúla.
3. Beidh an Ghníomhaireacht neamhspleách i ndáil lena sainordú teicniúil agus oibríochtúil a chur i bhfeidhm.

4. Déanfaidh a stiúrthóir feidhmiúcháin ionadaíocht thar ceann na Gníomhaireachta.
5. Is i Vársá na Polainne a bheidh suíomh na Gníomhaireachta.

Airteagal 93

Comhaontú ceanncheathrún

1. Na socruithe riachtanacha maidir leis an gcóiríocht a bheidh le cur ar fáil don Ghníomhaireacht sa Bhallstát ina bhfuil suí na Gníomhaireachta agus maidir leis na saoráidí a chuirfidh an Ballstát sin ar fáil, mar aon leis na rialacha sonracha is infheidhme maidir leis an stiúrthóir feidhmiúcháin, an leas-stiúrthóirí feidhmiúcháin, baill an bhoird bainistíochta, baill foirne na Gníomhaireachta agus le baill dá dteaghlach sa Bhallstát sin, leagfar síos i gcomhaontú ceanncheathrún iad idir an Ghníomhaireacht agus an Ballstát sin ina bhfuil suí na Gníomhaireachta.
2. Déanfar an comhaontú ceanncheathrún a thabhairt i gcrích tar éis formheas an bhoird bainistíochta a fháil.
3. Déanfaidh an Ballstát ina bhfuil suíomh na Gníomhaireachta na dálaí is fearr is féidir a chur ar fáil chun feidhmiú rianúil na Gníomhaireachta a áirithiú, lena n-áirítear córas oideachais ilteangach a bhfuil gné Eorpach ag baint leis, agus naisc iomchuí iompair.

Airteagal 94

Foireann

1. Beidh feidhm maidir le foireann reachtúil ag Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (“na Rialacháin Foirne”) agus ag Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais (“na Coinníollacha Fostaíochta”), a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68⁴⁴, agus ag na rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne sin agus do na Coinníollacha Fostaíochta.
2. I bprionsabal, socrófar lárionad na fostaíochta sa Bhallstát ina bhfuil suíomh na Gníomhaireachta suite.
3. Na baill foirne a bheidh faoi réir na gCoinníollacha Fostaíochta, fostófar iad i bprionsabal ar feadh tréimhse shocraithe cúig bliana ar dtús. Féadfar a gconarthaí a athnuachan i bprionsabal aon uair amháin, le haghaidh tréimhse nach faide ná cúig bliana. Aon athnuachan breise, is go ceann tréimhse ama éiginnte a bheidh sé.
4. Féadfaidh an bord bainistíochta íocaíocht mhíosúil dhifreálach a dheonú do bhaill foirne reachtúil na Gníomhaireachta. Déanfar an íocaíocht dhifreálach sin a ríomh mar chéatadán de thuarastal gach ball foirne lena mbaineann. Ní sháróidh an céatadán sin an difear idir 100% agus an chomhéifeacht cheartúcháin is infheidhme san ionad fostaíochta agus déanfar athbhreithniú air go rialta. Sula ndéanfar an leas sin, tabharfar aird iomchuí ar thuarastal foriomlán a fhaigheann baill foirne aonair, lena n-áirítear aisíocíochtaí costas misin.

⁴⁴ IO L 56, 4.3.1968, lch. 1, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 (IO L 287, 29.10.2013, lch.15).

Is é an bord bainistíochta a leagfaidh síos na rialacha maidir le cur chun feidhme na míre seo, le formheas ón gCoimisiún roimh ré. Faoi 2024, déanfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha sin a athbhreithniú le formheas ón gCoimisiún roimh ré.

5. Chun Airteagal 32, Airteagal 45 agus Airteagal 53(2) a chur chun feidhme, ní fhéadfar a ainmniú mar oifigeach comhordúcháin nó mar oifigeach idirchaidrimh ach ball foirne de chuid na Gníomhaireachta faoi réir na Rialachán Foirne nó faoi réir Theideal II de na Coinníollacha Fostaíochta. Chun críche Airteagal 56 a chur chun feidhme, ní fhéadfar ach ball foirne de chuid na Gníomhaireachta a imscaradh mar bhall foirne faoi réir na Rialachán Foirne nó faoi réir na gCoinníollacha Fostaíochta.
6. Déanfaidh an Bord Bainistíochta rialacha cur chun feidhme a ghlacadh chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus do na Coinníollacha Fostaíochta i gcomhaontú leis an gCoimisiún de bhun Airteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne.
7. Tar éis dn Choimisiún réamhfhaomhú a thabhairt roimh ré, glacfaidh an Bord Bainistíochta rialacha a bhaineann le baill foire oibríochtúla ó na Ballstáit a thabharfar ar iasacht don Ghníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 57 agus déanfar na rialacha sin a nuashonrú de réir mar is gá. Cuirfear san áireamh sna forálacha sin go bhfuil na baill foirne ar iasacht le himscaradh mar bhaill de na foirne sin agus beidh na cúraimí orthu agus na cumhachtaí acu dá bhforáiltear in Airteagal 83. Áirítear orthu sin forálacha maidir le dálaí oibre. I gcás inarb ábhartha, beidh sé d'aidhm ag an mBord Bainistíochta comhsheasmhacht a áirithiú leis na rialacha is infheidhme maidir le haisíocaíocht chostas misin na foirne reachtúil.

Airteagal 95

Pribhléidí agus díolúintí

Beidh feidhm ag an bPrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh maidir leis an nGníomhaireacht agus maidir lena foireann reachtúil.

Airteagal 96

Dlíteanas

1. Beidh dlíteanas conarthach na Gníomhaireachta faoi rialú ag an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh atá i gceist.
2. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásail eadrána atá i gconradh arna thabhairt i gcrích ag an nGníomhaireacht.
3. I gcás dlíteanas neamhchonarthach, déanfaidh an Ghníomhaireacht, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú arbh iad a ranna nó a baill foirne ba chúis leis agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu.
4. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndíospóidí a bhaineann le cúiteamh i leith an damáiste dá dtagraítear i mír 3.
5. Beidh dlíteanas pearsanta fhoireann na Gníomhaireachta ina leith faoi rialú ag na forálacha arna leagan síos sna Rialacháin Foirne agus sna Coinníollacha Fostaíochta is infheidhme maidir leo.

Airteagal 97

Struchtúr riaracháin agus bainistíochta na Gníomhaireachta

Is éard a bheidh i struchtúr riaracháin agus bainistíochta na Gníomhaireachta

- (a) bord bainistíochta;
- (b) stiúrthóir feidhmiúcháin;
- (c) leas-stiúrthóirí feidhmiúcháin;
- (d) fóram comhchomhairleach;
- (e) oifigeach um chearta bunúsacha.

Airteagal 98

Feidhmeanna an bhoird bainistíochta

1. Beidh an bord bainistíochta freagrach as cinntí straitéiseacha na Gníomhaireachta a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo.
2. Déanfaidh an bord bainistíochta an méid seo a leanas:
 - (a) an stiúrthóir feidhmiúcháin a cheapadh ar thogra ón gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 105;
 - (b) na leas-stiúrthóirí feidhmiúcháin a cheapadh ar thogra ón gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 105;
 - (c) cinneadh a ghlacadh maidir le hoifig allamuigh a bhunú nó fad a chur lena tréimhse i gcomhréir le hAirteagal 60(6);
 - (d) cinntí a ghlacadh maidir leis an measúnú leochaileachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 33(1) agus (9), agus is trí thromlach dhá thrian de na comhaltaí a bhfuil ceart vótála acu a ghlacfar na cinntí lena leagtar amach bearta arna nglacadh faoi Airteagal 33(9);
 - (e) cinntí a ghlacadh maidir leis na liostaí faisnéise agus sonraí éigeantacha a bheidh le malartú ag an nGníomhaireacht leis na húdaráis náisiúnta atá freagrach as bainistiú teorainneacha agus as an bhfilleadh le go bhféadfaidh an Gníomhaireacht a cúraimí a dhéanamh;
 - (f) cinntí a ghlacadh maidir le múnla comhtháite coiteann anailíse riosca a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 30(1);
 - (g) cinntí a ghlacadh maidir le cineál agus téarmaí imscaradh oifigeach idirchaidrimh i mBallstáit, i gcomhréir le hAirteagal 32(2);
 - (h) straitéis theicniúil agus oibríochtúil a ghlacadh i gcomhair bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip i gcomhréir le hAirteagal 8 5(5);
 - (i) cinneadh a ghlacadh maidir leis na próifílí agus an líon iomlán gardaí teorann nó ball foirne oibríochtúil eile a bheidh le cur ar fáil do bhuanchór an Gharda

Teorann agus Cósta Eorpaigh chun na teorainneacha agus an imirce a bhainistiú, i gcomhréir le hAirteagal 55(4);

- (j) tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil na Gníomhaireachta don bhliain roimhe sin a ghlacadh agus í a sheoladh, faoin 1 Iúil ar a dhéanaí, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí;
- (k) doiciméad aonair clársceidealaithe ina mbeidh, *inter alia* clársceidealú ilbhliantúil na Gníomhaireachta agus a clár oibre don bhliain dár gcionn a ghlacadh gach bliain roimh an 30 Samhain, le tromlach dhá thrían de na comhaltaí a bhfuil ceart vótála acu, tar éis tuairim an Choimisiúin a chur san áireamh go hiomchuí, agus an doiciméad sin a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún;
- (l) nósanna imeachta a bhunú chun go nglacfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin cinntí a bhaineann le cúraimí teicniúla agus oibríochtúla na Gníomhaireachta;
- (m) buiséad bliantúil na Gníomhaireachta a ghlacadh, le tromlach dhá thrían de na comhaltaí a bhfuil ceart vótála acu, agus feidhmeanna eile i leith buiséad na Gníomhaireachta a chomhlíonadh de bhun Roinn 5 den Chaibidil seo;
- (n) údarás araíonachta a fheidhmiú ar an stiúrthóir feidhmiúcháin agus ar na leas-stiúrthóirí feidhmiúcháin, le comhaontú an stiúrthóra feidhmiúcháin;
- (o) a rialacha nós imeachta a bhunú;
- (p) struchtúr eagrúcháin na Gníomhaireachta a bhunú agus an beartas maidir le baill foirne na Gníomhaireachta a ghlacadh;
- (q) straitéis frithchalaoise a ghlacadh a bheidh ar comhréir le rioscaí na calaoise ag cur san áireamh costais agus tairbhí na mbeart atá le cur chun feidhme;
- (r) rialacha inmheánacha a ghlacadh lena ndéanfar coinbhleachtaí leasa i leith a chomhaltaí a chosc agus a bhainistiú;
- (s) i gcomhréir le mír 8, maidir le baill foirne na Gníomhaireachta, na cumhachtaí a fheidhmiú arna dtabhairt ag na Rialacháin Foirne don Údarás Ceapacháin agus ag na Coinníollacha Fostaíochta don Údarás atá Cumhachtaíthe chun Conradh Fostaíochta a Thabhairt chun Críche (“Cumhachtaí an Údaráis Cheapacháin”);
- (t) rialacha cur chun feidhme a ghlacadh chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus do na Coinníollacha Fostaíochta i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne;
- (u) bearta leantacha leormhaithe maidir leis na fionnachtana agus na moltaí a eascraíonn as na tuarascálacha agus na meastóireachtaí iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha, agus as imscrúduithe de chuid OLAF, a áirithiú;
- (v) pleananna cumarsáide agus scaipthe dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 10(2) a ghlacadh agus a uasdátú go tráthrialta;

- (w) oifigeach cuntasáíochta a cheapadh, faoi réir na Rialachán Foirne agus faoi réir na gCoinníollacha Fostaíochta, a bheidh neamhspleách ar fad agus é nó í i mbun a chuid nó a cuid dualgas a chomhlíonadh;
- (x) modheolaíocht choiteann maidir le measúnú leochaileachta a chinneadh, lena n-áirítear na critéir oibiachtúla a bheidh mar bhunús ag an nGníomhaireacht chun an measúnú leochaileachta a dhéanamh, minicíocht measúnuithe den sórt sin agus conas a dhéanfar measúnuithe leochaileachta comhleanúnacha;
- (y) measúnú agus faireachán feabhsaithe ar Bhallstát dá dtagraítear in Airteagal 33(2) a chinneadh;
- (z) an t-oifigeach um chearta bunúsacha a ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 107(1);
- (aa) na socruithe oibre le tríú tíortha a fhorghnó;
- (bb) rialacha slándála na Gníomhaireachta maidir le faisnéis rúnaicmithe an Aontais agus faisnéis íogair neamhaicmithe dá dtagraítear in Airteagal 91, a ghlacadh tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún roimh ré;
- (cc) oifigeach slándála a cheapadh, faoi réir na Rialachán Foirne agus na gCoinníollacha Fostaíochta, a bheidh freagrach as an tslándáil laistigh den Ghníomhaireacht, agus as faisnéis íogair agus rúnaicmithe a chosaint.

Poibleofar an tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil dá dtagraítear i bpointe (j).

3. I gcás tograí i gcomhair cinntí den bhord bainistíochta dá dtagraítear i mír 2 faoi ghníomhaíochtaí sonracha de chuid na Gníomhaireachta a dhéanfar ag teorainneacha seachtracha aon Bhallstáit ar leith, nó ina garchomharsanacht, ceanglófar vóta i bhfabhar a nglactha ó Chomhalta an bhoird bainistíochta a bheidh ag ionadú an Bhallstáit sin.
4. Féadfaidh an bord bainistíochta an stiúrthóir feidhmiúcháin a chomhairliú maidir le haon ábhar a bhaineann le bainistiú oibríochtúil na dteorainneacha seachtracha agus fillte a fhorbairt, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le taighde.
5. Má iarrann Éire agus/nó an Ríocht Aontaithe páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sonracha, cinnfidh an bord bainistíochta é sin.
Déanfaidh an bord bainistíochta cinneadh ar bhonn gach cáis ar leith, agus le tromlach glan na gcomhaltaí sin dá chuid a bhfuil ceart vótála acu. Measfaidh an bord bainistíochta, sa chinneadh a dhéanfaidh sé, an gcuidíonn rannpháirtíocht na hÉireann agus/nó na Ríochta Aontaithe leis an ngníomhaíocht i gceist a chur i gcrích. Leagfar amach sa chinneadh ranníocaíocht airgeadais na hÉireann agus/nó na Ríochta Aontaithe leis an ngníomhaíocht ar a bhfuil iarraidh ar rannpháirtíocht déanta.
6. Déanfaidh an bord bainistíochta aon fhaisnéis ábhartha faoi thoradh na nósanna imeachta meastóireachta, arna seoladh ag an nGníomhaireacht, a chur ar aghaidh ar bhonn bliantúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (“an t-údarás buiséadach”).

7. Féadfaidh an bord bainistíochta bord feidhmiúcháin a bhunú, ina mbeidh suas le ceathrar ionadaithe ar an mbord bainistíochta lena n-áirítear an Chathaoirleach agus ionadaí ar an gCoimisiún, chun cuidiú leis agus lena stiúrthóir feidhmiúcháin maidir leis na cinntí, na cláir agus na gníomhaíochtaí sin a ghlacfaidh an bord bainistíochta a ullmhú agus cinntí sealadacha práinneacha áirithe a ghlacadh thar ceann an bhoird bainistíochta nuair is gá sin. Ní ghlacfaidh an bord feidhmiúcháin cinntí nach mór a ghlacadh le tromlach dhá thrían nó trí cheathrú den bhord bainistíochta. Féadfaidh an bord bainistíochta cúraimí áirithe atá sainithe go soiléir a tharmligean chuig an mbord feidhmiúcháin, go háirithe i gcás ina gcuirfidh sé seo le héifeachtúlacht na Gníomhaireachta. Ní fhéadfaidh sé cúraimí a bhaineann le cinntí nach mór a ghlacadh le tromlach dhá thrían nó trí cheathrú den bhord bainistíochta a tharmligean chuig an mbord feidhmiúcháin.
8. Glacfaidh an bord bainistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne, cinneadh bunaithe ar Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne agus ar Airteagal 6 de na Coinníollacha Fostaíochta, lena ndéantar cumhachtaí ábhartha an údaráis cheapacháin a tharmligean chuig an stiúrthóir feidhmiúcháin agus lena leagtar amach na coinníollacha faoinar féidir an tarmligeán cumhachtaí sin a chur ar fionraí. Údarófar don stiúrthóir feidhmiúcháin na cumhachtaí sin a fho-tharmligean.
I gcás inar gá sin in imthosca eisceachtúla, féadfaidh an bord bainistíochta, trí chinneadh, tarmligeán chumhachtaí an údaráis ceapacháin chuig an stiúrthóir feidhmiúcháin, chomh maith leo siúd arna bhfo-tharmligean ag an stiúrthóir feidhmiúcháin, a chur ar fionraí go sealadach. Féadfaidh sé iad a fheidhmiú é féin ansin, nó iad a tharmligean chuig duine dá chomhaltaí nó chuig ball eile den fhoireann seachas an stiúrthóir feidhmiúcháin.

Airteagal 99

Comhdhéanamh an bhoird bainistíochta

1. Gan dochar do mhír 3, is iad a bheidh ar an mbord bainistíochta ionadaí amháin ó gach Ballstát agus beirt ionadaithe ón gCoimisiún, agus ceart vótála acu go léir. Chuige sin, ceapfaidh gach Ballstát comhalta den bhord bainistíochta chomh maith le malartach a dhéanfaidh ionadaíocht dó nó di nuair a bheidh sé nó sí as láthair. Ceapfaidh an Coimisiún beirt chomhaltaí agus a malartaigh. Mairfidh na téarmaí oifige ar feadh ceithre bliana. Féadfar na téarmaí oifige sin a shíneadh.
2. Ceapfar comhaltaí an bhoird bainistíochta ar bhonn a dtaithí ábhartha ardleibhéil agus a saineolais ábhartha ardleibhéil i réimse an chomhair oibríochtúil maidir le bainistiú teorainneacha agus fillleadh agus ar bhonn a scileanna ábhartha bainistíochta, riaracháin agus buiséadacha. Féachfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún le cothromaíocht inscne ó thaobh ionadaíocht ar an mbord bainistíochta a bhaint amach.
3. Beidh tíortha a bhfuil baint acu le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen páirteach sa Gníomhaireacht. Beidh ionadaí amháin agus malartach amháin acu araon ar an mbord bainistíochta. Beidh feidhm ag na socrúithe arna bhforbairt faoi fhorálacha ábhartha a gcomhaontuithe comhlachais lena sonraítear cineál agus méid rannpháirtíocht na dtíortha sin in obair na Gníomhaireachta agus na rialacha mionsonraithe don rannpháirtíocht sin, lena n-áirítear forálacha maidir le ranníocaíochtaí airgeadais agus le foireann.

Clársceidealú ilbhliantúil agus clár oibre bhliantúla

1. Glacfaidh an bord bainistíochta, faoin 30 Samhain gach bliain, doiciméad clársceidealaithe ina mbeidh clársceidealú ilbhliantúil agus clár oibre bliantúil na Gníomhaireachta don bhliain dár gcionn, a bheidh bunaithe ar dhréacht arna chur ar aghaidh ag an stiúrthóir feidhmiúcháin, agus arna fhormhuiniú ag an mbord bainistíochta. Glacfar an doiciméad clársceidealaithe críochnaitheach tar éis tuairim dhearfach a fháil ón gCoimisiún, i dtaca leis an gclársceidealú ilbhliantúil, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa. Má chinneann an Gníomhaireacht gan gnéithe de thuairim an Choimisiúin a chur san áireamh, sonróidh sí an t-údar iomlán a bheidh leis sin. Cuirfidh an bord bainistíochta an doiciméad sin ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.
2. Tiocfaidh an doiciméad dá dtagraítear i mír 1 chun bheith ina dhoiciméad cinntitheach tar éis ghlacadh deireanach an bhuiséid ghinearálta. Déanfar é a choigeartú dá réir i gcás inar gá.
3. Leagfar amach sa chlársceidealú ilbhliantúil an clársceidealú straitéiseach foriomlán sa mheántearma agus san fhadtearma, lena n-áirítear cuspóirí, torthaí ionchais, táscairí feidhmíochta agus pleanáil acmhainní, lena n-áirítear an buiséad ilbhliantúil, baill foirne agus forbairt acmhainneachtaí na Gníomhaireachta féin. Leagfar amach sa chlársceidealú ilbhliantúil limistéir straitéiseacha idirghabhála agus míneofar ann gach a mbeidh de dhíth d'fhonn na cuspóirí a bhaint amach. Áireofar ann straitéis le haghaidh caidreamh le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, mar aon le gníomhaíochtaí atá nasctha leis an straitéis sin.
4. Cuirfear an clársceidealú ilbhliantúil i bhfeidhm trí chláir oibre bhliantúla agus, más iomchuí, déanfar é a thabhairt cothrom le dáta de dhroim thoradh meastóireachta arna déanamh de bhun Airteagal 116. Léireofar conclúid na meastóireachta sin, más iomchuí, sa chlár oibre bliantúil don bhliain dár gcionn freisin.
5. Beidh sa chlár oibre bliantúil cur síos ar na gníomhaíochtaí atá le maoiniú lena gcuimseofar cuspóirí mionsonraithe agus torthaí ionchais, táscairí feidhmíochta san áireamh. Beidh ann chomh maith léiriú ar na hacmhainní airgeadais agus daonna arna leithdháileadh ar gach gníomhaíocht, i gcomhréir le prionsabail an bhuiséadaithe agus an bhainistithe de réir gníomhaíochtaí. Beidh an clár oibre bliantúil comhsheasmhach leis an gclársceidealú ilbhliantúil. Sonrófar ann go soiléir na cúraimí a cuireadh leis, a athraíodh nó a scríosadh i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe sin.
6. Glacfar an clár oibre bliantúil i gcomhréir le clár reachtach an Aontais i réimsí ábhartha a bhaineann le bainistiú na dteorainneacha seachtracha agus an filleadh.
7. I gcás ina sannfar cúram nua don Gníomhaireacht, tar éis clár oibre bliantúil a ghlacadh, leasóidh an bord bainistíochta an clár oibre bliantúil.
8. Glacfar le haon leasú substaintiúil ar an gclár oibre bliantúil, go háirithe an modhnú as a dtiocfaidh ath-leithdháileadh ar na hacmhainní buiséadacha os cionn 2% den bhuiséad bliantúil, tríd an nós imeachta céanna is infheidhme maidir le glacadh an chláir oibre bhliantúil thosaigh. Féadfaidh an bord bainistíochta an chumhacht chun leasuithe neamhshubstaintiúla a dhéanamh ar an gclár oibre bliantúil a tharmligean chuig an stiúrthóir feidhmiúcháin.

Airteagal 101

Cathaoirleacht an bhoird bainistíochta

1. Toghfaidh an bord bainistíochta cathaoirleach agus leas-chathaoirleach as measc na gcomhaltaí sin dá chuid a bhfuil ceart vótála acu. Toghfar an cathaoirleach agus an leas-chathaoirleach le tromlach dhá thrían de chomhaltaí an bhoird bainistíochta a bhfuil ceart vótála acu. Gabhfaidh an leas-chathaoirleach ionad an chathaoirligh ar bhonn ex-officio i gcás ina gcoiscfear air nó uirthi freastal ar a dhualgais nó a dualgais.
2. Rachaidh téarma oifige an chathaoirligh agus an leas-chathaoirligh in éag nuair a scoirfidh a gcomhaltas faoi seach ar an mbord bainistíochta. Faoi réir na forála seo, mairfidh téarmaí oifige an chathaoirligh nó an leas-chathaoirligh ceithre bliana. Féadfar na téarmaí oifige sin a shíneadh aon uair amháin.

Airteagal 102

Cruinnithe an bhoird bainistíochta

1. Déanfaidh cathaoirleach an bhoird bainistíochta cruinnithe an bhoird bainistíochta a chomóradh.
2. Glacfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin páirt sa phlé ach ní bheidh ceart vótála aige nó aici.
3. Tionólfar ar a laghad dhá ghnáthchruinniú de chuid an bhoird bainistíochta in aghaidh na bliana. Ina theannta sin, tiocfaidh an bord le chéile ar thionscnamh an chathaoirligh, ar iarraidh ón gCoimisiún, nó ó thrían de chomhaltaí an bhoird ar a laghad. Nuair is gá sin, féadfaidh an bord bainistíochta comhchruinnithe a thionól le bord bainistíochta Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus EUROPOL.
4. Cuirfear cuireadh ar Éirinn freastal ar chruinnithe an bhoird bainistíochta.
5. Cuirfear cuireadh ar an Ríocht Aontaithe freastal ar chruinnithe an bhoird bainistíochta a thionólfar roimh dháta tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.
6. Cuirfear cuireadh ar ionadaithe ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus EUROPOL freastal ar chruinnithe an bhoird bainistíochta. Féadfaidh an bord bainistíochta cuireadh a chur freisin ar ionadaí ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais.
7. Féadfaidh an bord bainistíochta cuireadh a chur ar aon duine eile ar díol spéise a thuairim nó a tuairim freastal ar a chruinnithe i gcáil breathnóra, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta.
8. Féadfaidh comhaltaí an bhoird bainistíochta, faoi réir fhorálacha a rialacha nós imeachta, cúnamh a fháil ó chomhairleoirí nó ó shaineolaithe.
9. Cuirfidh an Ghníomhaireacht rúnaíocht ar fáil don bhord bainistíochta.

Airteagal 103

Vótáil

1. Gan dochar d'Airteagal 55(4), do phointe 3, pointe 9 agus pointe 13 d'Airteagal 98(2), d'Airteagal 100(1) agus d'Airteagal 105(2) agus (4), déanfaidh an

bord bainistíochta a chinntí a ghlacadh trí thromlach glan dá chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu.

2. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta. In éagmais comhalta, beidh a mhalartach nó a malartach i dteideal a cheart nó a ceart chun vótála a fheidhmiú. Ní chaithfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin vóta.
3. Leagfar amach na socruithe vótála ar bhealach níos mionsonraithe sna rialacha nós imeachta. Áireofar sna rialacha sin na coinníollacha ina bhféadfaidh comhalta gníomhú thar ceann comhalta eile, maille le haon cheanglais chóraithe.
4. Ionadaithe tíortha atá bainteach le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen, beidh cearta teoranta vótála acu a chomhfhreagraíonn dá socruithe faoi seach. Ionas go lamhálfar do na tíortha comhlachaithe a gceart vótála a fheidhmiú, sonróidh an Gníomhaireacht an clár oibre lena n-aithneofar na pointí sin dár deonaíodh ceart teoranta vótála.

Airteagal 104

Feidhmeanna agus cumhachtaí an stiúrthóra fheidhmiúcháin

1. Is é an stiúrthóir feidhmiúcháin, a mbeidh neamhspleáchas iomlán aige nó aici maidir lena chúraimí nó lena cúraimí a chomhlíonadh, a dhéanfaidh bainistiú ar an nGníomhaireacht. Gan dochar d'inniúlachtaí institiúidí faoi seach an Aontais agus an bhoird bainistíochta, ní iarrfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin teagasc ar aon rialtas ná ar aon chomhlacht eile ná ní ghlacfaidh sé nó sí teagasc uathu.
2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle a iarraidh ar an stiúrthóir feidhmiúcháin tuairisciú ar chur i gcrích a chúraimí nó a cúraimí. Áirítear leis sin tuairisciú ar chur chun feidhme na straitéise um chearta bunúsacha agus ar an bhfaireachán uirthi, tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil na Gníomhaireachta don bhliain roimhe sin, an clár oibre don bhliain ina dhiaidh sin agus clársceidealú ilbhliantúil na Gníomhaireachta nó aon ábhar eile a bhaineann le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin ráiteas os comhair Pharlaimint na hEorpa chomh maith, má iarrtar air nó uirthi déanamh amhlaidh agus tuairisceoidh sé nó sí di go tráth rialta.
3. Beidh an stiúrthóir feidhmiúcháin freagrach as ullmhú agus cur chun feidhme na gcinntí straitéiseacha arna ndéanamh ag an mbord bainistíochta agus as cinntí a bhaineann le gníomhaíochtaí oibríochtúla na Gníomhaireachta a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo. Beidh na feidhmeanna agus na cumhachtaí seo a leanas ag an stiúrthóir feidhmiúcháin:
 - (a) na cinntí, na cláir agus na gníomhaíochtaí straitéiseacha arna nglacadh ag an mbord bainistíochta a mholadh, a ullmhú agus a chur chun feidhme, laistigh de na teorainneacha a leagtar amach sa Rialachán seo, lena rialacha cur chun feidhme agus le haon dlí is infheidhme;
 - (b) an uile bheart is gá a dhéanamh, lena n-áirítear treoracha inmheánacha riaracháin a ghlacadh agus fógraí a fhoilsiú, chun a áirithiú go ndéanfar an Gníomhaireacht a riar agus a fheidhmiú ó lá go lá i gcomhréir leis an Rialachán seo;

- (c) an dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair a ullmhú gach bliain agus é a chur faoi bhráid an bhoird bainistíochta lena fhorhnuiniú sula gcuirfear chuig na hInstitiúidí é faoin 31 Eanáir;
- (d) an tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a ullmhú gach bliain agus í a chur faoi bhráid an bhoird bainistíochta;
- (e) dréachtráiteas faoi mheastacháin ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta a tharraingt suas mar chuid den doiciméad clársceidealaithe aonair de bhun Airteagal 111, agus an buiséad a chur chun feidhme de bhun Airteagal 112;
- (f) a chumhachtaí a tharmligean chuig baill eile d'fhoireann na Gníomhaireachta faoi réir rialacha a bheidh le glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 98(2) pointe 15;
- (g) moladh a ghlacadh maidir le bearta i gcomhréir le hAirteagal 33(9), lena n-áirítear cinntí lena moltar go ndéanfaidh Ballstáit oibríochtaí comhpháirteacha, mear-idirghabhálacha teorann nó aon ghníomhaíocht eile dá dtagraítear in Airteagal 37(2) a thionscnamh agus a chur i gcrích;
- (h) formheas a dhéanamh ar thograí le haghaidh oibríochtaí comhpháirteacha nó mear-idirghabhálacha teorann arna ndéanamh ag na Ballstáit, agus na tograí sin a fhorhneas agus a chomhordú, i gcomhréir le hAirteagal 38(3);
- (i) formheas a dhéanamh ar iarrataí le haghaidh oibríochtaí comhpháirteacha um fhilleadh agus idirghabhálacha um fhilleadh arna ndéanamh ag na Ballstáit, agus na tograí sin a fhorhneas agus a chomhordú, i gcomhréir le hAirteagal 51 agus le hAirteagal 54;
- (j) cur chun feidhme na bpleananna oibríochta dá dtagraítear in Airteagal 39, Airteagal 43 agus Airteagal 54(4) a áirithiú;
- (k) an iarraidh ar chúnamh ó Bhallstát d'fhoirne tacaíochta don bhainistiú imirce a mheasúnú agus a riachtanais a mheasúnú, i gcomhordú le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 41(3);
- (l) cur chun feidhme an chinnidh ón gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 43(1) a áirithiú;
- (m) maoiniú ar ghníomhaíochtaí a tharraingt siar i gcomhréir le hAirteagal 47;
- (n) meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí na ngníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 48;
- (o) an líon íosta ítimí de threalamh teicniúil is gá chun riachtanais na Gníomhaireachta a chomhlíonadh a shainaithint, go háirithe maidir le hoibríochtaí comhpháirteacha, imscaradh foirne tacaíochta don bhainistiú imirce, mear-idirghabhálacha teorann, oibríochtaí um fhilleadh agus idirghabhálacha um fhilleadh a chur i gcrích, i gcomhréir le hAirteagal 64(5);

- (p) bunú oifige allamuigh nó fadú lena tréimhse a mholadh i gcomhréir le hAirteagal 60(6);
 - (q) na cinn oifige allamuigh a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 60(4);
 - (r) plean gníomhaíochta a ullmhú ina leanfar de chonclúidí na dtuarascálacha agus na meastóireachtaí iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha, agus d'imscrúduithe OLAF, mar aon le tuairisciú don Choimisiún dhá uair sa bhliain, agus don bhord bainistíochta go rialta, maidir leis an dul chun cinn;
 - (s) leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha in aghaidh calaoise, éilliú agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chur i bhfeidhm, trí sheiceálacha éifeachtacha agus, i gcás ina n-aimsítear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna á íocadh go mícheart a aisghabháil agus más iomchuí pionóis riaracháin agus airgeadais a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a chur i bhfeidhm;
 - (t) straitéis frithchalaoise le haghaidh na Gníomhaireachta a ullmhú agus í a chur faoi bhráid an bhoird bainistíochta lena formheas.
4. Beidh an stiúrthóir feidhmiúcháin cuntasach don bhord bainistíochta faoina chuid nó faoina cuid gníomhaíochtaí.
 5. Is é an stiúrthóir feidhmiúcháin ionadaí dlíthiúil na Gníomhaireachta.

Airteagal 105

An stiúrthóir feidhmiúcháin agus na leas-stiúrthóirí feidhmiúcháin a cheapadh

1. Déanfaidh an Coimisiún ar a laghad triúr iarrthóirí a mholadh do phost an stiúrthóra feidhmiúcháin agus do phost gach leas-stiúrthóir feidhmiúcháin a bhunófar ar liosta iarrthóirí a chuirfear le chéile tar éis fógraí i gcomhair na bpost sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus, de réir mar is iomchuí, ar shuíomhanna eile preasa nó idirlín.
2. Déanfaidh an bord bainistíochta an stiúrthóir feidhmiúcháin a cheapadh ar fhorais fiúntais agus scileanna deimhnithe ardleibhéil i réimsí an riaracháin agus na bainistíochta, lena n-áirítear taithí ábhartha ghairmiúil shinsearach i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha agus fillte ar thogra ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1. Sula gceapfar é nó í, iarrfar ar na hiarrthóirí a mholann an Coimisiún ráiteas a dhéanamh os comhair coiste inniúil nó coistí inniúla Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna a chuirfidh a chomhaltaí nó a gcomhaltaí a fhreagairt.

Tar éis ráiteas den sórt sin, glacfaidh Parlaimint na hEorpa tuairim lena leagfar amach a dearchtaí agus féadfar iarrthóir is fearr léi a léiriú ann.

Ceapfaidh an bord bainistíochta an stiúrthóir feidhmiúcháin agus na dearchtaí sin á gcur san áireamh. Is le tromlach dhá thrian de na comhaltaí uile a bhfuil ceart vótála acu a dhéanfaidh an bord bainistíochta an cinneadh.

Má dhéanann an bord bainistíochta cinneadh iarrthóir a cheapadh seachas an t-iarrthóir a léirigh Parlaimint na hEorpa mar an iarrthóir ab fhearr léi, cuirfidh an bord bainistíochta an modh a cuireadh tuairim Pharlaimint na hEorpa san áireamh in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i scríbhinn.

Beidh sé de chumhacht ag an mbord bainistíochta, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún, an stiúrthóir feidhmiúcháin a dhífhostú.

3. Beidh triúr leas-stiúrthóirí feidhmiúcháin de chúnamh ag an stiúrthóir feidhmiúcháin. Beidh gach leas-stiúrthóir feidhmiúcháin freagrach as réimse áirithe freagrachta. Má bhíonn an stiúrthóir feidhmiúcháin as láthair nó mura mbíonn sé ar fáil, glacfaidh leas-stiúrthóir feidhmiúcháin a ionad.
4. Déanfaidh an bord bainistíochta na leas-stiúrthóirí feidhmiúcháin a cheapadh ar fhorais fiúntais agus scileanna iomchuí i réimsí an riaracháin agus na bainistíochta, lena n-áirítear taithí ábhartha ghairmiúil i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha agus an fhillte ar na tograí ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1, tar éis dul i gcomhairle leis an stiúrthóir feidhmiúcháin. Is le tromlach dhá thrian de na comhaltaí uile a bhfuil ceart vótála acu a dhéanfaidh an bord bainistíochta an cinneadh.
I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach sa chéad fhomhír, beidh sé de chumhacht ag an mbord bainistíochta na leas-stiúrthóirí feidhmiúcháin a dhífhostú.
5. Mairfidh téarma oifige an stiúrthóra feidhmiúcháin ar feadh cúig bliana. Faoi dheireadh na tréimhse sin, gabhfaidh an Coimisiún measúnú de láimh a chuirfidh san áireamh meastóireacht ar fheidhmíocht an stiúrthóra feidhmiúcháin agus ar chúraimí agus ar dhúshláin na Gníomhaireachta amach anseo.
6. Féadfaidh an bord bainistíochta, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún lena gcuirtear san áireamh an measúnú dá dtagraítear i mír 5, féadfaidh sé síneadh a chur le téarma oifige an stiúrthóra feidhmiúcháin uair amháin, nach faide ná cúig bliana.
7. Mairfidh téarma oifige na leas-stiúrthóirí feidhmiúcháin ar feadh cúig bliana. Féadfaidh an bord bainistíochta síneadh a chur leis uair amháin, ar feadh tréimhse eile nach faide ná cúig bliana ar a mhéad.
8. Déanfar an stiúrthóir feidhmiúcháin agus na leas-stiúrthóirí feidhmiúcháin a fhostú mar ghníomhairí sealadacha de chuid an Aontais faoi Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhíseach Eile.

Airteagal 106

Fóram comhairliúcháin

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht fóram comhairliúcháin a bhunú chun cabhrú leis an stiúrthóir feidhmiúcháin agus leis an mbord bainistíochta maidir le comhairle neamhspleách in ábhair a bhaineann le cearta bunúsacha.
2. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cuireadh d'EASO, do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, d'Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus d'eagraíochtaí ábhartha eile a bheith rannpháirteach san fhóram comhairliúcháin. Ar thogra ón stiúrthóir feidhmiúcháin, cinnfidh an bord bainistíochta i dtaobh chomhdhéanamh an fhórait comhairliúcháin agus na dtéarmaí maidir le faisnéis a tharchur chuig an bhfóram comhairliúcháin. Déanfaidh an fóram comhairliúcháin, tar éis dul i gcomhairle leis an mbord bainistíochta agus an stiúrthóir feidhmiúcháin, a mhodhanna oibre a mhíniú agus a chlár oibre a chur ar bun.

3. Rachfar i gcomhairle leis an bhfóram comhairliúcháin maidir leis an straitéis um chearta bunúsacha a fhorbairt tuilleadh agus a chur chun feidhme, leis an sásra gearáin a bhunú, leis na cóid iompair agus le lárchuraclaim choiteanna.
4. Déanfaidh an fóram comhairliúcháin tuarascáil bhliantúil a ullmhú maidir lena chuid gníomhaíochtaí. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.
5. Gan dochar do chúraimí an oifigigh um chearta bunúsacha, beidh rochtain éifeachtach ag an bhfóram comhairliúcháin ar an bhfaisnéis go léir a bhaineann le cearta bunúsacha a urramú, lena n-áirítear trí chuairteanna ar an láthair a thabhairt ar oibríochtaí comhpháirteacha nó mear-idirghabhálacha teorann faoi réir chomhaontú an Bhallstáit óstaigh, agus ar theophointí nó ionaid rialaithe, oibríochtaí um fhilleadh agus idirghabhálacha um fhilleadh.

Airteagal 107

An t-oifigeach um chearta bunúsacha.

1. Ceapfaidh an bord bainistíochta oifigeach um chearta bunúsacha. Is é a bheidh mar chúraimí air nó uirthi cur le straitéis na Gníomhaireachta um chearta bunúsacha, faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceart bunúsach ag an nGníomhaireacht agus urramú na gceart bunúsach ag an nGníomhaireacht a chur chun cinn. Beidh na cáilíochtaí agus an taithí is gá i réimse na gceart bunúsach ag an oifigeach um chearta bunúsacha.
2. Beidh an t-oifigeach um chearta bunúsacha neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid nó a cuid dualgas. Tuairisceoidh sé go díreach don bhord bainistíochta agus comhoibreoidh leis an bhfóram comhairliúcháin. Tuairisceoidh an t-oifigeach um chearta bunúsacha amhlaidh ar bhonn rialta agus, sa tslí sin, cuirfidh leis an sásra um fhaireachán a dhéanamh ar chearta bunúsacha.
3. Rachfar i gcomhairle leis an oifigeach um chearta bunúsacha maidir leis na pleananna oibríochta arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 39, le hAirteagal 43 agus le hAirteagal 54(4) agus le hAirteagal 75(3). Beidh rochtain aige nó aici ar an bhfaisnéis ar fad a bhaineann le cearta bunúsacha a urramú i ngníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta.

Airteagal 108

Sásra gearáin

1. Déanfaidh an Gníomhaireacht, i gcomhar leis an oifigeach um chearta bunúsacha, na bearta is gá chun sásra gearáin a bhunú i gcomhréir leis an Airteagal seo chun faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil cearta bunúsacha á n-urramú i ngníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta.
2. Aon duine dá ndéanann gníomhaíochtaí baill foirne atá rannpháirteach in oibríocht chomhpháirteach, i dtreoirthionscadal, i mear-idirghabháil teorann, in imscaradh foirne tacaíochta don bhainistiú imirce, in oibríocht chomhpháirteach um fhilleadh nó in idirghabháil um fhilleadh, difear go díreach, nó gur sáraíodh, dar leis nó léi, a chearta nó a cearta bunúsacha de dhroim na ngníomhaíochtaí sin, nó aon pháirtí a ionadaíonn duine den sórt sin, féadfaidh sé nó sí gearán i scríbhinn a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta.
3. Gearáin a bhfuil bonn maith leo agus baint acu le sáruithe nithiúla ar chearta bunúsacha, agus iad sin amháin, a bheidh inghlactha.

4. Beidh an t-oifigeach um chearta bunúsacha freagrach as gearáin arna bhfáil ag an nGníomhaireacht a láimhseáil i gcomhréir leis an gceart chun dea-riaracháin. Chun na críche sin, déanfaidh an t-oifigeach um chearta bunúsacha inghlacthacht gearáin a athbhreithniú, gearáin inghlactha a chlárú, gach gearán cláraithe a chur ar aghaidh chuig an stiúrthóir feidhmiúcháin, gearáin maidir le baill de na foirne a chur ar aghaidh chuig an mBallstát baile, cur in iúl don údarás nó don chomhlacht ábhartha inniúil do chearta bunúsacha i mBallstát, agus bearta leantacha na Gníomhaireachta nó an Bhallstáit sin a chlárú agus a áirithiú.
5. I gcomhréir leis an gceart chun dea-riaracháin, má tá gearán inghlactha, cuirfear in iúl do ghearánaigh gur cláraíodh gearán, gur tosaíodh ar an ngearán a mheasúnú agus go bhféadfar bheith ag súil le freagra a luaith a chuirfear sin ar fáil. Má chuirtear gearán ar aghaidh chun údarás nó comhlachtaí náisiúnta, cuirfear a sonraí teagmhála ar fáil don ghearánach. Mura mbeidh gearán inghlactha, cuirfear na cúiseanna leis sin in iúl do ghearánaigh agus, más féidir, aon roghanna eile atá ar fáil chun díriú ar a n-ábhair inní.
Beidh aon chinneadh i bhfoirm scríofa agus réasúnaithe.
6. I gcás gearán cláraithe faoi bhall foirne de chuid na Gníomhaireachta, áiritheoidh an stiúrthóir feidhmiúcháin go ndéanfar na bearta leantacha iomchuí, i gcomhairle leis an oifigeach um chearta bunúsacha, lena n-áirítear bearta araíonachta de réir mar is gá. Tuairisceoidh an stiúrthóir feidhmiúcháin laistigh de thréimhse ama chinnte don oifigeach um chearta bunúsacha maidir leis na fionnachtana agus na bearta leantacha a dhéanann an Gníomhaireacht mar fhreagra ar an ngearán, lena n-áirítear bearta araíonachta de réir mar is gá.
Má bhaineann gearán le saincheistean cosanta sonraí, iarrfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin ar oifigeach cosanta sonraí na Gníomhaireachta a bheith rannpháirteach. Déanfaidh an t-oifigeach um chearta bunúsacha agus an t-oifigeach cosanta sonraí meabhrán tuisceana a bhunú, i scríbhinn, lena sonrófar roinnt a gcúraimí agus an comhar i dtaca le gearáin a fuarthas.
7. Má chláraítear gearán a bhaineann le ball d'fhoireann de chuid Ballstáit óstaigh nó le ball d'fhoireann de chuid Ballstát comhpháirteach eile, lena n-áirítear ball d'fhoireann atá tugtha ar iasacht dóibh nó saineolaí náisiúnta ar iasacht, áiritheoidh an Ballstát baile go ndéanfar na bearta leantacha iomchuí, lena n-áirítear bearta araíonachta más gá nó bearta eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Tabharfaidh an Ballstát ábhartha tuairisc don oifigeach um chearta bunúsacha maidir leis na fionnachtana agus na bearta leantacha a dhéantar mar fhreagra ar an ngearán laistigh de thréimhse ama chinnte, agus más gá, go tráthrialta ina dhiaidh sin. Déanfaidh an Gníomhaireacht bearta leantacha maidir leis an ábhar mura bhfaighfear aon tuairisc ón mBallstát ábhartha.
8. I gcás ina bhfaighfear gur sháraigh ball d'fhoireann cearta bunúsacha nó oibleagáidí cosanta idirnáisiúnta, féadfaidh an Gníomhaireacht iarraidh ar an mBallstát an ball d'fhoireann sin a bhaint láithreach ó ghníomhaíocht na Gníomhaireachta nó ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh.
9. Tuairisceoidh an t-oifigeach um chearta bunúsacha don stiúrthóir feidhmiúcháin agus don bhord bainistíochta maidir le fionnachtana agus bearta leantacha na Gníomhaireachta agus na mBallstát a dhéantar mar fhreagra ar an ngearán. Áireoidh an Gníomhaireacht faisnéis maidir leis an sásra gearáin ina tuarascáil bhliantúil.

10. Déanfaidh an t-oifigeach um chearta bunúsacha, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i mír 1 go mír 9 agus tar éis dul i gcomhairle leis an bhfóram comhairliúcháin, foirm chaighdeánaithe ghearáin a tharraingt suas ina gceanglófar faisnéis mhionsonraithe shonrach a thabhairt maidir leis an sárú líomhanta ar chearta bunúsacha. Déanfaidh an t-oifigeach um chearta bunúsacha aon rialacha mionsonraithe breise a tharraingt suas de réir mar is gá. Cuirfidh an t-oifigeach um chearta bunúsacha an fhoirm sin agus rialacha mionsonraithe breise den sórt sin faoi bhráid an stiúrtóra fheidhmiúcháin agus an bhoird bainistíochta.

Áiríteoidh an Ghníomhaireacht go mbeidh faisnéis maidir le hindéantacht agus nós imeachta gearán a dhéanamh ar fáil go héasca, lena n-áirítear do dhaoine leochaileacha. Déanfar an fhoirm ghearáin chaighdeánaithe a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta agus i gcrúcháin i rith ghníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta, i dteangacha a thuigeann náisiúnaigh tríú tír, nó a gcreidtear le réasún a thuigeann. Déanfaidh an t-oifigeach um chearta bunúsacha gearáin a mheas fiú nuair nach gcuirtear faoina bhráid nó faoina bráid iad san fhoirm ghearáin chaighdeánaithe.

11. Déanfaidh an Ghníomhaireacht lena n-áirítear an t-oifigeach um chearta bunúsacha aon sonraí pearsanta atá sa ghearán a láimhseáil agus a phróiseáil i gcomhréir le [Rialachán (CE) Uimh. 45/2001] agus déanfaidh na Ballstáit iad a láimhseáil agus a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus le Treoir (AE) 2016/680.

Nuair a chuirfidh gearánach gearán isteach, tuigfear go bhfuil an gearánach sin ag toiliú leis an nGníomhaireacht agus an oifigeach um chearta bunúsacha do phróiseáil a shonraí pearsanta de réir bhrí phointe (d) d'Airteagal 5 de [Rialachán (CE) Uimh. 45/2001].

D'fhonn leasa na ngearánach a chosaint, déileálfadh an t-oifigeach um chearta bunúsacha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais le gearáin faoi rún mura ndéanfaidh an gearánach a cheart nó a ceart chun rúndachta a tharscaoileadh go sainráite. Nuair a tharscaoileann gearánaigh a gceart chun rúndachta, tuigfear go dtoilíonn siad leis an oifigeach um chearta bunúsacha nó an Ghníomhaireacht do nochtadh a gcéannachta do na húdaráis inniúla nó do na comhlachtaí inniúla i ndáil leis an ábhar faoi ghearán, i gcás inar gá.

Airteagal 109

Socruithe teanga

1. Beidh feidhm maidir leis an nGníomhaireacht ag na forálacha a leagtar síos i Rialachán Uimh. 1⁴⁵.
2. Gan dochar do chinntí arna ndéanamh ar bhonn Airteagal 342 CFAE, táirgfear i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais an tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil agus an clár oibre dá dtagraítear i bpointe (10) agus i bpointe (11) d'Airteagal 98(2).
3. Soláthróidh Lárionad Aistriúcháin chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh na seirbhísí aistriúcháin is gá i gcomhair fheidhmiú na Gníomhaireachta.

⁴⁵ Rialachán Uimh. 1 an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha a úsáidfear i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385).

Airteagal 110

Trédhearcacht agus cumarsáid

1. Beidh an Ghníomhaireacht faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 nuair a bheidh iarratais ar rochtain ar dhoiciméid atá ina seilbh á láimhseáil aici.
2. Déanfaidh an Ghníomhaireacht cumarsáid, ar a tionscnamh féin, maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme a cúraimí. Poibleoidh sí faisnéis ábhartha lena n-áirítear an tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil dá dtagraítear i bpointe (10) d'Airteagal 98(2) agus áiritheoidh sí, gan dochar d'Airteagal 91, go háirithe, go ndéanfar faisnéis oibiachtúil, cuimsitheach, iontaofa atá sothuigte go héasca faoina cuid oibre a thabhairt don phobal agus d'aon pháirtí leasmhar go mear. Déanfaidh sí amhlaidh gan faisnéis oibríochtúil a nochtadh, ar faisnéis í, a chuirfeadh gnóthú chuspóir na n-oibríochtaí i mbaol, dá bpoibleofaí é.
3. Leagfaidh an bord bainistíochta síos na socruithe praiticiúla chun mír 1 agus mír 2 a chur i bhfeidhm.
4. Beidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach i dteideal comhfhreagras i scríbhinn a dhíriú ar an nGníomhaireacht in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais. Beidh sé de cheart ag an duine sin freagra a fháil sa teanga chéanna.
5. Féadfaidh cinntí a ghlacfaidh an Ghníomhaireacht de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a bheith ina gcúis le gearán a thaisceadh leis an Ombudsman Eorpach nó le caingean os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 228 agus in Airteagal 263 CFAE faoi seach.

ROINN 5

CEANGLAIS AIRGEADAIS

Airteagal 111

Buiséad

1. Is é a bheidh in ioncam na Gníomhaireachta, gan dochar do chineálacha eile ioncaim:
 - (a) ranníocaíocht ón Aontas, arna hiontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh (roinn an Choimisiúin);
 - (b) ranníocaíocht ó na tíortha a bhfuil baint acu le cur chun feidhme, le cur i bhfeidhm agus le forbairt *acquis* Schengen arna bunú sna socruithe ábhartha a shonraíonn a ranníocaíocht airgeadais;
 - (c) cistiú ón Aontas i bhfoirm comhaontuithe ranníocaíochta nó deontais *ad hoc* i gcomhréir le rialacha airgeadais na Gníomhaireachta dá dtagraítear in Airteagal 115 agus le forálacha na n-ionstraimí ábhartha a thacaíonn le beartais an Aontais;
 - (d) táillí ar sheirbhísí a sholáthraítear;
 - (e) aon ranníocaíocht dheonach ó na Ballstáit.
2. Cuimseofar le caiteachas na Gníomhaireachta a speansais riaracháin, bhonneagair agus oibríochta agus speansais a bhaineann le baill foirne.

3. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin dréachtráiteas faoi mheastacháin ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta a tharraingt suas don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, lena n-áirítear plean bunaíochta, agus seolfaidh chuig an mbord bainistíochta é.
4. Comhardófar an t-ioncam agus an caiteachas.
5. Glacfaidh an bord bainistíochta, ar bhonn an dréachtráitis mheastacháin a bheidh tarraingthe suas ag an stiúrthóir feidhmiúcháin, dréachtmheastachán sealadach ar ioncam agus ar chaiteachas na Gníomhaireachta, lena n-áirítear an plean sealadach bunaíochta. Déanfaidh an bord bainistíochta iad a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir gach bliain, in éineacht leis an dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair.
6. Seolfaidh an bord bainistíochta na dréachtmheastacháin deiridh ar ioncam agus ar chaiteachas na Gníomhaireachta, lena n-áirítear an dréachtphean bunaíochta maille leis an réamhchlár oibre, chuig an gCoimisiún faoin 31 Márta gach bliain.
7. Cuirfidh an Coimisiún an meastachán ar aghaidh chuig an údarás buiséadach in éineacht le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.
8. Ar bhonn an mheastacháin, cuirfidh an Coimisiún i ndréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh na meastacháin sin a mheasann sé is gá don phlean bunaíochta agus do mhéid na ranníocaíochta a dhéanfar a mhuirearú ar an mbuiséad ginearálta, agus cuirfidh sé faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh iad i gcomhréir le hAirteagal 313 agus le hAirteagal 314 CFAE.
9. Údaróidh an t-údarás buiséadach leithreasuithe i gcomhair na ranníocaíochta a íocfar leis an nGníomhaireacht.
10. Glacfaidh an t-údarás buiséadach an plean bunaíochta i gcomhair na Gníomhaireachta.
11. Glacfaidh an bord bainistíochta buiséad na Gníomhaireachta. Beidh sé críochnaitheach ach a mbeidh glactha go críochnaitheach le dréachtbhuiséad an Aontais Eorpaigh. I gcás inarb iomchuí, déanfar é a choigeartú dá réir sin.
12. Leanfaidh aon athrú ar an mbuiséad, lena n-áirítear an plean bunaíochta, an nós imeachta céanna.
13. I gcás aon tionscadal tógála ar cosúil go mbeidh impleachtaí móra aige ar bhuiséad na Gníomhaireachta, beidh feidhm ag forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1271/2013⁴⁶ ón gCoimisiún.
14. Chun imscaradh mear-idirghabhálacha teorann agus idirghabhálacha um fhilleadh a mhaoiniú, beidh i mbuiséad na Gníomhaireachta arna ghlacadh ag an mbord bainistíochta cúlchiste oibríochtúil airgeadais arb ionann é agus 2% ar a laghad den leithdháileadh atá beartaithe go comhpháirteach le haghaidh oibríochtaí comhpháirteacha ag an teorainn sheachtrach agus gníomhaíochtaí oibríochtúla i réimse an fhille. Ag deireadh gach míosa, féadfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin cinneadh a dhéanamh suim arb ionann í agus an dódhéagú cuid de leithreasuithe a chúlchiste a ath-leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla eile de chuid an

⁴⁶ Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2013 maidir le rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 7.12.2013, lch. 42).

Aontais. Sa chás sin, cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an bord bainistíochta ar an eolas.

15. Féadfar gealltanais bhuiséadacha do ghníomhaíochtaí a mhairfidh níos faide ná bliain airgeadais amháin a mhiondealú ina dtráthchodanna bliantúla a íocfar thar thréimhse roinnt blianta.

Airteagal 112

An buiséad a chur chun feidhme agus a rialú

1. Cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme.
2. Faoi 1 Márta de bhliain airgeadais N + 1, cuirfidh oifigeach cuntaíochta na Gníomhaireachta na cuntais shealadacha don bhliain airgeadais N in iúl d'oifigeach cuntaíochta an Choimisiúin agus don Chúirt Iniúchóirí. Déanfaidh oifigeach cuntaíochta an Choimisiúin cuntais shealadacha na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí díláraithe a chomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 147 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁷.
3. Cuirfidh an Gníomhaireacht tuarascáil ar an mbainistiú buiséadach agus airgeadais don bhliain N chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCúirt Iniúchóirí faoi 31 Márta de bhliain N + 1.
4. Cuirfidh oifigeach cuntaíochta an Choimisiúin cuntais shealadacha na Gníomhaireachta do bhliain N, arna gcomhdhlúthú le cuntais an Choimisiúin, chuig an gCúirt Iniúchóirí faoi 31 Márta de bhliain N + 1.
5. Ar bharúlacha ón gCúirt Iniúchóirí a fháil maidir le cuntais shealadacha na Gníomhaireachta do bhliain N, de bhun Airteagal 148 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, tarraingeadh an stiúrthóir feidhmiúcháin suas cuntais chríochnaitheacha na Gníomhaireachta a bhfuil sé nó sí freagrach astu agus cuirfidh iad ar aghaidh chun an bhoird bainistíochta chun tuairim a fháil.
6. Seachadfaidh an bord bainistíochta tuairim maidir le cuntais chríochnaitheacha na Gníomhaireachta do bhliain N.
7. Faoi 1 Iúil de bhliain N + 1, seolfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin na cuntais chríochnaitheacha, mar aon le tuairim an bhoird bainistíochta, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.
8. Foilseofar na cuntais chríochnaitheacha do bhliain N in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* faoi 15 Samhain de bhliain N + 1.
9. Seolfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin freagra chuig an gCúirt Iniúchóirí ar a barúlacha faoi 30 Meán Fómhair de bhliain N + 1. Cuirfidh sé nó sí an freagra sin chuig an mbord bainistíochta freisin.
10. Cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin, ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa, aon fhaisnéis is gá faoina bráid chun an nós imeachta urscaoilte a chur i bhfeidhm go rianúil do bhliain N, i gcomhréir le hAirteagal 165(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

⁴⁷

Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2008 (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

11. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle ag gníomhú di le tromlach cáilithe, urscaoileadh a thabhairt don stiúrthóir feidhmiúcháin roimh an 15 Bealtaine de bhliain N + 2, i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain N.

Airteagal 113

Calaois a chomhrac

1. Chun calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac, beidh feidhm gan srian ag forálacha Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013. Aontóidh an Ghníomhaireacht do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag an Oifig Frith-Chalaoise Eorpach (OLAF) agus glacfaidh sí, gan mhoill, na forálacha iomchuí is infheidhme maidir le fostaithe uile na Gníomhaireachta agus an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin á úsáid aici.
2. Beidh cumhacht ag an gCúirt Iniúcháirí iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus cigireachtaí ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí Aontais ón nGníomhaireacht.
3. Féadfaidh OLAF imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96⁴⁸ ón gComhairle d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhlíthiúil eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó le cinneadh deontais nó le conradh arna mhaoiniú ag an nGníomhaireacht.
4. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú agus a ionchúiseamh dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
5. Gan dochar do mhír 1, do mhír 2, do mhír 3 ná do mhír 4, beidh forálacha i socruithe oibre le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, i gconarthaí, i gcomhaontuithe deontais agus i gcinntí deontais de chuid na Gníomhaireachta, ar forálacha iad lena dtabharfar an chumhacht go sainráite don Chúirt Iniúcháirí, d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus do OLAF iniúchtaí agus imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach.

Airteagal 114

Coinbhleachtaí leasa a chosc

Glacfaidh an Ghníomhaireacht rialacha inmheánacha lena gceanglaítear ar bhaill a comhlachtaí agus ar a baill foirne aon staid a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le coinbhleacht leasa le linn a bhfostaíochta nó a dtéarma oifige agus na staideanna sin a thuairisciú.

⁴⁸ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

Airteagal 115
Forálacha airgeadais

Déanfaidh an bord bainistíochta na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht a ghlacadh tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. Ní imeoidh siad ó Rialachán Tarmlichthe (AE) Uimh. 1271/2013 mura mbeidh gá leis an imeacht sin go sonrach d'oibriú na Gníomhaireachta agus mura mbeidh an Coimisiún tar éis toiliú don imeacht sin roimh ré. Faoin gcreat seo, glacfaidh an bord bainistíochta rialacha airgeadais sonracha a bheidh infheidhme maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta i réimse an chomhair le tríú tíortha maidir le filleadh.

CAIBIDIL IV
Forálacha Críochnaitheacha

Airteagal 116
Meastóireacht

1. Faoin [31 Bealtaine 2023], agus gach ceithre bliana dá éis sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo. Sa mheastóireacht déanfar measúnú ar an méid seo a leanas go háirithe:
 - (a) na torthaí a bhain an Ghníomhaireacht amach ag féachaint dá cuspóirí, dá sainordú agus dá cúraimí;
 - (b) tionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht fheidhmiú na Gníomhaireachta agus a cleachtas oibre i ndáil lena cuspóirí, lena sainordú agus lena cúraimí;
 - (c) cur chun feidhme an chomhair Eorpaigh maidir le feidhmeanna garda cósta;
 - (d) an gá a d'fhéadfadh a bheith ann chun sainordú na Gníomhaireachta a mhodhnú;
 - (e) na himpleachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag aon mhodhnú den sórt sin.Áireofar sa mheastóireacht anailís shonrach ar an tslí a ndearnadh an Chairt agus dlí ábhartha eile an Aontais a chomhlíonadh agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm.
2. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta mar aon lena conclúidí maidir leis an tuarascáil ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an mbord bainistíochta. Féadfaidh an bord bainistíochta moltaí a eisiúint chun an Choimisiún maidir le hathruithe ar an Rialachán seo. Poibleofar an tuarascáil mheastóireachta agus na conclúidí maidir leis an tuarascáil. Cuirfidh na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht an fhaisnéis is gá ar fáil don Choimisiún chun an tuarascáil seo a dhréachtú.
3. Cuirfidh an Ghníomhaireacht tuarascáil ar fheidhmiú EUROSUR faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 1 Nollaig 2021 agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin.
Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá ar fáil don Ghníomhaireacht chun an tuarascáil sin a dhréachtú.

4. Mar chuid den mheastóireacht dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar EUROSUR ar fáil agus beidh tograí iomchuí ag gabháil leis an meastóireacht sin chun a fheidhmiúlacht a fheabhsú, i gcás inar gá.

Cuirfidh na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht an fhaisnéis is gá ar fáil don Choimisiún chun an mheastóireacht dá dtagraítear i mír 3 a sholáthar.

Airteagal 117

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste (“Coiste an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh”) cúnamh don Choimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa Choiste sin.

I dtaca le bearta dá dtagraítear in Airteagal 80(2), tabharfaidh “Coiste Airteagal 6” arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1606/2002 cúnamh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
4. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i gcomhar le hAirteagal 5 de.

Airteagal 118

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8 (4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta a thíocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(4) a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thíocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8 agus Airteagal 4 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar

éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú [dhá mhí] ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 119

Aisghairm

1. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1052/2013.
2. Aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1624 cé is moite d'Airteagal 20, Airteagal 30 agus Airteagal 31 de a dhéantar a aisghairtear le héifeacht ón 1 Eanáir 2020.
3. Aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/700/JHA le héifeacht ó dháta chur chun feidhme an chórais dá dtagraítear in Airteagal 80, a bheidh le cinneadh le gníomh cur chun feidhme a ghlacfar i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 117.
4. Déanfar tagairtí do na gníomhartha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 120

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
2. Beidh feidhm ag Airteagal 12 (4), Airteagal 71 agus Airteagal 98 (5), a mhéid a bhaineann siad le comhar leis an Ríocht Aontaithe, go dtí an dáta a tharraingeoidh an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas nó, i gcás ina dtiocfaidh comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i bhfeidhm bunaithe ar Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go deireadh na hidirthréimhse a leagfar síos sa chomhaontú sin.
3. De mhaolú air sin le linn na bliana 2019, déanfaidh an bord bainistíochta na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 55 (4) agus Airteagal 64 (6) laistigh de shé seachtaine ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin.
4. De mhaolú air sin le linn na bliana 2019, déanfaidh na Ballstáit na hainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 57 (4) agus Airteagal 58 (1) laistigh de 12 sheachtain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin.
5. Déanfar imscaradh i gcomhréir le hAirteagal 55 go hAirteagal 58 amhail ón 1 Eanáir 2020.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán maidir le Garda Teorann agus Cósta lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach Uimh. 98/700/JHA, Rialachán (AE) uimh. 1052/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Réimsí beartais lena mbaineann (*Cnuasach clár*)

Réimse beartais: Imirce agus Gnóthaí Baile

Gníomhaíocht: Slándáil agus Saoirsí a Choimirciú

Ceannteideal 3a faoi láthair, Teideal 18 – Gnóthaí Baile

1.2. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnaimh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnaimh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**⁴⁹

X Baineann an togra/tionscnaimh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

X Baineann an togra/tionscnaimh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

⁴⁹

Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.2.1.

1.3. Forais an togra/tionscnaimh

1.3.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthearma nó san fhadtearma

Sa ghearrthearma, táthar ag súil go leanfaidh an Ghníomhaireacht um an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach de phríomhghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta maidir le bainistiú na dteorainneacha seachtracha agus na bhfilltí, EUROSUR san áireamh, ar an dóigh chéanna leis an tacaíocht a tugadh ina leith go dtí seo. EUR 637.6 milliún a bheadh i mbuiséad na Gníomhaireachta, lena n-áireofaí ranníocaíocht an Aontais agus na ranníocaíochtaí ó thíortha atá comhlachaithe le Schengen, chun leanúint ar aghaidh leis na gníomhaíochtaí go léir faoi shainordú reatha na Gníomhaireachta ar feadh 2019 agus 2020 don CAI reatha, agus de réir mar atá molta ag an gCoimisiún bheadh EUR 2.47 billiún i gceist don chéad CAI eile. Tá na foinsí airgeadais ar an iomlán atá ag teastáil agus na ceanglais foirne i gcomhréir leis na Ráitis Airgeadais Reachtúla atá i bhfeidhm a ghabhann le tograí an Choimisiúin arna ndéanamh i gcomhthráth leis an Rialachán um an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, le Rialachán ETIAS agus leis an Rialachán Idir-inoibritheachta. Is é aidhm an togra reatha an Garda Teorann agus Cósta Eorpach a athchóiriú trí na cumais nua a bheidh ag an nGníomhaireacht a bhunú, go háirithe trí buanchór a bhunú don Gharda Teorann agus Cósta Eorpach agus trealamh dá cuid féin a fháil don Ghníomhaireacht, agus aghaidh a thabhairt ar na tascanna nua nó uasghrádaithe eile. Chun na críche sin, ní mór méid dar luach EUR 577.5 milliún a chur le buiséad na Gníomhaireachta le haghaidh 2019 agus 2020 faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha, a bhféadfaí úsáid ionstraimí speisialta a cheangal ina leith. Don tréimhse 2021-2027, beidh méid iomlán EUR 9.37 billiún ag teastáil chun na cúraimí agus feidhmeanna nua agus uasghrádaithe go léir a chuimsiú.

Ar an iomlán, b'ionann luach iomlán chostais an tsainordaithe atá ann cheana agus a bheadh ann amach anseo agus EUR 1.22 billiún don tréimhse 2019-2020 agus le EUR 11.27 billiún don tréimhse 2021-2027.

Is féidir príomhghnéithe an togra a achoimriú mar seo a leanas ó thaobh substainte agus amlíne de:

Buanchór ina mbeadh 10 000 ball foirne oibríochtúil a bhunú don Gharda Teorann agus Cósta Eorpach:

- Is é atá i gceist le foireann oibríochtúil buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh gardaí teorann, gardaí tionlacain don fhilleadh, speisialtóirí don fhilleadh agus baill foirne ábhartha eile arna bhfostú ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, atá ar iasacht ag an nGníomhaireacht ó na Ballstáit nó atá curtha ar fáil ag na Ballstáit le haghaidh imscaradh gearrthearma chun feidhmiú mar bhaill de na foirne bainistíochta teorann, na foirne tacaíochta um bainistiú imirce nó na foirne don fhilleadh ag a bhfuil cumhachtaí feidhmiúcháin. Cuimseoidh buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh trí chatagóir d'fhoireann oibríochtúil lena mbainfidh na costais a leanas.

- Catagóir 1 (foireann na Gníomhaireachta): Beidh an fhoireann reachtúil ina comhpháirt rithábhachtach de buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Meastar go dtiocfaidh méadú ar líon fhoireann oibríochtúil na Gníomhaireachta laistigh den chór ó 750 in 2019 go 3 000 faoi 2025. Sciar 50% a bheidh i líon na nGníomhairí Sealadacha agus na nGníomhairí Conartha araon. Ríomhadh na costais foirne chomhfhreagracha bunaithe ar aonaid chaighdeánacha (ie EUR 143 000.00 in

aghaidh an Ghníomhaire Shealadaigh/bliain agus EUR 74 000 in aghaidh an Ghníomhaire Conartha/bliain). Le haghaidh Chatagóir 1, foráiltear leis an togra costais imscartha arna ríomh de réir na toimhde go ndéanfar gach ball foirne oibríochtúil de chuid na Gníomhaireachta a imscaradh i réimsí oibríochtúla, ar bhonn buan beagnach. Tá ríomh na gcostas imscartha bunaithe ar chomhfhogasú na rátaí laethúla a úsáidtear faoi láthair ag an nGníomhaireacht (€200 in aghaidh an lae ar an meán) i gcomparáid le 40%. Beidh baill foirne a earcófar faoin gcatagóir seo ábalta feidhmiú mar bhaill de na foirne a imscarfar ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh chun cúraimí maidir le rialú teorann agus filleadh a chur i gcrích, lena n-áirítear na cúraimí sin lena mbaineann cumhachtaí feidhmiúcháin. I bhfianaise sainiúlacht fhoireann oibríochtúil na Gníomhaireachta, ba cheart go gcuirfear na baill foirne nua-earcaithe go léir faoi oiliúint tosaigh chríochnaithe maidir le rialú teorann nó maidir le feidhmeanna um fhilleadh a mhairfeadh thart ar 6 mhí ar chostas thart ar EUR 40 000 in aghaidh an duine. Ina dhiaidh sin, bheadh oiliúint speisialaithe nó athoiliúint ag teastáil ó fhoireann oibríochtúil na Gníomhaireachta ar neaschostas EUR 10 000 in aghaidh an duine.

- Catagóir 2 (baill foirne oibríochtúla ar iasacht ó Bhallstáit ar feadh fadtréimhse): meastar go dtiocfaidh méadú ar an gcineál sin de bhaill foirne oibríochtúla ó 1 500 in 2020 go 3 000 faoi 2025. Foráiltear leis an togra go n-imscarfar na baill foirne atá ar iasacht i réimsí oibríochtúla éagsúla. Dá réir sin bainfidh na príomhchostais le himscaradh. Ar an gcuma chéanna le Catagóir 1, ríomhadh na costais cur i mbun oibre de réir na toimhde go n-imscarfar na ball foirne oibríochtúla le linn a dtréimhsí iasachta ar bhonn fadtéarma. Cuireadh i bhfeidhm an meánrata laethúil (ie € 200 in aghaidh an lae faoi réir ag laghdú 40% de dheasca na misean fadtéarma) faoi mar a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh chatagóir 1. Déanfar freastal ar riachtanais oiliúna na mball foirne ar iasacht ar chostas bliantúil measta € 5 000 in aghaidh an bhaill foirne.

- Catagóir 3 (baill foirne oibríochtúla a imscarfar ag na Ballstáit ar feadh gearrthéarma). Measfar go ndéanfar an catagóir sin de bhaill foirne oibríochtúla a laghdú de réir a chéile laistigh de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh ó 7000 ball in 2020 go 4000 in 2025. Baineann príomhchostais na coda sin de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh lena imscaradh. Ar an gcuma chéanna le Catagóir 1 agus 2, ríomhadh na costais imscartha trí úsáid an mheánrata laethúil chéanna (ie € 200 sa lá) arna ríomh ar feadh 30 lá sa mhí, lena gclúdaítear imscaradh ar feadh suas le 4 mhí ar a mhéad. I gcomparáid le Catagóir 1 agus 2, áfach, níl na costais imscartha faoi réir ag an laghdú 40% is infheidhme i gcás na misean fada.

- Ina theannta sin, le haghaidh Chatagóir 2 agus 3, foráiltear leis an togra maidir le córas tacaíochta airgeadais chun tacú le forbairt fhadtéarma acmhainní daonna na mBallstát agus í a dhaingniú trína chur ar a gcumas baill foirne bhreise a fhostú agus a oiliúint leis an tsolúbthacht riachtanach a chur ar fáil chun an ceangal atá orthu rannchuidiú le buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a chomhlíonadh agus acmhainneachtaí náisiúnta imleora dá gcuid féin a choimeád san am céanna. Ríomhtar an córas bunaithe ar bhunthuarastal bliantúil Ghníomhaire Conarthach ó Ghrúpa Feidhme III Grád 8 Céim 1 ar cuireadh comhéifeacht ábhartha i bhfeidhm ina leith in aghaidh gach aon Bhallstát (“bunmhéid”). Le haghaidh Chatagóir 2, déantar 100% den “bunmhéid” a iolrú faoi líon na mball foirne oibríochtúla a measfar a ligfear ar iasacht ag Ballstát. Le haghaidh Chatagóir 3, déantar 30% den “bunmhéid” (atá comhfhreagrach d’infhaighteacht éigeantach 4 mhí) a iolrú faoi

líon na mball foirne oibríochtúil a imscartar go héifeachtúil sa bhliain roimhe sin ag Ballstát.

- Ar an iomlán, chosnódh bunú agus imscaradh bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh 5.83 billiún agus é faoi lán-acmhainneacht ón mbliain 2020 EUR.

Trealamh dá cuid féin a fháil don Gníomhaireacht

- Chun bearnaí leanúnacha i gcomhthiomsú deonach ar threalamh teicniúil ó Bhallstáit, go háirithe maidir le sócmhainní mórsála, a líonadh, ba cheart go mbeadh a trealamh riachtanach féin ag an nGníomhaireacht a bheadh le húsáid in oibríochtaí comhpháirteacha nó i gcás mear-idirghabhálacha teorann nó i gcás aon ghníomhaíochtaí oibríochtúla eile.

- Cé go bhfuil sé ar chumas na Gníomhaireachta a trealamh teicniúil féin a fháil nó a fháil ar léas ó 2011, cuireadh bac nach beag ar an gcumas sin mar gheall ar easnamh sna hacmhainní buiséadacha riachtanacha. Nuair a glacadh Rialachán 2016, cuireadh buiséad tiomanta EUR 40 milliún ar fáil don Gníomhaireacht chun trealamh beagmhéide agus meánmhéide a fháil agus tá dul chun cinn déanta ag an nGníomhaireacht chun na deiseanna sin a thapú.

- De thoradh na bhforbairtí sin agus chun teacht leis na huaillmhianta atá laistiar de bhunú bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, measann an Coimisiún gur cheart clúdach suntasach (EUR 2.2 billiún) a chur ar fáil don Gníomhaireacht faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 ionas gur féidir léi na sócmhainní aeir, mara agus talaimh is gá a fháil, a chothabháil agus a oibriú i gcomhréir leis na riachtanais oibríochtúla.

- Cé go bhféadfadh fáil na sócmhainní riachtanacha a bheith ina próiseas fadálach, go háirithe le haghaidh sócmhainní móra, ba cheart go dtiocfaidh trealamh na Gníomhaireachta féin chun cinn mar chnámh droma imscarthaí oibríochtúla gan aon chabhair bhreise de dhíth ó na Ballstáit ach amháin in imthosca eisceachtúla. Ba cheart go ndéanfaidh criúnna teicniúla na Gníomhaireachta, ós cuid de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh iad, trealamh na Gníomhaireachta a oibriú. Chun a áirithiú go ndéanfar na hacmhainní airgeadais atá molta maidir le trealamh na Gníomhaireachta féin a úsáid go héifeachtach, beidh an próiseas bunaithe ar straitéis ilbhliantúil a chinnfear chomh luath agus is féidir ag an mbord bainistíochta agus beidh plean gníomhaíochta ag gabháil léi.

- Ba cheart go ndéanfaidh trealamh na Gníomhaireachta féin comhlánú ar chomhthiomsú de threalamh teicniúil achuirfidh na Ballstáit ar fáil, go háirithe na modhanna iompair agus an trealamh oibriúcháin a cheannóidh na Ballstáit faoi Bhearta Sonracha an Chiste Slándála Inmheánaí.

Oifigí allamuigh na Gníomhaireachta

- Agus sainordú feabhsaithe na Gníomhaireachta um an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, bunú bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus a láithreachth threisithe ar an láthair ag teorainneacha seachtracha an Aontais mar aon lena rannpháirtíocht mhéadaithe sa réimse maidir le filltí á gcur san áireamh, ba cheart go mbeadh sé indéanta don Gníomhaireacht oifigí allamuigh a bheidh suite ag láithreacha gar dá príomhghníomhaíochtaí oibríochtúla a bhunú ar feadh thréimhse na ngníomhaíochtaí sin, le go bhfeidhmeoidís mar chomhéadan idir an Gníomhaireacht agus an Ballstát óstach agus chun déileáil le cúraimí

comhordúcháin, lóistíochta agus tacaíochta agus chun comhar idir an Gníomhaireacht agus an Ballstát óstach a éascú.

- D'fhoill forbairt na n-oifigí allamuigh a chumasú cuirfear buiséad breise ar fáil don Gníomhaireacht. Faoi láthair, foráiltear go ndéanfar 5 oifig allamuigh a bhunú de réir a chéile. Foráiltear sa CAI reatha (2019-2020) go bhfuil EUR 1.5 milliún sa bhuiséad ábhartha, agus EUR 11.3 milliún sa chéad CAI eile (2021-2027).

FADO

- Glacfaidh an Gníomhaireacht cúraimí chóras FADO agus déanfaidh sí é a bhainistiú. Áireofar leis na costais a bhaineann le FADO costais oibríochtúla agus phearsanra, córais TF agus bogearraí, cothabháil agus bonneagar slándála. Thiofadh na costais a bhaineann le hascnamh agus le cothabháil ar FADO le EUR 1.5 milliún faoin CAI reatha (2019-2020) agus le EUR 10.5 milliún faoin gcéad CAI eile (2021-2027).

Gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta i réimse an fhille

- Is é aidhm an togra tacaíocht na Gníomhaireachta do na Ballstáit i réimse an fhille agus an comhar le tríú tíortha, i dtaobh an réimse sin, lena gcuimsítear doiciméid taistil a fháil, a threisiú go mór.
- Maidir leis sin, ba cheart méid EUR 1.75 billiún a chur le buiséad na Gníomhaireachta don chéad CAI eile (2021-2027) lena mbainfidh thart ar EUR 250 milliún in aghaidh na bliana filleadh 50 000 duine a éascú in aghaidh na bliana.

Forbairt ar EUROSUR

- Ar an iomlán, beidh tionchar ag forbairt EUROSUR ar bhuiséad na Gníomhaireachta lena mbaineann EUR 20 milliún ar an iomlán faoin CAI reatha (2019-2020) agus EUR 140 milliún faoin gcéad CAI eile (2021-2027) agus 100 ball foirne breise ag teacht ó na hacmhainní daonna a bhfuil tuairisc orthu sa mhír seo a leanas.
- I gcás na Gníomhaireachta, ar mhaithe le feabhas a chur ar fheidhmiú an chórais, meastar go bhfuil 35 ball foirne bhreise, lena gcuimseofar saineolaithe TF agus anailíseoirí sonraí den chuid is mó, ag teastáil ón nGníomhaireacht.
- Meastar go mbeidh 65 ball foirne bhreise lena n-áireofar saineolaithe TF, anailíseoirí rioscaí agus oibreoirí agus pleanálaithe de dhíth le haghaidh an méadú ar raon feidhme EUROSUR chun pointí trasnaithe teorann agus faireachas aertheorann a chur san áireamh, chun aghaidh a thabhairt ar ghluaiseachtaí tánaisteacha, chun feabhas a chur ar mhalartú faisnéise le tríú tíortha agus chun pleanáil chomhtháite a bhainistiú.
- Leanfar ar aghaidh le Clár Spáis Copernicus chun tacú le himscaradh Sheirbhísí Cumaisc EUROSUR le táirgí agus le seirbhísí um fhaire na cruinne agus leanfaidh an creat-chlár taighde de thacú le forbairt ar sheirbhísí faisnéise nua agus ar theicneolaíochtaí faireachais.
- Leanfaidh ionstraimí AS NEAR agus AS DEVCO de thacú le forbairt ar Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha lena n-áirítear Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta i dtríú tíortha.
- Anuas ar bhuiséad na Gníomhaireachta, d'fhoill tacú le cur chun feidhme ar fhorbairt EUROSUR ar thaobh na mBallstát, beidh impleachtaí ag an togra ar úsáid

acmhainní ón gCiste Slándála Inmheánaí um Theorainneacha agus Víosáí in 2020 (EUR 52,5 milliún) agus ón gCiste Bainistíochta Teorann Comhtháite a bheidh ann amach anseo (EUR 647,5 milliún) sa tréimhse 2021-2027. Cuirfear na gníomhaíochtaí ábhartha chun feidhme trí bhainistíocht chomhroinnte nó trí bhainistíocht dhíreach.

Acmhainní daonna

Maidir le hacmhainní daonna, táthar ag súil go mbeidh 1 000 ball foirne ag an nGníomhaireacht faoi 2020. D'fhonn buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpach a bhunú, dáilfear poist bhreise don Gníomhaireacht: Ag tosú le 750 post in 2019 agus ag tarraingt ar 3 000 post faoi 2025. Beidh na poist bhreise roinnte go cothrom idir gníomhairí sealadacha agus gníomhairí conarthacha. Úsáidfear na poist nua den chuid is mó chun baill foirne oibríochtúla a earcú agus a oiliúint faoi Chatagóir 1 de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Fós féin, áireofar freisin leis an gcatagóir sin baill foirne dá bhforáiltear maidir le láraonad ETIAS a chur ar bun agus a oibriú.

Ina theannta sin, laistigh den fhigiúr thuas luaite de 3 000 post, d'fhéadfadh an Gníomhaireacht suas le 4% de mhéid iomlán an bhuanchóir a úsáid chun baill foirne a earcú chun tacú le bunú bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh (earcú, bainistíocht laethúil, pleanáil oibríochtúil srl), soláthar foirne do na hoifigi allamuigh, trealamh a fháil don Gníomhaireacht, cúraimí nua eile a bhaineann le feidhmiú an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, lena n-áirítear EUROSUR, an sainordú atreisithe maidir le filltí agus glacadh cúraimí FADO.

1.3.2. *Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas AE*

Is é is cuspóir an togra seo bainistiú comhtháite Eorpach ar theorainneacha seachtracha an Aontais a áirithiú d'fhonn imirce a bhainistiú go héifeachtach agus ardleibhéal slándála a áirithiú san Aontas agus, san am céanna, saorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas a chosaint. I limistéar gan theorainneacha inmheánacha, bíonn tionchar ag inimirce neamhrialta thar theorainneacha seachtracha isteach i mBallstát amháin ar na Ballstáit ar fad laistigh de limistéar Schengen. Ní féidir limistéar a choimeád gan theorainneacha inmheánacha mura bhfuil na theorainneacha seachtracha sin slán agus cosaint éifeachtach ann.

Ós rud é go bhfuil rialú ar theorainneacha seachtracha an Aontais ina leas coiteann comhroinnte ar gá é a chur i gcrích i gcomhréir le hardchaighdeáin aonchineálacha an Aontais, nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra seo a bhaint amach go leordhóthanach, agus gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, d'fhéadfadh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta de réir mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach

Tá sé i gceist leis an togra freagairt do na dúshlán nua agus d'fhíorstaid pholaitiúil an Aontais maidir le bainistiú imirce agus slándáil inmheánach araon. Cuireann sé le bosca uirlisí cumas atá ar fáil don Gharda Teorann agus Cósta Eorpach, go háirithe trí bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a bhunú ina mbeidh 10 000 ball foirne oibríochtúla chun déileáil go cuimsitheach leis na dúshlán a bhaineann le theorainneacha an Aontais a bhainistiú agus le filltí. Áirithítear leis sin go ndéanann na Ballstáit na rialacha um bainistiú teorann comhtháite a chur chun feidhme go hiomlán agus i gceart i gcomhréir le timthriall beartais straitéiseach ilbhliantúil comhleanúnach, go ndéantar gníomhaíocht iomchuí chun bac a chur ar chásanna géarchéime agus chun mearfhreagairt éifeachtach a thabhairt ag theorainneacha

seachtracha má thagann cás mar sin chun cinn agus ní ghlactar gníomhaíocht phráinneach ar leibhéal an Aontais le go mbeadh idirghabháil dhíreach ar an láthair ach amháin nuair a éiríonn an cás níos criticiúla.

Go háirithe, admhaíonn pobal bainistíochta teorann an Aontais go réidh breisluach an Aontais a bhaineann le EUROSUR. Ní fhéadfaí creat EUROSUR a bhaint faoin am seo ós rud é go mbraitheann an chuid is mó de na Ballstáit air le haghaidh faireachas teorann.

Tugann Seirbhísí Cumaisc EUROSUR breisluach nithiúil d'úsáideoirí deiridh atá bainteach le faireachas teorann. Ní fhéadfadh aon eagraíocht garda teorann náisiúnta íoc as seirbhísí faireachais spás-bhunaithe ina aonair ná as ardáin fadraoin eile a chuireann Seirbhísí Cumaisc EUROSUR ar fáil.

1.3.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Cuireadh Gníomhaireacht Frontex ar bun in 2004 agus cuireadh i mbun oibre í in 2005. De réir mar a iarradh i gclár na Háige, ghlac an Coimisiún an 13 Feabhra 2008 Teachtaireacht maidir le meastóireacht agus forbairt sa todhchaí ar Ghníomhaireacht Frontex (COM(2008) 67 final).

Eisíodh moltaí sa Teachtaireacht don ghearrthéarma agus don mheántéarma agus seoladh smaointí maidir le forbairt a dhéanamh amach anseo ar an nGníomhaireacht san fhadtéarma. Ó thaobh fadtéarma de cuireadh béim ar ról ríthábhachtach Frontex maidir le córas bainistíochta teorann comhtháite an Aontais Eorpaigh a fhorbairt.

Mhol an Coimisiún mar chonclúid roinnt feabhsúchán ar an dóigh a n-oibríonn an Ghníomhaireacht faoina sainordú agus gur cheart an sainordú a leasú sa mheántéarma.

Anuas ar an Tuarascáil thuas luaite ón gCoimisiún maidir le meastóireacht agus forbairt sa todhchaí ar Ghníomhaireacht Frontex rinneadh meastóireacht neamhspleách le linn 2008. Soláthraíodh sa mheastóireacht sin arna conrú ag Bord Bainistíochta Frontex de réir mar a iarrtar in Airteagal 33 de Rialachán Frontex roinnt tuairimí breise mar aon le gnéithe fíorasacha maidir le cleachtais oibre na Gníomhaireachta. Eisíodh freisin sraith moltaí do Bhord Bainistíochta Frontex. Sa chomhthéacs sin, leasaíodh sainordú na Gníomhaireachta in 2011 chun cur ar a cumas freagairt do na dúshlán nua.

D'ainneoin na bhfeabhsuithe a tugadh isteach le leasú 2011, i ndiaidh na treorach polaitiúla soiléire a thug an Chomhairle Eorpach i gcaitheamh 2015 faoi ról Ghníomhaireacht Frontex i dtaobh aghaidh a thabhairt ar na brúnna imirce méadaitheacha agus ar an meastóireacht sheachtrach ar Ghníomhaireacht Frontex in 2014/2015, tá tuilleadh athchóirithe ar shainordú na Gníomhaireachta de dhíth.

Spreag géarchéim imirce 2015, agus líon níos mó imircigh neamhrialta ná riamh ag sroichint chríoch an Aontais, roinnt mhaith dúshlán maidir le beartas imirce an Aontais agus na mBallstát. Léiríodh sa ghéarchéim nár ceapadh creat ná cumais oibríochtúla an Aontais chun seasamh i gcoinne brú imirce chomh mór sin. Bhain an dianbhrú imirce agus na gluaiseachtaí tánaisteacha ina dhiaidh sin stangadh as limistéar Schengen, agus b'éigean do roinnt Ballstát rialuithe teorann inmheánacha a thabhairt isteach arís.

Ghlac an Coimisiún gníomhartha láithreach ag cur raon leathan beart chun cinn, don ghearrthéarma agus don fhadtéarma, d'fhonn: bac a chur ar bhás tuilleadh imirceach ar muir, teorainneacha seachtracha an Aontais a neartú, dreasachtaí le haghaidh

imirce neamhrialta a laghdú agus an comhbheartas tearmainn a neartú. Go háirithe, cuireadh togra i láthair i mí na Nollag 2015 le haghaidh sainordú ghníomhaireacht teorann an Aontais a fheabhsú agus rinneadh an t-idirbheartú a chríochnú níos tapúla ná riamh le linn 2016. Tháinig an Rialachán maidir le Garda Teorann agus Cósta Eorpach i bhfeidhm an 6 Deireadh Fómhair 2016, agus tá an sainordú nua, lena mbaineann acmhainneachtaí agus acmhainní méadaithe, á chur chun feidhme go tapa ó shin i leith. Fós féin, tá níos mó le déanamh chun ár gcreat a fheabhsú a thuilleadh i réimse na dteorainneacha seachtracha, na bhfilltí agus maidir le tearmann a rialú. Ina conclúidí an 28 Meitheamh 2018, d'iarr an Chomhairle Eorpach tuilleadh neartaithe ar ról tacúil na Gníomhaireachta um an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, i gcomhar le tríú tíortha freisin, trí acmhainní méadaithe agus trí shainordú feabhsaithe. Is é an príomhchuspóir atá ann an Ghníomhaireacht a réiteach le buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh ionas gur féidir leis rialú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha an Aontais a áirithiú agus dlús a chur le filleadh éifeachtach imirceoirí neamhrialta.

1.3.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann

Tá an togra seo comhsheasmhach le conclúidí a rinne an Chomhairle Eorpach an 28 Meitheamh 2018, lena ndéantar ról tacaíochta na Gníomhaireachta um an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach a neartú a thuilleadh, i gcomhar le tríú tíortha freisin, trí bhíthin acmhainní méadaithe agus sainordú feabhsaithe, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar rialú éifeachtach ar na teorainneacha seachtracha agus dlús mór a chur le filleadh imirceach neamhrialta ar bhonn éifeachtach. I gcomhréir le Conclúidí na Comhairle Eorpaí freisin, tá sé comhleanúnach leis an gcuspóir go bhforbrófar beartas imirce inmheánach a bheidh bunaithe ar chothromaíocht idir dlúthpháirtíocht agus freagracht: Is gné riachtanach den dlúthpháirtíocht Eorpach cór buan an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a bhunú le rannchuidiú éigeantach dea-shonraithe ó na Ballstáit go léir ionas gur féidir leis an nGníomhaireacht um an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil do Bhallstáit sa líne tosaigh.

Cuireann an togra leis an mbeartas agus leis an mbosca uirlisí bainistíochta teorainneacha atá ann cheana, go háirithe an Garda Teorann agus Cósta Eorpach arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 2016/1624. Le dhá bhliain anuas, tá dul chun cinn nach beag déanta ar chur chun oibríochta an chreata nua sin, go háirithe trí na chéad timthriallta de mheasúnuithe leochaileachta a chur i gcrích agus díormaí mearfhreagartha a bhunú chun freagairt do chásanna éigeandála. Le buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh ina mbeidh 10,000 ball foirne oibríochtúla, cuireann an togra seo go mór le hacmhainneachtaí na Gníomhaireachta, agus dá réir sin le hacmhainneachtaí an Aontais, chun freagairt go héifeachtach do bhagairtí agus do dhúshláin atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo ar na teorainneacha seachtracha trí ghníomhaíochtaí na mBallstát ar na teorainneacha seachtracha a threisiú, a mheasúnú agus a chomhordú ar bhonn réamhghníomhach agus i dtaobh tríú tíortha freisin le go mbeadh beartas inchreidte um fhilleadh ann.

Is é conclúid thuarascáil meastóireachta EUROSUR go bhfuil a chuspóirí bainte amach ag creat EUROSUR, go bhféadfaí feidhmiú EUROSUR a fheabhsú trí athrú ó chóras faisnéise teicniúil go creat rialachais um malartú agus comhar faisnéise, lena gclúdófaí rialú teorann agus b'fhéidir comhpháirteanna roghnaithe eile de chuid an Bhainistithe Chomhtháite Teorainneacha san Eoraip freisin. De réir mar a fhoráiltear sa Tuarascáil atá i gceangal maidir leis an meastóireacht ar EUROSUR, cothaíonn EUROSUR sineirgíochtaí agus dá réir sin comhleanúnachas le beartais eile: tá an

Lárionad Comhordúcháin Náisiúnta ina phointe fócasach le haghaidh comhar oibríochtúil le gníomhaithe beartais eile i réimsí amhail gnóthaí muirí, slándáil agus rialú custaim. Is dea-shampla é freisin de chomhar sibhialta/míleata ós rud é go bhfuil roinnt Lárionad Comhordúcháin Náisiúnta ag óstáil gníomhaithe míleata freisin amhail oifigigh chabhlaigh.

Ar leibhéal an Aontais is uirlis atá i Seirbhísí Cumaisc EUROSUR ar féidir í a úsáid le haghaidh feidhmeanna garda cósta eile amhail rialú iascaigh. Tá tairbhí frithpháirteacha ann freisin don tslándáil sheachtrach amhail go ndearnadh táirgí faisnéise EUROSUR a chomhroinnt tríd an nGníomhaireacht le hoibríocht CBSC EUNAVFOR Med Sophia.

Is uirlis iad Seirbhísí Cumaisc EUROSUR chun tionscadail agus cláir taighde a chun i mbun oibríochta agus is toradh nithiúil iad le Clár Spáis Copernicus an Aontais Eorpaigh.

Cuirfidh an fhorbairt atá molta ar EUROSUR agus an méadú ar a raon feidhme feabhas ar an gcomhleanúnachas foriomlán le Bainistiú Comhtháite Teorainneacha agus as sin tiocfaidh comhar eile go háirithe leis an Earnáil Eitlíochta ach i réimse ghníomhaíocht seachtraí an Aontais chomh maith.

Dá réir sin, tríbhíthin chomhtháthú an Chórais Eorpaigh um Fhaireachas ar Theorainneacha (Eurosir) i gcreat an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, cuireann an togra le spiorad comhair, malartú faisnéise agus comhordú iarrachtaí idir na Ballstáit agus an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, agus i measc údarais náisiúnta agus Gníomhaireachtaí an Aontais, trí ghealltanais nithiúla cheangailteacha. Tógann sé freisin ar Rialachán (AE) Uimh. 656/2014 lena mbunaítear rialacha maidir le faireachas ar na teorainneacha farraige seachtracha i gcomhthéacs comhair oibríochtúil arna chomhordú ag Frontex.

Soiléirítear sa togra an gaol idir measúnuithe leochaileachta a chuir an Gníomhaireacht i gcrích agus sásra meastóireachta Schengen arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 chun na sineirgíochtaí a uasmhéadú idir an dá shásra sin atá rithábhachtach le haghaidh rialú cáilíochta Eorpach ar feidhmiú limistéar Schengen.

Leis an togra seo déantar tuilleadh forbartha ar na forálacha beartais sin atá ann cheana agus tarraingítear le chéile iad sa Gharda Teorann agus Cósta Eorpach, ag bunú, ar an gcaoi sin, córas bainistíochta comhtháite le haghaidh teorainneacha seachtracha ar leibhéal an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 77(2)(d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Tá an togra seo i gcomhréir leis an mbeartas cuimsitheach fadtéarmach maidir le bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an imirce atá leagtha amach sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce ón gCoimisiún, clár oibre ina ndearnadh de Threoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin Juncker sraith de thionscnaimh chomhleanúnacha, atá atreisitheach ar bhonn frithpháirteach, bunaithe ar cheithre cholún. Is iad na ceithre cholún sin: an dreasacht don imirce neamhrialta a laghdú, teorainneacha seachtracha a dhaingniú agus beatha daoine a shábháil, beartas láidir maidir le tearmann agus beartas nua maidir le himirce dhlíthiúil. Leis an togra seo déantar an Clár Oibre Eorpach maidir le hImirce a chur chun feidhme a thuilleadh, go sonrach maidir leis an gcuspóir go ndéanfar teorainneacha seachtracha a dhaingniú mar go gcuirfidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip chun feidhme. Anuas air sin, freagraíonn sé

d'iarratas na Comhairle Eorpaí ról tacaíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a neartú a thuilleadh, i gcomhar le tríú tíortha freisin, trí bhíthin acmhainní méadaithe agus sainordú feabhsaithe, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar rialú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha an Aontais agus dlús mór a chur le filladh imirceach neamhrialta ar bhonn éifeachtach.

Tá an togra seo dlúthbhainteach le beartais eile de chuid an Aontais, agus neartaíonn sé iad, mar atá:

- An Comhchóras Tearmainn Eorpach lena mbaineann foirne tacaíochta um bainistiú imirce a bhunú ag limistéir 'theophointe' agus ag ionaid rialaithe, mar aon le comhar treisithe le hÚdarás Tearmainn an Aontais Eorpaigh;
- Trí bhíthin an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh éascaítear agus spreagtar le beartas gníomhaíochta seachtraí an Aontais comhar oibríochtúil idir na Ballstáit agus tríú tíortha, agus nuair is ábhartha, tacaítear le tríú tíortha, trí bhíthin a hacmhainneachtaí forleithnithe, lena n-áirítear buanhcór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh i dtríú tíortha, agus trí bhíthin comhar treisithe le húdaráis tríú tíortha maidir le filladh agus maidir le doiciméid taistil a fháil. Cuirfidh na feabhsúcháin atá molta maidir le malartú faisnéise agus comhar le tríú tíortha tuilleadh feabhais ar chomhleanúnachas ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh.
- Spreagann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, comhar idirghníomhaireachta láidir le go leor Gníomhaireachtaí de chuid an Aontais i réimsí beartais eile amhail an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA) agus Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh, EUROPOL nó an Ghníomhaireacht Eorpach um bainistiú oibríochtúil ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais.
- Leanfaidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach, go háirithe trín bhíthin a chomhpháirteanna EUROSUR, de bheith ina phríomhspreagadh le haghaidh taighde agus nuálaíochta ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais araon. Is uirlis iad na Seirbhísí Cumaisc EUROSUR nua chun tionscadail taighde an Aontais a chun i mbun oibríochta agus is toradh nithiúil le Cláir Spáis an Aontais amhail Copernicus, Galileo agus GOVSATCOM.
- Tá an togra seo comhsheasmhach le togra an Choimisiúin (COM(2018) 303 final) maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le líonra Eorpach d'oifigigh idirchaidrimh inimirce a chruthú. Is é cuspóir an athbhreithnithe ar Rialachán OII feabhas a chur ar chomhordú agus an leas is fearr a bhaint as oifigigh idirchaidrimh inimirce, lena n-áirítear na hoifigigh idirchaidrimh Eorpacha nua atá a imscartar i dtríú tíortha le cur ar a gcumas freagairt a thabhairt ar bhealach níos éifeachtaí ná mar a rinneadh roimhe ar thosaíochtaí an Aontais i réimse na himirce, bainistíocht teorann chomhtháite san áireamh. Comhlánfaidh an togra an cur chuige sin trína áirithiú go mbeidh naisc chuí idir an líonra Eorpach d'oifigigh idirchaidrimh inimirce agus na lárionaid chomhordúcháin náisiúnta agus comhordú polaitiúil níos fearr ar ghné sheachtrach an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh trí chomhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha.

1.4. Fad agus tionchar airgeadais

- ☒ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**
- ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☒ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB do leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
- ☒ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**
- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.5. Modhanna bainistíochta atá beartaithe⁵⁰

- ☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún
- ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;
- ☒ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit
- ☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas::
- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí poiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

⁵⁰

Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo

Tá an Gníomhaireacht faoi réir ag monatóireacht rialta agus ceanglas maidir le tuairisciú. Gach bliain déanfaidh Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil chomhdhlúite na Gníomhaireachta a ghlacadh agus í a sheoladh, faoin 1 Iúil ar a dhéanaí, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil don phobal. Gach ceithre bliana, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht i gcomhréir le critéir mheastóireachta threoirilínte an Choimisiúin chun measúnú a dhéanamh go háirithe ar thionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht fheidhmíocht na Gníomhaireachta agus ar a cleachtais oibre i dtaca lena cuspóirí, sainordú agus tascanna. Tabharfar aghaidh sa mheastóireacht, go háirithe, ar an ngá féideartha sainordú na Gníomhaireachta a mhionathrú, agus na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le haon mhionathrú dá leithéid

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, na sásraí cur chun feidhme cistiúcháin, na módúlachtaí íocaíochta agus na straitéise rialaithe atá beartaithe*

Cuireann na Ballstáit chun feidhme, trí bhainistíocht chomhroinnte, cláir a rannchuidíonn le cuspóirí beartais an Aontais, agus iad saincheaptha dá gcomhthéacs náisiúnta. Áirithítear trí bhainistíocht chomhroinnte go bhfuil an tacaíocht airgeadais ar fáil i ngach stát rannpháirteach. Thairis sin, faoi bhainistíocht chomhroinnte bíonn intuarthacht cistiúcháin ann agus is féidir leis na Ballstáit, ar acu atá an t-eolas is fearr ar na dúshláin atá rompu féin, a maoiniú fadtéarmach a phleanáil dá réir. An cistiú breisithe le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha (a dteastaíonn comhar idir na Ballstáit ina leith nó más gá cistiú breise a chur ar fáil do Bhallstát amháin nó níos mó de thoradh cúinsí atá tagtha chun cinn san Aontas) agus le haghaidh gníomhaíochtaí athlonnaithe agus aistrithe, is féidir sin a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte. Nuair a thagann cúinsí nua chun cinn, is féidir leis an gCiste cúnamh éigeandála a thabhairt faoi bhainistíocht chomhroinnte, maille leis an mbainistíocht dhíreach agus indíreach.

Trí bhainistíocht dhíreach, tacaíonn an Coimisiún le gníomhaíochtaí eile trína gcuirtear le cuspóirí coiteanna beartais an Aontais. Cuireann na gníomhaíochtaí tacaíocht shaincheaptha ar fáil maidir le riachtanais phráinneacha shonracha i mBallstáit ar leith ('cúnamh éigeandála'), tacaíonn siad le líonraí agus le gníomhaíochtaí trasnáisiúnta, tástálann siad gníomhaíochtaí nuálacha ab fhéidir a mhéadú faoi chláir náisiúnta agus cumhdaíonn siad staidéir ar leas de chuid an Aontais ina iomláine iad ('gníomhaíochtaí an Aontais').

Faoi bhainistíocht indíreach, coinníonn an Ciste an deis cúraimí cur chun feidhme buiséid a tharmligean, *inter alia*, chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta agus gníomhaireachtaí gnóthaí baile chun críocha áirithe.

Tá tuairisc ar na socruithe íocaíochta don bhainistíocht chomhroinnte i dtogra Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC) ina bhforáiltear maidir le réamh-mhaoiniú bliantúil, agus ina dhiaidh sin ceithre híocaíocht eatramhacha in aghaidh an chláir agus na bliana bunaithe ar na hiarratais ar íocaíocht a chuireann na Ballstáit isteach le linn na bliana cuntasáíochta. Dála thogra RFC, imréiteofar an réamh-

mhaoiniú laistigh de bhliain chuntasaíochta na gclár. Beidh an straitéis rialaithe bunaithe ar an Rialachán Airgeadais nua agus ar Rialachán na bhForálacha Coiteanna. Leis an Rialachán Airgeadais nua agus an togra don RFC ba cheart go gcuirfear leis an úsáid a bhaintear as foirmeacha simplithe deontas amhail cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe agus costais aonaid. Tabharfar isteach foirmeacha nua íocaíochtaí freisin, bunaithe ar na torthaí arna mbaint amach, seachas an costas. Beidh tairbhíthe in ann méid sheasta airgid a fháil má chruthaíonn siad go ndearnadh bearta áirithe amhail cúrsaí oiliúna nó soláthar cúnaimh éigeandála. Meastar go simpleoidh sé sin an t-ualach rialaithe ar leibhéal an tairbhí agus ar leibhéal an Bhallstáit araon (e.g. seiceáil billí agus admhálacha costais).

I gcás bainistíocht chomhroinnte, forbairt is ea togra RFC⁵¹ ar an straitéis bainistithe agus rialaithe atá i bhfeidhm do chlárthréimhse 2014-2020, ach tabharfar isteach bearta áirithe freisin a mbeidh sé mar aidhm leo an cur chun feidhme a shimpliú agus an t-ualach rialaithe a laghdú ar leibhéal na dtairbhíthe agus na mBallstát araon.

Ar na nithe nua tá: - deireadh a chur leis an nós imeachta ainmniúcháin (ba cheart go mbeifí in ann dlús a chur le cur chun feidhme na gclár mar gheall air); - fíoruithe bainistíochta (de chineál riaracháin agus ar an láthair) atá le déanamh ag an údarás bainistíochta ar bhonn riosca (in áit na rialuithe riaracháin 100% a bhí ina gceangal le linn na clárthréimhse 2014-2020). Thairis sin, ar choinníollacha áirithe, féadfaidh na húdaráis bhainistíochta socrúithe rialaithe comhréireacha a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta; - coinníollacha chun an iliomad iniúchtaí ar an aon oibríocht/chaiteachas amháin a sheachaint. Cuirfidh údaráis an chlár éilimh eatramhacha ar íocaíochtaí faoi bhráid an Choimisiúin bunaithe ar an gcaiteachas arna thabhu ag na tairbhíthe. Faoi thogra RFC, beidh na húdaráis bhainistíochta in ann fíoruithe bainistíochta a dhéanamh ar bhonn riosca agus foráiltear ann freisin maidir le rialuithe sonracha (e.g. rialuithe ar an láthair ag an údarás bainistíochta agus iniúchtaí ar oibríochtaí/chaiteachas ag an údarás iniúcháireachta) tar éis an caiteachas lena mbaineann a bheith dearbhaithe don Choimisiún sna héilimh eatramhacha ar íocaíochtaí. Chun an riosca a mhaolú go n-aisíocfaí caiteachas neamh-incháilithe, cuirfidh RFC uasteorainn 90% le híocaíochtaí eatramhacha an Choimisiúin, ós rud é nach mbeidh ach cuid de na rialuithe náisiúnta déanta faoin tráth sin. Íocfaidh an Coimisiún an fuilleach tar éis an chleachtais bhliantúil lena n-imréitítear na cuntais, nuair a gheobhaidh sé an pacáiste dearbhaithe ó údaráis an chlár. Féadfar glanheartúchán airgeadais teacht d'aon neamhrialtacht a bhraithfidh an Coimisiún nó Cúirt Iniúcháirí na hEorpa tar éis tharchur an phacáiste dearbhaithe bhliantúil.

2.2.2. *Faisnéis maidir leis na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Mar gheall ar an ardbhrú imirce ar theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh is gá Garda Teorann agus Cósta Eorpach a chruthú a mbeidh údaráis na mBallstát agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta páirteach ann. Is gá inniúlachtaí na Gníomhaireachtaí Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a leathnú agus raon feidhm EUROSUR freisin.

⁵¹ COM(2018)375 Final.

Is gá soláthar foirne agus acmhainní airgeadais na Gníomhaireachta a threisiú d'fhonn an sainordú sínte agus na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán atá beartaithe a chomhlíonadh.

Cuirfear cuntais na Gníomhaireachta isteach le go ndéanfaidh an Chúirt Iniúcháirí iad a fhaomhadh, agus iad faoi réir ag an nós imeachta um urscaoileadh. Déanfaidh Seirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach an Choimisiúin iniúchtaí i gcomhar le hiniúcháir inmheánach na Gníomhaireachta.

Beidh feidhm ag na córais bhainistíochta agus rialaithe a bhunófar faoi na cláir airgeadais éagsúla (m.sh. an Ciste um Shlándaíl Inmheánach).

Bainistíocht chomhroinnte:

Níor bhain rioscaí móra earráide le cláir chaiteachais AS HOME go dtí seo. Deimhniú air sin gur minic nach mbíonn aon rud suntasach aimsithe i dtuarascálacha bliantúla na Cúirte Iniúcháirí. Thairis sin, tá athbhreithniú déanta cheana féin ag AS HOME ar a bhunús dlí (Rialachán (AE) 2015/378 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 1042/2014) chun tuilleadh ailínithe a dhéanamh le creat rialaithe na gCistí eile faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus a samhail dearbhaithe, agus chun an leibhéal íseal earráidí ina chlár chaiteachais a chaomhnú. Cuid den iarracht ailínithe sin is ea an togra seo, óir tá a chreat rialaithe ag teacht leis na hardstiúrthóireachtaí eile a bhainistíonn cláir faoi bhainistíocht chomhroinnte. Faoi bhainistíocht chomhroinnte, na rioscaí ginearálta maidir le cur chun feidhme na gclár atá ann faoi láthair, baineann siad le cur chun feidhme easnamhach an Chiste ag na Ballstáit agus le hearráidí ab fhéidir a bheith ann de dheasca a chasta atá na rialacha agus de dheasca laigí sna córais bhainistithe agus rialaithe. Simpleoidh an RFC an creat rialála trí na rialacha agus na córais bhainistithe agus rialaithe a chomhchuíbhíú i gcás na gCistí éagsúla a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte. Ina theannta sin, ceadóidh sé ceanglais rialaithe a bheidh difreáilte de réir riosca (e.g. fíoruithe bainistíochta bunaithe ar riosca, an deis socrúithe rialaithe comhréireacha a bheith ann bunaithe ar nósanna imeachta náisiúnta, teorainneacha le hobair iniúcháireachta ó thaobh amú de agus/nó oibríochtaí sonracha).

Bainistíocht dhíreach/indíreach: De réir na hanailíse a rinneadh le déanaí ar na príomhchineálacha earráidí a bhraitear in iniúchtaí *ex post*, agus ar na príomhchúiseanna atá leo, eascraíonn na príomhchásanna de neamhchomhlíonadh as drochbhainistíocht airgeadais ar na deontais a dhámhtar ar thairbhíthe, as doiciméid tacaíochta a bheith easnamhach nó in easnamh, as soláthar poiblí mícheart, agus as costais nár buiséadaíodh. Dá bharr sin, is iad na nithe seo is mó is cúis leis na rioscaí: – cáilíocht na dtionscadal roghnaithe agus a gcur chun feidhme ina dhiaidh sin a áirithiú, treoir dhoiléir nó neamhiomlán a thugtar do thairbhíthe nó easpa faireacháin; – an riosca go n-úsáidfear ar dhóigh neamhéifeachtúil nó neamhthíosach na cistí a thabharfar, i gcás deontas (an chastacht a bhaineann le costais incháilithe iarbhír a aisíoc maille le deiseanna teoranta costais incháilithe a sheiceáil ag an deasc) agus i gcás soláthair freisin (líon srianta de sholáthraithe eacnamaíocha, uaireanta, ag a bhfuil an saineolas atá de dhíth, rud a fhágann nach féidir tairiscintí praghsanna a chur i gcomparáid); – riosca a bhaineann le cumas eagraíochtaí beaga (go háirithe) rialú éifeachtach a dhéanamh ar chaiteachas agus trédhearcacht na n-oibríochtaí a dhéanann siad a áirithiú. – riosca do chluí an Choimisiúin, má aimsítear calaois nó gníomhaíochtaí coiriúla; ní féidir ach dearbhú páirteach a fháil as córais rialaithe inmheánaigh tríú páirtithe i ngeall ar an líon measartha ard conraitheoirí agus tairbhíthe ilchineálacha, agus iad ar fad ag feidhmiú a gcóras rialaithe féin, agus iad

measartha beag go minic. Meastar go laghdófar formhór na rioscaí sin a bhuí le dearadh níos fearr a bheith ar na glaonna ar thograí, an treoir do thairbhíthe, an spriocdhíriú ar thograí agus úsáid níos fearr a bheith á baint as costais shimplithe agus tras-spleáchas ar iniúchtaí agus ar mheasúnuithe mar atá ar áireamh sa Rialachán Airgeadais nua. Rinne an Chúirt Iniúcháirí measúnú in 2016 ar chórais AS HOME maidir le bainistiú díreach (soláthar san áireamh) agus tháinig sí ar an gconclúid go ndearna AS HOME na rialuithe ábhartha is gá atá leagtha síos sa rialachán airgeadais a chur chun feidhme agus níor aimsíodh aon mhórlaige le linn an athbhreithnithe. Ní mór an leibhéal céanna maoirseachta agus rialuithe a choinneáil sa todhchaí.

Bainistíocht dhíreach/indíreach: De réir na hanailíse a rinneadh le déanaí ar na príomhchineálacha earráidí a bhraitear in iniúchtaí *ex post*, agus ar na príomhchúiseanna atá leo, eascraíonn na príomhchásanna de neamhchomhlíonadh as drochbhainistíocht airgeadais ar na deontais arna mbronnadh ar thairbhíthe, as doiciméid tacaíochta a bheith easnamhach nó in easnamh, as soláthar poiblí mícheart, agus as costais nár buiséadaíodh. Dá bhíthin sin, is iad na nithe seo is mó is cúis leis na rioscaí: – cáilíocht na dtionscadal roghnaithe agus a gcur chun feidhme ina dhiaidh sin a áirithiú, treoir dhoiléir nó neamhiomlán a tugadh do thairbhíthe nó easpa faireacháin; – an riosca go n-úsáidfear ar dhóigh neamhéifeachtúil nó neamhthíosach na cistí arna mbronnadh, i gcás deontas (an chastacht a bhaineann le costais incháilithe iarbhír a aisíoc maille le deiseanna teoranta costais incháilithe a sheiceáil ag an deasc) agus i gcás soláthair freisin (líon srianta de sholáthraithe eacnamaíocha, uaireanta, ag a bhfuil an saineolas atá de dhíth, rud a fhágann nach féidir tairiscintí praghsanna a chur i gcomparáid); – riosca a bhaineann le cumas eagraíochtaí beaga (go háirithe) rialú éifeachtach a dhéanamh ar chaiteachas agus trédhearcacht na n-oibríochtaí a dhéanann siad a áirithiú. – riosca do chlú an Choimisiúin, má aimsítear calaois nó gníomhaíochtaí coiriúla; ní féidir ach dearbhú páirteach a fháil as córais rialaithe inmheánaigh tríú páirtithe i ngeall ar an líon measartha ard conraitheoirí agus tairbhíthe ilchineálacha, agus iad ar fad ag feidhmiú a gcóras rialaithe féin, agus iad measartha beag go minic. Meastar go laghdófar formhór na rioscaí sin a bhuí le dearadh níos fearr a bheith ar na glaonna ar thograí, an treoir do thairbhíthe, an spriocdhíriú ar thograí agus úsáid níos fearr a bheith á baint as costais shimplithe agus tras-spleáchas ar iniúchtaí agus ar mheasúnuithe mar atá ar áireamh sa Rialachán Airgeadais nua.

Bíonn an Coimisiún rannpháirteach i rialachas na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta trí rannpháirtíocht mar chomhalta ar an mBord Bainistíochta. In 2017, tar éis athbhreithniú ar eagraghram AS HOME, d'athbhreithnigh an Coimisiún a chinneadh maidir le hionadaithe an Choimisiúin ar na Boird Bhainistíochta, ag foráil i dtromlach na gcásanna maidir le hard-ionadaíocht trí rannpháirtíocht na Leas-Ardstiúrthóirí.

Tá na haonaid oibríochtúla le haghaidh beartais áirithe bainteach le roinnt teagmhálacha ar an leibhéal oibre, cruinnithe comhordúcháin, nochtadh tuairimí faoin gclár oibre bliantúil, faoin ndrúchtbhuiséad, faoin bplean beartais foirne agus faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Déantar teagmhálacha ar leibhéal níos airde, go háirithe idir an Ard-Stiúrthóir, na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus Cathaoirligh na mBord Bainistíochta le linn na bliana ar fad.

Leanann AS HOME buiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta ó ullmhú an nós imeachta bhuiséadaigh agus cur chun feidhme ranníocaíocht bhliantúil an Aontais, go dtí tíolacadh na gcuntas agus an próiseas um

urscaoileadh. Is gá faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an bhuiséid, chun an ráta cur chun feidhme a chur chun cinn agus a sheachaint a mhéid is féidir go gcuirfeadh gníomhaireachtaí leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ar ais le linn ráithe dheireanach na bliana.

Tar éis iniúchadh na Seirbhíse um Iniúcháireacht Inmheánach maidir le “Socrúithe comhordúcháin agus oibre le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais Eorpaigh in AS HOME”, mhol AS HOME plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí iniúcháireachta, go príomha maidir le feasacht na foirne a dhéileáil le gníomhaireachtaí in AS HOME a mhúscailt, rannpháirtíocht níos luaithe i gcéim chláraigh gníomhaireachtaí, a faireachán ar fheidhmíocht gníomhaireachtaí a neartú bunaithe ar tháscairí cuí feidhmíochta, straitéis rialaithe a bhunú agus bunchlocha an dearbhaithe urrúis maidir le híocaíochtaí arna n-íoc le gníomhaireachtaí a threisiú.

- 2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis (ar an íocaíocht a dhéanamh agus ar dhúnadh an chláir)*

Bainistíocht chomhroinnte: Meastar go bhfanfaidh costas na rialuithe mar atá sé nó go bhféadfadh laghdú a theacht air i gcás na mBallstát. Don chlárthréimhse reatha (2014-2020), ó bhí 2017 ann, meastar gurb é a bhí i gcostas carnach an rialaithe ag na Ballstáit tuairim is 5% de mhéid iomlán na n-íocaíochtaí arna n-iarraidh ag na Ballstáit don bhliain 2017. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an gcéatadán sin a bhuí le gnóthachain éifeachtúlachta maidir le cur chun feidhme na gclár agus méadú ar na híocaíochtaí leis na Ballstáit. De thoradh an chur chuige bunaithe ar riosca maidir le bainistiú agus rialú a thabharfar isteach le RFC, maille leis an iarracht threisithe roghanna costais simplithe a ghlacadh, meastar go laghdófar costas na rialuithe a thuilleadh i gcás na mBallstát.

Bainistíocht dhíreach/indíreach: Is ionann costas na rialuithe agus tuairim is 2.5% de na híocaíochtaí a rinne AS HOME. Táthar ag súil go bhfanfaidh sé sin cobhsaí nó go laghdóidh sé beagán i gcás ina leathnófar úsáid roghanna costais simplithe sa chéad chlárthréimhse eile.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Don Gníomhaireacht

Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chuirfidh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme. Cuirfidh sé cuntais mhionsonraithe an ioncaim agus an chaiteachais ar fad ón mbliain airgeadais roimhe sin isteach gach bliain chuig an gCoimisiún, Bord Bainistíochta agus chuig an gCúirt Iniúcháirí. Ina theannta sin, cuideoidh Seirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach an Choimisiúin le hoibríochtaí airgeadais na Gníomhaireachta a bhainistiú trí rioscaí a rialú, faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh trí thuairim neamhspleách a chur ar fáil maidir le cáilíocht na gcóras bainistíochta agus rialaithe agus trí mholtaí a dhéanamh d’fhonn éifeachtúlacht agus éifeachtacht oibríochtaí a fheabhsú agus chun tíosacht ar úsáid acmhainní na Gníomhaireachta a áirithiú.

Glacfaidh an Ghníomhaireacht a Rialachán Airgeadais ag leanúint Rialachán Uimh. 1271/2013, tar éis di comhaontú a fháil ón gCoimisiún agus ón gCúirt Iniúcháirí. Cuirfidh an Ghníomhaireacht córas iniúcháireachta inmheánaí i bhfeidhm a bheidh comhchosúil leis an gceann a thug an Coimisiún i gcreat a athstruchtúraithe féin.

Comhar le OLAF

Comhoibreoidh an fhoireann i gcomhréir le Rialacháin Foirne an Choimisiúin le OLAF chun calaois a chomhrac.

Don Chúirt Iniúcháirí

Déanfaidh an Chúirt Iniúcháirí scrúdú ar na cuntais i gcomhréir le hAirteagal 248 den Chonradh agus foilseoidh sí tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Beidh feidhm iomlán ag bearta frith-chalaoise a bhunófar ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach.

Cistí AS HOME

Tá cosc agus brath na calaoise ar cheann de na cuspóirí atá ag an rialú inmheánach mar atá leagtha síos sa Rialachán Airgeadais agus is saincheist mhór rialachais freisin é, nach mór don Choimisiún déileáil leis feadh thimthriall an chaiteachais ina iomláine.

Ina theannta sin, is é príomhaidhm straitéis frithchalaoise AS HOME calaois a chosc, a bhrath agus a leigheas, ag áirithiú, *inter alia*, go bhfuil a rialuithe inmheánacha frithchalaoise ailínithe go hiomlán le straitéis frithchalaoise an Choimisiúin agus go bhfuil a chur chuige bainistíochta riosca calaoise dírithe ar réimsí riosca calaoise agus freagairtí leordhóthanacha a aithint.

Maidir leis an mbainistíocht chomhroinnte, áiritheoidh na Ballstáit dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais atá ar áireamh sna cuntais a chuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, a chosc, a bhrath agus a cheartú. Dála na clárthréimhse reatha (2014-2020) beidh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu chun neamhrialtachtaí a bhrath agus maidir leis an bhfrithchalaois agus beidh sé d'oibleagáid orthu tuairisciú don Choimisiún maidir le haon neamhrialtacht, lena n-áirítear amhras calaoise agus calaois léirithe i réimsí na bainistíochta comhroinnte. Leanfaidh bearta frithchalaoise de bheith ina prionsabal ginearálta agus ina n-oibleagáid ar na Ballstáit.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheanteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Ceannteideal 3 Slándáil agus Saoránacht ⁷	LD/LN ⁵²	ó thíortha de chuid CSTE ⁵³	ó thíortha is iarrthóirí ⁵⁴	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
3	18.020101 Ciste Slándála Inmheánaí – Teorainneacha agus Viosa	LD	NÍL	NÍL	TÁ	NÍL
3	18.0203 An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta	LD	NÍL	NÍL	TÁ	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheanteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil 2021 -2027	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Ceannteideal Uimh. 4: 'An Imirce agus Bainistiú Teorainneacha'	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
4	11.XXYY Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Viosaí (IBTV)	LD	NÍL	NÍL	TÁ	NÍL
4	11.XXYY An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta	LD	NÍL	NÍL	TÁ	NÍL

⁵² LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁵³ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁵⁴ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

– CAI 2014-2020

Ceannteideal an chreata airgeadais reatha ilbhliantúil:	3	‘Slándáil agus Saoránacht’
--	----------	----------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

			2019	2020 ⁵⁵	IOMLÁN ⁵⁶
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (ISF –B)	Gealltanais	(1)		52.500	52.500
	Íocaíochtaí	(2)		52.500	52.500
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as clúdach an chlár ⁵⁷ (ISF –B)	Gealltanais = Íocaíochtaí	(3)		-	
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí agus riarachán ⁵⁸ (an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta)	Gealltanais	(1)	19.321	558.175	577.496
	Íocaíochtaí	(2)	19.321	558.175	577.496
IOMLÁN leithreasuithe d'imchlúdach an chlár	Gealltanais	=1 +3	19.321	610.675	629.996
	Íocaíochtaí	=2 +3	19.321	610.675	629.996

⁵⁵ Don tréimhse 2019-2020, léiríonn an ráiteas airgeadais reachtach tionchar an tsainordaithe nua seachas a raibh foráilte cheana faoin sainordú atá ann faoi láthair.

⁵⁶ Tá méid EUR 52 500 clúdaithe faoin CAI reatha don bhliain 2020 agus ní bheidh tuilleadh treisithe de dhíth.

⁵⁷ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le clár agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

⁵⁸ Cé go mbaineann an teimpléad le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, dealraítear, i gcás gníomhaireachtaí, go mbeadh sé níos iomchuí leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (Teideal 3) agus na creidiúintí riaracháin comhfhreagracha (Teideal 1 agus 2) a chur san áireamh chun cur i láthair a dhéanamh ar dhóigh chuimsitheach ar thionchar na ngníomhaíochtaí oibríochtúla.

Ceannteideal an chreata airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020	5	"Caiteachas riaracháin" ⁵⁹
--	----------	---------------------------------------

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2019	Bliain 2020	IOMLÁN
Ard-Stiúrthóireacht: HOME				
• Acmhainní daonna		1.144	1.144	2.288
• Caiteachas riaracháin eile		0.080	0.080	0.160
IOMLÁN AS IMIRCE AGUS GNÓTHAÍ BAILE	Leithreasuithe	1.224	1.224	2.448
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil 2014 -2020	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	1.224	1.224	2.448

		2019	2020	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe ar fud na gCEANNTEIDEAL *	Gealltanais	20.545	611.899	632.444
den chreat airgeadais ilbhliantúil reatha	Íocaíochtaí	20.545	611.899	632.444

⁵⁹

Cé go mbaineann an teimpléad le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, i gcás gníomhaireachtaí d'fhoill cur i láthair a dhéanamh ar dhóigh chuimsitheach ar thionchar na ngníomhaíochtaí oibríochtúla, dealraítear go mbeadh sé níos iomchuí leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (Teideal 3) agus na creidiúintí riaracháin comhfhreagracha (Teideal 1 agus 2) a chur san áireamh. Ní chuirtear ach ranníocaíocht an Aontais (94%), (100%) i gcás cistí AS HOME, san áireamh, ós rud é go dtaispeántar sonraí ranníocaíocht SAC níos faide anonn.

*Tá méid EUR 52,500 milliún clúdaithe faoin CAI reatha don bhliain 2020.

— CAI 2021-2027

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil 2021-2027	4	Ceannteideal: Imirce agus Bainistiú Teorainneacha
--	---	---

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

			2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN ⁶⁰
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (IBTV)	Gealltanais	(1)	70.000	80.000	90.000	100.000	101.000	102.000	104.500	647.500
	Íocaíochtaí	(2)	70.000	80.000	90.000	100.000	101.000	102.000	104.500	647.500
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as clúdach an chláir ⁶¹	Gealltanais = Íocaíochtaí	(3)								
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí agus riaracháin (an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta)	Gealltanais	(1)	1 188,512	1 347,769	1 546,437	1 649,203	1 799,857	1 851,374	1 886,999	11 270,151
	Íocaíochtaí	(2)	1 188,512	1 347,769	1 546,437	1 649,203	1 799,857	1 851,374	1 886,999	11 270,151
IOMLÁN leithreasuithe d'imchlúdach an chláir	Gealltanais	=1 +3	1 258,512	1 427,769	1 636,437	1 749,203	1 900,857	1 953,374	1 991,499	11 917,651
	Íocaíochtaí	=2 +3	1 258,512	1 427,769	1 636,437	1 749,203	1 900,857	1 953,374	1 991,499	11 917,651

⁶⁰ Tá méid EUR 647,500 milliún clúdaithe faoin gcéad CAI eile le haghaidh na mblianta 2021-2027 agus rinneadh foráil maidir leo faoin Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Viosaí (IBTV) agus faoi thogra IBTV mhí Mheithimh 2018.

⁶¹ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil 2021-2027	7	“An Riarachán Poiblí Eorpach”
--	----------	--------------------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2021	Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
Ard-Stiúrthóireacht: HOME									
• Acmhainní daonna		1.144	1.144	1.144	1.144	1.144	1.144	1.144	8.008
• Caiteachas riaracháin eile		0.080	0.080	0.080	0.080	0.080	0.080	0.080	0.560
IOMLÁN AS IMIRCE AGUS GNÓTHAÍ BAILE	Leithreasu ithe	1.224	1.224	1.224	1.224	1.224	1.224	1.224	8.568
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	1.224	1.224	1.224	1.224	1.224	1.224	1.224	8.568

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe ar fud na gCEANNTEIDEAL ** den chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027	Gealltanais	1 259,736	1 428,993	1 637,661	1 750,427	1 902,081	1 954,598	1 992,723	11 926,219
	Íocaíochtaí	1 259,736	1 428,993	1 637,661	1 750,427	1 902,081	1 954,598	1 992,723	11 926,219

**Tá méid EUR 647,500 milliún clúdaithe faoin gcéad CAI eile le haghaidh na mblianta 2021-2027 agus rinneadh foráil maidir leo faoi thogra IBTV mhí Mheithimh 2018.

3.2.2. *Achoimre ar an tionchar measta ar bhuiséad iomlán na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta (lena n-áirítear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí agus riaracháin agus ranníocaíochtaí na dtíortha atá comhlachaithe le Schengen á gcur san áireamh).*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir	Bliain		Bliain		Bliain		Bliain		Bliain		Bliain		Bliain		Bliain		Bliain		IOMLÁN	
	2019		2020		2021		2022		2023		2024		2025		2026		2027			
↳	An líon ball foirne	Costas	An líon ball foirne	Costas	An líon ball foirne	Costas	An líon ball foirne	Costas	An líon ball foirne	Costas	An líon ball foirne	Costas	An líon ball foirne	Costas	An líon ball foirne	Costas	An líon ball foirne	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 “SAINORDÚ ATÁ ANN CHEANA”																				
GEGTC	880	330.095	1000	342.795	1000	349.651	1000	356.644	1000	363.776	1000	371.052	1000	378.473	1000	386.042	1000	393.763	1000	3.272.291
ETIAS (bonneagar agus oibriúchán)		-		5.456		5.130		5.130		4.045		4.045		4.045		4.123		4.267		36.240
Idir-inoibritheacht (bonneagar agus oibriocht)		-		-		-		0.274		2.660		0.053		-		-		-		2.987
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1		330.095		348.251		354.780		362.048		370.481		375.150		382.518		390.166		398.030		3.311.518
CUSPÓIR SONRACH UIMH. 2 “BUANCHÓR EBCG”																				
Costais Foirne (Catagóir 1)	750	20.344	1.500	122.063	2.000	189.875	2.000	217.000	2.500	244.125	2.500	271.250	3.000	298.375	3.000	325.500	3.000	325.500	3.000	2.014.031
Costais Imscartha (Catagóir 1-2-3)*****	0	-	10.000	292.200	10.000	309.600	10.000	309.600	10.000	327.000	10.000	327.000	10.000	344.400	10.000	344.400	10.000	344.400	10.000	2.598.600
Oiliúint (Catagóir 1-2)******	0	-	2.600	51.500	3.600	26.000	3.600	26.000	4.600	33.500	4.600	33.500	5.600	41.000	5.600	41.000	5.600	41.000	5.600	293.500
Fóirdheontas (Catagóir 2-3)*****	0	-	8.500	105.251	8.000	111.089	8.000	111.089	7.500	116.948	7.500	116.948	7.000	122.792	7.000	122.792	7.000	122.792	7.000	929.700
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2		20.344		571.013		636.564		663.689		721.573		748.698		806.567		833.692		833.692		5.835.832
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 3 “TREALAMH NA GNÍOMHAIREACHTA FÉIN A FHÁIL”																				
Costais Trealamh EBCG*		-		-		70.000		175.000		280.000		330.000		425.000		445.000		475.000		2.200.000
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 3		-		-		70.000		175.000		280.000		330.000		425.000		445.000		475.000		2.200.000
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 4 “GNÍOMHAÍOCHTAÍ UM FHILLEADH NA GNÍOMHAIREACHTA A NEARTÚ”																				
Filleadh**		-		-		180.000		210.000		250.000		277.500		277.500		277.500		277.500		1.750.000
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 4		-		-		180.000		210.000		250.000		277.500		277.500		277.500		277.500		1.750.000
CUSPÓIR SONRACH UIMH. 5 “FAIREACHAS AR AN TEORAINN EORPACH - EUROSUR & GNÍOMHAÍOCHTAÍ PLEANÁLA”																				
Feidhmíú EUROSUR a fheabhsú***		-		3.000		3.000		3.000		3.000		3.000		3.000		3.000		3.000		24.000
Raon feidhme EUROSUR a mhéadú***		-		17.000		17.000		17.000		17.000		17.000		17.000		17.000		17.000		136.000
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 5		-		20.000		20.000		20.000		20.000		20.000		20.000		20.000		20.000		160.000
CUSPÓIR SONRACH UIMH. 6 “FADO A CHOMHTHÁTHÚ”																				
FADO	1	-	1	1.500	1	1.500	1	1.500	1	1.500	1	1.500	1	1.500	1	1.500	1	1.500	1	12.000
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 6		-		1.500		1.500		1.500		1.500		1.500		1.500		1.500		1.500		12.000
CUSPÓIR SONRACH UIMH. 7 “OIFIGÍ ÁITÚLA A BHUNÚ”																				
Oifig Allamuigh	2	0.210	2	1.290	5	1.530	5	1.561	5	1.592	5	1.624	5	1.656	5	1.689	5	1.723	5	12.874
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 7		0.210		1.290		1.530		1.561		1.592		1.624		1.656		1.689		1.723		12.874
COSTAS IOMLÁN	-	350.648	-	942.054	-	1.264.374	-	1.433.797	-	1.645.145	-	1.754.471	-	1.914.741	-	1.969.547	-	2.007.446	-	13.282.225

3.2.3. *An tionchar measta ar acmhainní daonna na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta*

3.2.3.1. Achoimre

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

Foráiltear maidir leis na costais foirne agus na costais chomhfhreagracha cheana in COM(2015)671. Ba cheart go gcoimeádfar líon na foirne seasmhach cothrom le 1000 duine ón mbliain 2020.

	Bliain 2019	Bliain 2020	Bliain 2021	Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
Gníomhairí sealadacha (Gráid AD)	242	275	275	275	275	275	275	275	275
Gníomhairí sealadacha (Gráid AST)	242	275	275	275	275	275	275	275	275
Baill foirne ar conradh	202	230	230	235	250	234	230	230	230
Saineolaithe náisiúnta ar iasacht	194	220	220	220	220	220	220	220	220
IOMLÁN	880	1000	1000	1005	1020	1004	1000	1000	1000

Forbairt na foirne reachtúla mar chuid de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh/

Riachtanais foirne (FTE):

	Bliain 2019	Bliain 2020	Bliain 2021	Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
Gníomhairí sealadacha (Gráid AD)	188	375	500	500	625	625	750	750	750
Gníomhairí sealadacha (Gráid AST)	187	375	500	500	625	625	750	750	750
Baill foirne ar conradh	375	750	1.000	1.000	1.250	1.250	1.500	1.500	1.500
IOMLÁN	750	1500	2000	2000	2500	2500	3000	3000	3000

Luaitear an dáta earcaíochta atá beartaithe agus cuirtear an dáta in oiriúint mar is iomchuí (más i mí Iúil atá sé beartaithe an earcaíocht a dhéanamh, ní chuirfear san áireamh ach 50% den chostas) agus tabhair míniúcháin bhreise.

Riachtanais Foirne Mionsonraithe

Cuimseoidh buanchór buan an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh trí chatagóir éagsúla de bhaill foirne oibríochtúla.

Is é atá i gceist le foireann oibríochtúil bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh gardaí teorann, gardaí tionlacain don fhilleadh, speisialtóirí don fhilleadh agus baill foirne ábhartha eile atá fostaithe ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, atá ar iasacht ag an nGníomhaireacht ó na Ballstáit nó atá curtha ar fáil ag na Ballstáit le haghaidh imscaradh gearrthearma chun feidhmiú mar bhaill de na foirne bainistíochta teorann, na foirne tacaíochta um bainistiú imirce nó na foirne don fhilleadh a bhfuil cumhachtaí feidhmiúcháin acu agus pearsanra atá freagrach as feidhmiú aonad láir ETIAS.

De bhrí gur baill foirne reachtúla atá inti, is cineál nua de bhaill foirne de chuid an Aontais atá i gCatagóir 1a dtugtar cumhachtaí feidhmiúcháin dóibh, lena n-áirítear úsáid fórsa, agus iad ag feidhmiú mar bhaill foirne a imscarfar ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh.

Ag cur san áireamh go bhfuil tacaíocht fhíor-riachtanach de dhíth le chun buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a bhunú (earcú, bainistíocht laethúil, pleanáil oibríochtúil, srl), oibríochtaí ²comhordúcháin, foireann a sholáthar d'oifigí allamuigh, trealamh na Gníomhaireachta a fháil, cúraimí nua eile a bhaineann le feidhmiú an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, lena n-áirítear Eurosur, tá foráil sa sainordú treisithe le haghaidh filltí agus glacadh cúraimí i dtaobh FADO, go bhféadfadh suas le 4% de líon iomlán Bhuanachór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh (4% de 3000) a bheith fostaithe mar “Fhoireann Tacaíochta Oibríochtúil” laistigh den Gníomhaireacht.

Ó thaobh na gcineálacha post, beidh 25% den fhoireann reachtúil ar ghrád AD, 25% ar ghrád AST agus 50% den fhoireann ina gníomhairí ar conradh. Is é atá sa mhiondealú sin dáileadh ionchasach na bpróifilí, na ról agus na bhfeidhmeanna éagsúla laistigh de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Go háirithe, beidh líon suntasach ball foirne ar ghrád AD ag a bhfuil na scileanna riachtanacha, an t-eolas agus an saineolas gairmiúil a bhaineann le trealamh úrscothach a úsáid de dhíth chun trealamh na Gníomhaireachta féin a oibriú (ie captaein agus oifigigh ar chriú teicniúil aerárthaí agus soitheach). Beidh líon nach beag de bhaill foirne ar leibhéal AD riachtanach freisin chun feidhmeanna pleanála agus comhordúcháin a áirithiú le haghaidh líon méadaithe na ngníomhaíochtaí oibríochtúla a chuirfidh buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh i gcrích i gcomparáid le leibhéal reatha obair na Gníomhaireachta. Cuirfidh roinnt ball foirne AD gníomhaíochtaí bainistíochta i gcrích freisin mar chuid den fhoireann reachtúil. Anuas air sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar an gcothromaíocht idir cineálacha éagsúla ball foirne i gcomhthéacs na forbartha ar an teicneolaíocht trína ndéanfar roinnt bunchúraimí bainistíochta teorann go huathoibríoch cé go mbeidh, mar gheall ar chastacht an chórais, cáilíocht ar leibhéal níos airde de dhíth ansin ar na baill foirne a dhéanann an córas sin a oibriú agus a chothabháil.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach don mháthair-Ard-Stiúrthóireacht

- ☐ Ní éilíonn an togra go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilíonn an togra go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)									
18 01 01 01 (Ceannteathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	8	8	8	8	8	8	8	8	8
XX 01 01 02 (Toscaireachtaí)									
XX 01 05 01 (Taighde indíreach)									
10 01 05 01 (Taighde díreach)									
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)⁶²									
XX 01 02 01 (CA, SNE, INT ón 'gclúdach iomlánaíoch')									
XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí)									
XX 01 04 yy ⁶³	- sa phríomhoifig								
	- sna toscaireachtaí								
XX 01 05 02 (CA, SNE, INT – taighde indíreach)									
10 01 05 02 (CA, INT, SNE – taighde díreach)									
Línte buiséid eile (sonraigh)									
IOMLÁN	8	8	8	8	8	8	8	8	8

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imscarfar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil agus i bhfianaise na srianta buiséid.

⁶² AC= Baill foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht.

⁶³ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	8 oifigeach chun na tascanna a leanas a fheidhmiú: 1) Ionadaíocht a dhéanamh ar an gCoimisiúin ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta. 2) Tuairim an Choimisiúin faoi gclár oibre bliantúil a dhréachtú agus faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme. 3) Maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú bhuiséad na Gníomhaireachta agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an bhuiséid. 4) Cúnamh a thabhairt don Ghníomhaireacht a gníomhaíochtaí a fhorbairt i gcomhréir le beartais an Aontais lena n-áirítear rannpháirtíocht a ghlacadh i gcruinnithe saineolaithe.
Pearsanra seachtrach	

3.2.4. Ranniocaíochtaí ó thríú páirtithe

Leis an togra/tionscnamh seo:

- ☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☒ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

Bliain						2019	2020	IOMLÁN
Tíortha Comhlachaithe Schengen ⁶⁴	atá le					21.039	56.523	77.562
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe						21.039	56.523	77.562

Bliain	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
Tíortha Comhlachaithe Schengen	75.862	86.028	98.709	105.268	114.884	118.173	120.447	719.371
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe	75.862	86.028	98.709	105.268	114.884	118.173	120.447	719.371

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- X Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ Ar ioncam eile
 sonraigh, má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁶⁵						
	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
Airteagal							

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

⁶⁴ Ríomhann Frontex ranniocaíocht na dtíortha atá comhlachaithe le Schengen go bliantúil ag cur san áireamh méid na ranniocaíochta don Aontas agus an cóimheas OTI le haghaidh tíortha lena mbaineann. Is ionann í agus timpeall ar 6% de bhuiséad iomlán na Gníomhaireachta. Déanann an Gníomhaireacht an ranniocaíocht sin a thiontú go luach airgid

⁶⁵ A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20% de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

Tráchtanna eile (e.g. modh/foirmle a úsáideadh le haghaidh an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile.